





AN
HOBAD

J.R.R. Tolkien

AN HOBAD



։ ԲՐԿԲ • ԼՈՒՐ • ՆՄ • ԼՈՒՄԻՆՄ • ՔԿԲ •
 ։ ՄՈՒՐԵՄԸՄ : ԼԲՄԲԻՐ • ԿԲ • ՊԲԵՄ :

Arna fhoilsiú ag Evertime, Cnoc Sceichín, Leac an Anfa, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo, Éire. www.evertime.com.

Bunteideal: *The Hobbit, or, There and Back Again*.

© The J. R. R. Tolkien Copyright Trust 1937, 1951, 1966, 1978.
Leagan Gaeilge © Nicholas Williams agus Michael Everson 2012.

Eagarthóir: Alan Titley.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála nó a tharchur ar aon mhodh nó slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Tá taifead catalóige don leabhar seo le fáil ó Leabharlann na Breataine.

A catalogue record for this book is available from the British Library.

ISBN-10 1-904808-90-5

ISBN-13 978-1-904808-90-9

Dearadh agus clóchur: Michael Everson. Plantin Light, Menegroth, agus Erebor na clónna.

Léaráidí agus clúdach: J. R. R. Tolkien.
Arna nGaelú ag Michael Everson.

Arna chlóbhualadh ag LightningSource.

Réamhrá

Foilsíodh *An Hobad* i mBéarla den chéad uair i mí Mheán Fómhair sa bhliain 1937. Rinneadh athscríbhneoireacht go forleathan ar Chaibidil 5, Tomhais san Dorchadas, don chúigiú cló den dara heagrán a foilsíodh sa bhliain 1951 chun scéal *An Hobad* a chur in oiriúint don *The Lord of the Rings* a bhí á scríobh san am. Rinne Tolkien leasuithe eile ar na heagrán a foilsíodh i Meiriceá agus i Sasana sa bhliain 1966. An téacs atá aistrithe anseo tá sé bunaithe ar thríú heagrán 1966, ach cuirtear san áireamh freisin na ceartúcháin ar bhotúin chló agus earráidí eile a shonraigh Douglas A. Anderson ina leabhar *The Annotated Hobbit*.

Tá corpas de scríbhneoireacht chriticiúil ann maidir leis na haistriúcháin ar shaothar Tolkien go teangacha éagsúla, agus d'fhág Tolkien féin a chuid teoracha faoina raibh le haistriú agus conas é a dhéanamh, nó cad ba chóir a fhágáil ar lár. Chuir saineolas Tolkien sna teangacha Gearmánacha claonadh ar a chuid teoracha, ábhar, ach ba dhual sin dó mar b'i an Ghearmáinic foinse go leor dá chuid inspioráide agus an Meán-domhan á ainmniú aige. Mar fhoilsitheoir, rinne mé iarracht ar a bheith dílis den chinneadh a shíl mé a dhéanadh Tolkien féin sa chás is go ndeachathas i gcomhairle leis agus gurbh éigean dó dul i ngleic le cuid de na roghanna a bhí faoinár gcomhair. Tá mé buíoch den aistritheoir a bhí tuisceanach agus cineálta go leor ligean liom sa ghnó seo.

Tá mé faoi chomaoín mhór ag Alan Titley ar cabhair mhór dom an léamh profaí agus an eagarthóireacht ar an téacs a rinne sé go cáiréiseach.

Cuirtear an téacs Béarla ar lgh. x–xi ar fáil ar son bhailitheoirí aistriúcháin den leabhar seo.

Is cúis mhór áthais dom an t-eagrán seo de *An Hobad* a fhoilsiú sa Ghaeilge. Ar nós go leor daoine eile, ní bheinn féin san áit ina bhfuil mé faoi láthair, ná ní mise a bheadh ionam féin ar fad, murach gur léigh mé Tolkien ag tráth áirithe dem shaol. Tá aistriúcháin Nicholas Williams ar fheabhas ar fad mar is dual dá chuid aistriúcháin go léir. Tá súil agamsa, agus tá súil ag Nicholas, go mbainfidh léitheoirí na Gaeilge mórtaitneamh as an leabhar seo.

Michael Everson
3 Eanáir 2012

Clár an Abhair

	Clár na Maisiúchán	vii
	Nóta ar theangacha agus ar litreacha	viii
	Note on languages and letters	x
I	Cóisir gan Choinne	1
II	Caoireoil Rósta	25
III	Sos Gearr	40
IV	Thar Chnoc is Faoi Chnoc	49
V	Tomhais sa Dorchadas	61
VI	As an bhFriochtán Isteach sa Tine	80
VII	Lóistín Aisteach	98
VIII	Cuileanna is Damháin Alla	123
IX	Bairillí as an Stóras	150
X	Fáilte Chroíúil	167
XI	Ar Leac an Dorais	178
XII	Eolas ón Taobh Istigh	187
XIII	As Baile	206
XIV	Tine agus Uisce	216
XV	Toirneach i gCéin	225
XVI	Gadaí san Oíche	234
XVII	Stoirm Thoirní	240
XVIII	An Turas Abhaile	250
XIX	An Geábh Deiridh	258
	Aguisín: Treoir Foghraíochta	267

Clár na Maisiúchán

Léarscáil Tróir	xii–xiii
An Cnoc: Baile na Hobad thar an Dobhar	5
Na Troill	35
Gleann na Scoilte	45
Cosán an tSléibhe	51
Radharc ar Shléibhte an Cheo anoir ó Nead na nIolar i dtreo Gheata na bPúcaí	91
Dhúisigh Biolbó le grian mhoch na maidine ina dhá shúil	99
Halla Béorn	107
An Mhodarchoill	125
Geata Rí na nEalbh	150
Biolbó ag teacht chuig Botháin Eilbh na Raftaí	165
Baile an Locha	171
An Príomh-Gheata	181
Ag Comhrá le Smóg	197
An Halla i gCúil an Bhaige, teach cónaithe Bhiolbó Uasail Baigín	265
Léarscáil an Fhiántais	268–269

Æ·H·B·D

Æ

Æ·X·B·D·Æ·H·B·D

Fadó riamh a tharla eachtraí an scéil seo. Ag an am sin níorbh ionann teangacha ná litreacha na muintire atá thuas inniu. Cuirtear na teangacha in iúl sa Ghaeilge. Ach is fiú trí phonc a chur san áireamh: (1) *elda* is ea Elrond ina theanga féin, a thugtar sa Bhéarla de ghnáth mar *elf*, focal a díorthaíodh ón Sean-Bhéarla *ælf* agus a bhfuil gaol gairid aige leis an Lochlainnis *álfr*, an dá fhocal díobh ag ciallú neach de shaghas éigin. I nGàidhlig na hAlban tugadh an focal Lochlannach isteach mar *ealbhar*, ‘duine gan mhaith, pleidhce’; tugadh *álfr* isteach sa Mheán-Bhéarla, leis, mar *aulf*, ar déanadh *oaf* de níos déanaí. Tá cumasc déanta sa scéal seo idir *álfr* agus *ælf* a thugann *ealbh* na Gaeilge dúinn, mar tagraíonn focail ar nós *clutharachán* agus *siogaí* agus *sióg* do chréatúir éagsúla eile ar fad nach cuid den Mheán-domhan iad. (2) Ní aistrítear ainmneacha ar nós *Elrond* agus *Gondolin* atá sa teanga Ealbhach Sindarin. Tugtar treoir foghraíochta ar chúl an leabhair. (3) Ní focal Gaeilge é *orc*. Is ann dó thall is abhus, ach de ghnáth tugtar mar *púca* é (nó *mórphúca* don chineál is mó díobh). Is é *orc* an t-ainm a bhí ag na hobaid do na créatúir sin ar fad, agus níl aon bhaint aige leis an *orc* seo againne, a chomharthaíonn ainmhithe mara de chuid na ndorád.

Is é is brí le rúnscríbhinn seanlitreacha a ghearrtaí nó a scríobtaí ar adhmaid, ar chloch, nó ar mhiotal, agus a bhí, dá réir sin, caol agus uilleach. Le linn am an scéil seo b'iad na hAbhaic amháin a bhaineadh leas rialta astu, go háirithe chun úsáide a bhí príobháideach agus faoi rún. An rúnscríbhinn atá sa leabhar seo is rúnscríbhneoireacht de chuid an Bhéarla í, nach bhfuil ar eolas anois ach ag beagán daoine. Má chuirtear an rúnscríbhinn ar léarscáil Thróir i gcomparáid leis an tras-scríbhinn i litreacha nua (mar atá ar lgh. 18 agus 48), is féidir an aibítir agus í in oiriúint don Ghaeilge a fhuascailt, agus an teideal rúnscríofa thuas a léamh. Tá an ghnáth-rúnscríbhneoireacht le fáil ar an léarscáil, seachas na litreacha **ƿ** do K, **ƿ** do W, **ƿ** do X, agus **ƿ** do Y. Úsáidtear **I** agus **II** ar son J agus V. Ní raibh aon rúnscríbhinn ann do Q (is féidir leas a

Is i rúnscribhinn atá pointí an chompáis san léarscáil, leis an Oirthear ag an mbarr mar is gnách i léarscáileanna na nAbhac, agus mar sin léitear deiseal: $\mathfrak{N}$ (th)O(ir), $\mathfrak{M}$ (th)E(as), $\mathfrak{I}$ (th)I(ar), $\mathfrak{H}$ (th)U(aidh).

ᚱᚹ. ᚱᚹᚱᚱᚱᚱ

ᚹᚱ

ᚱᚹᚹᚹᚹ. ᚱᚹᚱᚱ. ᚱᚱ. ᚱᚱᚱ. ᚱᚱᚱ

This is a story of long ago. At that time the languages and letters were quite different from ours of today. Irish is used to represent the languages. But three points may be noted. (1) Elrond is, in his own language, an *elda*, a word which is usually given in English as *elf*, which is a word deriving from the Old English word *ælf* and related to the Norse word *álfr*, both indicating the same kind of being. In Scottish Gaelic the Norse word was borrowed as *ealbhar* ‘duine gan mhaith, pleidhce’; *álfr* was also borrowed into Middle English as *aulf*, later becoming *oaf*. In this story both *álfr* and *ælf* have been blended to give Irish *ealbh*, because words like *chutharachán* and *siogai* and *sióg* and so on all refer to very different kinds of creatures, who are not part of the story of Middle-earth. (2) Names like *Elrond* and *Gondolin* which are in the Elvish language Sindarin are not translated. A key to pronunciation is given at the back of the book. (3) *Orc* is not an Irish word. It occurs in one or two places but is usually translated *púca* (or *mórphúca* for the larger kinds). *Orc* is the hobbits’ form of the name given at that time to these creatures, and it is not connected at all with our *orc*, applied to sea-animals of dolphin-kind.


Runes were old letters originally used for cutting or scratching on wood, stone, or metal, and so were thin and angular. At the time of this tale only the Dwarves made regular use of them, especially for private or secret records. Their runes are in this book represented by English runes, which are known now to few people. If the runes on Thrór’s Map are compared with the transcriptions into modern letters (on pp. 18 and 48), the alphabet, adapted to modern Irish, can be discovered and the above runic title also read. On the Map all the normal runes are found, except **ᚱ** for K, **ᚱ** for W, **ᚹ** for X, and **ᚱ** for Y. **ᚱ** and **ᚱ** are used for J and V. There was no rune for Q (use **ᚱᚱ**); nor for Z (the dwarf-rune **ᚱ** may be used if required). It will be found, however, that some single runes stand for two modern letters: **ᚱ** *ao* and **ᚹ** *ea*; other runes of the same kind (**ᚱ** *th*, **ᚱ** *ng*, and **ᚱ** *st*) were also sometimes used. The secret door was marked **ᚱᚱ** D.

On the Map the compass points are marked in runes, with East at the top, as usual in dwarf-maps, and so read clockwise: **ᚼ** (th)O(ir), **ᚱ** (th)E(as), **ᚦ** (th)I(ar), **ᚱ** (th)U(aidh).



Soir uaidh seo
Cnoic an
ina

An
Slabh
Daigneach




Is anseo fadó a bhí
ina Rí Gaoin



VE LNIX
↑RM↑HM
FIRMM·ET·M
MRFH·FXNH
V·T·W·F·I·M
↑R·I·N·R·W·I·N·T
↑Q·B·H·T·M·↑
Q·B·H: ↑↑

I bhfad



ó thuaidh uaidh seo
atá na Sléibhte Liaza
agus an Fraochlach Feoite
as ar tháinig na



Péisteanna Móra.


Léarscáil
Thróir



Siar uaidh seo



atá
arainn
bionn Dáin



Is anseo a bhí Gírlion ina
thiarna ar an Srath

an Abhainn Reathach

Tráin
Slabh

Is anseo
atá geata an
Locha fhada

Talamh Banaithe
Smóg



YTY.IT.FIKM.TF.KIKIKHM.
XTFIYM.TNFIR.F.BHPNFI
PIKH.FT.YMFTFKH.FXNY.
TFITTMFIKH.TNI.TF.XRMI
TM.TM.YFTFY.DMIRYTFKH.
FF.DHNIRIT.FR.HHFTT.TF.
HMFKHARFKH.

In Esgaroth
cois an Locha
fhada atá cónaí
ar Dhaoine

atá an Mhodarchoil Mhór.
Bionn Damháin Alla inti.

Is anseo a ritheann
Abhainn na foraoise

Rí na nEalbh

Caibidil I

Cóisir gan Choinne

I bpoll sa talamh a bhí cónaí ar hobad. Níor pholl gránna, salach, fliuch é, lán le péisteanna stróicthe agus le boladh láibe. Níor pholl tirim, lom, gainmheach a bhí ann ach an oiread, gan aon rud ann le n-ithe ná le suí síos air; poll hobaid ab ea é agus is ionann sin agus compord.

Bhí an doras cruinn ciorclach ar nós sleaspholl loinge, péint uaine air, agus murlán buí práis ina cheartlár. D'osclaíodh an doras isteach ar halla sorcóireach ar gheall le tollán é, tollán fíorchompordach gan deatach ar bith ann. Painéil adhmaid a bhí ar na ballaí, leacáin agus cairpéad ar an urlár agus bhí cathaoireacha ann mar aon le mórán crúcaí i gcomhair hataí agus cótaí—thaitníodh cuairteoirí go mór leis an hobad. Théadh an tollán ar aghaidh is ar aghaidh, ní go díreach ar fad, isteach i dtaobh an chnoic—An Cnoc, mar a thugadh gach uile dhuine ar feadh na mílte slí thart timpeall air—agus is iomaí doras cruinn a d'osclaíodh amach ón tollán, ar thaobh amháin ar dtús agus ansin ar an taobh eile. Níor mhaith le hobad ar bith dul suas agus teacht anuas staighrí: seomraí codlata, seomraí folctha, soiléir, lardrúis (a lán díobh sin), vardrúis (bhí seomraí iomlána aige gan tada iontu ach éadaí), cistiní, seomraí itheacháin, bhí siad sin go léir ar an aon urlár amháin, is ea, agus ar an aon phasáiste amháin. Is ar thaobh do láimhe clé (is tú ag dul isteach) a bhí na seomraí ab fhearr, mar ba iad sin na haon seomraí a raibh fuinneoga iontu, fuinneoga ciorclacha, suite go domhain isteach, a d'fhéachadh amach ar an ngairdín, agus ar mhóinéir ar thaobh an chnoic lastall den ghairdín síos go dtí an abhainn.

Hobad an-deisiúil a bhí sa hobad seo agus Baigín an sloinne a bhí air. Bhí na Baigínigh ina gcónaí i gceantar An Chnoic le cuimhne na ndaoine agus ba é meas an phobail gur dhream fíorchreidiúnach iad, ní hamháin i ngeall ar a saibhreas ach i ngeall freisin ar an gcaoi nach mbíodh eachtra ar bith acu agus nach ndéanaidís aon rud as an ngnáth: bheadh a fhios agat cad a déarfadh Baigíneach faoi ábhar ar bith gan fiú a thuairim féin a a fhiafraí de. Is scéal é seo faoi

eachtra a bhain do Bhaigíneach agus faoi na nithe gan aon choinne a dúirt sé. B'fhéidir gur chaill sé meas na gcomharsan, ach ghnóthaigh sé—bhuel, feicfidh sibh ar ghnóthaigh sé rud ar bith sa deireadh thiar.

Máthair an hobaid seo againne—cad is hobad ann? Is dócha gur gá tuairisc éigin a thabhairt ar na hobaid sa lá atá inniu ann, ó d'éirigh siad chomh gann agus go seachnaíonn siad na Daoine Móra, mar a thugann siad orainne. Daoine fiorbheaga atá (nó a bhí) iontu, tuairim is leath chomh hard linne, agus iad níos lú ná na hAbhaic fhéasógacha. Ní bhíonn féasóg ar bith ar na hobaid. Is beag draíocht atá ag baint leo ach an ghnáthdhraíocht a chuireann ar a gcumas dul as amharc go ciúin tapa nuair a thagann daoine móra dúra cosúil linne an bealach ag déanamh torainn ar nós eilifinte, rud a chloiseann na hobaid míle slí uathu. Tá claonadh sna hobaid bolg ramhar a bheith orthu agus caitheann siad éadaí glé (uaine agus buí den chuid is mó); ní bhíonn bróg ar bith orthu mar tá boinn ar nós leathair fúthu agus fásann gruaig thiubh theolaí dhonn ar a gcosa agus í catach (ar nós ghruaig a gcinn): méara fada cliste donna atá acu agus aghaidheanna meidhreacha; ligeann siad gáir dhomhain ghealgháireach astu (go háirithe i ndiaidh dinnéir, rud a itheann siad faoi dhó in aghaidh an lae más féidir leo ar chor ar bith é). Tá do dhóthain ar eolas agat fúthu go fóilleach. Anois, mar a bhí mé ag rá, máthair an hobaid seo againne—Biolbó Baigín atá i gceist agam—ba í Beileadona Túc í, ceann amháin de thriúr iníonacha iontacha an tSean-Túcaigh, ceann fine na hobad a raibh cónaí orthu ar an taobh thall den Dobhar, an sruthán a bhí ag rith léi faoi bhun An Chnoic. Is minic a deireadh daoine ó theaghlaigh eile go gcaithfeadh gur ghlac duine de shinsir na dTúcach bean sí mar chéile chuige féin. Ba sheafóideach an mhaise dóibh a leithéid a rá, ar ndóigh, ach is cinnte go raibh rud éigin ag baint leis na Túcaigh nach raibh le sonrú ar na gnáth-hobaid; agus ó am go ham ba nós le duine de na Túcaigh imeacht agus eachtra a bheith aige. D'ímídis as amharc go ciúin, agus choinníodh an teaghlach an scéal faoi cheilt; ní mór admháil mar sin nach raibh na Túcaigh leath chomh creidiúnach leis na Baigínigh, cé gur shaibhre iad gan amhras ar bith.

Ní hamhlaidh a bhain eachtra ar bith do Bheileadona Túc tar éis di pósadh le Bungó Baigín. Rinne Bungó, ba é athair Bhiolbó é, rinne sé di an poll hobaid ba shaibhre is ba chompordáí (lena cuid airgid sise go pointe áirithe) dá raibh le fáil faoin gCnoc, nó thar An gCnoc nó thar An Dobhar, agus is ansin a mhair siad beirt go dtí deireadh a saoil. Is dócha ina dhiaidh sin féin go bhfuair Biolbó

blaiseadh éigin de dhúchas aisteach na dTúcach óna mháthair, cé nach raibh ann ó thaobh cuma agus iompair de ach a athair sámh dochorraithe ina steillebheatha, agus ní raibh mianach úd na dTúcach ach ag fanacht ar dheis le n-é féin a thaispeáint. Níor tháinig an deis sin gur fhás Biolbó Baigin suas—bhí sé timpeall leathchéad bliain d'aois agus é ina chónaí sa pholl álainn a rinne a athair, an poll a bhfuil a thuairisc tugtha agam duit cheana. Agus cheapfadh duine faoi go raibh sé socraithe síos ann go dtí deireadh a shaoil.

Trí sheans aisteach maidin amháin fadó, i gciúnas an tsaoil, nuair a bhí ní ba lú torainn ann agus ní ba mhó glaise, nuair ba líonmhaire na hobaid agus ní ba rathúla, bhí Biolbó Baigin ina sheasamh sa doras tar éis bricfeasta, ag baint gaile as píopa ollmhór adhmaid a théadh chomh fada síos nach mór le méara gruagacha a chos (iad cíortha go néata), tháinig Gandalf an treo. Gandalf! Mura gcloisfeá ach an cheathrú cuid dá bhfuil cloiste agamsa faoi, agus níor chuala mise ach fíorbheagán dá bhfuil le cloisteáil, bheifeá réidh le héisteacht le scéal de chineál ar bith dá iontaí. Thagadh scéalta agus eachtraí ar an bhfód ar bhealach suntasach dochreidte gach áit a dtéadh sé. Ní raibh sé sa taobh sin tíre faoin gCnoc le fada fada an lá, ó cailleadh a chara an Sean-Túcach, leis an bhfirinne a dhéanamh. Is beag nach raibh dearmad déanta ag na hobaid ar an gcuma a bhí ar Ghandalf. Bhí sé as láthair thar an gCnoc agus thar an Dobhar ar a chuid gnóthaí féin ó ba bhuachaillí hobaid is cailíní hobaid iad.

Seanfhear agus bachall ina lámh aige, b'shin é a bhfaca Biolbó neamhamhrasach an mhaidin úd. Hata ard biorach gorm a bhí ar cheann an duine, clóca fada glas, scaif ar dhath an airgid a raibh a fhéasóg fhada bhán ar crochadh anuas thairsti go dtí faoina chom, agus bhí buataisí ollmhóra dubha ar a chosa.

“Sonas maidine duit,” arsa Biolbó agus bhí cúis mhaith aige. Bhí an ghrian ag taitneamh agus bhí dath glas glé ar an bhféar. Ach d'fhéach Gandalf air faoi na malaí tiubha a bhí ag gobadh amach níos faide ná duilleog a hata fhoscúil.

“Cad atá tú a rá?” a dúirt Gandalf. “An amhlaidh ba mhaith leat sonas na maidine a ghuí orm, nó an é atá i gceist agat gur sona an mhaidin í, taitníodh sé liom nó ná taitníodh, nó gur sona an bhail atá ort ar maidin inniu, nó gur maidin í seo a bhféadfadh duine nithe a dhéanamh go sona sásta?”

“Iad uile le chéile,” arsa Biolbó. “Agus an-mhaidin freisin le gal píopa a bheith ag duine faoin spéir chomh maith. Má tá píopa i ngabháil leat, bí i do shuí agus lig dom do phíopa a líonadh as mo

cheannsa. Níl aon deifir ann, mar tá an lá uile romhainn!” Shuigh Biolbó síos ansin ar a shuíochán in aice leis an doras, chuir leathchos thar an leathchos eile agus shéid amach fáinne álainn de dheatach glas, a d’éirigh san aer gan bhriseadh agus a d’imigh leis thar an gCnoc.

“An-deas!” arsa Gandalf. “Ach níl aon am le spáráil agam ag séideadh puthanna toite. Tá mé ag tóraíocht duine a thiocfadh liom ar eachtra atáim a ullmhú, ach is deacair aon duine a fháil.”

“Sin mar is ceart—is daoine simplí ciúine muid sa dúiche seo agus is beag a theastaíonn eachtraí uainn. Is gránna duairc míthaitneamhach an rud eachtra ar bith! Choinneodh sí duine siar dá mbeadh sé ag deifriú chun a dhinnéir. Ní thuigim ón talamh aníos cén fáth a dteastódh eachtra ó dhuine ar bith,” arsa an Baigíneach seo againne agus chuir sé ordóg isteach faoina ghealasacha agus chuir puth eile toite as ba mhó fós. Ansin bhain sé amach litreacha na maidine agus thosaigh sé á léamh, ag ligean air féin nach raibh aon aird aige a thuilleadh ar an seandúine. Bhí sé socair ina aigne nár bhain an seandúine lena aicme féin agus theastaigh uaidh go n-imeodh sé. Ach níor chorraigh an seandúine in aon chor. D’fhan seisean ina sheasamh, é claonta ar a bhachall agus ag féachaint ar an hobad gan tada á rá aige, go dtí gur airigh Biolbó míchompordach agus beagán crosta féin.

“Sonas maidine duit!” arsa Biolbó ar deireadh. “Ní theastaíonn eachtraí uainne anseo, go raibh míle maith agat! D’fhéadfá triail a bhaint as na daoine thar an gCnoc nó lastall den Dobhar.” Is éard a bhí i gceist aige go raibh deireadh leis an gcomhrá.

“Nach iomaí sin brí atá agat leis na focail *Sonas maidine!*” arsa Gandalf. “Anois tá tú ag iarraidh fáil réidh liom agus ceapann tú nach mbeidh sonas ar bith sa mhaidin go n-imeoidh mé liom.”

“Ní fíor sin ar chor ar bith, ar chor ar bith, a dhuine chóir! Fan go bhfeicfidh mé, ní dóigh liom go bhfuil d’ainm ar eolas agam?”

“Ach, a dhuine chóir, tá m’ainm ar eolas agat—agus tá a fhios agamsa cé thú féin—Biolbó Baigín is ainm duit. Agus tá m’ainmse ar eolas agat cé gur dhearmad tú go raibh aon bhaint agamsa leis. Is mise Gandalf agus is ionann Gandalf agus mise! Agus a cheapadh gur mhair mé le go ndéarfadh mac Bheileadona Túc *Sonas maidine* liom, amhail is dá mbeinnse ag díol cnaipí ó dhoras go doras!”

“Gandalf! Gandalf! A thiarcais! Ní hé atá i gceist agat an draoi fáin a thug péire stoda diamaint don Sean-Túcach, stodaí a cheanglaíodh iad féin agus nach scaoilfidís go bhfaighidís an t-ordú? Ní hé atá i gceist agat an duine a d’insíodh a leithéidí sin de scéalta iontacha le linn cóisirí, scéalta faoi dhragain, faoi phúcaí, faoi



In Cnoc : Baile na Hobad thar an Dobhar 𐌿

fhathaigh, faoi fhuascailt banphrionsaí agus faoin ádh gan choinne a bhíodh ar chlann mhac baintreach? Ní hé atá i gceist agat an duine a dhéanadh a leithéidí sin de thinte ealaíne suntasacha? Is cuimhin liomsa iad. Bhídís ag an Sean-Túcach ag féile Lár an tSamhraidh. Thar cionn amach! D'éiridís san aer ar nós lili móra, srubha lao, beallaí francacha de thine lasrach agus d'fhanaidís sa chlapsholas go dtiteadh an oíche!" Thug sibh faoi deara cheana féin nach raibh an Baigíneach chomh prósúil agus ba mhaith leis a chreidiúint faoi féin, agus go raibh an-dúil aige sna bláthanna freisin. "A thiarcais!" a dúirt sé ag leanúint leis, "Ní hé atá i gceist agat an Gandalf a bhí ciontach as an oiread sin buachaillí agus cailíní óga ag imeacht leo i bhfad i gcéin ar lorg eachtraí meargánta? Ag dreapadh crann, cuir i gcás, nó ag tabhairt cuairte ar eilbh—nó ag seoltóireacht go cóstaí eile! Mh'anam féin go mbíodh an saol sách spéis—is éard atá i gceist agam go gcuirteá isteach go mór ar an dúiche seo tráth dá raibh. Gabhaim pardún agat ach ní raibh a fhios agam go raibh tú fós i mbun gnó."

"Cén áit eile a mbeinn?" arsa an draoi. "Is deas liom ina dhiaidh sin féin gur cuimhin leat beagán fúm. Is cosúil go gcuimhníonn tú le pléisiúr ar mo chuid tinte ealaíne, ar aon dath, agus fágann sin go bhfuil dóchas éigin agam. Go deimhin in ómós do do sheanathair, an Sean-Túcach, agus in ómós do Bheileadona bhocht, tabharfaidh mé duit a n-iarrann tú orm."

"Gabhaim pardún agat, níor iarr mé tada ort."

"D'iarrais go deimhin. Dhá uair um an dtaca seo. Mo phardún. Tugaim duit é. Leis an bhfirinne a dhéanamh rachaidh mé chomh fada is go gcuirfidh mé ar an eachtra seo thú. Bainfidh sé gáire asamsa, agus bainfidh tusa pléisiúr as—agus an-bhuntaiste freisin, is ridhócha, má thagann tú slán as."

"Tá brón orm ach níl aon eachtra uaim, go raibh maith agat. Ní ar maidin inniu. Sonas na maidine duit! Ach tar chun tae a ghlacadh liom am ar bith a thaitneodh leat! Amárach, cuir i gcás? Slán leat!" Leis sin chas an hobad thart agus d'imigh de scodal isteach trína dhoras cruinn uaine, agus dhún ina dhiaidh é chomh luath agus a leomhfadh sé, gan a bheith drochmhúinte. Is draoithe iad na draoithe i ndeireadh na dála.

"Cén fáth ó thalamh an domhain a thug mé cuireadh chun tae dó?" arsa seisean leis féin agus é ag dul isteach sa bhialann. Ní raibh sé ach tar éis a bhricfeasta a ithe tamall beag ó shin ach cheap sé go ndéanfadh císte nó dhó agus deoch éigin maitheas dó tar éis a bhfuair sé de scanradh.

Bhí Gandalf idir an dá linn ina sheasamh lasmuigh den doras i gcónaí agus é a déanamh gáire ard fada. Tar éis tamaill shiúil sé suas go dtí an doras agus scríob comhartha aisteach le spice a bhachaille ar dhoras álainn uaine an hobaid. D'imigh sé ansin, fad is a bhí Biolbó ag críochnú an dara ciste agus ag tosú ag ceapadh gur maith mar a d'éalaigh sé ó na heachtraí.

Lár arna mhárach is beag nach raibh dearmad déanta aige ar Ghandalf. Ní rómhaith a chuimhníodh sé ar nithe, mura mbreacadh sé síos ar a Tháibléad Coinní, mar seo, cuir i gcás: *Gandalf Tae Dé Céadaoin*. Bhí sé chomh mór sin trína chéile an lá roimhe sin nár chuimhnigh sé ar a leithéid a dhéanamh ar chor ar bith.

Go díreach roimh am tae, thosaigh cloigin dhoras na sráide ag bualadh go han-ard, agus ansin chuimhnigh sé ar an gcoinne. Dheifrih Biolbó chun an citeal a chur síos. Leag sé cupán breise ar an mbord agus ciste nó dhó sa bhreis, agus rith chuig an doras.

"Tá brón orm gur choinnigh mé ag fanacht thú!" na focail a bhí rún aige a rá, nuair a chonaic sé nárbh é Gandalf a bhí ag an doras ar chor ar bith ach abhac, a raibh a fhéasóg fhada ghorm sactha isteach faoina bheilt agus súile fíorghlé aige faoina chochall dubhuaine. A thúisce is d'oscail an doras, bhrúigh an t-abhac isteach, amhail is dá mbeifí ag fanacht leis.

Chroch sé a chlóca cochallach ar an bpionna ba ghiorra dó, agus "Is mise Dváilín, do sheirbhiseach umhal!" a dúirt sé ag umhlú go híséal.

"Is mise Biolbó Baigín, do sheirbhiseachsa!" arsa an hobad, agus an oiread sin iontais air nárbh fhéidir leis aon cheist a chur. Lean ciúnas ansin, rud a d'fhág Biolbó míshuaimhneach. Is éard a dúirt sé mar sin, "Táim go díreach ag dul ag glacadh tae; iarraim ort teacht agus tae a bheith agat liom." Bhí sin beagán amscaí, b'fhéidir, ach is le cineáltas a dúirt sé é. Agus cad a dhéanfadh sibhse, dá dtiocfadh abhac gan choinne agus dá gcrochfadh sé a chuid éadaigh i bhur halla gan focal ar bith míniúcháin a thabhairt?

Ní raibh siad ag an mbord rófhada, go deimhin is ar éigean a bhí an tríú ciste tosaithe acu, nuair a thosaigh an cloigin ag bualadh ní ba threise fós.

"Gabh mo leithscéal!" arsa an hobad agus d'imigh leis chuig an doras.

"Tá tú anseo sa deireadh mar sin!" B'shin a bhí sé ag dul a rá le Gandalf an babhta seo. Ach níorbh é Gandalf a bhí ann. Ina áit siúd bhí abhac an-aisteach ag an doras, féasóg bhán agus cochall dearg air. Agus léim sé isteach sa teach a thúisce is a d'oscail an doras, amhail is dá mbeadh cuireadh faighte aige.

“Feicim gur thosaigh siad ag teacht cheana féin,” arsa seisean nuair a chonaic sé cochall uaine Dváilín crochta suas. Chroch sé a chochall dearg taobh leis sin agus “Is mise Báilín, do sheirbhíseach umhal!” a dúirt sé agus lámh ar a bhrollach aige.

“Go raibh maith agat!” arsa Biolbó agus iontas ar a ghlór. Níorbh é sin an rud ceart le rá ach is mór mar a chuir an abairt *thosaigh siad ag teacht cheana féin* isteach air. Thaitníodh cuairteoirí leis, ach ba mhaith leis aithne a bheith aige orthu sula dtiocfaidís, agus b’fhearr leis féin cuireadh a thabhairt dóibh. Rith an smaoinc uafásach leis go mb’fhéidir go n-ídeofaí na cístí, agus ansin ní bheadh—mar ba é fear an tí é; bhí a dhualgas ar eolas aige go maith, dá phianmhaire é—ní bheadh tada le n-ithe aige féin.

Tharraing Biolbó anáil dhomhain agus d’éirigh leis a rá: “Téanam ort isteach go bhfaighidh tú beagán tae!”

“B’fhearr liom braoinín beorach, mura miste leat, a dhuine chóir,” arsa Báilín na féasóige báine. “Ach ba bhreá liom beagán ciste—ciste síolta má tá a leithéid agat.”

“Tá a lán lán,” a dúirt Biolbó dá ainneoin féin, rud a chuir iontas air; agus fuair sé é féin freisin ag deifriú leis chuig an siléar chun pionta beorach a tharraingt agus ansin go dtí an bhialann chun dhá chiste áille chruinne síolta a fháil, cístí a bhácáil sé féin an tráthnóna sin mar shólaistí tar éis a shuipéir.

Nuair a d’fhill sé, bhí Báilín is Dváilín ag caint lena chéile mar bheirt sheanchairde (is amhlaidh is deartháireacha a bhí iontu). Leag Biolbó an bheoir agus an ciste os a gcomhair, agus ansin bhuail cloigin an dorais arís, agus arís eile.

“Is é Gandalf go cinnte an babhta seo é,” a dúirt sé leis féin agus é ag deifriú go séideánach tríd an bpassáiste. Ach níorbh é. Beirt abhac eile a bhí ann, cochall gorm, beilt ar dhath an airgid agus féasóg bhuí ar an mbeirt acu; agus mála uirlisí agus spáid ar iompar ag gach duine acu freisin. Léim siad isteach sa teach nuair a thosaigh an doras ag oscailt—is ar éigean a bhí iontas ar bith ar Bhiolbó.

“A abhaca liom, cad is féidir liom a dhéanamh daoibh?” a dúirt sé.

“Is sinne do sheirbhísigh umhla, Kílí!” arsa duine acu. “Agus Fíli!” arsa an t-abhac eile; scuab an bheirt acu a gcochall díobh agus d’umhlaigh siad do Bhiolbó.

“Is mise bhur seirbhíseachsa agus seirbhíseach bhur dteaghlaigh!” arsa Biolbó, mar chuimhnigh sé ar a chuid dea-bhéasa an babhta seo.

“Feicim go bhfuil Dváilín agus Báilín anseo cheana,” arsa Kílí. “Téimis isteach chuig an slua!”

“Slua!” arsa an Baigineach leis féin, “Ní thaitníonn an focal sin liom. Ní mór dom suí síos go ceann tamaill chun mo chuid smaointe a chruinniú, agus chun deoch a ól.” Ní raibh ach blaiseadh beag tógtha aige—sa chúinne, fad is a bhí an ceathrar timpeall an bhoird ag caint faoi mhianaigh, faoi ór, faoi thrioblóidí le púcaí, faoi chreachadóireacht na ndragan, agus faoin iliomad eile nár thuig sé, agus nár theastaigh uaidh a thuiscint, mar bhí an iomarca den eachtrúlacht ag baint leis an gcomhrá, ach ansin, *díng-deaing-a-ling-deaing*, bhuail a chloigín arís, amhail is dá mbeadh gasúirín dána de hobad ag iarraidh an lámh a bhaint de le teann nirt.

“Tá duine éigin ag an doras!” arsa Biolbó ag caochadh a dhá shúil.

“Tá ceathrar ag an doras, a déarfainnse ón torann atá siad a dhéanamh,” arsa Fíli. “Agus ar aon chuma, chonaiceamar iad ag teacht inár ndiaidh i bhfad ar gcúl.”

Shuigh an hobad beag bocht síos sa halla, leag a chloigeann ar a dhá lámh, agus d’fhiafraigh de féin cad go díreach a tharla, agus cad a tharlódh, agus an bhfanfaidís uile go léir aige don suipéar. Bhuail an cloigín ansin ní b’airde ná riamh, agus bhí air rith chuig an doras. Ní ceathrar a bhí ann i ndiaidh an iomláin ach CÚIGEAR. Tháinig abhac eile fad is a bhí sé i mbun a chuid smaointe sa halla. Is ar éigean a chas sé murlán an dorais, sula raibh siad uile go léir istigh sa teach, iad ag umhlú dó agus á rá i ndiaidh a chéile: “Dóirí, Nóirí, Óirí, Óin, agus Glóin—do sheirbhísigh umhla.” Ní fada ansin go raibh dhá chochall chorcra, cochall glas, cochall donn agus cochall geal ar crochadh ar na pionnaí. Siúd leo ansin agus a lámha leathana sáite ina mbeilteanna óir is airgid, chun bualadh leis an dream eile. Is beag nach slua a bhí ann cheana féin. Leann a d’ordaigh cuid acu, pórtar cuid eile, agus caife a d’ordaigh duine eile; ach císte a bhí uathu uile. Bhí an hobad fíorchruógach mar sin go ceann tamaill.

Bhí sé go díreach tar éis pota mór caife a leagan ar an tinteán, bhí an císte ar fad ite, agus bhí na habhaic ag tosú ar bhorróga is im, nuair a buaileadh ar an doras. Ní hé an cloigín a buaileadh ach bhíothas ag bualadh cnag cnag ar dhoras tosaigh álainn uaine an hobaid. Bhí duine ag cnagadh an dorais le maide!

Rith Biolbó tríd an bpsáiste, an-fhearg air agus é buartha badráilte—ba é seo an Chéadaoin ba thubaistí dár chuimhin leis riamh. D’oscail sé an doras de phreab, agus thit siad uile isteach sa teach, ar mhuin mhaire a chéile. Tuilleadh abhac, ceathrar díobh! Agus b’shin é Gandalf ar a gcúl, é claonta ar a bhachall agus gáire ar a bhéal. Bhí logán déanta aige sa doras álainn; ach an comhartha rúnda, dála an scéil, a rinne sé an mhaidin roimhe, bhí sé scriosta aige lena bhachall.

“Aire! Aire!” arsa seisean. “Ní hé do nós-sa é, a Bhiolbó, cairde a choinneáil ag fanacht, agus ansin an doras a oscailt mar a bheadh gunna pléascáin! Lig dom Bíofúr, Bófúr, Bombúr, agus go háirithe Tóirín a chur in aithne duit!”

“Do sheirbhisigh umhla!” arsa Bíofúr, Bófúr, agus Bombúr agus iad ina seasamh i líne. Ansin chroch siad suas dhá chochall bhuí agus cochall bánuaine amháin; agus ceann spéirghorm freisin a raibh scothóg fhada airgid ar sileadh air. Ba le Tóirín an cochall deireanach sin, agus b’abhac fiorthábhachtach é. Is ea, ba é Tóirín na Scéithe Darach é, agus ní mó ná sásta a bhí sé gur síneadh ar a fhad is a leithead é ar mhata Bhiolbó agus Bíofúr, Bófúr agus Bombúr anuas air. Ar an gcéad dul síos bhí Bombúr an-ramhar an-trom. Is rí-uaibhreach an duine a bhí i dTóirín agus ní dúirt sé tada faoina bheith ina *sheirbhíseach*; ach rinne an Baigíneach bocht leithscéal leis a liachtaí sin uair, go ndúirt Tóirín sa deireadh de ghnúsacht íseal, “Ní fiú trácht air,” agus d’imigh an místá dá aghaidh.

“Anois táimid uile go léir ann!” arsa Gandalf agus é ag féachaint ar na trí cinn déag de chochaill crochta i líne—sárchochaill inscaoilte cóisire—crochta ar na pionnaí agus a hata féin mar aon leo. “Is meidhreach an comhlúadar a bheidh ann! Tá súil agam go mbeidh bia agus deoch fágtha le haghaidh na gcuariteoirí déanacha! Cad é sin? Tac? Ní bheidh, go raibh maith agat. Braoinín d’fhion dearg ab fhearr liomsa.”

“Agus liomsa,” arsa Tóirín.

“Subh sú craobh agus toirtín úll domsa,” arsa Bíofúr.

“Pióg mionfheola agus cáis domsa,” arsa Bófúr.

“Pióg mhuiceola agus sailéad domsa,” arsa Bombúr

“Agus tuilleadh cistí—agus leann—agus caife, mura miste leat,” a dúirt na habhaic eile ag glaoch tríd an doras oscailte.

“Cuir síos roinnt uibheacha, mar a dhéanfaidh duine maith!” a dúirt Gandalf de ghlaio thar a ghualainn, fad is a bhí an hobad ag siúl leis chuig an mbialann. “Agus tabhair leat an sícín fuar agus na picilí freisin!”

“De réir gach cosúlachta tá an oiread ar eolas aige faoina bhfuil i mo chuid bialann is atá agam féin,” arsa an Baigíneach leis féin, a bhí trína chéile ar fad, agus rith sé leis go mb’fhéidir gur tháinig eachtra an-mhíthaitneamhach isteach sa teach aige. Faoin am a raibh na buidéil, na miasa, na sceana, na foirc, na gloiní, na plátaí, na spúnóga agus na rudaí eile ina gcarn mór ar na tráidirí, bhí sé ag éirí an-te, an-dearg san aghaidh agus an-chrosta.”

“Bascadh is brú ar na habhaic sin!” a dúirt sé os ard. “Cén fáth nach dtiocfaidís anseo le lámh chúnta a thabhairt?” Agus b’shin iad Báilín agus Dváilín ina seasamh i ndoras na cistine, agus Kílí agus Fílí ar a gcúl, agus sular fhéad sé *scian* a rá, bhí na tráidirí agus dhá bhord bheaga scuabtha isteach sa pharlús acu agus leag siad gach rud amach as an nua.

Bhí Gandalf ina shuí ag ceann an chomhluadair agus bhí na trí abhac déag ina suí ina thimpeall; bhí Biolbó ina shuí ar stól cois na tine ag creimeadh briosca (baineadh a dhúil sa bhia de ar fad ar fad), agus é ag iarraidh tabhairt le fios go raibh gach rud i ngnáthord agus nárbh eachtra ná cuid d’eachtra a bhí ann. Lean na habhaic orthu ag ithe is ag ithe, is ag caint is ag caint agus shleamhnaigh an t-am thart. Bhrúigh siad siar a gcathaoireacha ar deireadh thiar agus rinne Biolbó iarracht na plátaí is na gloiní a bhailiú.

“Is dócha go bhfanfaidh sibh uile anseo le haghaidh an tsuipéir,” a dúirt sé go múinte ach gan aon díograis ina ghlór.

“Fanfaidh ar ndóigh!” arsa Tóirín. “Agus fanfaidh níos faide ná sin. Ní éireoidh linn na gnóthaí seo a chríochnú go mbeidh sé déanach, agus caithfidh ceol a bheith againn roimh ré. Ach anois ní mór slacht a chur ar an áit!”

Ansin d’éirigh an dá abhac déag ina seasamh—níor éirigh Tóirín, bhí sé i bhfad róthábhachtach; lean seisean air ag comhrá le Gandalf—agus rinne siad cairn arda de na gréithe go léir. D’imigh siad leo gan bacadh le tráidirí, colúin de phlátaí ar a bhoige bhaige i leathlámh gach abhaic acu, agus buidéal ina sheasamh ar gach colún, fad is a bhí an hobad ag rith ina ndiaidh agus a ghlór ina dhíoscán nach mór le teann faitís, “Impím oraibh a bheith san airdeall!” á rá aige agus “Iarraim oraibh gan an trioblóid a chur oraibh féin; is féidir liomsa an gnó a dhéanamh.” Ach ní dhearna na habhaic ach tosú ar amhrán:

Bain mant as na gloiní, scoilt miasa is plátaí!

Maolaigh na sceana is lúbaí na foirc!

Má dhéanaimid siúd ní bheidh Baigín róshásta;

bristear na buidéil is loisctear na coirc!

Srac an scaraid, satail an ghréisc!

Doirt an bainne ar chathaoir is clár!

Le hais na leapa leag spóla agus éisc,

is stealltar an fíon gach ionad, gach áit!

*Cuirtear na gréithe i mbabhla mór lán
is buail iad go maith le tuairgnín teann;
is ligtear dóibh rolláil ar fud an urláir,
má mhaireann ansin aon cheann acu slán.*

*Má dhéanaimid siúd ní bheidh Baigin róshásta;
Bimis aireach mar sin le soitheach is pláta!*

Ach ar ndóigh ní dhearna siad ceann ar bith de na rudaí uafásacha sin agus glanadh gach uile rud agus cuireadh i dtaisce iad ar luas na gaoithe, fad is a bhí an hobad ag casadh timpeall agus timpeall i lár na cistine ag iarraidh súil a choinneáil ar a raibh siad a dhéanamh. D'fhill siad ansin agus fuair siad Tóirín lena chosa thuas ar fhiondar na tine ag caitheamh a phíopa. Is ag séideadh fáinní ollmhóra toite a bhí sé. Cibé áit a ndéireadh sé le ceann dul, is ansin a rachadh sé—suas an simléar nó ar chúl an chloig ar an matal, nó faoin mbord nó timpeall agus timpeall na síleála; ach cibé áit a rachadh sé, ní raibh sé sách tapa le héalú ó Ghandalf. Plab! Chuirfeadh seisean puth toite óna dhúidín gearr lom díreach trí gach fáinne ó Thóirín. Thagadh dath uaine ansin ar phuthanna Ghandalf, d'fhillidís chuige agus d'fhanaidís ag foluain os cionn chloigeann an draoi. Bhí scamall díobh ina thimpeall cheana féin agus chuir sé sin cuma aduain dhraiochtúil air sa chlapsholas. Sheas Biolbó ag stánadh orthu—b'aoibhinn leis fáinní toite—agus ansin tháinig luisne air nuair a chuimhnigh sé ar a bhród ar maidin inné nuair a chuir sé fáinní toite suas leis an ngaoth thar an gCnoc.

“Beidh ceol againn anois!” arsa Tóirín. “Bainigí amach na huirlisí!”

Chuaigh Kílí agus Fílí go tapa chuig a málaí agus thug ar ais fidilí beaga leo. Bhain Dóirí, Nóirí agus Óirí amach fliúiteanna as áit éigin laistigh dá gcótaí. Fuair Bombúr druma sa halla; d'imigh Bíofúr agus Bófúr amach freisin agus d'fhill siad le clairnéidí a bhí fágtha acu i measc na maidí siúil. “Gabhaigí mo leithscéal,” a dúirt Báilín is Dváilín beirt, “D'fhág mise mo cheannsa sa phóirse!”

“Tugaigí mo cheannsa isteach libh!” arsa Tóirín. Tháinig siad ar ais agus biolaí leo a bhí chomh mór leo féin, agus bhí cláirseach Thóirín acu freisin fillte suas in éadach uaine. Cláirseach álainn óir ab ea í, is nuair a leag sé a mhéara ar na sreanga thosaigh an ceol ar an bpointe, chomh tobann agus chomh binn go ndearna Biolbó dearmad ar gach rud eile, agus scuabadh i gcéin é go tíortha dorchá faoi ghealacha aduaine, i bhfad thar an Dobhar agus i bhfad i bhfad óna pholl hobaid faoin gCnoc.

Tháinig an dorchadas isteach sa seomra ón bhfuinneogín a d'osclaíodh i dtaobh an Chnoic; bhí solas na tine ag caochaíl—mí Aibreáin a bhí ann—agus lean siad orthu ag seinm, fad is a bhí scáth fhéasóg Ghandalf ag preabadh ar an mballa.

Líon an dorchadas an seomra, d'éag an tine, d'imigh na scáth-anna, agus lean siad orthu ag seinm. Agus leis sin chrom duine acu ar ghabháil fhoinn le linn an cheoil, agus duine eile agus duine eile. Amhrán domhain toll a bhí ann, amhránaíocht na n-abhac in áiteanna domhaine a sinsear; agus is blúire dá n-amhrán é seo, más féidir leis a bheith cosúil lena gcuid amhránaíochta in uireasa an cheoil:

*I bhfad thar shléibhte an cheo ó thuaidh
chuig carcair chloiche is doimhneacht uamh
sula n-éireoidh grian ní mór dúinn triall
ag tóraíocht óir ghealbhúí na ndruadh.*

*Bhuaileadh abhaic trí dhraíocht ghlic
casúir fadó chomh binn le cloig
i ndomhan na gcuas mar a mbíodh i bpluais
arrachtaí dorchá 'na suan sna cnoic.*

*Is mó triath ealbhach is seanrí mór
ar dhein siad dóibh as saibhreas óir
seodra is gréas is ghabhaidís léas
go dtaitneodh i ndornchla chlaímh 'na ghlóir.*

*Ar mhuinci a chrochaidís fós le spré
réalta mar bhlátha, i seoda glé
sháidís draiglasair, ar shreanga casta
tháthaidís gatha gréine is ré.*

*I bhfad thar shléibhte an cheo ó thuaidh
chuig carcair chloiche is doimhneacht uamh
sula n-éireoidh grian ní mór dúinn triall
ag éileamh seanóir ar dúinne is dual.*

*Dóibh féin a shnoidís cuacha dá méin
is cláirseacha óir, ina suí faoi shéan
ina n-áras buan 'gus is iomaí duan
a deirtí nach gcloiseadh ach iad féin.*

*Bhí búirtheach san oíche ó chrainn anuas
is ba scáfar an gheonail ón ngaoth aduaidh;
ba dhearg an laom is leathnaigh an bladhm
gur gheall le lóchrann na giúiseanna thuas.*

*Bhí na cloig ag bualadh i mbaile an tsratha
is d'fhéach na daoine aníos go faiteach;
ba cholgach an dragan is níor tháinig air lagan
gur leag sé a dtithe is a dtúir le talamh.*

*Faoin ré bhí deatach ag éirí ó ard
na n-abhac nuair a d'airigh siad raic an bháis;
a n-árais a tréigeadh is marbh thar a chéile
thit siad ag a chosa faoin ngealach lán.*

*I bhfad thar shléibhte an cheo ó thuaidh
chuig carcair chloiche is doimhneacht uamh
sula n-éireoidh grian ní mór dúinn triall
chun ár gcuidne óir a thógáil uaidh.*

De réir mar a bhí siad ag amhránaíocht d'airigh an hobad ag corraí ann féin grá do rudaí áille a rinneadh le lámh is le scil is le draíocht; grá dian éadmhar ab ea é, an mhian a bhíodh i gcroí na n-abhac. Ansin dhúisigh tréith éigin ann de chuid na dTúcach agus theastaigh uaidh imeacht agus na sléibhte móra a fheiceáil, agus na crainn ghiúise a chloisteáil agus na heasa, agus taiscéalaíocht a dhéanamh sna pluaiséanna agus claíomh a bheith leis in ionad maide siúil. D'fhéach sé amach ar an bhfuinneog. Bhí na réaltaí amuigh sa spéir dhorcha os cionn na gcrann. Smaoinigh sé ar sheoda na n-abhac ag lonrú in uaimheanna dorcha. Leis sin léim lasair aníos sa choill taobh thall den Dobhar—duine ag lasadh tine adhmaid is dócha—agus smaoinigh sé ar dhragain chreachacha ag lonnú ar a Chnoc ciúin féin agus á chur uile go léir trí thine. Chuaigh creathán tríd, agus láithreach bonn ní raibh ann arís ach an Baigíneach Uasal, Cúil an Bhaige, Faoin gCnoc.

D'éirigh sé ina sheasamh is é ag crith. Bhí ní ba lú ná leathrún aige dul chun an lampa a fháil. Bhí ní ba mhó ná leathrún aige tabhairt le tuiscint gur ag fáil an lampa a bhí sé, ach ansin rachadh sé i bhfolach ar chúl na mbairillí beorach sa siléar agus ní thiofadh sé amach arís go n-imeodh na habhaic uile go léir. Leis sin thug sé faoi deara gur stop an ceol agus an amhránaíocht agus go raibh siad uile go léir ag féachaint air sa dorchadas le súile lonracha.

“Cá bhfuil tú ag dul?” arsa Tóirín de ghlór a thug le fios gur thomhais sé dhá thaobh intinn an hobaid.

“Cad a déarfá le beagán solais?” arsa Biolbó go leithscéalach.

“Is maith linn an dorchadas,” arsa na habhaic go léir. “An dorchadas le haghaidh gnóthaí dorchá! Is iomaí sin uair an chloig ón am seo go dtí breacadh an lae.”

“Ar ndóigh!” arsa Biolbó, agus shuigh sé síos go deifreach. Níor aimsigh sé an stól, shuigh sé san fhiondar, agus leag an priocaire is an tsluasaid le plimp.

“Fuist!” arsa Gandalf. “Lig do Thóirín labhairt!” Agus is mar seo a thosaigh Tóirín:

“A Ghandalf, a abhaca agus a Bhaiginigh Uasail! Táimid cruinn le chéile i dteach ár gcarad agus ár gcomhchealgair, an hobad fíoroirirc agus neamheaglach—nár chaille sé gruag chos go deo! Moladh go deo dá chuid leanna agus dá chuid fiona!—” Stad sé ansin le hanáil a tharraingt agus go bhfaigheadh sé freagra cúirteiseach ón hobad, ach níor thuig Biolbó Baigin na moltaí ar chor ar bith, ach bhí seisean ag bogadh a bhéil toisc gur glaoth *neamheaglach* agus rud ba mheasa fós *comhchealgair* air. Níor tháinig focal ar bith as, áfach—bhí an oiread sin alltachta air. Lean Tóirín leis.

“Thángamar le chéile chun ár gcuid pleananna a phlé, ár slite, ár mbealaí, ár modhanna, ár ndúnghaois agus ár bpolasaithe. Go luath roimh bhreacadh an lae is amhlaidh a bheimid ag tosú ar ár n-aistear fada, agus seans nach bhfillfidh cuid againn, nó nach bhfillfidh duine ar bith againn ón aistear céanna go deo (cé is moite dár gcara agus dár gcomhairleoir, an draoi sárchliste Gandalf). Is sollúnta an nóiméad é seo. Déanaim talamh slán de gur aithnid dúinn go léir an aidhm atá againn. B’fhéidir go dteastódh focal beag míniúcháin ón mBaigíneach Uasal oirirc agus ó dhuine nó beirt de na habhaic óga (is dóigh liom gur ceart dom Kíli agus Fíli a lua ag an bpointe seo)—”

B’shin í stíl Thóirín. Abhac mór le rá a bhí ann. Dá ligfí leis, is dócha go leanfadh sé air mar sin go dtí go dteipfeadh a chuid anála air, agus gan aon rud a insint do dhuine ar bith nach raibh ar eolas aige cheana féin. Ach thángthas roimhe go míbhéasach. Ní raibh Biolbó bocht in ann cur suas leis an scéal nóiméad ní b’fhaide. Nuair a chuala sé na focail *seans nach bhfillfidh cuid againn*, mhothaigh sé scréach ag éirí aníos ann féin, agus níorbh fhada gur phléasc sí amach ar nós fead traenach ag teacht amach as tollán. D’éirigh na habhaic uile ina seasamh agus leag siad an bord. Las Gandalf solas gorm ar cheann a bhachall draíochta agus i solas an tine ealaíne sin

chonacthas an hobad beag bocht ar a dhá ghlúin ar an mata ag creathnú ar nós glóthaí á leá. Thit sé ansin ina phleist ar an urlár agus é ag glaoch “Bhuail an tintreach! Bhuail an tintreach!” arís agus arís eile. B’shin ar fhéad siad baint as go ceann píosa fada. Thóg siad é mar sin, leag siad as an tslí ar tholg an tseomra suite é, chuir siad deoch lena uillinn, agus d’fhill siad ar a gcomhrá dorchá.

“Is sochorraithe an duine beag atá ann,” arsa Gandalf agus iad ag glacadh a suíochán arís. “Tagann taomanna aisteacha air ó am go ham, ach is duine den scoth atá ann, duine den scoth—chomh fíochmhar le dragan in am riachtanais.”

Má chonaic sibh dragan riamh in am riachtanais, tuigfidh sibh nach raibh ag Gandalf ach scailéathan, más faoi hobad ar bith a dúradh é, fiú amháin dá ndéarfai faoi Tharbh-bhúirtheoir, sin-sean-uncail an tSean-Túcaigh, é. Bhí seisean chomh mór sin (do hobad) go raibh sé in ann capall a mharcaíocht. Thug sé ruathar faoi ranganna phúcaí Sliabh Graim i gCath na bPáirceanna Glasa, agus bhain sé lena chleith ailpín a chloigeann dá rí, Galfambúl. D’eitil an chleith céad slat tríd an aer agus chuaigh síos poll coinín, agus is ar an gcaoi sin a buadh an cath agus a ceapadh an cluiche Galf san am céanna.

Idir an dá linn bhí sliochtach séimh an Tarbh-bhúirtheora ag teacht chuige féin ina sheomra suite. I ndiaidh tamaill agus i ndiaidh dí, théaltaigh sé go neirbhíseach chuig doras an pharlúis. Agus chuala sé, Glóin ag caint. “Humf!” (nó a leithéid de shiolla) a dúirt Glóin. “An ndéanfaidh sé cúis, an dóigh libh? Tá sé sách maith do Ghandalf a rá go bhfuil an hobad seo fíochmhar, ach scréach amháin mar sin in am corraíola, dhúiseodh sí an dragan agus a chairde gaoil le chéile, agus mharódh sé sin gach uile dhuine againn. Feictear domsa go raibh níos mó den eagla sa scréach úd ná den sleondar! Déanta na firinne, mura mbeadh an comhartha ar an doras, bhíos cinnte gur chuig an teach mícheart a tháingamar. A thúisce is a chonaic mé an giolla beag i gcéaduair ag preabadh agus ag puthail ar an mata, bhí amhras orm faoi. Is mó a shamhlófá le grósaeir ná le buirgléir é!”

Leis sin chas an Baigíneach murlán an dorais agus chuaigh isteach. Is é dúchas na dTúcach a tháinig i dtreis. Shocraigh sé go tobann go staonfadh sé ó leaba agus ó bhricfeasta le go gceapfai gur duine fíochmhar a bhí ann. Maidir le *giolla beag ag preabadh ar an mata* is beag nár chuir na focail chéanna fíochmhaireacht ann. Is iomaí uair ina dhiaidh sin a bhí aiféala ar dhúchas na mBaigíneach ann an rud a rinne sé ag an nóiméad úd, agus is minic a deireadh sé

leis féin ina dhiaidh sin: “Amadán a bhí ionat, a Bhiolbó; shiúil tú isteach ann agus is botún a rinne tú.”

“Gabhaim pardún agaibh,” arsa seisean, “má chuala mé trí thaisme a raibh á rá agaibh. Nílím ag ligean orm féin go dtuigim a raibh sibh a phlé, ná ní thuigim an tagairt úd do bhuirgléirí ach an oiread, ach sílim gur fíor dom nuair a chreidim” (labhairt go mórchúiseach a thugadh sé air sin) “go gceapann sibhse nach bhfuil aon mhaith ionamsa. Taispeánfaidh mé daoibh. Níl comhartha ar bith ar mo dhoras—seachtain ó shin a péinteáladh é—agus táim lánchinnte gur chuig an teach contráilte a tháinig sibh. Bhí amhras orm faoin scéal a thúisce is a chonaic mé bhur n-aghaidheanna greannmhara ar mo thairseach. Ach abraigí gurb é an teach ceart é. Insigí dom a bhfuil uaibh, agus bainfidh mise triail as, más gá dom siúl as seo go dtí Oirthear an Oirthir agus troid leis na Fear-Phéisteanna san Fhásach Deiridh. Bhí sin-sin-sin-seanuncail agam tráth, an Tarbh-bhúirtheoir Túc, agus—”

“Is ea, is ea, agus is i bhfad ó shin a bhí sé sin,” arsa Glóin. “Is *fútsa* a bhí mé ag caint. Agus deirimse leat go bhfuil comhartha ar an doras—an cineál is gnáthaí leis an gceird, nó ba é. *Obair ag teastáil ó Bhuirgléir, móide a dhóthain corraíola agus luach saothar réasúnta*, sin é an chaoi a léitear go hiondúil é. Is féidir leat *Lorgaire seodra is óir* a chur in áit *Buirgléir*, más mian leat. Déanann cuid díobh é sin. Is é an dá mhar a chéile againne é. Dúirt Gandalf linn go raibh fear den chineál sin sa cheantar seo agus go raibh obair á lorg aige a thosódh láithreach, agus gur shocraigh sé coinne anseo Dé Céadaoin na seachtaine seo ag am taе.”

“Ar ndóigh tá comhartha ann,” arsa Gandalf. “Mise féin a rinne é. Agus bhí cúis mhaith agam leis. D’iarr sibh orm an ceathrú duine déag a fháil le haghaidh bhur sluaíochta, agus an tUasal Baigín a roghnaigh mé. Abradh fear ar bith anois gurb é an duine mícheart a thogh mé, agus is féidir libh fanacht ag trí dhuine dhéag agus an oiread drocháidh a bheith oraibh agus is mian libh, é sin nó filladh ar thochailt an ghuaile.”

D’fhéach sé go feargach ar Ghlóin le fíor-dhrochaoibh agus chúlaigh an t-abhac isteach ina chathaoir. Nuair a rinne Biolbó iarracht ar a bhéal a oscailt chun ceist a chur, chas Gandalf air le mistá agus chuir amach a mhaláí tiubha gur dhún Biolbó a bhéal le snap. “Sin é é,” arsa Gandalf. “Ná bímís ag argóint arís. An tUasal Baigín a thogh mé, agus ba chóir gur leor daoibh sin. Má deirimse gur Buirgléir é, Buirgléir is ea é, nó Buirgléir a bheidh ann nuair a thiocfaidh an t-am. Tá i bhfad níos mó ann ná mar a thomhaisfeadh sibh, agus is mó go mór é ná mar a shamhlaíonn sé féin. Seans maith

go dtiocfaidh an uair a bheidh sibh uile go léir buíoch díom. Anois, a Bhiolbó a bhuachaill, tabhair isteach an lampa agus beidh tuilleadh solais againn le breathnú air seo!”

Leath sé amach ar an mbord faoi sholas lampa mhóir a raibh scáth dearg air duilleog meamraim a raibh cosúlacht léarscáile uirthi.

Thosaigh na habhaic ag cur ceisteanna i ndiaidh a chéile air. “Ba é Trór, do sheanathair, a rinne an léarscáil seo,” arsa Gandalf. “Plean den Sliabh atá ann.”

“Ní dóigh liom go bhfaighimid mórán cúnamh as,” arsa Tóirín agus díomá air tar éis sracfhéachaint a thabhairt air. “Is cuimhin liomsa an Sliabh sách maith agus an dúiche ina thimpeall. Agus tá a fhios agam cá bhfuil an Mhodarchoill agus an Fraochlach Feoite, áit a siolraíonn na dragain mhóra.”

“Tá dragan marcáilte i ndúch dearg ar an Sliabh,” arsa Báilín, “ach beidh sé sách éasca é a aimsiú dá uireasa sin, má shroichimid an áit go deo.”

“Tá rud amháin ann,” arsa an draoi nár thug sibh faoi deara fós, “is é sin an doras rúnda. An bhfeiceann sibh an rúnscríbhinn sin ar an taobh thiar, agus an lámh ag síneadh ina treo ó na rúnscríbhinní eile? Taispeánann sé sin bealach rúnda chuig na Hallaí Íochtaracha.” (Féachaigi ar an léarscáil ar leathanach viii den leabhar seo agus feicfidh sibh na rúnscríbhinní ann.)

“B’fhéidir gur doras rúnda a bhí ann tráth dá raibh,” arsa Tóirín, “ach conas atá againn gur rún i gcónaí é? Tá sean-Smóg ina chónaí ann fada a dhóthain le gach uile rud a fháil amach faoi na pluaiscanna ann.”

“B’fhéidir é—ach caithfidh nár bhain sé feidhm as le fada fada an lá.”

“Cén fáth a ndeir tú sin?”

“Toisc go bhfuil an doras róbheag dó. ‘Cúig troithe airde an dorais agus féadfaidh triúr siúl taobh le taobh’ a deir an rúnscríbhinn, ach ní fhéadfadh Smóg sleamhnú isteach trí pholl chomh beag sin, fiú amháin nuair ba dhragan óg a bhí ann. Agus is cinnte nach bhféadfadh tar éis an oiread sin d’abhaic agus de mhuintir an tSratha a shlogadh.”

“Feictear domsa gur ollmhór an poll atá ann,” arsa Bhiolbó de ghlór caol (Ní raibh seisean cleachtach ar chor ar bith le dragain agus ní raibh aon pholl ar eolas aige ach poill hobaid). Bhí a spéis á muscailt arís agus bhí corraí ag teacht air, sa chaoi gur dhearmad sé a bhéal a éisteacht. B’aoibhinn leis léarscáileanna agus ina halla bhí léarscáil den Dúiche Máguaird agus na siúlóidí uile ab fhearr leis marcáilte uirthi i ndúch dearg. “Má fhágaimid an dragan as an

áireamh, conas a d'fhéadfaí a leithéid sin de dhoras ollmhór a choinneáil ina rún ó gach uile dhuine taobh amuigh?" Ní raibh ann i ndeireadh na dála ach hobad fíorbheag, tá a fhios agaibh.

"D'fhéadfaí ar go leor bealaí," arsa Gandalf. "Ach ní fios dúinn conas a coinníodh an ceann seo ina rún, gan dul ann agus féachaint air. Cheapfainnse, óna bhfuil le tuiscint ón léarscáil, go bhfuil doras dúnta ann, agus an chuma air nach bhfuil ann ach cuid de thaobh an tSléibhe. Sin é gnáthmhodh oibre na n-abhac—is fíor dom é, nach ea?"

"Is fíor duit go deimhin," arsa Tóirín.

"Ina theannta sin," arsa Gandalf ag leanúint leis, "rinne mé dearmad a lua go raibh eochair ag baint leis an léarscáil, eochair bheag aisteach. Seo agat í!" a dúirt sé agus shín sé eochair airgid chuig Tóirín, eochair a raibh bairille fada agus eanga casta uirthi. "Coinnigh go sábháilte í!"

"Coinneoidh go deimhin," arsa Tóirín agus cheangail sé an eochair de shlabhra mín a bhí ar crochadh timpeall a mhuiníl agus faoina chasóg. "Anois tá cúrsaí ag féachaint níos dóchasáí. Cuireann an nuacht seo an-fheabhas ar an scéal. Ní raibh tuairim dá laghad againn roimhe seo cad ba chóir a dhéanamh. Shíleamar gur cheart dúinn dul soir chomh ciúin airdeallach agus ab fhéidir—fad leis an Loch Fada. Ansin a thosódh na deacrachtaí—"

"I bhfad roimhe sin, má tá rud ar bith ar eolas agamsa faoi na bóithre soir," arsa Gandalf ag teacht roimhe.

"Ba chóir dúinn dul suas uaidh sin ar feadh na hAbhann Reathaí," arsa Tóirín ag leanúint air gan aird ar bith a thabhairt, "agus mar sin chuig fothracha an tSratha—an seanbhaile mór sa logán faoi scáth an tSléibhe. Ach níor thaitin smaoineamh an Phríomh-Gheata le duine ar bith againn. Ritheann an abhainn amach as thar an aill mhór laistear den Sliabh, agus is amach as a thagann an dragan freisin—agus rómhinic freisin, murar athraigh sé a bhéasa ó shin."

"Ní bheadh aon mhaith sa méid sin," arsa an draoi, "gan aon Cathmhíle a bheith againn nó Gaiscióch fiú amháin. Rinne mé iarracht teacht ar cheann díobh, ach bíonn na cathmhíleí gnóthach ag troid lena chéile i dtiortha in imigéin, agus is gann sa dúiche seo na gaiscigh. Is maol na claimhte thart anseo den chuid is mó agus is chun crainn a leagan a úsáidtear na tuanna; is mar chliabháin nó mar chlúdaigh mhéise a bhaintear feidhm as na sciatha agus mar a tharlaíonn is i bhfad as seo a mhaireann na dragain (níl iontu ach finscéal dá bharr sin). B'shin é an fáth ar shocraigh mé ar bhuirgléir-eacht—go háirithe nuair a chuimhnigh mé go raibh Taobhdhoras ann. Agus seo againn anois an Biolbó Baigín beag seo againne, ár

mbuirgléir tofa roghnaithe féin. Mar sin ar aghaidh linn agus déanaimis roinnt plananna.”

“Maith go leor mar sin,” arsa Tóirín. “Abraimis go molfaidh an saineolaí sa bhuirgléireacht roinnt tuairimí nó bearta dúinn.” Chas sé go dea-mhúinte mar dhe a le Biolbó.

“Ar an gcéad dul síos,” arsa Biolbó, “níor mhiste liom tuilleadh a bheith ar eolas agam faoin scéal.” D’airigh sé trína chéile agus eaglach go maith ach bhí sé socair ina chroí istigh mar a bheadh Túcach maith go leanfadh sé ar aghaidh le cúrsaí. “Faoin ór, atá i gceist agam, agus faoin dragan agus mar sin de; conas a tháinig an t-ór ann agus cé leis é agus mar sin de.”

“A thiarcais!” arsa Tóirín, “nach bhfuil léarscáil agat? Agus nár chuala tú an t-amhrán a dúramar? Agus nach bhfuilimid ag caint faoin scéal le tamall fada anois?”

“Ba mhaith liom é a chloisteáil go follas soiléir mar sin féin,” arsa Biolbó go ceanndána, ag cur gothaí an fhir ghnó air féin (rud a dhéanadh sé go hiondúil nuair a d’fhéachadh daoine le hiasacht airgid a fháil uaidh), agus ag iarraidh a bheith críonna, stuama, gairmiúil agus inchomórtais leis an ardmholadh a fuair sé ó Ghandalf. “Ba mhaith liom eolas a bheith agam roimh ré faoi na rioscaí, faoi na himchostais, faoin am a bheidh riachtanach agus faoi luach mo shaothair, agus araile”—is éard a bhí i gceist aige leis sin—“Céard a gheobhaidh mé as agus an dtiocfadh mé ar ais beo beathach?”

“Bíodh agat mar sin,” arsa Tóirín. “Fadó, fadó in aimsir mo sheanathar Trór, cuireadh an teaghlach seo againne amach as an bhFíor-Thuaisceart agus tháinig siad ar ais agus a maoin agus a saibhreas leo go dtí an Sliabh seo ar an léarscáil. Ba é mo shinsear Tráin Ársa a bhain an Sliabh amach den chéad uair, ach sna laethanta déanacha sin thochail mo mhuintir mianaigh agus tolláin ann, agus rinne siad hallaí ollmhóra agus ceardlanna ba mhó fós ann—agus ina theannta sin, is dóigh liom, fuair siad mórán óir agus seodra. Ar aon dath mhéadaigh ar a saibhreas, ar a gclú is a gcáil agus bhí mo sheanathair ina Rí faoin Sliabh arís, agus bhí an-mheas go deo ag na daoine básmhara air, iad siúd a raibh cónaí orthu ó dheas agus a bhí ag leathnú aníos an Abhainn Reathach chomh fada leis an ngleann a bhí faoi scáth an tSléibhe. Is thóg siad an Srath meidhreach sna laethanta úd. Chuireadh na rithe fios ar na gaibhne seo againne agus thugaidís sárлуach saothair dóibh siúd ina measc fiú ba lú scil. D’impíodh aithreacha orainn go nglacfaimis lena gclann mhac ar printiseacht agus d’íocaidís go fial sinn, go háirithe le soláthar bia, rud nach mbacaimis riamh lena fhás nó a fháil dúinn

féin. Ba rímhaith na laethanta úd dúinn den chuid is mó, bhíodh airgead le caitheamh agus le tabhairt ar iasacht ag an té ba bhoichte orainn, agus bhíodh am saor againn le nithe áille a dhéanamh ar mhaithe leis an áilleacht amháin, gan a bheith ag caint ar na bréagáin iontacha draíochta a dhéanaimis, agus nach bhfuil a leithéidí ar fáil ar an saol a thuilleadh. Mar sin líon hallaí mo sheanathar le cathéidí, le seoda, le snoíodóireacht agus le cupáin, agus ba é aonach bréagán an tSratha iontas an Domhain Thuaidh.

“Gan amhras ar bith ba é an rud sin a thug an dragan orainn. Tá a fhios agat go ngoideann na dragain ór agus seoda ó dhaoine, ó eilbh agus ó abhaic, cibé áit a dtagann na dragain orthu; agus cosnaíonn siad a gcreach ar feadh a saoil (is ar éigean a bhíonn deireadh lena saol, mura maraítear iad), ach ní bhaineann siad sult as an gcuid is lú de. Déanta na firinne ní aithneodh na dragain an rud maith thar an rud measartha, cé go mbíonn a fhios acu luach gach aon ní; agus ní féidir leo rud ar bith a dhéanamh dóibh féin; fiú ní fhéadfaidís caoi a chur ar ghaine scaoilte ar a gcathéide féin. Is iomaí sin dragan a bhí sa Domhan Thuaidh na laethanta úd, agus is dócha go raibh an t-ór ag dul i ngainne thuas ann. Bhíodh na habhaic ag imeacht ó dheas nó á mbású, agus diomailt agus scrios na ndragan ag dul i ndonacht. Bhí drochphéist ann darbh ainm Smóg a bhí as cuimse santach, fírláidir agus an-olc go deo. D’éirigh sé san aer lá amháin agus tháinig sé aduaidh. An chéad rud a chualamar torann mar a bheadh stoirm ghaoithe ag teacht aduaidh agus crainn phéine an tSléibhe ag scoilt agus ag déanamh gioscáin sa ghála. Tharla go raibh cuid de na habhaic ar an taobh amuigh (ar ámharaí an tsaoil bhí mise orthu sin—stócach breá fiontrach a bhí ionam an uair sin, agus bhínnse ag fálróid thart gan stad—b’shin é a shábháil mo bheatha)—bhuel, i bhfad ón áit a rabhamar, chonaiceamar an dragan ag teacht chun sosa ar an Sliabh seo againne agus cuaifeach lasrach ina thimpeall. Tháinig sé anuas taobh an tSléibhe ansin agus nuair a shroich sé na coillte, chuaigh siad uile go léir trí thine. Bhí gach uile chlog ar an Srath ag bualadh faoin am sin agus bhí na gaiscígh á ngléasadh féin chun troda. Rinne na habhaic ruathar amach as an bPríomh-Gheata; ach bhí an dragan ag fanacht leo. Níor tháinig duine ar bith acu slán. D’éirigh an abhainn ina gal, thit ceo ar an Srath, agus faoi chlúdach an cheo d’ionsaigh an dragan iad agus mharaigh sé formhór na ngaiscíoch—gnáthscéal an mhí-áidh, rud a bhí róchoitianta sa tréimhse úd. D’fhill an dragan ansin, shleamhnaigh isteach an Príomh-Gheata agus ghlan amach na hallaí, na bóithriní, na tolláin, na scabhait, na siléir, na tithe móra agus na póirsí. Ní raibh abhac beo ar bith fágtha

laistigh den Sliabh ina dhiaidh sin agus ghlac Smóg seilbh ar a maoin uile. Is dócha, mar is nós leis na dragain, go ndearna sé carn mór de go domhain istigh agus go gcodlaíonn ar an gcarn in ionad leapa. Ba nós leis ní ba dhéanaí snámh amach tríd an bPríomh-Gheata agus teacht chuig an Srath in uair mharbh na hoíche. Thugadh sé leis daoine, go háirithe cailíní óga, le go n-íosfadh sé iad, go dtí go raibh an Srath scriosta ar fad agus na háitritheoirí marbh nó imithe ar teitheadh. Níl a fhios agam cad atá ar bun ann anois, ach is dócha nach bhfuil aon duine ina chónaí níos giorra don Sliabh faoi láthair ná ar an imeall abhus den Loch Fada.

“An beagán dinn a bhí lasmuigh go maith, shuíomar agus chaoineamar inár n-áit folaigh, agus ghuíomar gach uile mhallacht ar Smóg. Ansin gan choinne tháinig m’athair agus mo sheanathair ar an láthair agus a bhféasóg barrdhóite. Is gruama an dreach a bhí orthu agus is beag a dúirt siad. Nuair a d’fhiafraigh mé conas a d’éalaigh siad, ordaíodh dom mo bhéal a éisteacht agus dúradh liom go bhfaighinnse amach in am tráth. D’imíomar ina dhiaidh sin agus bhí orainn ár mbeatha a shaothrú chomh maith agus ab fhéidir linn ar fud an domhain, agus is sách minic a bhí orainn sinn féin a íslíú chun gaibhneacht agus fiú mianadóireacht a dhéanamh. Ach ní dhearnamar riamh dearmad ar an maoin a goideadh uainn. Agus anois féin, agus admhaim go bhfuil saibhreas éigin i leataobh againn agus nach bhfuilimid chomh dona sin as—” ag an bpointe sin chuimil Tóirín a lámh den slabhra óir a bhí timpeall a mhuinil —“tá rún againn mar sin féin seilbh a ghlacadh arís ar ár maoin, agus ár mallacht a chur i bhfeidhm ar Smóg—má thig linn ar chor ar bith é.

“Is minic a d’fhiafraigh mé díom féin conas a d’éirigh le m’athair agus le mo sheanathair éalú. Ní foláir, is dóigh liom anois, go raibh taobhdhoras príobháideach ann nach raibh eolas ag aon duine faoi ach acu féin. Ach rinne siad léarscáil de réir cosúlachta, agus ba mhaith liom fáil amach conas a fuair Gandalf greim uirthi agus cén fáth nár tháinig sí go díreach chugamsa, ós mise an t-oidhre dlisteanach.”

“Ní hamhlaidh a ‘fuair mé greim uirthi’. Tugadh dom í,” arsa an draoi. “Mharaigh Ázóg Púca do sheanathair, mar is cuimhin leat féin, i mianaigh Mhoria.”

“Mharaigh go deimhin, go raibh mallacht ar a ainm,” arsa Tóirín.

“Agus d’imigh Tráin, d’athair, an t-aonú lá fichead d’Aibreán, céad bliain ó shin is an Déardaoin seo caite, agus ní fhaca tú riamh ó shin é—”

“Fíor duit, fíor duit,” arsa Tóirín.

“Bhuel, thug d’athair é seo dom le go dtabharfainn duitse é, agus má thogh mé m’uain féin agus mo shlí féin chun é a shíneadh chugat, is ar éigean is féidir leat an milleán a chur ormsa, go háirithe nuair a smaoiníonn tú ar an trioblóid a bhí agam le thú a aimsiú. Nuair a thug d’athair an páipéar dom, ní raibh sé in ann cuimhneamh ar a ainm féin, agus níor inis sé d’ainmse riamh dom; mar sin, feictear dom i ndeireadh na dála gur chóir mé a mholadh agus buíochas a dhéanamh liom! Seo duit é,” a dúirt sé agus shín sé an léarscáil chuig Tóirín.

“Ní thuigimse an scéal,” arsa Tóirín, agus d’airigh Biolbó go bhféadfadh sé féin an rud ceannann céanna a rá. Bhí an chuma ar an míniúchán a chualathas nár mhínigh sé rud ar bith.

“Sular imigh do sheanathair chuig mianaigh Mhoria,” arsa an draoi go mall gruama, “thug sé an léarscáil dá mhac chun í a choinneáil go slán sábháilte. Nuair a maraíodh do sheanathair, d’imigh d’athair chun a fhortún a thriail leis an léarscáil; agus is iomaí sin míthapa gránna a bhain dó, ach ní dheachaigh sé riamh cóngarach don Sliabh. Níl a fhios agam conas a tharla sé ann, ach nuair a tháinig mise air bhí sé ina chime i ndoinsíún an Mharbhdhraoi.”

“Cad sa tioc a bhí ar bun agatsa ann?” arsa Tóirín le teann creatha, agus chreathnaigh na habhaic eile chomh maith.

“Nach cuma duitse? Bhí mé ag déanamh taighde faoi nithe áirithe, mar is nós liom, agus ba mhíthaitneamhach contúirteach an obair a bhí inti. Má d’éirigh liomsa éalú, ba é mo dhícheall é. Rinne mé iarracht d’athair a tharrtháil, ach bhíos ródhéanach. Bhí seachmall air agus ní aithneodh sé cat thar chóiste. Bhí gach uile rud dearmadtha aige nach mór, ach amháin an léarscáil agus an eochair.”

“Dhiolamar an comhar le púcaí Mhoria i bhfad ó shin,” arsa Tóirín. “Ní mór dúinn anois ár n-aird a dhíriú ar an Marbhdhraoi.”

“Seafóid, a dhuine! Is namhaid é atá i bhfad níos láidre ná cumhacht na n-abhac in éineacht, dá bhféadfaidís uile teacht le chéile ó cheithre harda an domhain. An t-aon rud a theastaigh ó d’athair, go léifeadh a mhac an léarscáil agus go mbainfeadh sé feidhm as an eochair. Is mó ná dóthanach mar obair duit an dragan agus an Sliabh!”

“Abair é! Abair é!” arsa Biolbó agus trí thaisme is os ard a dúirt sé é.

“Cad a déarfaimid?” arsa siad go léir ag casadh air go tobann, agus bhí sé chomh trína chéile sin go ndúirt sé “Déarfaidh mise an méid seo libh!”

“Cad é féin?” arsa siad á cheistiú.

“Bhuel, feictear domsa gur chóir daoibh dul soir agus breathnú timpeall. Tá Taobhdhoras ann tar éis an tsaoil agus ní mór do dhragain codladh ó am go ham, is dócha. Má fhanann sibh i bhur suí sách fada ar an tairseach, is dóigh liom go smaoineoidh sibh ar sheift éigin. Agus an bhfuil a fhios agaibh, ceapaimse go bhfuil ár ndóthain cainte déanta againn le haghaidh oíche amháin, má thuigeann sibh mé. Cad a déarfadh sibh le leaba agus le dúiseacht go moch, agus mar sin de? Bricfeasta maith a thabharfaidh mé daoibh sula n-imeoidh sibh.”

“Sula n-imeoidhne, ba chóir duit a rá, is dóigh liom,” arsa Tóirín. “Nach tusa an buirgléir? Agus nach é do chuidse oibre é fanacht i do shuí ar an tairseach, gan a bheith ag caint ar théaltú isteach tríd an doras? Ach táimse ar aon fhocal leat faoi leaba agus bricfeasta. Sé huibhe is maith liom le mo chuidse bagún, nuair a bhímse ag tosú ar aistear fada—iad friochta seachas póitseáilte, agus seachain an mbrisféa iad.”

Tar éis do gach duine eile a bhricfeasta faoi leith a ordú (gan oiread is “le do thoil” a rá, rud a ghoill go mór ar Bhiolbó), d’éirigh siad ina seasamh. Bhí ar an hobad áit chodlata a fháil dóibh uile, agus líon siad a chuid seomraí breise go léir agus bhí air leapacha a chóiriú ar chathaoireacha agus ar thoilg, sula raibh siad uile go léir ina luí go compordach aige. Chuaigh sé ansin chuig a leaba bheag féin. Bhí sé traochta agus gan a bheith róshásta. Shocraigh sé go cinnte faoi rud amháin, is é sin nach mbacfadh sé le héirí go moch ar maidin chun an bricfeasta damanta a réiteach do gach uile dhuine eile. Bhí mianach na dTúcach á thréigean, agus ní raibh sé faoin am sin chomh siúráilte go raibh sé le himeacht ar maidin ar aistear ar bith.

Nuair a bhí sé ina luí, chuala sé Tóirín sa seomra ba ghiorra dó ar an leaba ab fhearr sa teach ag crónán dó féin i gcónaí:

*I bhfad thar shléibhte an cheo ó thuaidh
chuig carcair chloiche is doimhneacht uamh’
sula n-éireoidh grian ní mór dúinn triall
ag tóraíocht ór gealbhúí na ndruadh.*

Thit Biolbó ina chodladh agus an t-amhrán sin ag fuaimniú ina chluasa, agus ba míchompordach na brionglóidí a bhí aige dá bharr. Bhí breacadh an lae i bhfad thart, nuair a dhúisigh sé.

Caibidil II

Caoireoil Rósta

D'éirigh Biolbó go mear, chuir air a fhallaing sheomra agus chuaigh isteach sa seomra itheacháin. Ní fhaca sé aon duine, ach bhí an chuma ar an áit gur itheadh bricfeasta mór faoi dheifir ann. Bhí an seomra trína chéile ar fad, agus bhí carnáin de photaí salacha sa chistin. Chonacthas dó gur bheag nach rabhthas tar éis gach a raibh aige de shoithí is de sháspain a úsáid. Fíric ghránna dhoshéanta a bhí sna miasa salacha sin sa chaoi gurbh éigean do Bhiolbó creidiúint nach tromluí a bhí i gcóisir na hoíche aréir, mar ba mhian leas a cheapadh. Leis an bhfirinne a dhéanamh, b'fhaoiseamh dó an smaoineamh gur imigh siad uile go léir dá uireasa, agus gan bacadh le n-é a dhúiseacht fiú ("agus gan fiú focal ar bith buíochais a rá", a dúirt sé leis féin): san am céanna ba dheacair dó gan iarracht den díomá a aireachtáil. B'ionadh leis an mothú sin.

"Ná bí amaideach, a Bhiolbó Baigín!" a dúirt sé leis féin. "Agus tú ag smaoineamh ar dhragain agus ar a leithéid eile de sheafóid ag d'aois-se sa saol!" Chuir sé naprún air féin mar sin, las sé tinte, chuir uisce ag fiuchadh agus nigh sé na soithí. D'ith sé bricfeasta beag deas sa chistin, sular thosaigh sé ar shlacht a chur ar an seomra itheacháin. Bhí an ghrian ag soilsiú faoin am sin, agus bhí doras na sráide oscailte i riocht is go raibh leoithne bhog earraigh ag teacht isteach. Is ea, bhí sé go díreach ar tí bricfeasta deas eile a ithe sa seomra itheacháin, nuair a shiúil Gandalf isteach.

"A dhuine chóir," arsa seisean, "cén uair a thiocfaidh tú ar chor ar bith? Cad a bhain don *dúiseacht go moch*?—feicim anseo thú ag ithe bricfeasta, nó cibé ainm a thugann tú air, ag leathuair tar éis a deich! D'fhág siad an teachtaireacht agat, toisc nach raibh siad in ann fanacht."

"Cén teachtaireacht?" arsa an Baigíneach bocht, agus é go mór trína chéile.

"Dar fia is fiolar!" arsa Gandalf. "Is léir nach bhfuil tú istigh ionat féin ar maidin—níor ghlan tú an deannach den mhatal go fóill!"

“Cén bhaint atá aige sin leis an scéal? Bhí mo dhóthain le déanamh agam agus mé ag ní na soithí do cheithre dhuine dhéag!”

“Dá nglanfá an deannach den mhatal, gheofá é seo faoin gclog,” arsa Gandalf, agus shín sé nóta chuige (a bhí scríofa ar a pháipéar litreach féin, ar ndóigh).

Seo mar a léigh sé:

“Tóirín agus a Chomplacht chuig an mBaigíneach Buirgléir, beannacht! Táimid fíorbhuíoch diot as an bhfáilte fhlaithiúil a chuir tú romhainn agus glacaimid go fonnmhar leis an gcúnamh proifisiúnta atá tú a thairiscint dúinn. Seo iad na coinníollacha: airgead tirim ar son do sheirbhíse, oiread agus an ceathrú cuid déag den bhrabús go léir a dhéanfar (má dhéantar), ach gan dul thairis sin; glanfar gach uile chostas taistil; íocfaimidne (nó ár n-ionadaithe) as do shochraid, más gá sin, sa chás nach mbeidh socrú eile déanta cheana féin.

“Ós rud é gur shíleamar nár cheart cur isteach ar do chodladh uasal, tá na hullmhúcháin a bhí riachtanach déanta againn cheana féin, agus fanfaimid le do phearsa onórach i dTeach Tábhairne an Dragain Ghlais i mbaile Cois Dobhar ar bhuille a 11 a.m.

“Táthar ag súil go mbeidh tú ann go tráthúil.

“Is sinn le meas mór

“agus le fíorómós,

“Tóirín agus a Chomplacht.”

“Ní fhágann sé sin ach deich nóiméad againn. Beidh ort deifriú,” arsa Gandalf.

“Ach—” arsa Biolbó.

“Níl an t-am agat chuige sin,” arsa an draoi.

“Ach—” arsa Biolbó arís.

“Níl an t-am agat chuige sin ach an oiread! Ar aghaidh leat!”

Go dtí deireadh a shaoil níor chuimhnigh Biolbó cén chaoi a bhfuair sé é féin lasmuigh dá theach, gan hata, gan mhaide siúil, gan airgead, gan rud ar bith ba nós leis a thabhairt leis agus é ag dul amach. D’fhág sé gan chríochnú an dara bricfeasta a bhí sé a ithe agus níor nigh sé na gréithe, chuir sé a chuid eochracha go deifreach isteach i lámha Ghandalf agus rith sé chomh tapa agus a thabhar-fadh a dhá chos ghruagacha é síos an bóithrín, thar an Muileann mór, thar an Dobhar, agus ar aghaidh leis go ceann míle nó dhó.

Bhí an-saothar go deo air, nuair a shroich sé Cois Dobhar ar bhuille a haon déag agus fuair sé amach gur tháinig sé gan ciarsúr póca leis!

“Maith thú!” arsa Báilín a bhí ina sheasamh i ndoras an teach tábhairne ag faire amach dó.

Is ansin go díreach a tháinig an dream eile thar lúb sa bhóthar ón mbaile beag. Is ar chapailíní a bhí siad agus crochta ar gach capailín bhí bagáiste de gach uile shórt, málaí, pacáistí, beartáin agus ciútraimintí. Bhí capailín fíorbheag ann freisin, agus is le haghaidh Bhiolbó a bhí sé sin, de réir cosúlachta.

“In airde leis an mbeirt agaibh agus ar aghaidh linn!” arsa Tóirín.

“Tá an-bhrón orm,” arsa Biolbó, “ach is gan mo hata a tháinig mé, agus d’fhág mé mo chiarsúr póca i mo dhiaidh, agus níl airgead ar bith agam. Ní bhfuair mé bhur nóta go dtí 10:45 le bheith beacht.”

“Ná bí beacht,” arsa Dváilín, “agus ná bí buartha! Beidh ort maireachtáil gan chiarsúr póca agus gan mórán nithe eile, sula sroichfidh tú ceann scribe. Maidir le hata, tá cochall agus clóca breise i mo chuid bagáiste.”

Is mar sin a chuir siad go léir chun bóthair, ag sodar leo ón teach tábhairne maidin bhreá amháin roimh thús na Bealtaine ar chapailíní luchtaithe. Bhí Biolbó ag caitheamh cochaill dhubhuaine (agus rian na haimsire le brath air in áiteanna) móide clóca dubhuaine a fuair sé ar iasacht ó Dhváilín. Bhí an dá rud rómhór dó agus bhí cuma beagán greannmhar air. Níor mhaith liom smaoineamh cad a cheapadh Bungó, a athair, de. Ach ar a laghad ní fhéadfaí Biolbó a thógáil in amhlachas abhaic, óir bhí sé gan féasóg.

Ní raibh siad ag marcaíocht an-fhada, sular tháinig Gandalf i láthair agus é go han-ghalánta ar chapall bán. Thug sé a lán ciarsúr póca leis agus píopa agus tobac Bhiolbó. Chuaigh an comhluadar ar aghaidh go han-mheidhreach ina dhiaidh sin agus d’insidís scéalta agus deiridís amhráin de réir mar a bhídís ag taisteal i rith an lae, ach amháin nuair a stopaidís le rud éigin a ithe. Ní ithidís chomh minic agus ba mhaith le Biolbó, ach thosaigh sé ag ceapadh go mb’fhéidir nach raibh eachtraí chomh dona sin i ndeireadh na dála.

Chuaigh siad trí dhúiche na hobad ar dtús, ceantar leathan dheariartha a raibh daoine urramúla ina gcónaí ann, bóithre maithe agus teach tábhairne nó dhó, agus abhac nó feirmeoir thall is abhus i mbun a ghnóthaí. Tháinig siad ansin go dtí dúichí a mbíodh teangacha aduaine á labhairt iontu, agus amhráin á rá nár chuala Biolbó a macasamhla riamh roimhe sin. Ansin chuaigh siad go domhain isteach sna Críocha Uaigneacha, áit nach raibh duine ar

bith fágtha ná teach tábhairne agus bhí na bóithre ag dul in olcas i gcónaí. Bhí cnoic ghruama go díreach ar a n-aghaidh amach, gach uile chnoc díobh níos airde ná an ceann roimhe agus a thaobhanna dorchacha le crainn. Bhí seanchaisleáin ar chuid díobh, cuma mhailiseach orthu, amhail is dá mba urchóideach na daoine a rinne iad. Bhí cosúlacht ghruama ar gach aon rud, óir chuaigh an aimsir i ndonacht an lá sin. Bhí an uain roimhe sin chomh maith is a d'fhéadfadh sí a bheith, ach anois bhí sí fuar fliuch. Bhíodh orthu campáil sna Críocha Uaigneacha cibé áit a bhféadfaidís, ach ar a laghad bhíodh an aimsir tirim acu ann.

“Cuimhnigh air, ní fada go mbeidh an Meitheamh buailte linn!” arsa Biolbó go banránach agus a chapall ag slaparnach ar aghaidh i ndiaidh an dreama eile ar chosán lán pluda. Bhí am tae thart; bhí díle báistí ann an lá go léir; bhí braonta uisce ag sileadh dá chochall isteach ina dhá shúil; bhí a chlóca ina líbín; bhí an pónaí traochta agus bhaineadh clocha ar an gcosán tuisle as; bhí an oiread sin cantail ar an dream eile nach raibh fonn acu labhairt. “Agus táim cinnte gur shroich an bháisteach na héadaí tirime agus málaí an bhia,” arsa Biolbó leis féin. “Mallacht ar an mbuirgléireacht agus ar gach dá mbaineann léi! Is trua gan mé sa bhaile cois tine i mo pholl hobaid féin, agus feadaíl an chitil ag tosú!” Níorbh é sin an chéad uair a rith an smaoineamh tnúthánach sin leis!

Lean na habhaic leo mar sin féin, is níor chas siad timpeall riamh ná níor thóg siad aon cheann den hobad. Ní foláir nó chuaigh an ghrian faoi áit éigin ar chúl na scamall gruama, mar thosaigh an dorchadas ag titim agus iad ag marcaíocht síos isteach i ngleann domhain a raibh abhainn ag rith tríd. D’ardaigh an ghaoth agus bhaineadh sí feacadh is siosarnach as na crainn sailí ar na bruacha. Ar ámharáí an tsaoil chuaigh an bóthar thar sheandroichead cloiche, mar bhí an abhainn ata agus bhí sí ag fiuchadh ar a slí aduaidh ó na cnoic is ó na sléibhte.

Is beag nach raibh an oíche ann nuair a shroich siad an taobh thall. Scaip an ghaoth na scamaill dorchacha agus chonacthas an ghealach os cionn na genoc idir stiallacha meara de néalta. Stad siad ansin agus faoina anáil dúirt Tóirín rud éigin faoin suipéar, “agus cá bhfaighimid paiste tirim le codladh air?”

Is ansin den chéad uair a thug siad faoi deara go raibh Gandalf ar iarraidh. Tháinig sé an bealach ar fad leo go dtí sin, agus ní dúirt sé riamh cé acu a mbeadh baint aige leis an eachtra ar fad nó an raibh sé ag coinneáil comhludair leo go sealadach. Go dtí sin is eisean ba mhó a d’itheadh, ba mhó a labhraíodh agus ba mhó a dhéanadh gáire. Ach ní raibh sé ann ar chor ar bith um an dtaca sin!

“Agus is fíorúsáideach a bheadh draoi anois thar aon am eile,” arsa Dóiri is Nóiri as béal a chéile ag osnaíl go trom (bhí siadsan ar aon tuairim leis an hobad i dtaobh béilí rialta, a lán le n-ithe agus a ithe go minic).

Shocraigh siad sa deireadh go mbeadh orthu campáil san áit a raibh siad. Chuaigh siad go fáschoill bheag crann. Bíodh go raibh sé ní ba thirime fúthu sin, chaitheadh an ghaoth an bháisteach den duilliúr agus ba mhór an crá croí an braon anuas. Bhí an donas ar an tine freisin de réir cosúlachta. Is féidir le habhaic tine a dhéanamh áit ar bith nach mór agus as rud ar bith, is cuma cé acu go bhfuil an ghaoth ann nó nach bhfuil; ach níorbh fhéidir leo tine a lasadh an oíche sin; níorbh fhéidir fiú amháin le hÓin agus le Glóin, cé go raibh sárscil acu.

Gheit ceann de na capaillíní ansin gan chúis ar bith agus d’imigh chun scaoill. Rith sí isteach san abhainn sularbh fhéidir teacht suas léi. Agus sular éirigh leo í a bhaint amach, dóbair gur bádh Kíli agus Fíli, agus rug an t-uisce leis na málaí uile a bhí ar dhroim an chapaillín. Bia ba mhó a bhí ann, mar a bheifí ag súil leis, agus is ríbhag a bhí fágtha mar sin le haghaidh an tsuípéir, agus is lú fós a bhí ann don bhriceasta.

Bhí siad uile go léir ina suí go gruama fliuch banránach, fad is a lean Óin agus Glóin leo ag iarraidh an tine a lasadh agus ag argóint gan stad. Bhí Biolbó ag cuimhneamh go brónach nárbh ionann na heachtraí ar fad agus marcaíocht ar chapaillín faoi ghrian na Bealtaine, nuair a dúirt Báilín go tobann (ba é a bhfear faire i gcónaí é): “Feicim solas thall ansin!” Bhí cnoc tamall uathu agus crainn ag fás air, sách dlúth le chéile in áiteanna. Chonaic siad solas ag lonnú i mothar dorcha na gcrann, solas dearg sólásach, mar a bheadh tine nó tóirsí ag spréacharnach.

Tar éis dóibh féachaint tamall, thosaigh siad ag argóint. “Is ea” a dúirt cuid acu, agus “Ní hea” arsa an chuid eile. Dúirt cuid acu gur chóir dóibh dul le feiceáil, agus gurbh fhearr rud ar bith ná fíorbheagán suipéir, níos lú briceasta agus éadach fliuch ar feadh na hoíche go léir.

Is éard a dúirt cuid eile: “Níl eolas ceart ag na daoine ar an dúiche seo, agus is róchóngarach atáimid anseo do na sléibhte. Is fíorannamh a thagann na taistealaithe an bealach seo sa lá atá inniu ann. Níl aon mhaith sna seanléarscáileanna; tháinig athrú chun donachta ar chúrsaí. Ní bhíonn garda ar bith ar an mbóthar. Is ar éigean a chuala siad caint ar an rí sa cheantar seo, agus dá laghad d’fhiosracht, is dócha gur lú an trioblóid a bheidh agat.” Dúirt cuid eile: “Táimid ceithre dhuine dhéag ann i ndeireadh na dála.”

D'fhiafraigh cuid eile, "Cár imigh Gandalf?" Ansin thosaigh cách á rá. Leis sin thosaigh an bháisteach ag titim ina díle níos treise ná riamh, agus chrom Óin agus Glóin ar throid.

Shocraigh sin an scéal. "Tá buirgléir linn ar aon chuma," a dúirt siad agus mar sin chuir siad chun bóthair, ag treorú a gcapaillíní (le haire agus le hairdeall mar ba chóir) go dtí an solas. Shroich siad an cnoc agus is gearr go raibh siad sa choill. Chuaigh siad suas; ach ní raibh cosán ceart ann a rachadh chuig teach nó chuig feirm, agus ba chuma cad a dhéanfaidís, níor fhéad siad gan a lán siosarnaí agus díoscáin a dhéanamh (agus mórán mallachtaí agus eascainí freisin), agus iad ag siúl idir na crainn sa dorchadas.

Leis sin lonraigh an solas dearg go han-ghlé idir stoic na gcrann tamall gearr rompu.

"Is faoin mbuirgléir atá sé anois," a dúirt siad. Ba é Biolbó a bhí i gceist acu. "Ní mór duit dul ar aghaidh romhainn le fáil amach faoin solas sin, cén fáth a bhfuil sé ann, agus an bhfuil sé iontaofa sábháilte." Ansin dúirt Tóirín leis an hobad "Imigh leat de scodal, agus tar ar ais go luath, má bhíonn gach rud ceart. Mura mbeidh, tar ar ais más féidir leat. Má thig leat, lig scréach asat uair amháin ar nós ulchabháin agus faoi dhó ar nós scréachóg reilige, agus déanfaimidne ar féidir linn."

B'éigean do Bhiolbó imeacht, sula raibh deis aige miniú nach raibh sé in ann scréach a ligean ar nós ulchabháin ar bith a oiread is a bhí eitilt aige ar nós ialtóige. Ach ar chuma ar bith is féidir le hobaid gluaiseacht go han-chiúin i gcoillte, gan torann ar bith a dhéanamh. Is cúis mhórtais acu é agus bhí díspeagadh déanta ag Biolbó níos mó ná uair amháin agus iad ag taisteal ar "raic seo na n-abhac" mar a thugadh sé air, biodh gur dócha nach dtabharfainnse agus nach dtabharfása rud ar bith faoi deara oíche ghaofar, dá rachadh an marcra uile thart i bhfogas dhá throigh dúinn. Maidir le Biolbó agus é ag siúl go fáil i dtreo an tsolais deirg, ní dóigh liom go gcorródh easóg ribe dá féasóg á chloisteáil. Mar is féidir a shamhlú, shroich sé an tine chnámh—óir is tine a bhí ann—gan cur isteach ar aon duine. Agus seo an rud a chonaic sé:

Triúr fear ollmhór ina suí thart ar thine mhór d'adhmaid féa. Is ag róstadh caoireola ar bheara adhmaid a bhí siad, agus ag líochán an tsúlaigh dá méara. Is deas blasta an boladh a bhí ann. Bhí a lán de dheoch bhreá le feiceáil ann freisin, agus bhí siad ag ól as crúscáí móra. Troill a bhí iontu. Troill gan amhras ar bith. Biolbó féin, in ainneoin nach bhfuair sé taithí ar an saol mór lasmuigh dá cheantar féin, d'aithin sé gur throill iad óna n-aghaidheanna móra troma, óna

méid agus ó chruth a gcos—gan a gcaint a lua, nach mbeadh inghlactha i seomra caidrimh na n-uaisle.

“Caoireoil inné, caoireoil inniu, agus mallacht orm, mura bhfuil an chuma air gur caoireoil a gheobhas muid amárach freisin,” arsa duine de na troill.

“Dheamhan ruainne d’fheoil dhaonna ní bhfuair muid le fada fada an lá,” arsa an dara troll. “Céard sa diabhal a bhí ar intinn ag Liam dár dtabhairt isteach sa gceantar seo, níl a fhios agam beirthe ná beo—is tá an deoch i ngar a bheith imithe freisin,” a dúirt sé ag tabhairt sonc do Liam, a bhí ag baint fliúit as a chrúsa.

Thosaigh Liam ag tachtadh. “Dún do chlab brocach!” arsa seisean a thúisce is a bhí sé in ann. “Ní féidir leat a bheith ag súil go stopfaidh na daoine anseo fada a ndóthain le go n-íosfása agus Beartla iad. Tá sráidbhaile go leith ite agaibh beirt, ó tháinig muid anuas as na cnoic. Cá mhéid eile atá uaibh? Agus bhí tráth ann sa gceantar seo againne a déarfadh sibh *Go raibh míle maith agad, a Liam* as píosa deas de chaoireoil ramhar ghleanna mar seo a fháil.” Leis sin bhain sé mant as an spóla a bhí sé a róstadh agus ghlan sé a bheola lena mhuinchille.

Is ea, is oth liom a rá go n-iompraíonn na troill iad féin mar sin, fiú mura bhfuil ach aon chloigeann amháin an duine acu. Tar éis dó é seo uile go léir a chloisteáil, ba chóir do Bhiolbó rud éigin a dhéanamh láithreach bonn baill. Ba chóir dó filleadh go fáil le rabhadh a thabhairt dá chompánaigh faoi na trí throll mhóra a bhí ann, drochghíúmar orthu, agus iad sásta abhac rósta a thriail nó capaillín rósta mar mhalairt bia. É sin nó ba chóir dó triail a bhaint as roinnt buirgléireachta sciobtha. Is éard a dhéanfadh buirgléir sárchliste, buirgléir den scoth, pócaí na dtroll a phiocadh—is mór is fiú é i gcónaí nach mór, más féidir ar chor ar bith é—nó dhéanfadh sé an chaoireoil féin a ghoid de na bearra, an bheoir a sciobadh agus imeacht ansin leis sula dtabharfaidís faoi deara é. Daoine eile a bheadh ní ba phraiticiúla ach gan an oiread céanna d’uabhar gairmiúil acu, sháfaidís miodóg i ngach aon troll sula bhfeicfidís é. Dá ndéanfadh Biolbó amhlaidh, bheifí sách meidhreach an oíche sin.

Bhí sé sin uile ar eolas ag Biolbó. Léigh sé faoi roinnt mhaith nithe nach bhfaca sé agus nach ndearna sé riamh. Bhí an-ímní agus an-déistin air: ba bhreá leis a bheith céad míle slí ar shiúl, ach ina dhiaidh sin féin—ní fhéadfadh sé filleadh ar Thóirín agus a chomhluadar lena dhá lámh chomh fada lena chéile. D’fhan sé dá bhrí sin ina sheasamh sa dorchadas. Chonacthas dó gurbh é piocadh phócaí na dtroll an beart ab éasca de na gníomhartha buirgléireachta ar

chuala sé trácht orthu. Théaltaigh sé mar sin ar chúl crainn go díreach taobh thiar de Liam.

D'imigh Beartla agus Teaim chuig an mbairille. Bhí Liam ag ól deoch eile. Chruinnigh Biolbó a mhisneach chuige féin agus chuir a lámh isteach i bpóca ollmhór Liam. Bhí sparán ann a bhraith Biolbó chomh mór le mála. "Há!" arsa seisean leis féin de réir mar a bhí sé á thógáil amach go haireach, mar bhí sé ag baint taitnimh as an obair nua a bhí sé a dhéanamh, "Níl anseo ach an tús!"

Agus ba é! Tá an donacht ar fad ar sparáin na dtroll, agus níorbh eisceacht ar bith an ceann seo. "Hóra, cé thusa?" a dúirt an sparán de bhiog nuair a bhí sé ag teacht amach as an bpóca; chas Liam láithreach agus rug greim ar mhúineál Bhiolbó, sula raibh deis aige dul i bhfolach ar chúl crainn.

"Ambaiste, móide, a Bheartla, breathnaigh céard tá faighte agam!" arsa Liam.

"Céard é féin?" arsa an bheirt eile ag teacht i láthair.

"Dheamhan a bhfuil a fhios agam! Céard atá ionat?"

"Biolbó Baigín, buir—hobad," arsa Biolbó bocht, agus é ar crith ar feadh a cholainne agus ag fiafraí de féin conas a ligfeadh sé scréach ulchabháin sula dtachtfaidís é.

"Buireahobad?" a dúirt siad agus iarracht den iontas orthu. Is mallintinneach na troill agus bíonn an-amhras go deo orthu faoi rud ar bith atá nua dóibh.

"Cén bhaint atá ag buireahobad le mo phócasa, ar aon chaoi?" arsa Liam.

"An féidir iad a bhruith?" arsa Teaim.

"Féadfaidh tú triail a bhaint as," arsa Beartla ag breith ar bhriogún.

"Ní bheadh thar bhéalóg ann," arsa Liam, a raibh suipéar breá ite aige cheana féin, "nuair a bhainfeá an craiceann de agus na cnámha as."

"Seans go bhfuil tuilleadh cosúil leis thart anseo, agus ansin d'fhéadfadh muid pióg a dhéanamh," arsa Beartla. "Hóra, tusa, an bhfuil tuilleadh eile de do leithéidí ag siúl thart faoi choim sna coillte seo, a choinín bhig shuaraigh?" a dúirt sé agus é ag féachaint ar fhionnadh chosa an hobaid. Rug sé ar mhéara a chos, d'ardaigh san aer agus chroith go láidir é.

"Tá, a lán lán," arsa Biolbó, sular chuimhnigh sé gan sceitheadh ar a chairde. "Níl, níl duine ar bith," a dúirt sé go díreach ina dhiaidh sin.

"Céard atá i gceist agat?" arsa Beartla á choinneáil suas an bealach ceart an uair seo, dá chuid gruaige.

“Is éard atá mé a rá,” arsa Biolbó agus saothar air, “Tarraim oraibh gan mé a róstadh, a dhaoine uaisle. Is maith an cócaire mé féin, agus is fearr a róstaimse ná mar a róstfar mé, má thuigeann sibh mé. Réiteoidh mé bricfeasta álainn blasta daoibh, mura ndéanfaidh sibh mé a róstadh don suipéar.”

“An créatúr beag bocht,” arsa Liam. Bhí breis is a dhóthain de shuipéar ite aige agus bhí a lán lán beorach ólta aige. “An créatúr beag bocht! Scaoilígí leis!”

“Ní scaoilfidh go dtí go n-inseoidh sé dhúinn céard atá i gceist aige le *Tá, a lán lán* agus *níl duine ar bith*,” arsa Beartla. “Níl mise ag iarraidh go ngearrfaí mo scornach trí mo chodladh. Coinnigh a chosa sa tine go labhróidh sé!”

“Ní ligfidh mé duit sin a dhéanamh,” arsa Liam. “Mise a rug air ar aon chaoi.”

“Is ramhar an t-amadán atá ionat, a Liam,” arsa Beartla, “mar a dúirt mé roimh an oíche anocht.”

“Agus is cábún thusa!”

“Ní ghlacfaidh mé leis sin uaitse, a Liam ‘Uiginn,” arsa Beartla agus thug sé dorn thar shúil Liam.

Bhí raic álainn ann ansin. Bhí go díreach a dhóthain meabhrach ag Biolbó, nuair a lig Beartla dó titim ar an talamh, le rith faoi dheifir as raon a gcos, sula raibh siad ag troid mar a bheadh madraí ann agus ag tabhairt ainmneacha ar a chéile de ghlór ard—ainmneacha a bhí sách ceart agus sách oiriúnach. Níorbh fhada go raibh greim daingean acu ar a chéile agus iad ag rolláil isteach sa tine nach mór ag ciceáil agus ag leadradh, fad is a bhí Teaim á mbualadh beirt le craobh crainn chun a dtabhairt chun céille—rud a chuir tuilleadh feirge agus buile orthu ar ndóigh.

Ba mhithid ansin do Bhiolbó imeacht. Ach brúdh a chosa chomh dona sin i lapa mór Bheartla, níor fhan anáil ar bith ann, agus bhí ré roithleagáin ina chloigeann. D’fhan sé mar sin ina luí ar an talamh go díreach as raon sholas na tine.

Tháinig Báilín i láthair i gceartlár na troda. Chuala na habhaic torainn i bhfad uathu agus tar éis fanacht tamall go dtiocfadh Biolbó ar ais nó go gcuirfeadh sé scréach ulchabháin as, thosaigh siad ag siúl ina nduine is ina nduine i dtreo an tsolais chomh ciúin agus ab fhéidir. Ní túisce a chonaic Teaim Báilín ag teacht faoi sholas na tine ná lig sé uail as. Is gráin leis na troill abhac (gan bhruith) a fheiceáil féin. D’éirigh Beartla agus Liam as an troid láithreach bonn, agus “Sac, a Teaim, sciobtha,” a dúirt siad as béal a chéile. Bhí Báilín ag fiafraí de féin sa rí rá seo cá raibh Biolbó, ach sular

thuig sé cad a bhain dó, caitheadh sac thar a chloigeann agus bhí sé arna leagan.

“Tá tuilleadh le theacht i gcónaí,” arsa Teaim, “nó tá an-dul amú orm. Tá a lán lán agus níl duine ar bith,” arsa seisean. “Níl buireahobad ar bith eile le theacht, ach a lán de na habhaic seo. Sin é an chaoi a bhfuil an scéal!”

“Feicthear dom gur fíor dhuit é,” arsa Beartla, “agus bheadh sé chomh maith againn imeacht as an solas.”


Agus ba é sin an rud a rinne siad. D’fhan siad sa dorchadas agus saic ina lámha acu. Ba nós leo feidhm a bhaint as na saic sin chun caoireoil agus cineálacha eile creiche a thabhairt leo. De réir mar a thagadh abhac i láthair agus go mbreathnaíodh sé ar an tine, ar na crúscá leagtha, agus ar na spólaí leathite caoireola, go tobann gan choinne, plab! théadh sac gránna bréan thar a chloigeann agus leagtaí é. Níorbh fhada go raibh Dváilín ina luí taobh le Báilín, Fíli agus Kílí le chéile, agus Dóirí, Nóirí, agus Óirí in aon charn amháin, agus Óin, Glóin, Bíofúr, Bófúr, agus Bombúr ina luí ar an drochuair an-chóngarach don tine.

“Múinfidh sin ceacht dhóib,” arsa Teaim; mar fuair sé an-dua le Bíofúr agus le Bombúr. Chuir siad ina choinne go fíochmhar fiata, mar is nós le habhaic i sáinn.

Tóirín ba dhéanaí a tháinig. Ní i ngan fhios dó féin a rugadh air, mar is ag súil le míthapa a bhí sé, agus níor ghá dó cosa a chairde a fheiceáil ag gobadh amach as saic lena rá leis nach raibh cúrsaí i gceart ar fad. D’fhan sé ina sheasamh sa dorchadas tamall uathu, agus dúirt, “Cad é an trioblóid seo uile? Cé a bhí ag tabhairt cuimil an mháilín do mo mhuintirse?”

“Troill atá iontu,” arsa Biolbó amach ó chúl crainn. Bhí dearmad déanta acu air. “Tá siad i bhfolach sna toir agus saic acu,” arsa seisean.

“An mar sin é?” arsa Tóirín, agus léim sé chun tosaigh go dtí an tine, sula bhféadfáidís siúd léim air. Rug sé ar chraobh mhór a raibh a ceann ar dearglasadh; agus ba é an ceann sin a fuair Beartla sa tsúil sular fhéad sé céim a thabhairt i leataobh. Bhain sin as an gcath go ceann tamaill é. Rinne Biolbó a dhícheall. Rug sé greim ar chos Teaim—chomh maith is a d’fhéad sé, bhí sé chomh tiubh le stoc crainn óig—ach nuair a chiceáil Teaim na splancacha isteach in éadan Thóirín, cuireadh Biolbó ag casadh timpeall isteach go barr roinnt tor. Fuair Teaim an chraobh ina bhéal mar luach saothair, agus chaill sé ceann dá chlárfhiacla. Bhain sin uaill as, táimse á rá libh. Ach go díreach ag an nóiméad sin tháinig Liam aníos agus chaith sac thar chloigeann Thóirín anuas go dtí a chosa. Is mar sin



Na Troill

a chríochnaigh an troid. Bhí na habhaic in arán crua ansin. Bhí siad uile go léir trusáilte suas i saic agus triúr troll fheargacha (agus beirt acu brúite dóite freisin) ina suí ina n-aice, ag argóint cé acu ba chóir iad a róstadh go mall nó mionfheoil a dhéanamh díobh agus iad a bhrú le chéile mar ghlóthach. Bhí Biolbó ina shuí i dtor, a chuid éadaigh stróctha, a chraiceann sractha agus ní leomhfadh sé corraí ar eagla go gcloisfí é.

D'fhill Gandalf ansin. Ní fhaca aon duine é. Bhí na troill tar éis socrú go róstfaidís na habhaic agus go n-íosfaidís ní ba dhéanaí iad—ba é Beartla a smaoinigh air sin, agus tar éis mórán argóna bhíodar ar aon fhocal leis.

“Ní maith an smaoineamh é iad a rósta anois, thógfadh sé an oíche uilig,” arsa guth. Cheap Beartla gurbh é Liam a labhair.

“Ná tosaigh an argóint as an nua arís, a Liam,” a dúirt sé, “nó tógfaidh sé an oíche uilig dáiríre píre.”

“Cé tá ag argóint?” arsa Liam, mar cheap sé gurbh é Beartla a labhair.

“Tusa,” arsa Beartla.

“Thug tú d'éitheach!” arsa Liam; agus is mar sin a thosaigh an argóint ar fad as an nua. Sa deireadh thiar shocraigh siad ar mhionfheoil a dhéanamh díobh agus iad a bhruith. Mar sin fuair siad pota mór dubh agus bhain siad amach a sceana.

“Ní maith an smaoineamh iad a bhruith! Níl uisce ar bith againn, agus is fada an bealach chuig an tobar freisin,” arsa guth. Cheap Beartla agus Liam gurbh é Teaim a labhair.

“Dúin do chlab,” a dúirt siad, “nó ní bheidh deireadh go deo leis an obair. Agus féadfadh tú féin an t-uisce a fháil, má abraíonn tú aon cheo eile.”

“Dúin do chlab féin!” arsa Teaim, mar cheap sé gurbh é Liam a labhair. “Cé tá ag argóint cés moite díotsa, abair liom sin?”

“Pleidhce amadáin thú!” arsa Liam.

“Is pleidhce thú féin!” arsa Teaim.

Mar sin thosaigh an argóint as an nua arís agus lean léi ní ba theolaí ná riamh, go dtí sa deireadh gur shocraigh siad ar shuí ar na saic ina gceann agus ina gceann le n-iad a bhrú, agus a mbuith ina dhiaidh sin.

“Cé is túisce a suífimid air?” arsa an guth.

“B'fhearr suí ar an duine deireanach ar dtús,” arsa Beartla, mar ghortaigh Tóirín a shuíl. Cheap seisean gurbh é Teaim a labhair.

“Ná bí ag caint leat féin!” arsa Teaim. “Ach má tá tú ag iarraidh suí ar an gceann deiridh, bíodh agat. Cén ceann eisean?”

“An ceann a bhfuil na stocaí buí air,” arsa Beartla.

“Seafóid, an ceann a bhfuil na stocaí glasa air,” arsa guth cosúil le guth Liam.

“Táim siúrálte gur buí a bhí siad,” arsa Beartla.

“Is ea, bhí siad buí,” arsa Liam.

“Cén fáth mar sin a ndúirt tú gur glas a bhí siad?” arsa Beartla.

“Ní dúirt riamh. Teaim a dúirt é sin.”

“Ní dúirt mise sin riamh!” arsa Teaim. “Tusa a dúirt.”

“Beirt in aghaidh duine amháin,” arsa Beartla, “Dúin do chlab mar sin!”

“Cé leis a bhfuil tusa ag caint?” arsa Liam.

“Éirigh as!” arsa Teaim agus Beartla as béal a chéile. “Tá an oíche ag imeacht, agus beidh briseadh an lae ann ar ball beag. Tosaíodh muid anois!”

“Go dtuga briseadh an lae sibh leis, agus bíodh ina chloch daoibse!” arsa guth a bhí cosúil le guth Liam. Ach níorbh é Liam a labhair. Mar ag an nóiméad sin bhris an lá thar an gcnoc, agus chualathas giolcaireacht mhór sna craobhacha. Níor labhair Liam focal, óir rinneadh cloch de agus é cromtha chun tosaigh; rinneadh cloch freisin de Bheartla agus de Teaim fad is a bhí siad ag féachaint air. Agus tá siad ina seasamh ann go dtí an lá inniu féin, iad ina n-aonar ach amháin nuair a thagann na héin chun suí orthu. Mar tá a fhios agat cheana féin, ní mór do throill a bheith faoin talamh sula mbrisfidh an lá, nó filleann siad ar mhianach na sléibhte a ndearnadh as iad agus ní chorraíonn siad go deo arís. Ba é sin an rud a bhain do Bheartla, do Teaim agus do Liam.

“Ar fheabhas ar fad!” arsa Gandalf, shiúil sé chun tosaigh amach ó chúl crainn agus chabhraigh le Biolbó teacht anuas as an sceach. Is ansin a thuig Biolbó an scéal. Ba é guth an draoi a choinnigh na troill ag argóint agus ag troid lena chéile gur tháinig an solas a chuir deireadh leo.

Ba é scaoileadh na sac chun na habhaic a ligean amach an chéad rud eile. Is beag nár mharaigh an easpa aeir iad; bhí siad an-chrosta. Níor thaitin leo ar chor ar bith luí ann ag éisteacht leis na troill ag beartú conas a dhéanfaidís iad a róstadh, a bhrú nó mionfheoil a dhéanamh díobh. Theastaigh uathu cuntas Bhiolbó a chloisteáil faoi dhó, sula raibh siad sásta.

“B’amaideach an t-am é le dul ag goid agus ag piocadh pócaí,” arsa Bombúr. “Tine agus bia na rudaí a bhí uainn!”

“Sin iad go díreach na nithe nach bhfaigheadh sibh uathu sin gan comhrac géar, ar aon chuma,” arsa Gandalf. “Ach is ag cur ama amú atá sibh anois. Nach dtuigeann sibh go gcaithfidh go raibh

uaimh nó pluais ag na troill áit éigin in aice linn, áit a rachaidís i bhfolach ón ngrian? Ní mór dúinn féachaint isteach ann!”

Chuardaigh siad timpeall agus ba ghearr go bhfuair siad rian bhuataisí cloiche na dtroll ag imeacht trí na crainn. Lean siad suas an cnoc iad, gur tháinig siad ar dhoras mhór cloiche isteach i bpluais i bhfolach faoi roinnt tor. Ach ní raibh siad in ann an doras a oscailt, cé gur bhrúigh siad uile go léir fad is a bhain Gandalf triail as orthaí éagsúla.

“An mbeadh aon mhaith sa rud seo?” arsa Biolbó, nuair a bhí tuirse is fearg ag teacht orthu. “Fuair mé ar an talamh í, san áit a raibh na troill ag troid.” Shín sé chucu eochair mhór, cé gur dócha gur chreid Liam gur fíorbheag fíor-rúnda an eochair a bhí inti. Ní foláir nó thit sí amach as póca an troill—ámharach go leor sula ndearnadh cloch de.

“Cén fáth nár luaigh tú roimhe seo í?” a dúirt siad go léir de ghlao. Rug Gandalf uirthi agus chuir isteach i bpoll na heochrach í. Sádh an doras, d’oscail sé go leathan agus chuaigh siad uile isteach. Bhí cnámha ar an urlár agus boladh bréan gach uile áit; ach bhí flúirse bia caite go neamhairdeallach ar na seilfeanna agus ar an talamh i measc tranglam creiche de gach uile chineál—ó chnaipí práis go potaí lán le boinn óir i gcúinne amháin. Bhí mórán éadaigh ann freisin, crochta ar na ballaí—bhí na baill éadaigh róbheag do na troill; is oth liom a rá gur lena n-íobartaigh iad. I measc an éadaigh bhí claimhte de dhéantús éagsúil, agus b’éagsúil a gcruth is a méid. Bhí truaill álainn agus dornchla faoi sheoda ar dhá chlaíomh faoi leith, rud a tharraing a n-aird orthu.

Rug Gandalf agus Tóirín ar cheann amháin den dá chlaíomh seo; agus thóg Biolbó scian i dtruaill leathair. Ní bheadh ann ach scian bheag póca do na troill, ach b’ionann é don hobad agus claíomh gearr.

“Tá an chuma orthu seo gur lanna maithe iad,” arsa an draoi, á mbaint leath bealaigh as a dtruaillí agus á n-iniúchadh go géar. “Ní troll ná gabha daonna de chuid an cheantair seo ná de chuid na linne seo a rinne iad; ach nuair is féidir linn an rúnscríbhinn orthu a léamh, tuigfidimid tuilleadh ina dtaobh.”

“Imimis ón mboladh bréan seo!” arsa Fíli. Mar sin d’iompair siad amach potaí na mbonn óir agus an oiread bia nár leagadh lámh air agus a chonacthas dóibh a bheith inite, chomh maith le bairille amháin leanna a bhí lán go fóill. Faoin am sin bhí dúil chun bricfeasta acu, agus toisc go raibh an-ocras orthu, níor scorn leo a bhfuair siad as bialann na dtroll a ithe. Is beag a bhí fágtha acu dá

gcuid lóin féin. Anois bhí arán is cáis acu, flúirse leanna agus bagún a ndóthain le tóstadh i ngríosach na tine.

Chodail siad ina dhiaidh sin, mar ní bhfuair siad suaimhneas ar bith i rith na hoíche roimhe. Ní dhearna siad tada eile go dtí an tráthnóna. Thug siad a gcapaillíní aníos ansin, thug leo na potaí óir, chuir in áit rúnda folaigh iad sách gar don chosán in aice leis an abhainn, agus dúirt siad orthaí láidre draíochta os a gcionn, agus dóchas acu go mb'fhéidir go dtiocfaidís ar ais am éigin chun breith orthu arís. Nuair a bhí sin uile go léir déanta, chuaigh siad in airde ar a gcapaillíní arís agus d'imigh leo ar sodar ar an gcosán soir.

"Cár imigh tú, mura miste leat mé á fhiafraí díot?" arsa Tóirín le Gandalf agus iad ag marcaíocht ar aghaidh.

"Chuaigh mé le breathnú romhainn," arsa seisean.

"Agus cad a thug ar ais in uair na hanachaine thú?"

"Breathnaigh siar," arsa seisean.

"Go díreach!" arsa Tóirín; "ach an bhféadfá a bheith níos soiléire?"

"Chuaigh mé chun ár mbóthar a scrúdú. Ní fada go rachaidh sé i nguaisí agus i ndeacracht. Ina theannta sin bhí imní orm i dtaobh athsholáthar bia dúinn, ó tharla ár gcuid lóin a bheith chomh híseal. Ní dheachaigh mé rófhada sular casadh orm beirt chairde liom ó Ghleann na Scoilte."

"Cá bhfuil sé sin?" arsa Biolbó.

"Ná tar romham," arsa Gandalf. "Beidh sibh ann i gceann cúpla lá, má bhíonn an t-ádh linn, agus cloisfidh sibh gach rud ansin. Mar a bhí mé ag rá, casadh beirt de mhuintir Elrond liom. Bhí siad ag deifriú ar aghaidh le teann faitís roimh na troill. Ba iad na daoine sin a d'inis dom gur tháinig triúr acu anuas as na sléibhte agus gur lonnigh siad sna coillte in aice leis an mbóthar: scanraigh an triúr céanna gach uile dhuine amach as an dúiche, agus ba nós leo luíochán a dhéanamh roimh thaistealaithe.

"D'airigh mé láithreach go mbeinnse ag teastáil arís. Bhreathnaigh mé siar agus chonaic mé tine i bhfad uaim agus dhírigh mé uirthi. Tá a fhios agaibh anois. Bigí níos airdeallaí an chéad uair eile, mura miste libh, nó ní éireoidh linn áit ar bith a shroicheadh!"

"Táimid fíorbhuíoch díot!" arsa Tóirín.

Caibidil III

Sos Gearr

Ní dúirt siad amhráin ná níor inis siad scéalta an lá sin, cé gur tháinig feabhas ar an aimsir. Ní dhearna siad amhlaidh an lá dár gcionn ach an oiread ná an lá ina dhiaidh sin arís. Thosaigh siad ag brath nach raibh an chontúirt i bhfad uathu ar cheachtar den dá thaobh. Is faoi na réaltaí a champálaidís, agus is mó a bhí ag a gcapaillíní le n-ithe ná mar a bhí acu féin; óir bhí neart féir ann, ach ní raibh mórán bia ina gcuid málaí, fiú lena bhfuarthas ó na troill a chur san áireamh. Maidin amháin chuaigh siad thar áth in abhainn, a raibh an t-uisce tanaí leathan inti agus lán cloch agus cúir. Bhí an port thall rite sleamhain. Nuair a shroich siad mullach an bhruaigh, agus iad ag treorú a gcapaillíní, chonaic siad na sléibhte móra ag teacht anuas in aice leo. Chonacthas dóibh nach raibh bun an tsléibhe ba ghiorra ach aistear lae uathu. Cuma dhorcha scanrúil a bhí air, cé go raibh paistí de sholas na gréine ar a thaobhanna donna agus go raibh mullaigh clúdaithe le sneachta ag glioscarnach ar a chúl.

“An é sin an Sliabh?” arsa Biolbó de cheist shollúnta, agus é ag féachaint air le súile móra leata. Ní fhaca sé rud chomh mór leis riamh.

“Ní hé ar ndóigh!” arsa Báilín. “Níl ansin ach tús Shléibhte an Cheo, agus caithfidimid dul tríothu sin, nó tharstu nó fúthu ar bhealach éigin, sula dtiocfaimid ar an bhFiántas lastall. Agus is fada an t-aistear ón taobh thall soir go dtí an Sliabh Uaigneach, áit a bhfuil Smóg ina luí ar ár maoin-ne.”

“Ó!” arsa Biolbó, agus ag an nóiméad sin d’airigh sé ní ba thuirsí ná ba chuimhin leis riamh. Bhí sé ag smaoineamh arís ar a chathaoir chompordach os comhair na tine sa seomra suite ab ansa leis ina pholl hobaid féin, agus ar an gciteal ag tosú ag feadail—agus níor den uair dheireanach ach an oiread é.

Ba é Gandalf a threoraigh iad anois. “Ní mór dúinn gan dul ar strae ón mbóthar ceart nó beidh deireadh ar fad linn,” arsa seisean. “Tá bia uainn, ar an gcéad dul síos, agus caithfidimid codladh go réasúnta

sábháilte—tá sé den riachtanas freisin dul i ngleic le Sléibhte an Cheo ar an gcosán ceart, nó rachaidh sibh ar seachrán iontu, agus beidh oraibh teacht ar ais go dtí an tús (má thagann sibh ar ais ar chor ar bith).”

D’fhiafraigh siad de cá raibh a thriall féin agus dúirt sé á bhfreagairt: “Tá sibh ag druidim le ciumhais an Fhiántais, mar is eol do chuid agaibh. I bhfolach áit éigin romhainn atá Gleann na Scoilte álainn, a bhfuil Elrond ina chónaí sa Teach Fáilteach Deireanach ann. Chuir mé teachtaireacht chuige trí mheán mo chairde agus táthar ag súil linn.”

Ba dheas compordach an chuma a bhí ar an scéal sin, ach ní raibh an áit sroichte acu go fóill, agus ní raibh sé chomh héasca is a cheapfaí teacht ar an Teach Fáilteach Deireanach laistiar de Shléibhte an Cheo. Dhealraigh an dúiche nach raibh crann ná gleann ar bith inti, agus nach raibh aon chnoc ann mar bhriseadh sa talamh os a gcomhair. Ní raibh ann ach aon learg ollmhór amháin, ag éirí go mall réidh chun teagmháil le bun an tsléibhe ba ghiorra, talamh leathan a raibh dath an fhraoigh agus na cloiche scáinte air; agus bhí stríoca de ghlas an fhéir agus de dhúghlas an chaonaigh thall is abhus freisin le taispeáint cá mbeadh uisce.

D’imigh an mhaidin is tháinig an tráthnóna; ach san fhásach ciúin go léir ní raibh comhartha ar bith go raibh aon áitreabh ann. Bhí imní ag teacht orthu, óir thuig siad go bhféadfadh an teach a bheith mórán in áit ar bith idir iad agus na sléibhte. Thagaidís gan choinne ar ghleannta caola rite, a d’osclaíodh go tobann ag a gcosa, agus d’fhéachaidís anuas le hiontas agus d’fheicidís crainn thíos fúthu agus uisce ag rith ar fud an ghaorthaidh. Bhí altáin ann a bhféadfaidís léim tharstu nach mór, ach iad an-domhain agus easanna iontu. Bhí cumair dhorcha ann nach bhféadfaí léim tharstu ná fáil isteach iontu. Bhí portaigh ann, cuid acu a raibh cuma ghlas thaitneamhach orthu, na bláthanna iontu ag fás go glé agus go hard; ach dá siúlfaidh capaillin isteach ann, ní thiocfadh sí amach go deo.

Ba leithne i bhfad an dúiche ón áth go dtí na sléibhte ná mar a shamhlófaí. Bhí an-iontas ar Bhiolbó. An t-aon chosán amháin a bhí ann, bhí clocha geala ar a fhad; bhí cuid acu beag ach an chuid eile bhí siad leathchlúdaithe le caonach agus le fraoch. Ba mhalltriallach an obair an cosán a leanúint, fiú amháin faoi threoir Ghandailf; agus bhí an chuma airsean go raibh eolas sách maith aige ar an gceantar.

Luascadh a chloigeann is a fhéasóg anonn is anall de réir mar a chuardaíodh sé na clocha, agus leanaidís é, ach chonacthas dóibh nach raibh siad aon phioc níba ghiorra dá gceann scríbe, nuair a thosaigh an dorchadas ag titim. Bhí am tae i bhfad thart, agus shíl

siad go n-imeodh am suipéir ar an gcaoi chéanna. Bhí leamhain ag foluain san aer, agus an solas ag imeacht as go tiubh, óir níor éirigh an ghealach go fóill. Thosaigh fréamhacha agus clocha ag baint tuisle as capaillin Bhiolbó. Tháinig siad chuig ciumhais lag mór sa talamh chomh tobann sin gur bheag nár shleamhnaigh capall Ghandaílf síos le fána.

“Seo é é sa deireadh!” a dúirt sé de ghlaio, agus chruinnigh an chuid eile thart agus d’fhéach anuas thar an aill. Chonaic siad gleann i bhfad thíos. Chuala siad torann an uisce ag rith go deifreach thar chlocha in íochtar an ghleanna; bhí boladh cumhra crann le haireachtáil san aer; bhí solas ar thaobh an ghleanna lastall den uisce.

Níor dhearmad Biolbó riamh an chaoi ar sciort agus ar shleamhnaigh siad síos sa chlapsholas ag leanúint fhiarlán an chosáin isteach go cumar rúnda Gleann na Scoilte. Chuaigh an t-aer i dteocht de réir mar a chuaigh siad síos. Chuir boladh na gcrann giúise codladh air, sa chaoi go dtiteadh sé ina chodladh anois agus arís agus dóbair dó titim dá chapailín, nó bhuaileadh sé a shrón in aghaidh mhuineál an ainmhi. D’ardaigh a spiorad de réir mar a bhí siad ag ísliú. D’athraigh na crainn, ba chrainn feá agus dara iad um an dtaca sin. D’airigh na taistealaithe go deas compordach sa chlapsholas. Is beag nach raibh an ghlaise dheireanach imithe ón bhféar, nuair a dhruid siad le réiteach oscailte sách cóngarach do bhrúach an tsrutháin.

“Thm! Boladh ealbh atá ar an áit seo!” arsa Biolbó leis féin, agus d’fhéach sé suas ar na réaltaí. Bhí siad sin ag loscadh go glé gorm. Go díreach ag an nóiméad sin tháinig amhrán ar nós gáire chucu ó na crainn:

*Cad atá sibh a dhéanamh?
Cá dtéann bhur gcéimniú?
Tá bhur gcapaill ag éamh!
Is tá an t-uisce ag éalú!
Ó lile-mo-leantán
anseo thíos sa ghleantán!*

*Cá bhfuil sibh ag gluaiseacht
Nó cad tá sibh a chuartú?
Tá deatach sa chualach
Is an builín á shuaitheadh.
Ó lile-mo-ladhrach
tá an gleanntán chomh meidhreach,
há! há!*

*Cén áit 'bhfuil bhur dtriall
Is bhur bhféasóga ag luascadh?
Tuige ar mharcaigh aniar
An hobad beag uasal?
Cén fáth 'bhfuil na habhaic ann
Le chéile sa ghleanntán
sa samhradh?
há! há!*

*An bhfuil rún agaibh fanacht
Nó an mbeidh sibh ag imeacht?
Ar strae 'tá bhur gcapaill
Is tá an oíche ag titim!
Och, imeacht—is baois sin
Is tá fanacht chomh gaoiseach
Go dtiocfaidh an lá,
Tugtar aird donár rá
is dár bhfonn!
há! há!*

Is mar sin a bhí siad ag gáire agus ag gabháil fhoinn sna crainn agus is é is dóichí go measann tú gur seafóid agus raiméis an t-amhrán a bhí siad a rá. Ach ba chuma leo féin sin agus dá ndearfaí leo gur raiméis a bhí ar siúl acu, ba mhó an gáire a dhéanfaidís. Eilbh ab ea iad ar ndóigh. Is gearr go bhfuair Biolbó spléachadh nó dhó orthu de réir mar a mhéadaigh ar an gclapsholas. B'aoibhinn leis na heilbh, bíodh nach gcastaí ach go hannamh air iad; bhíodh iarracht den eagla air rompu freisin. Ní go maith a réitíonn na habhaic leo. Abhaic atá cneasta go maith, Tóirín agus a chairde, cuir i gcás, síleann siad gur amaideach an dream iad na heilbh (agus is fíoraamaideach an tuairim chéanna), óir cuireann na heilbh cantal orthu. Is nós leis na heilbh spochadh as na habhaic agus gáire a dhéanamh fúthu, agus thar aon ní eile faoina gcuid féasóg.

“Muise, muise!” arsa guth, “Féach air sin, a chroí! Biolbó hobad ar muin capaillin! Nach rí-álainn an feic é!”

Chrom siad ansin ar an dara hamhrán a rá a bhí gach pioc chomh seafóideach leis an amhrán a scríobh mé amach ina iomláine thuas. Sa deireadh thiar tháinig ealbh ard óg anuas as na crainn agus d'umhlaigh do Ghandalf agus do Thóirín.

“Fáilte romhaibh chuig an ngleann!” arsa seisean.

“Go raibh maith agat!” a dúirt Tóirín beagán borb, ach bhí Gandalf ar an talamh cheana féin i measc na n-ealbh agus ag caint go meidhreach leo.

“Tá sibh ar seachrán beagán,” a dúirt an t-ealbh, “is é sin, má tá sibh ag déanamh ar an aon chosán amháin thar an abhainn agus ar an teach lastall de. Cuirfidne ar an tslí cheart sibh, ach molaim daoibh teacht anuas de na capaill go mbeidh sibh thar an droichead. Ar mhaith libh fanacht againn chun amhránaíocht a dhéanamh, nó ar mhaith libh leanúint ar aghaidh? Tá an suipéar á réiteach thall,” arsa seisean, “Faighim boladh an adhmaid a bheidh ina ábhar tine acu.”

Tuirseach is mar a bhí sé, ba bhreá le Biolbó fanacht tamall. Is rud é amhránaíocht na n-ealbh nár cheart a chailleadh, mí an Mheithimh faoi na réaltaí, má thaitníonn a leithéid leat. Níor mhiste le Biolbó focal príobháideach a bheith aige leis an dream seo a raibh a ainm ar eolas acu de réir cosúlachta agus gach rud eile faoi, cé nach bhfaca sé riamh roimhe sin iad. Shíl sé go mb’fhéidir go mbeadh tuairimí spéisiúla acu faoina eachtra féin. Bíonn a lán ar eolas ag na heilbh agus is iontach go deo an dream nuachta iad. Bíonn a fhios acu cad atá ar bun ag ciníocha na tíre, chomh mear is a ritheann an t-uisce, nó níos mire fós.

Ach um an dtaca sin bhí na habhaic uile go léir i bhfabhar suipéir chomh luath agus ab fhéidir, agus níor thogair siad fanacht. Siúd leo uile ag treorú a gcapaillíní, gur tugadh chuig cosán iad, agus mar sin sa deireadh go dtí bruach na habhann féin. Is í a bhí ag rith go tapa torannach, mar is nós le srutháin sléibhe tráthnóna samhraidh, nuair a bhíonn an ghrian an lá uile ag leá an tsneachta i bhfad thuas. Ní raibh ann ach droichead cúng cloiche gan uchtbhalla, ar éigean chomh leathan is a ligfeadh capaillín siúl trasna. Níor mhór dóibh dul thar an abhainn air sin, go mall airdeallach, ina nduine is ina nduine, gach duine acu ag treorú a chapaillín féin lena adhastar. Thug na heilbh laindéir sholasmhara chuig an mbruach, agus dúirt siad amhrán meidhreach fad is a bhí an comhluadar ag dul thairis.

“Ná lig d’fhéasóg anuas isteach i gcúir na habhann, a sheanóir!” a dúirt siad de ghlaio le Tóirín, óir is beag nach raibh a cheann buailte ar a chosa. “Tá sí sách fada gan í a fhliuchadh.”

“Fainic a n-íosfadh Biolbó na cístí go léir!” arsa siadsan de scairt. “Tá sé róramhar le dul trí pholl na heochrach go fóill!”

“Fuist, fuist! A Dhaoine Maithe! Agus oíche mhaith daoibh!” arsa Gandalf, a bhí ar an duine deireanach. “Bíonn cluasa ar na gleannta, agus is rómheidhreach an teanga atá ag cuid de na heilbh. Oíche mhaith!”



Gleann na Scolte

Is mar sin a tháinig siad ar deireadh chuig an Teach Fáilteach Deireanach agus fuair siad na doirse ar leathanoscailt rompu.

Is aisteach an rud é, ach nithe atá go maith le bheith ag duine, agus laethanta atá go maith le caitheamh, ní fada a bhítear ag insint fúthu agus ní mórán de rud iad le héisteacht leis. Ar an taobh eile, áfach, ní atá míchompordach, preabach, nó gráiniúil féin, is maith an scéal iad, agus ní éasca cur síos orthu. Is fada a d'fhan siad sa teach fóna úd, coicís ar a laghad, agus ba leasc leo imeacht. Ba bhreá le Bholbó fanacht ann go deo na deor—fiú amháin dá dtabharfaí ar ais mar ba mhian leis gan stró chuig a pholl hobaid féin é. Is beag ina dhiaidh sin féin is féidir a insint faoina dtréimhse sa teach.

Ealbhchara ab ea fear an tí—duine acu sin a raibh baint ag a n-aithreacha le scéalta aduaine ón am sin roimh thús na staire, na cogai idir na púcaí agus na heilbh agus na daoine tosaigh sa Tuaisceart. I laethanta úd ár scéil bhí daoine fós ar an saol a raibh idir eilbh agus laochra de chuid an Tuaiscirt mar shinsir acu, agus ba é Elrond, fear an tí, a bhí ina thaoiseach orthu.

Bhí sé chomh huasal agus chomh hálainn ó thaobh ceannaithe de le síthiarna, bhí sé chomh láidir le laoch cróga, chomh críonna le draoi, chomh hurramach le rí de chuid na n-abhac, agus chomh lách leis an samhradh. Tá páirt aige i mórán scéalta, ach is beag an bhaint a bhí aige le heachtra mhór Bhiolbó, bíodh gur tábhachtach an bhaint chéanna, mar a fheicfear, má éiríonn linn an scéal a chríochnú. Bhí a theach gan locht, is cuma cé acu ba mhó a thaitneodh leat ithe, codladh, obair, scéalaíocht, amhránacht nó suí ar do mharana—nó iad uile go léir arna meascadh go deas ar a chéile. Ní thagadh drochrud ar bith isteach sa ghleann sin.

Faraor nach bhfuil an t-am agam beagán féin de na scéalta a insíodh dóibh sa teach sin a thabhairt daoibh, nó corrcheann de na hamhráin a chuala siad ann. Tháinig a neart agus a n-úire ar ais chucu uile, na capaillíní san áireamh, tar éis cúpla lá sa teach sin. Cuireadh caoi ar a mbail éadaigh agus cóiríodh a mballbhrú, a misneach, agus a ndóchas. Líonadh a málaí le lón a bhí éadrom ach láidir a dhóthain le n-iaid a thabhairt thar bhearnais na sléibhte. Fuair siad comhairle dá fheabhas chun a gcuid pleananna a leasú. Is mar sin a tháinig oíche Lár an tSamhraidh agus bhí siad le cur chun bóthair maidin Lár an tSamhraidh.

Bhí tuiscint ag Elrond ar rúnscribhinní de gach uile chineál. D'fhéach sé an lá sin ar na claimhte a thug siad leo as pluais na dtroll. “Níorbh iad na troill a rinne iad seo,” arsa seisean, “Is ársa na claimhte iad, claimhte fíorársa de chuid Ard-Eilbh an Iarthair, mo

ghaolta féin. Is i nGondolin le haghaidh Cogái na bPúcaí a rinneadh iad. Ní foláir nó is ó thaisce dragain nó ó chreach na bpúcaí a tháinig siad, mar is amhlaidh a scrios na dragain agus na púcaí an chathair úd blianta fada ó shin. Orcrist, Scoilteoir na bPúcaí i seanteanga Ghondolin, a thugann an rúnscríbhinn ar an gclaíomh seo, a Thóirín. Bhí cáil ar an lann seo. An ceann seo, a Ghandailf, Glamdring nó Casúr na Namhad, a bhí air, agus chaitheadh ríthe Ghondolin tráth é. Coinnígí go haireach iad!”

“Meas tú, cá bhfuair na troill iad?” arsa Tóirín agus é ag féachaint ar a chlaíomh le tuilleadh spéise.

“Ní fheadar,” arsa Elrond, “ach is é is dóichí gur chreach bhur dtroill creachadóirí eile, nó gur tháinig siad ar fhuilleach seansladanna i bpluais éigin sna sléibhte. Tá cloiste agam go bhfuil seanchistí dearmadtha d’ór is de sheodra le fáil fós in uaimheanna mhianaigh Mhoria, a tréigeadh tar éis chogaí na n-abhac is na bpúcaí.”

Rinne Tóirín machnamh ar an méid sin. “Coinneoidh mé an claíomh seo faoi onóir,” arsa seisean, “Nára fada go mbeidh sé ag scoilt púcaí arís!”

“Is guí é sin a thiocfaidh chun críche sách luath sna sléibhte!” arsa Elrond. “Anois taispeáin dom an léarscáil atá agat!”

Thóg sé ina lámh í, d’fhéach go géar ar feadh i bhfad uirthi agus chroith a chloigeann; óir murar thaitin na habhaic agus a ndúil san ór leis ar fad, ba ghráin leis dragain, a n-urchóid, is a n-olcas. Ba chúis mhór bróin leis smaoineamh ar scrios bhaile an tSratha, ar an gcaoi ar cuireadh deireadh lena chloig mheidhreacha agus ar loscadh bruacha na hAbhann Reathaí. Corrán leathan solasmhar a bhí sa ghealach ghlé. Choinnigh Elrond an léarscáil suas agus lonraigh solas na gealaí tríthi. “Cad é seo?” arsa seisean. “Tá rélitreacha anseo, chomh maith leis an ngnáth-rúnscríbhinn a deir ‘Cúig troithe airde an doraís agus féadfaidh triúr siúl taobh le taobh’.”

“Cad is rélitreacha ann?” arsa an hobad go han-chorraithe. B’aobhinn leis léarscáileanna, mar a dúirt mé libh cheana; agus ba bhreá leis rúnscríbhinní agus graifneoireacht chliste, cé gur tanaí caolchrúbach a lámh féin, nuair a scríobhadh sé.

“Is litreacha rúnscríbhinne atá sna rélitreacha, ach ní fheiceann tú iad,” arsa Elrond, “nuair a fhéachann tú orthu go díreach. Ní fheictear iad ach amháin nuair atá an ghealach ag lonrú ar a gcúl; ach ina theannta sin, más iad an cineál is cliste iad, ní mór don ghealach a bheith ar aon dul leis an ngealach a bhí ann nuair a scríobhadh ar dtús iad. Ba iad na habhaic a chéadcheap iad agus is le pinn airgid a scríobhaidís iad, mar ab fhéidir le do chairde a insint

duit. Caithfidh gur oíche lár an tsamhraidh faoi chorrán gealaí a scríobhadh na litreacha seo i bhfad i bhfad ó shin.”

“Cad a deir siad?” arsa Gandalf agus Tóirín as béal a chéile, agus iad beagán crosta, b’fhéidir, gurbh é Elrond féin ba thúisce a fuair an méid sin amach, cé nach raibh aon deis acu féin roimhe sin, agus nach mbeadh aon seans eile ann go dtí cá bhfios cén uair.

“Seas in aice na cloiche glaise nuair a bhuailfidh an smólach,” arsa Elrond á léamh, “agus taitneoidh luí na gréine le solas deireanach Lá Dhúirín ar pholl na heochrach.”

“Dúirín, Dúirín!” arsa Tóirín. “Ba é uasalathair na n-abhac ab ársa é, na Féasóga Fada, agus an sinsear is luaithe dá raibh agamsa. Is mise a oidhre.”

“Cad é Lá Dhúirín mar sin?” arsa Elrond.

“Mar ba chóir fios a bheith ag cách, is é an chéad lá d’Athbhliain na nAbhac é,” arsa Tóirín, “an chéad lá den ghealach dheireanach d’fhómhar ar thairseach an gheimhridh. Lá Dhúirín a thugaimid i gcónaí ar an lá a mbíonn an ghealach dheireanach den fhómhar agus an ghrian sa spéir le chéile. Ach is eagal liom nach mórán de chúnamh é sin, óir cliseann ar ár scil sna laethanta seo tomhais cén uair a thiocfaidh a leithéid de lá arís.”

“Fanfaimid agus feicfimid,” arsa Gandalf. “An bhfuil scríbhinn ar bith eile ann?”

“Ní fheictear a leithéid faoin ngealach seo,” arsa Elrond agus thug sé an léarscáil ar ais do Thóirín. Chuaigh siad síos ansin chuig an abhainn le go bhfeicfidís na heilbh ag damhsa agus ag amhránaíocht oíche lár an tsamhraidh.

Maidin lár an tsamhraidh a bhí ann an lá arna mhárach agus an mhaidin chomh breá agus a d’fhéadfaí a shamhlú; bhí an spéir gorm, gan aon scamall ann agus an ghrian ag rince ar an uisce. Léim siad ar a gcapaillíní agus chuir a mbóthar orthu féin fad is a bhí amhráin á rá a bhí ag guí gach uile rath ar a dturas is ar a mbóthar. Bhí a gcroí ullamh do thuilleadh eachtraí agus thuig siad freisin go gcaithfidís bóthar a thaisteal a thabharfadh thar Shléibhte an Cheo iad go dtí an tír lastall.

Thar Chnoc is Faoi Chnoc

Is iomaí cosán a théadh suas isteach sna sléibhte sin, agus is iomaí sin bealach tríothu. Ach ba shlite caocha agus mealltóireacht formhór na mbóithre, nach dtéadh áit ar bith nó a mbíodh drochchríocha leo; agus bhí drochnithe agus contúirtí gránna ina sluaite ar fhormhór na gcosán. Ghlac na habhaic agus an hobad an bealach ceart go dtí an bearnas ceart, mar ba chúnamh dóibh comhairle Elrond agus eolas agus cuimhne mhaith Ghandailf.


Laethanta fada tar éis dóibh imeacht as an ngleann agus an Teach Fáilteach Deireanach a fhágáil na mílte slí laistiar díobh, bhí siad fós ag dreapadh, suas suas suas. B'anróiteach contúirteach an cosán, bealach cam uaigneach fada. D'fhéachaidís siar ar an talamh a d'fhág siad ina ndiaidh sínte amach ar a gcúl i bhfad thíos. Cuma ghorm éiginnte a bhí ar na Críocha Siar i bhfad uathu. Bhí a fhios ag Biolbó gur ansin a bhí a thír féin, tír na sábháilteachta agus an chompoird, an áit a raibh a pholl hobaid féin. Rith creathán tríd. Bhí an t-aer ag éirí oighreata fuar in airde sna sléibhte sin agus thagadh an ghaoth ag sianail anuas thar na leaca. Uaireanta thiteadh clocha ollmhóra go toirniúil anuas taobh an chnoic, óir scaoiltí ón mullach iad nuair a léadh an sneachta faoi ghrian an mheán lae. Théadh na clocha eatarthu (dá mbeadh an t-ádh leo), nó tharstu in airde (rud ba scanrúil). Ní bhíodh teas ná compord ag na taistealaithe istoíche, agus ní leomhfaidís amhráin a rá nó labhairt ró-ard, óir is neamhshaoilta a bhíodh na macallai, agus chonacthas dóibh nár mhaith leis an gciúnas go gcuirfeadh aon ní isteach air—cé is moite de shileadh uisce, d'uallfartach na gaoithe agus de scoilt na cloiche.

"Tá an samhradh á chaitheamh thíos fúinn," arsa Biolbó leis féin, "agus táthar ag sábháil an fhéir agus ag ithe amuigh faoin spéir. Faoi mar atáimidne ag dul ar aghaidh, is amhlaidh a bheidh siad ag déanamh an fhómhair agus ag baint sméar sa dúiche seo againne, sula dtosóimidne anseo ag dul síos ar an taobh eile fiú amháin." Bhí smaointe den chineál gruama céanna ag rith trí chloigeann an

dreama eile. Ach nuair a d'fhág siad slán ag Elrond go meanmnach misniúil an mhaidin Bhealtaine úd, labhair siad go meidhreach faoi dhul trí na sléibhte agus faoi mharcaíocht go mear thar na críocha lastall. Smaoinigh siadsan ar theacht chuig an doras rúnda sa Sliabh Uaigneach in am do ghealach dheireanach an Fhómhair a bhí chucu, b'fhéidir—"agus seans gurb é Lá Dhúirín a bheidh ann" a dúirt siad. Níor chroith ach Gandalf amháin a cheann gan tada a rá. Ní dheachaigh abhac ar bith an bealach úd le fada an lá, ach thaistealaíodh Gandalf ann agus bhí a fhios aigesean conas a tháinig méadú agus forbairt san Fhiántas ar an olc agus ar an gcontúirt, ó ruaig na dragain na daoine as na tíortha úd agus gur leathnaigh na púcaí go rúnda tar éis chath Mhianaigh Mhoiria. Téann pleananna ar strae uaireanta, fiú amháin pleananna na ndraoithe maithe ar nós Gandailf agus na ndea-chairde ar nós Elrond, nuair atáthar i mbun eachtraí guaiseacha thar Imeall an Fhiántais. Bhí a dhóthain eagna ag Gandalf, draoi, go n-aithneodh sé gur mar sin a bheadh.

D'aithin Gandalf go mb'fhéidir go mbainfeadh rud gan choinne dóibh, agus is ar éigean a ligeadh sé dó féin a cheapadh go rachaidís gan eachtraí gráinniúla thar na sléibhte sárarda úd, sléibhte a raibh mullaigh uaigneacha is gleannta uaigneacha iontu ach nach raibh rí ar bith ag rialú orthu. Ní dheachaigh siad tharstu gan eachtra. Bhí go maith agus ní raibh go holc—go dtí lá amháin, nuair a phléasc stoirm thoirnín orthu. Ba mhó ná stoirm thoirnín é, cogadh toirnín ab ea é. Tá a fhios agaibh a dhonacht agus is féidir le spéirling a bheith thíos ar an talamh i ngleann abhann; go háirithe nuair a thagann dhá stoirm thoirnín in aghaidh a chéile. Is scanrúla fós an toirneach is an tintreach sna sléibhte istoiche, nuair a thagann stoirmeacha in aghaidh a chéile anoir agus aniar chun cath a dhéanamh. Pléascann an tintreach ar na mullaigh, critheann na splinceacha agus scoilteann mórbhloscadh an t-aer go dtéann an tormáil tóin thar ceann ag rolláil agus ag titim isteach i ngach pluais is i ngach cuasán; agus líontar an dorchadas le torann garbhghlórach dofhulaingthe agus le soilsiú tobann.

Ní fhaca ná níor shamhlaigh Biolbó riamh a leithéid. Bhí siad i bhfad in airde in ionad caol, titim uafásach isteach i ngleann domhain ar thaobh amháin. Bhí siad i bhfoscadh na cloiche crochta os a gcionn agus rún acu fanacht ann thar oíche. Bhí Biolbó ina luí faoi phluid agus ag crith ó mhullach go bonn. Nuair a d'amharc sé amach faoin bpluid thar an ngleann, chonaic sé go raibh na fathaigh chloiche amuigh. Bhí siad ag caitheamh cloch lena chéile mar chluiche, ag breith ar na bolláin agus á dteilgean anuas sa dorchadas,



Cosán an rSléibhe

áit a mbuailidís in aghaidh na gcrann i bhfad thíos, nó bhrisidís ina smidiríní le tuairt mhór. Tháinig an ghaoth ansin agus an bháisteach, is ghread an ghaoth an bháisteach agus na clocha sneachta thart timpeall deiseal is treiseal, sa chaoi nach raibh cosaint ar bith acu sa chloch chrochta os a gcionn. Ní fada go raibh siad fliuch go craiceann agus a gcapaill ina libíní, a gcloigeann thíos agus a n-eireaball idir a gcosa. Bhí cuid de na capaillíní ag seitreach le teann eagla. Chloisidís na fathaigh ag gáire agus ag gárthaíl i ngach áit ar thaobh na gcnoc.

“Ní dhéanfaidh seo cúis ar chor ar bith!” arsa Tóirín. “Mura séid-fear anuas sinn, mura mbáfar sinn, agus mura mbuailfidh an tintreach sinn, is cinnte go mbéarfaidh fathach éigin orainn agus go gceicélfaidh sé go hard na spéire in ionad caide sinn.”

“Bhuel, má tá eolas agat ar áit ar bith eile is fearr ná é seo, tabhair ann sinn!” arsa Gandalf. Bhí sé ag aireachtáil fíorchrosta agus ní mó ná sásta bhí sé féin faoi na fathaigh.

Ba é an deireadh a bhí lena n-argóint gur cuireadh Fíli agus Kíli chun foscadh ab fhearr a aimsiú. Bhí an bheirt sin fíor-ghéar-radharcach agus ós rud é gurb iad na habhaic ab óige iad de leath-chéad bliain nó mar sin, d’fhaighidís obair den chineál sin go hiondúil (is é sin, nuair ba léir do gach duine nárbh fhiú ar chor ar bith Bíolbó a chur ann). Má tá rud uait, níl rud ar bith is fearr chuige ná dul á chuardach (b’shin é an rud a dúirt Tóirín leis na habhaic óga). Is cinnte go bhfaightear rud éigin de ghnáth, nuair a théitear á thóraíocht, ach ní hionann i gcónaí é go díreach agus an ní a bhí ag teastáil. Is mar sin a tharla sa chás áirithe seo.

Níorbh fhada gur fhill Fíli agus Kíli ar a gceithre dhearna, agus iad ag baint taca as na clocha sa ghála. “Tá uaimh thirim aimsithe againn,” a dúirt siad, “nach bhfuil i bhfad uainn timpeall an chéad chúinne eile. Beimid uile go léir agus na capaillíní in inmhe dul isteach ann.”

“An bhfuil sé scrúdaithe go mion agaibh?” arsa an draoi, óir bhí a fhios aige gur annamh uaimh ar bith sna cnoic gan aon neach ina chónaí inti.

“Tá, tá!” arsa siad araon, cé gur thuig gach uile dhuine nach bhféadfaidís mórán ama a chaitheamh ar an obair, óir is róthapa a tháinig siad ar ais. “Níl sí chomh mór sin, agus ní théann sí chomh fada sin isteach sa chnoc.”

Is é sin ar ndóigh an rud is contúirtí faoi uaimheanna nach bhfuil eolas agat orthu: ní bhíonn a fhios agat, uaireanta, cé chomh fada is a théann siad isteach sa chnoc nó ní féidir leat a rá cá dtéann pasáiste éigin iontu, nó cad atá ag feitheamh leat istigh ann. Ach chonacthas

dóibh ag an nóiméad sin gur dheas an nuacht a bhí ag Fíli agus ag Kíli. D'éirigh siad go léir mar sin agus réitigh chun imeachta. Bhí an ghaoth ag uallfartach agus an toirneach ag drannadh agus ba mhór an saothar a bhí acu iad féin agus a gcapaillíní a bhogadh. Ní raibh fada le dul acu mar sin féin, agus tháinig siad sul i bhfad ar ghallán ag gobadh amach sa chosán. Dá rachfaí ar a chúl, thiocfaí ar áirse íseal i dtaobh an chnoic. Is ar éigean a bhí áit ann chun na capaillíní a bhrú tríthi, tar éis do na habhaic na hualaí agus na diallaití a bhaint díobh. Ba dheas leo ag dul faoin áirse, an ghaoth agus an bháisteach a chloisteáil lasmuigh, seachas ar gach aon taobh díobh, agus ba dheas cuimhneamh freisin go raibh siad slán ó na fathaigh agus óna gclocha móra. Ach ní raibh an draoi sásta a mbeo a chur i bhfiontar. Las sé a shlat—mar a rinne sé an lá úd i seomra itheacháin Bhiolbó i bhfad roimhe sin, más cuimhin libh é—agus leis an solas sin rinne sé an uaimh a iniúchadh ó cheann go ceann.

Méid réasúnta mór a bhí inti, de réir cosúlachta, cé nach raibh sí rómhór diamhair. Bhí an t-urlár tirim agus bhí cúlacha cluthara inti. Bhí áit ag ceann amháin di le haghaidh na gcapaillíní; agus d'fhan siad ina seasamh ann (agus iad fíorbhuíoch as an athrú), an ghal ag éirí aníos astu agus iad ag cogaint as a mealbhóga. Theastaigh ó Óin agus ó Ghlóin tine a lasadh ag doras na huaimhe chun a gcuid éadaigh a thriomú, ach ní raibh Gandalf sásta é sin a cheadú ar chor ar bith. Leath siad a mbalcaisí fiucha ar an urlár mar sin, agus bhain éadach tirim as a mbearta. Réitigh siad a bpluideanna teolaí ansin, bhain amach a bpíopaí agus thosaigh ag séideadh putha gorma toite. Chuireadh Gandalf dathanna éagsúla ar na putha sin agus chuireadh ag damhsa suas chuig an tsiléail iad mar shiamsa dóibh. Lean siad orthu ag caint faoin stoirm, agus ag cur is ag cúiteamh faoina ndéanfadh gach duine acu lena chuid féin den saibhreas (nuair a gheobhaidís é, agus ag an nóiméad sin, ní rud dodhéanta a bhí ann, dar leo); agus is mar sin a thit siad ina gcodladh ina nduine is ina nduine. Agus ba é sin an uair dheireanach a bhain siad feidhm as na capaillíní, as na bearta, as na hualaí agus as na giúirléidí eile a thug siad leo.

Ba mhór an gar, mar a tharla, gur thug siad Biolbó beag in éineacht leo i ndeireadh na dála. Mar ar chúis éigin ní raibh seisean in ann codladh go ceann i bhfad; agus nuair a chodail sé sa deireadh, bhí tromluí fíorghrána aige. Chonaic sé ina bhrionglóid scoilt i mballa cúil na huaimhe; thosaigh an scoilt chéanna ag méadú agus ag méadú go raibh sí ar leathanoscailt. Bhí an-fhaitíos ar Bhiolbó agus ní raibh sé in inmhe glaoch amach ná rud ar bith eile a dhéanamh ach d'fhan sé ina luí ann ag faire. Ansin chonaic sé trína

bhriONGLÓID go raibh urlár na huaimhe ag géilleadh agus go raibh sé féin ag sleamhnú—ag tosú ag titim síos, síos go dtí cá bhfios cén áit.

Leis sin dhúisigh sé agus baineadh geit uafásach as, mar fuair sé amach go raibh cuid dá bhrionglóid fíor. Bhí scoilt tar éis oscailt i mballa cúil na huaimhe agus is pasáiste leathan go maith a bhí inti cheana féin. Is ar éigean a bhí an deis aige eireaball an chapaillín dheireanaigh a fheiceáil ag dul as amharc tríd an scoilt. Lig sé uaill an-ard ar ndóigh, uaill chomh hard agus ab fhéidir le hobad a ligean, agus chuirfeadh neart na huaille iontas oraibh nuair a chuimhníonn sibh a laghad is atá na hobaid.

Léim na púcaí amach, púcaí móra, púcaí móra urghrána, a lán lán díobh, sula ndéarfá *clocha agus leaca*. Bhí sé phúca ann in aghaidh gach abhaic ar a laghad agus bhí dhá cheann ann le haghaidh Biolbó. Rugadh orthu go léir agus sracadh iad tríd an scoilt sula ndéarfá *sponc is cloch thine*. Níor tugadh Gandalf leo, áfach. D'éirigh le huaill Bhiolbó an oiread sin leasa a dhéanamh. Dhúisigh an glao é laistigh de shoicind scoilte, agus nuair a tháinig na púcaí le greim a fháil air, chonacthas splanc uamhnach mar a bheadh tintreach san uaimh, airíodh boladh éigin cosúil le púdar gunna agus leis sin thit roinnt de na púcaí ina gcnap marbh.

Dhún an scoilt le snap, agus bhí Biolbó agus na habhaic ar an taobh mícheart! Cá raibh Gandalf? Ní raibh tuairim dá laghad acu féin ná ag na púcaí faoi sin, agus níor fhan na púcaí le fáil amach faoi. Rug siad ar Bhiolbó agus ar na habhaic agus bhrúigh ar aghaidh go deifreach iad. Bhí an dorchadas an-domhain go deo, an cineál sin dorchadais nach bhfeicfeadh ach púcaí tríd, púcaí a mbíodh cónaí orthu i gcroí na gcnoc. Théadh na pasáistí i dtranglam trasna a chéile i ngach treo, ach bhí eolas a slí ag na púcaí, go díreach mar atá eolas agatsa ar an mbealach go dtí oifig an phoist is cóngaraí duit; síos, síos a théadh an cosán agus bhí an t-aer go huafásach plúchtach. Bhí na púcaí fíorgharbh, iad ag baint miotóg as a bpríosúnaigh gan trua gan taise agus ag sciotáil agus ag gáire de ghuthanna míbhinne clochúla. Bhí Biolbó ní ba bhuartha ná mar a bhí sé fiú nuair a d'ardaigh an troll san aer de mhéara a chos é. Bhí sé ag tnúth ansin lena a pholl glé hobaid. Níorbh é sin an uair dheireanach, ach an oiread.

Ansin chonaic siad léas dearg solais os a gcomhair amach. Thosaigh na púcaí ar amhrán a rá, nó a ghrágáil, agus iad ag coinneáil ama le flapáil a gcos ar na leaca, fad is a chroithidís a bpríosúnaigh chomh maith.

*Sciob! Scrab! Brúigh is basc!
 Griog, gread! Sáigh is smeach!
 Síos faoin gcnoc, chuig Púca-loc
 Síos leat, a mhac!*

*Casúr is thú! Buail iad is brúigh!
 Pléasc, plimp! Láidir an tiomp!
 Gread is leadair, i bhfad faoin talamh!
 Hó, hó! A mhac!*

*Húis is truíp! Léas le fuip!
 Gliogram gliog! Smiot is griog!
 Oibrigh go crua! Saothar is dua!
 Púcaí ólta. Tusa scólta,
 Faoin talamh go deo dod' phianadh go beo
 Anseo thíos, a mhac!*

B'ábhar uamhain dóibh an t-amhrán sin. Rinne na ballaí macalla leis an focail *Brúigh is basc!* is *Buail iad is brúigh!* agus le gáire gránna na n-abhac nuair a liúidís siad *Hó, hó! A mhac!* Ba riléir dóibh brí ghinearálta an amhráin; óir bhain na púcaí fuipeanna amach agus thosaigh á sciúrsáil leis na focail *Húis is truíp!* Chuir sin na habhaic ag rith rompu chomh tapa agus a bhí siad in ann. Is bhí an-saothar agus scanrú ar níos mó ná abhac amháin nuair a tháinig siad go tuisleach isteach in uaimh ollmhór.

Bhí an uaimh á soilsíú ag tine ollmhór dhearg i lár an urláir agus le tóirsí ar feadh na mballaí. Bhí an áit lán le púcaí. Gháir siad uile, bhuaill siad a mbosa agus ghread a gcosa, nuair a tháinig na habhaic ag rith isteach (ba é Bialbó beag bocht ar chúl ba chónagarai do na fuipeanna), fad is a bhí na púcaí tiomána ag liú agus ag cnagadh a bhfuipeanna taobh thiar diobh. Bhí na capaillíní ann cheana féin, iad cruinn le chéile i gcúinne, bhí na bearta is an hualaí go léir ina luí ar oscailt ar an talamh, agus na púcaí á ransú, á mbolú, á méaráil agus ag troid fúthu.

Is oth liom a rá nach bhfaca siad aon cheann de na capaillíní breátha úd riamh arís, an t-ainmhí beag daingean suairc bán san áireamh, a thug Elrond ar iasacht do Ghandalf, toisc nach raibh a chapall féin oiriúnach do chosáin na sléibhte. Itheann na púcaí capaill de gach sórt is asail (agus nithe eile freisin is uafásaí fós), agus bíonn ocras i gcónaí orthu. Ag an nóiméad áirithe sin, áfach, is fúthu féin amháin a bhí na príosúnaigh ag smaoineamh. Cheangail na púcaí a lámha taobh thiar dá ndroim le slabhraí, rinne aon líne

amháin díobh agus shrac iad chuig ceann thall na huaimhe. Bhí Bholbó beag ag tarraingt a chos ag deireadh na scuaine.

Bhí púca ábhalmhór, a raibh cloigeann toirtiúil air, ina shuí ar leac mhór sa leathdhorchadas. Bhí púcaí armtha le tuanna is cromchlainmhte ina seasamh thart timpeall air. Is cruálach atá na púcaí agus urchóideach droch-chroíoch. Ní chruthaíonn siad aon rud álainn, ach is iomaí rud cliste a dhéanann siad. Nuair a chuireann siad an stró orthu féin, is féidir leo tolláin a thochailt is mianadóir-eacht a dhéanamh chomh maith le habhac ar bith, cé is moite de na habhaic is sciliúla, cé go mbíonn na púcaí sraoilleanach salach go hiondúil. Déanann siad casúir, tuanna, claimhte, miodóga, piocóidí, tlúnna agus uirlisí céasta agus déanann siad go maith iad, nó faigheann siad daoine eile chun iad a dhéanamh dóibh de réir a gcuid pleananna féin—príosúnaigh agus sclábhaithe a mbíonn orthu oibriú go dtí go gcailltear iad de cheal aeir is solais. Is ridhócha gurbh iad na púcaí a rinne roinnt de na meaisíní a chuir as don saol ó shin, go háirithe na gléasanna cliste úd a mharaíonn na sluaite daoine in éineacht, óir thaitníodh rothaí is innill is pléascanna riamh leo. Thaitníodh leo freisin gan a bheith ag obair lena lámha féin níos mó ná mar ba ghá; ach sna laethanta úd agus sa dúiche fhiáin úd ní raibh siad (mar a deirtear) chomh forbartha céanna. Níor ghráin leo na habhaic thar aon dream eile, thar gach duine agus gach rud; thar aon ní eile ba ghráin leo daoine pointeáilte rathúla; in áiteanna áirithe is amhlaidh a chuaigh droch-abhaic i bpáirt leo. Ach bhí nimh san fheoil acu do mhuintir Thóirín, i ngeall ar an gcogadh ar chuala sibh trácht air, ach nach mbaineann leis an scéal seo. Agus is cuma le púcaí ar aon nós cé air a mbeireann siad, chomh fada is a dhéantar go tapa rúnda é, agus nach féidir leis na príosúnaigh iad féin a chosaint.

“Cé hiad na suaracháin seo?” arsa an Púca Mór.

“Abhaic, agus é seo!” arsa duine de na tiománaithe, agus é ag tarraingt slabhra Bholbó chomh garbh gur thit sé chun tosaigh ar a dhá ghlúin. “Thángamar orthu ar foscadh ón stoirm inár bPóirse Tosaigh.”

“Cad a bhí ar bun agaibh ann?” arsa an Púca Mór ag iompú ar Thóirín. “Bhí drochobair ar intinn agaibh, cuirfidh mé geall. Ag spiareacht ar ghnóthaí príobháideacha mo mhuintire, is dóigh liom! Gadaithe sibh de réir gach uile chosúlachta! Is é is dóichí gur dún-mharfóirí agus ealbhchairde sibh. Gabh i leith! Cad atá le rá agat?”

“Is mise Tóirín abhac, do sheirbhíseach umhal!” a dúirt sé d’fhreagra—focal cúirtéiseach gan bhí a bhí ann. “Ní raibh tuairim ar bith againn de na rudaí a shamhlaíonn tú i do chuid amhrais.

Chuamar ar foscadh ón stoirm i bpluais, a cheapamar a bhí oiriúnach agus nach raibh duine ar bith á húsáid. Ní raibh aon rud chomh fada ónár n-intinn is a bhí cur isteach ar phúcaí in aon slí ar chor ar bith.” B’fhíor dó sa mhéid sin.

“Hm!” arsa an Púca Mór. “Sin é an rud a deir tusa. Ar mhiste liom fiafraí díot cad a bhí ar bun agat in airde sna sléibhte sa chéad áit, cad as a raibh sibh ag teacht, agus cá raibh sibh ag dul? Déanta na firinne, ba mhaith liom gach rud a fhoghlaim fúibh. Ní hionann sin is a rá go ndéanfaidh sé aon mhaith daoibh, a Thóirín na Scéithe Darach, tá an iomarca ar eolas agam cheana faoi do mhuintir; ach inis dom an fhírinne, nó réiteoidh mé rud éigin daoibh a bheidh sách míchompordach!”

“Bhíomar ag taisteal chun cuairt a thabhairt ar ár ngaolta—nianna, neachtanna, col ceathracha, col cúigreacha, agus col seisreacha, agus sliocht eile ár seanathar a bhfuil cónaí orthu lastoir de na sléibhte fiala fáilteacha seo,” arsa Tóirín. Ní raibh a fhios aige cad ba chóir dó a rá láithreach bonn baill, mar ba léir dó nach ndéanfadh an fhírinne cúis ar chor ar bith.

“Thug sé a éitheach, a thiarna shárchumhachtaigh!” arsa duine de na tiománaithe. “Nuair a d’iarramar ar na créatúir seo teacht anuas, is amhlaidh a bhuail an tintreach roinnt dár ndaoine, is tá siad chomh marbh le hart. Ina theannta sin, níor mhínigh sé é seo!” Shín sé amach an claiómh a bhí á chaitheamh ag Tóirín, an claiómh a fuarthas i bprochóg na dtroll.

Lig an Púca Mór uail uafar feirge as ar a fheiceáil dó agus bhain a shaighdiúirí uile díoscán as a bhfiacra, bhuail a sciatha agus ghread a gcosa. D’aithin siad an claiómh láithreach. Mharaigh sé na céadta púcaí lena linn, nuair a bhí eilbh áille Ghondolin á dtóraíocht sna cnoic nó ag troid i gcath leo os comhair a mballaí. Orcrist, Scoilteoir na bPúcaí, a thugadh na heilbh air, agus ní raibh d’ainm ag na púcaí air ach Alpaire. B’fhuath leo é agus ba mhó a bhfuath don té a bhí á iompar.

“Dúnmharfóirí agus ealbhchairde!” a dúirt an Púca Mór de liú ard. “Lascaigí iad! Buailigí iad! Leagaigí iad! Cnagaigí iad! Tabhair iad chun bealaigh go poll dorchá lán le nathracha nimhe! Ná feicidís an solas go deo arís!” Bhí sé chomh hoibrithe sin, gur léim sé anuas dá shuíochán agus d’ionsaigh sé Tóirín go béal-leata.

Leis sin mhúch gach uile sholas san uaimh. Mhúch an tine mhór freisin, púf! agus rinne sí túr de dheatach lonrach gorm suas go dtí an tsileáil; thit cith de splancacha geala nimhneacha i measc na bPúcaí.

Níl léamh ná scríobh ar an mbéicíl is ar an uallfartach, ar an nglafaireacht is ar an gclabaireacht; ar an ngrágáil is ar an ngártháil, ar an scréacháil agus ar an screadaíl, ar an eascainí is ar an mallachtú a tharla ansin. Dá mbeadh na céadta cat fiáin is na céadta mac tíre á róstadh ina mbeatha le chéile, ní bheidís inchomórtais leis. Bhí na splancacha teo ag polladh na bpúcaí, agus an oiread sin deataigh ag titim den tsileáil go raibh an t-aer chomh tiubh nach bhféadfadh na púcaí féin feiceáil tríd. Níorbh fhada go raibh siad ag tuisliú thar a chéile agus ag rolláil ina gcarnáin ar an urlár, ag ciceáil is ag iomrascáil agus ag baint greama as a chéile, amhail is dá mbeidís uile ar báiní.

Go tobann lonraigh claiomh ina sholas féin. Chonaic Biolbó an claiomh ag dul tríd an bPúca Mór agus é ina staic i lár a chuid feirge. Thit sé marbh, agus theith saighdiúirí na bpúcaí ag screadaíl isteach sa dorchadas.

Chuaigh an claiomh isteach ina thruaill arís. “Leanaigí mé go tapa!” arsa guth fíochmhar ciúin; agus sular thuig Biolbó cad a tharla, bhí sé ag sodar ar aghaidh arís, chomh tapa agus ab fhéidir ag deireadh na scuaine, síos tuilleadh pasáistí dorchá, fad is a bhí béicíl halla na bpúcaí ag dul i laghad ar a chúl. Solas tláith a bhí á dtreorú ar aghaidh.

“Brostaigí, brostaigí!” arsa an guth. “Ní fada go lasfar na tóirsí arís.”

“Fan nóiméad!” arsa Dóirí, a bhí ar deireadh in aice le Biolbó agus ba dheas an duine é. Chuir sé iallach ar an hobad dreapadh ar a ghuaillí chomh maith is a d’fhéad sé lena lámha ceangailte, agus siúd leis na habhaic arís ar chosa in airde, na slabhraí ag cleatráil, agus tuisle á bhaint astu go minic, toisc nach raibh lámh saor acu chun iad féin a chothromú. Níor stad siad go ceann píosa fada, agus faoin am sin is dócha go raibh siad i gceartlár chroí an tsléibhe.

Ansin las Gandalf a shlat. Ar ndóigh ba é Gandalf é, ach bhí siad róghnóthach le fiafraí conas a tháinig sé ann. Bhain an draoi a chlaiomh amach arís agus arís shoilsigh sé sa dorchadas uaidh féin. Nuair a bhíodh púcaí thart, dhódh sé le fearg a chuireadh loinnir air; bhí sé glé gorm le teann áthais um an dtaca sin gur maraíodh tiarna mór na huaimhe. Ba bheag dua a bhí ag an gclaiomh gearradh trí shlabhraí na bpúcaí chun na príosúnaigh a shaoradh chomh luath agus ab fhéidir. Glamdring ainm an chlaímh sin, nó Casúr na Namhad, más buan bhur gcuimhne. Ní raibh ainm ar bith ag na púcaí air ach Buailteoir, agus ba mhó an ghráin a bhí acu ar ná ar Alpaire, dá mb’fhéidir é. Sábháladh Orcrist freisin, óir thug Gandalf an claiomh úd leis chomh maith; sciob sé ó dhuine de na gardaí

scanraithe é. Smaoinigh Gandalf ar fhormhór na rudaí; agus bíodh nár fhéad sé gach uile rud a dhéanamh, bhíodh sé in ann a lán lán a dhéanamh dá chairde nuair a bhídís i sáinn.

“An bhfuilimid go léir ann?” arsa seisean agus é ag síneadh a chlaímh ar ais do Thóirín agus ag umhlú beagán dó. “Fan go bhfeice mé: duine—sin Tóirín, beirt, triúr, ceathrar, cúigear, seisear, seachtar, ochtar, naonúr, deichniúr, aon duine dhéag, cá bhfuil Fíli is Kíli. Sin iad iad, trí dhuine dhéag—agus seo an Baigíneach Uasal: ceithre dhuine dhéag: ceithre dhuine dhéag. Muise, muise! D’fhéadfadh sé a bheith ní ba mheasa, ach arís d’fhéadfadh sé a bheith i bhfad ní b’fhearr. Táimid gan na capaillíní, gan bia agus gan a fhios againn i gceart cá bhfuilimid—fad is atá slua de phúcaí ar mire le fearg taobh thiar dinn. Ar aghaidh linn!”

Agus chuaigh siad ar aghaidh. B’fhíor ar fad ar fad do Ghandalf: thosaigh siad ar ghlórtha púcaí agus ar bhéicíl scanrúil a chloisteáil i bhfad laistiar díobh sna pasáistí ar tháinig siad tríothu. Bhrostaigh sé sin ar aghaidh iad ní ba thapála ná riamh, agus ós rud é nach raibh Biolbó bocht in ann siúl chomh mear leo—mar is féidir leis na habhaic gluaiseacht go han-tapa go deo, táimse á rá leat, nuair is gá dóibh—rinne siad sealaíocht ar Bhíolbó a iompar ar a ndroim.

Is tapála na púcaí ná na habhaic ina dhiaidh sin féin, agus is fearr a bhí eolas na slí ag na púcaí sin (ba iadsan féin a rinne na cosáin), agus bhí siad ar mire le fearg; mar sin dá mhéad an iarracht a bhí na habhaic a dhéanamh, chuala na habhaic an liú agus an uallfartach ag teacht i ngiorracht dóibh. Níorbh fhada gur chuala siad flapáil chosa na bpúcaí, a lán lán cos agus ba dhóigh leis na habhaic nach raibh siad ach timpeall an choirnéil deireanaigh uathu. Chonaic siad caochaíl na dtóirsí dearga ar a gcúl sa tollán a raibh siad ag deifriú tríd; agus bhí an-tuirse ag teacht orthu.

“Mo léan géar gur fhág mé mo pholl hobaid riamh!” arsa an Baigíneach de réir mar a phreabadh sé suas agus anuas ar dhroim Bhombúir.

“Mo léan géar gur thug mé an hobaidín suarach seo ar thóraíocht saibhris is seodra!” arsa Bombúr bocht, mar bhí sé ramhar, agus bhí sé ag tuisliú ar aghaidh, fad is a bhí an t-allas ag síleadh dá shrón le teann teasa is uamhain.

Thit Gandalf siar ansin, agus Tóirín in éineacht leis. Chas siad thar choirnéal géar. “Casaigí timpeall!” a dúirt Gandalf de bhéic. “Tarraing do chlaíomh, a Thóirín!”

Ní raibh aon leigheas eile ar an scéal; agus níor thaitin sé leis na púcaí. Tháinig siad ag deifriú thart ar an gcoirnéal ar lánluas, agus bhí iontas agus alltacht orthu nuair a fuair siad Scoilteoir na bPúcaí

agus Casúr na Namhad ag lonrú go fuar glé isteach ina súile. Na púcaí a bhí chun tosaigh, lig siad dá dtóirsí titim ar an urlár agus scréach go huafásach uair amháin sular maraíodh iad. Ba mhó a scréach na púcaí ar a gcúl agus léim siad siar gur leag siad na púcaí úd a bhí ag teacht ina ndiaidh. “Alpaire is Buailteoir!” a deiridís de scread; agus níorbh fhada go raibh siad trína chéile ar fad, agus a bhformhór ag brostú ar ais an bealach ar tháinig siad.

Chuaigh tamall sách fada thart, sula leomhfadh ceann ar bith de na púcaí dul thar an gcoirnéal sin. Idir an dá linn bhí na habhaic tar éis tosú arís ar bhealach sárfhada isteach i dtolláin dorchá riocht na bpúcaí. Nuair a thuig na púcaí gurbh amhlaidh a bhí, mhúch siad a dtóirsí, chuir bróga boga ar a gcosa agus roghnaigh siad na reathaithe ba scafánta ina measc agus a raibh na súile is na cluasa ba ghéire acu. Rith siad sin ar aghaidh, chomh mear le heasóga sa dorchadas, agus is ar éigean a dhéanaidís níos mó torainn ná ialtóga.

B’shin é an fáth nár chuala Biolbó, ná na habhaic, ná Gandalf féin ag teacht iad. Is ní fhaca siad ach an oiread iad. Ach chonaic na púcaí iadsan nuair a rith siad anuas chucu ar a gcúl, óir bhí Gandalf ag ligean dá shlat solas lag a thabhairt chun na habhaic a shoilsiú ar a slí ar aghaidh.

Bhí Dóirí ar gcúl arís óir is ag iompar Bhiolbó a bhí sé. Go tobann rugadh ón taobh thiar sa dorchadas air. Lig sé béic agus thit sé. Rolláil an hobad dá ghuailí isteach sa duibhe, bhuail sé a chloigeann ar an gcloch chrua, agus níor chuimhin leis tada eile.

Tomhais sa Dorchadas

Nuair a d'oscail Biolbó a dhá shúil, níor léir dó go raibh siad ar oscailt in aon chor; óir bhí sé chomh dorcha céanna agus a bhí nuair a bhí siad dúnta. Ní raibh aon duine ina aice. Samhlaígi an eagla a bhí air! Níorbh fhéidir leis aon rud a chloisteáil ná a fheiceáil, agus níor mhothaigh sé tada ach an t-urlár cloiche faoi.

D'éirigh sé go han-mhall agus phóirseáil timpeall ar a cheithre dhearna, gur theagmhaigh sé le balla an tolláin; ach níor aimsigh sé aon rud suas nó síos; ní raibh tada ann; ní raibh rian ar bith de na púcaí ann, ná de na habhaic. Bhí a chloigeann ina roithleagán ró, agus ní raibh a fhios aige cén treo a raibh siad ag dul nuair a thit sé. Thug sé buille faoi thuairim chomh maith is a bhí sé in ann, agus théaltaigh sé ar aghaidh ar feadh píosa fada gur bhuail a lámh le rud a raibh cuma fáinne air, fáinne de mhíotal fuar, ina luí ar urlár cloiche an tolláin. Ba chasadh ina bheatha an méid sin, cé nach raibh a fhios aige. Chuir sé an fáinne isteach ina phóca gan smaoineamh nach mór; go deimhin ní fhacthas dó go raibh úsáid ar bith leis ag an nóiméad sin. Ní dheachaigh sé mórán ní b'fhaide, ach shuigh síos ar an urlár fuar agus d'fhan ann tamall fada ag géilleadh ar fad don duairceas. Smaoinigh sé air féin ag friochadh bagúin agus uibheacha ina chistin féin sa bhaile—mar d'airigh sé taobh istigh gur rómhithid dó béile éigin a ithe; ach ní dhearna an smaoineamh sin ach tuilleadh duaircis a chur air.

Níor fhéad sé smaoineamh cad ba chóir dó a dhéanamh; ná níor fhéad sé a dhéanamh amach cad a bhain dó; nó cén fáth ar fágadh ina ndiaidh leis féin é, nó má d'fhág na habhaic ina ndiaidh é, cad chuige nár rug na púcaí air, nó cad chuige a raibh a chloigeann chomh tinn sin. Ba í firinne an scéil go raibh sé tar éis a bheith ina luí go ciúin, gan aon duine ag féachaint air nó ag smaoineamh air, i gcúinne fiordhorcha ar feadh tréimhse fada.

Tar éis tamaill chuardaigh sé a phiopa. Ní raibh sé briste agus b'ábhar sásaimh dó an méid sin. Ansin chuardaigh sé a phútse, bhí beagán tobac ann agus bhí sé níos sásta fós faoi sin. Chuardaigh sé

a chipíní solais ansin, ach ní bhfuair sé ceann ar bith, agus chaill sé a mhisneach ar fad. Is mór an gar nach bhfuair, mar a d'admhaigh sé nuair a tháinig sé chuige féin. Cá bhfios cad a tharraingeodh lasadh cipíní agus boladh tobac anuas air as poill dhorchá na háite uafásaí úd. Mar sin féin mhothaigh sé fíorbhrúite ag an nóiméad úd. Fad is a bhí sé ag cuardach a phócaí agus ag cuimilt a dhá lámh de féin thart timpeall chun teacht ar na cipíní, tháinig sé ar dhornchla an chlaímh bhig a fuair sé ó na troill agus a bhí dearmadtha glan aige. Ar ámharaí an tsoil níor thug na púcaí faoi deara é mar is laistigh dá bhríste a bhí sé á chaitheamh.

Tharraing sé amach ansin é. Lonraigh sé go mílteach tláith os comhair a dhá shúil. "Is lann ealbhach é seo freisin, mar sin," a dúirt sé leis féin, "agus níl na púcaí róchóngarach—ach níl siad sách fada uaim ach an oiread."

Ach ba shólás dó an claíomh ar shlí éigin. Ba ghalánta an ní é claíomh a bheith á iompar agat a rinneadh i nGondolin le haghaidh Chogaí na bPúcaí, a ndeirtí an oiread sin amhrán fúthu; agus thug Biolbó faoi deara go dtéadh a leithéidí sin de chlaímhíte go mór i bhfeidhm ar na púcaí a thiocfadh trasna orthu go tobann.

"Dul ar ais?" a dúirt sé leis féin. "Ní bheadh aon mhaith ansin! Dul ar lorg mo thaoibh? Ní féidir! Dul ar aghaidh? An t-aon ní is féidir a dhéanamh! Ar aghaidh linn!" D'éirigh sé mar sin agus thosaigh ag sodar ar aghaidh lena chlaíomh beag á choinneáil suas i leathlámh leis, an leathlámh eile ag méarnáil ar feadh an bhalla agus a chroí ag preabadh ina chliabhrach.

Is cinnte go raibh Biolbó i sáinn, mar a deirtear. Ach ní mór daoibh tuiscint nach raibh sé chomh sáinnithe is a bheinnse nó a bheadh sibhse. Ní mar a chéile go díreach hobaid agus gnáthdhaoine; cé gur deas suairc a bpoill hobaid agus iad aeráilte go maith, murab ionann agus tolláin na bpúcaí, is mó atá na hobaid cleachtach le tolláin ná mar atáimidne, agus ní furasta dóibh dul ar strae faoin talamh agus a gciall don treo a chailleadh ar fad—is é sin nuair a thagann biseach orthu tar éis a gcloigeann a bhualadh. Ina theannta sin is féidir leo gluaiseacht go han-chiúin, iad féin a cheilt go han-éasca, agus teacht chucu féin nuair a thiteann siad agus nuair a bhrúitear iad, agus bíonn mórán eagna agus seanfhocal críonna i dtaisce ina gcroí, nár chuala na daoine riamh trácht orthu, nó a ndearna siad dearmad orthu blianta fada ó shin.

Mar sin féin níor mhaith liomsa a bheith i mbróga an Bhaigínigh. Bhí an chosúlacht ar an tollán nach raibh deireadh go deo leis. B'éard a bhí ar eolas aige go raibh an tollán ag dul síos go seasta i

gcónaí agus ag dul an treo chéanna in ainneoin iompú is casadh nó dhó. Bhí pasáistí ag dul i leataobh ón bpríomhthollán ó am go ham, mar ba léir dó faoi sholas a chlaímh nó de bharr a lámh a bheith ar an mballa. Níor bhac sé leis na taobhphasáistí sin ach dheifrigh sé tharstu ar eagla go dtiocfadh púcaí nó nithe dubha leathshamlaithe amach astu. Ar aghaidh is ar aghaidh leis, síos síos i gcónaí; agus níor chuala sé tada, cé is moite de chorrialtóg ag déanamh seabhráin thar a chluasa. Bhaineadh na hialtóga geit as ar dtús go dtí go ndeachaigh sé i dtaithí orthu, agus ba chuma leis ansin ann nó as iad. Níl a fhios agam cé chomh fada is a chuaigh sé ar aghaidh mar sin. B'fhuath leis dul ar aghaidh, ach ní leomhfadh sé stopadh; ar aghaidh is ar aghaidh leis go raibh sé ní ba thuirsi ná an tuirse féin. Samhlaíodh dó gur ag dul ar aghaidh go dtí an lá amárach a bhí sé agus thairis sin chuig an lá ina dhiaidh.

Leis sin gan choinne chuaigh sé ar sodar, spleais, isteach in uisce. Och! Nach fuar a bhí sé! Chuir sin stop leis láithreach. Ní raibh a fhios aige cé acu linn sa chosán a bhí ann, bruach srutháin ceilte a théadh trasna an phasáiste nó imeall locha dhomhain dhorcha éigin faoin talamh. Is ar éigean a bhí an claíomh ag soilsiú ar chor ar bith. Stop sé, d'éist sé go géar agus chuala sé braonta uisce ag síorshileadh anuas ó shiléáil dhofheicthe isteach san uisce thíos; ach chonacthas dó nach raibh aon torann eile le cloisteáil.

“Is linn nó loch atá ann mar sin, ní abhainn faoin talamh,” a dúirt sé leis féin. Ní raibh sé de mhisneach aige ina dhiaidh sin féin siúl amach san uisce sa dorchadas. Ní raibh snámh aige; agus smaoinigh sé freisin ar rudaí gránna sleamhaine agus súile móra bolgacha acu, ag lúbarnaíl san uisce. Bíonn nithe aisteacha sna linnte is sna lochanna i gcroí na sléibhte; éisc ar shnámh a n-aithreacha isteach ann, ní fios cá mhéad bliain ó shin, agus nár shnámh amach riamh arís, fad is a chuaigh a súile i méad agus i méad agus i méad óna bheith ag iarraidh rudaí a fheiceáil sa dorchadas; bíonn nithe eile ann freisin is sleamhaine ná éisc. Tá nithe ina gcónaí i ngan fhios do na púcaí sna tolláin agus sna huaimheanna a rinne na púcaí dóibh féin, nithe a shleamhnaigh isteach le scíth a ligean sa duibhe. Is sine d'aoiseanna fada an tosach a bhí ag cuid de na huaimheanna sin ná na púcaí féin; ní dhearna na púcaí ach iad a leathnú agus a cheangal le chéile trí phasáistí a dhéanamh. Bíonn na chéad úinéirí ann i gcónaí ag smúrthacht agus ag téaltú timpeall.

Go domhain síos le hais an uisce dhorcha bhí cónaí ar shean-Gholam, créatúr beag sleamhain. Níl a fhios agam cad as dó, ná cérbh é féin ná cad a bhí ann. Golam a bhí ann—é chomh dorchas leis an dorchadas féin cé is moite de dhá shúil mhóra thlaithe ina

aghaidh thanaí. Bhí báidin aige agus d'iomraíodh sé timpeall go ciúin ar an loch é; óir bhí an loch leathan domhain agus fíorfhuar. Chuireadh sé a chosa móra thar thaobh an bháid ag baint feidhme astu mar chéaslaí, ach tonn ar bith ní dhéanadh sé. Ná baol air. Ba gheall le lampaí a shúile agus bhíodh sé ag faire amach d'éisc dhalla, a mbeireadh sé orthu lena mhéara fada chomh tapa leis an smaoineamh. Thaitníodh feoil leis freisin. Ba bhreá leis feoil púca, dá bhféadfadh sé teacht uirthi; ach bhíodh sé fíorfhaichilleach i dtólamh nach bhfaighidís amach go raibh sé ann. Thagadh sé aniar aduaidh orthu agus thachtadh sé iad, dá dtiocfaidís anuas go dtí áit ar bith ar imeall an uisce, agus eisean ag smúrthacht thart. Is annamh a thagaidís anuas, óir bhí tuairim acu go mbíodh rud míthaitneamhach lonnaithe thíos ann, thíos ag fíorfhréamh an tsléibhe. Tháinig siad ar an loch fadó fadó nuair a bhí siad ag déanamh tolláin, fuair siad amach nach bhféadfaidís dul ní b'fhaide an treo sin, agus ní raibh cúis ar bith acu le dul an tslí sin riamh—ach amháin nuair a chuireadh an Púca Mór ann iad. Bhuaileadh dúil in iasc as an loch uaireanta é, agus uaireanta ní thagadh púca ná iasc aníos arís.

Leis an bhfirinne a dhéanamh is ar oileán beag sleamhain leice i lár an locha a bhí cónaí ar Gholam. Ag an nóiméad sin is ag breathnú ar Bhiolbó i bhfad uaidh a bhí sé lena shúile ar nós teileascóip. Ní fhaca Biolbó é ach chuir Biolbó iontas mór air, mar ba léir do Gholam nár phúca ar bith é.

Chuaigh Golam isteach ina bhád agus siúd de rúid ón oileán é fad is a bhí Biolbó ina shuí ina bhambairne ar an mbruach, gan é in ann dul níos faide ná smaoineamh níos faide. Tháinig Golam aníos go tobann agus dúirt de chogar siosach:

“Beir bua agus beannacht, a sstóirín! Iss dócha gur béile breá a bheadh ann; ar a laghad iss blassta an mhír mhéine a dhéanfadh sé dhúinn, golam!” Nuair a deireadh sé *golam*, dhéanadh sé torann uafásach slogtha ina scornach. Is uaidh sin a fuair sé a ainm, cé gur “a stóirín” a thugadh sé féin air féin.

Nuair a chuala sé an tsiosarnaíl sin, nuair a chonaic sé na súile tláithe ag gobadh amach, is beag nár léim an hobad as a chraiceann.

“Cé thusa?” a dúirt sé agus sháigh sé a mhíodóg amach roimhe.

“Cad é féin, a sstóirín?” arsa Golam de chogar (labhraíodh sé leis féin i gcónaí, óir nach mbíodh aon duine aige le bheith ag caint leis). Ba é sin an rud a theastaigh uaidh a fháil amach, mar ní raibh mórán ocras air um an dtaca sin. Fiosracht ba mhó a bhí ag cur as dó. Murach sin, bhéarfadh sé ar Bhiolbó ar dtús agus thosódh sé ag cogarnaíl ina dhiaidh sin.

“Is mise Biolbó Baigín. Chaill mé na habhaic is chaill mé an draoi, agus níl a fhios agam cá bhfuilim; agus ba chuma liom, dá bhféad-fainn imeacht as seo.”

“Cad é sin ina lámhachaí?” arsa Golam, agus é ag breathnú ar an gclaíomh nár thaitin leis ar fad.

“Claíomh, lann a rinneadh i nGondolin!”

“Ssss,” arsa Golam agus tháinig iarracht den mhúineadh air. “B’fhéidir go ssuíféa anseo iss go mbeiféa ag seanchass leis píossa, a sstóirín. Iss maith leis tomhassanna, seanss, an maith?” Theastaigh uaidh cuma chairdiúil a chur air féin, go dtí go bhfaigheadh sé amach tuilleadh faoin gclaíomh agus faoin hobad, an ina aonar a bhí sé go firinneach, an raibh sé go maith le n-ithe, agus an raibh ocras ar Gholam dáiríre. Ní raibh sé in ann smaoineamh ar thada eile ach ar thomhais. Ag cur tomhas agus ag fáil freagraí dóibh uaireanta, b’shin é an t-aon chluiche a d’imir sé riamh leis na créatúir aisteacha eile ina bprochóga fadó fadó riamh, sular chaill sé a chairde go léir agus sular díbríodh é, nuair a d’imigh sé leis ina aonar, agus a d’éalaigh isteach sa dorchadas, síos, síos, faoi bhun na sléibhte.

“Maith go leor,” arsa Biolbó, a raibh fonn air aontú, go dtí go bhfaigheadh sé tuilleadh amach faoin gcréatúr, an raibh sé ina aonar ar fad, an raibh ocras air, an raibh sé fíochmhar, agus an raibh sé cairdiúil leis na púcaí.

“Is tusa is túisce a chuirfidh tomhas,” a dúirt sé, óir ní raibh deis aige smaoineamh ar thomhas dá chuid féin.

Mar sin is amhlaidh a dúirt Golam go siosach:

*Is airde ná gach crann é,
A fhréamha ní bhraitear,
Suas, suas a théann sé
Is ní bhíonn sé ag méadú?*

“Éasca!” arsa Biolbó. “Is sliabh é, is dóigh liom.”

“An dtomhaiseann sé go héassca? Caithfidh comórtas a bheith againn leis, a sstóirín! Má fhiafraíonn sstóirín, aguss mura bhfreagróidh sé, íossfaimid é! Má fhiafraíonn sé dinn, aguss mura bhfreagróimid, déanfaimid an ní iss maith leis, sea? Sspeánfaidh muid an bealach amach ass seo dó, nach speánfaidh?”

“Ceart go leor!” arsa Biolbó, gan de dhánacht ann esaontú leis, agus é nach mór ag cur taom air féin ag smaoineamh ar thomhais a shábhálfadh ó ithe é.

*Ar chnoc dearg tríocha capall bán,
 Bíonn siad ag cnagadh,
 Bíonn siad ag greadadh,
 Is bíonn siad ansin go sámh.*

B'shin a raibh sé in ann smaoineamh air—bhí coincheap an itheacháin ar a intinn ag an am. Is seantomhas a bhí ann, freisin, agus bhí an freagra ag Golam chomh maith is atá sé agaibhse.

“Seantomhais, seantomhais!” a dúirt sé go siosach. “Fiacla, fiacla! A sstóirín; cé nach bhfuil ach sé cinn againne!” Chuir seisean an dara tomhas ansin:

*Eitlíonn sé gan sciathán,
 Gan ghuth ag sianáil;
 Cognaíonn gan déad,
 Is labhraíonn gan bhéal.*

“Fan nóiméad!” arsa Biolbó, a bhí ag smaoineamh go hanacrach faoi rudaí a ithe. Ar ámharaí an tsaoil chuala sé rud éigin mar sin cheana, agus nuair a tháinig sé ar ais chuige féin, rith an freagra leis. “An ghaoth, an ghaoth ar ndóigh,” a dúirt sé agus bhí sé chomh sásta sin leis féin gur chum sé tomhas ar ala na huaire.

“Fágfaidh sé seo an créatúirín gránna talaimh san fhaopach,” a dúirt sé leis féin:

*Dúirt súil ag féachaint ó pháirc ghorm anuas
 Ar shúil ag fás in aghaidh ghlas aníos,
 “Nach cosúil liom an tsúilín ach gur thuas
 atáimse anseo agus ise thíos!”*

“Ss, ss, ss,” arsa Golam. Bhí sé faoin talamh tamall fada, agus bhí sé ag déanamh dearmaid ar a leithéid. Ach nuair a bhí dóchas ag teacht chuig Biolbó nach mbeadh an freagra ag an ainniseoir, chuimhnigh Golam ar na haimsirí sin, a raibh cónaí air lena sheanmháthair i bpoll ar bhruach na habhann. “Ss, a sstóirín,” arsa seisean. “Grian ar na nóiníní iss brí leis, go deimhin.”

Ach ba thuirsíúil leis na gnáth-thomhais sin, na tomhais den chineál coitianta os cionn talún. Chomh maith leis sin mheabhraídís an aimsir dó nach mbíodh sé féin chomh huaigheach, chomh slítheánta, chomh hurchóideach agus dhéanaidís crosta é. Chuiridís ocras air freisin; is amhlaidh a bhain sé triail an uair sin as rud éigin ba dheacra de bheagán agus ba mhíthaitneamhaí:

*Ní fheictear 's ní bhraítear é,
 Ní chloistear, le srón ní fhaightear é.
 Ar chúl cnoc is reann ina luí,
 Líonann sé bearnaí gach aon oich'.
 Bíonn ann go luath, bíonn ann faoi dheoidh
 Maraíonn gáire is stopann beo.*

Ar an drochuair do Gholam bhí an sórt sin ruda cloiste ag Biolbó cheana agus ar chuma ar bith bhí an freagra gach áit ina thimpeall. “An dorchadas!” a dúirt sé gan a cheann a scríobadh nó gan smaoineamh go crua.

Seo é an chéad tomhas eile a chuir sé d’fhonn am a thabhairt dó féin smaoineamh ar cheann a bheadh fiordheacair:

*Bosca, gan eochair, gan chláirín, gan inse
 Ach faoi cheilt taobh istigh is órga an ciste.*

Cheap sé féin gurbh fhíoréasca an seantomhas é, cé nach sna gnáthfhocail a dúirt sé é. Ach ba dhúcheist do Gholam é. Labhair sé go siosach leis féin ach níor fhreagair sé; bhí sé ag siosarnaíl agus ag plobarnaíl.

Tháinig mífhoighne ar Bhiolbó tar éis tamaill. “Bhuel, cad é féin?” a dúirt sé. “Ní citeal ag fiuchadh amach an freagra, cé gur dócha ón torann atá tú a dhéanamh go síleann tú gurb ea.”

“Tabhair seanss dúinn; tugadh sé seanss dúinn, a sstóirín.”

“Bhuel,” arsa Biolbó tar éis seans fada a thabhairt dó, “cad is dóigh leat?”

Ach go tobann chuimhnigh Golam ar ghadaíocht a dhéanamh as neadacha fadó fadó, agus ar shuí faoi bhrúach na habhann ag múineadh dá sheanmháthair conas an bia a shúrac as— “Uibheachannaí!” a ghlaoigh sé go siosach. “Uibheachannaí iss ceart!” Ansin chuir sé an tomhas seo:

*Beo gan anáil,
 Chomh fuar leis uaigh;
 Gan tart ag síoról,
 I máille gan fhuaim.*

Cheap Golam ar a sheal gurbh fhíoréasca an tomhas a bhí ansin, toisc go mbíodh sé i gcónaí ag smaoineamh ar an bhfreagra, ach ní raibh sé in ann smaoineamh ar aon rud ab fhearr ag an nóiméad sin, óir chuir an cheist faoi uibheacha trína chéile ar fad é. Bhí an-

deacracht ag Biolbó bocht leis ina dhiaidh sin féin, mar ní bhíodh aon bhaint aigesean le huisce dá mbeadh leigheas aige ar an scéal. Is dócha go bhfuil an freagra ar eolas agaibhse, ar ndóigh, nó gur féidir libh é a dhéanamh amach chomh héasca le súil a chaochadh, mar is i bhur suí go compordach sa bhaile atá sibh agus níl an chontúirt ann go n-íosfar sibh, rud a chuirfeadh isteach ar bhur smaoineamh. D'fhan Biolbó ina shuí, ghlan sé a scornach uair nó dhó ach níor tháinig freagra ar bith.

Tar éis tamaill thosaigh Golam ag siosadh le teann áthais dó féin. “An bhfuil sé go deass, a sstóirín? An bhfuil sé ssúmhar? An féidir é a chnagadh go blassta?”

“Fan nóiméad,” arsa an hobad agus é ar crith. “Thug mise seans fada duit ar ball beag.”

“Caithfidh sé deifir, deifir a dhéanamh!” arsa Golam agus é ag dreapadh amach as a bhád ar an mbruach chun go mbéarfadh sé ar Bhiolbó. Ach nuair a chuir sé a chos fhada lapach isteach san uisce, léim iasc aníos le teann eagla agus thit sí ar mhéara coise Bhiolbó.

“Feo!” a dúirt sé. “Tá sé fuar greamaitheach!”—agus is mar sin a thomhais sé. “Iasc! Iasc!” a dúirt sé de liú. “Iasc an freagra!”

Bhí an-díomá go deo ar Gholam; ach chuir Biolbó tomhas eile air chomh luath agus ab fhéidir leis, agus bhí ar Gholam dul ar ais ina bhád agus machnamh a dhéanamh.

Bhí gan chosa ina lui ar chos amháin, is dhá chos ina shuí ina aice ar trí chos, fuair ceithre chos beagán.

Níorbh é an t-am ceart le haghaidh an tomhais sin é, ach bhí deifir ar Bhiolbó. B'fhéidir go mbeadh trioblóid ag Golam á thomhas, dá gcuirfi air in am ar bith eile é. Faoi mar a bhí agus iad ag caint faoi éisc, ní raibh “gan chosa” ródheacair ar chor ar bith, agus ina dhiaidh sin bhí an chuid eile éasca. “Iasc ar bhoirdín beag, fear ag an mbord ina shuí ar stól, faigheann an cat na cnámha,” is é sin an freagra ar ndóigh agus níorbh fhada go raibh sé ag Golam. Ansin shíl Golam gur mhithid dó rud deacair gránna a fhiafraí. Seo é a ndúirt sé:

*Caitheann sé seo gach uile chréatúr:
Crainn, bláthanna, beithigh is éanlaith;
Itheann iarann, creimeann cruach;
Meileann leac is cloch gan dua;
Scríosann cathracha, cuireann ríthe chun báis,
Is tugann anuas gach mullach ard.*

D'fhan Biolbó bocht ina shuí sa dorchadas ag smaoineamh ar ainmneacha gránna na bhfathach agus na ngruagach ar chuala sé riamh trácht orthu sna scéalta, ach ní raibh duine ar bith orthu a raibh na nithe sin uile déanta aige. Bhí tuairim aige gur rud éagsúil ar fad a bhí san fhreagra; gur chóir go mbeadh sé ar eolas aige ach nach raibh sé in ann cuimhneamh air. Thosaigh eagla ag teacht air agus ní cúnamh ar bith don mhachnamh an eagla. Thosaigh Golam ag dreapadh amach as an mbád. Shleamhnaigh sé isteach san uisce agus shnámh chuig an mbruach. Chonaic Biolbó a dhá shúil ag teacht ina threo. Ghreamaigh teanga Bhiolbó ina bhéal; is éard a bhí uaidh a rá go hard: “Tabhair dom am! Tabhair dom am!” Ach níor tháinig amach as a bhéal amhail scread tobann ach:

“Am! Am!”

Ba é an deargádh sin a tharrtháil Biolbó. Ar ndóigh ba é sin an freagra ceart.

Bhí díomá ar Gholam den dara huair, agus bhí fearg ag teacht air faoin am sin agus é bréan den chluiche. Chuir an cluiche an-ocras go deo air. Ní dheachaigh sé ar ais chuig an mbád an uair sin. Shuigh sé síos sa dorchadas le taobh Bhiolbó. Chuir sin as don hobad go huafásach agus d'imigh a chiall ar fad uaidh.

“Caithfidh sé ceist a chur orainn, a sstóirín. Is ea, is ea, is ea. Ceist amháin eile le tomhass. Is ea, is ea, is ea,” arsa Golam.

Ach níor fhéad Biolbó smaoineamh ar cheist ar bith agus an créatúr gránna fliuch fuar sin ina shuí lena thaobh agus á chrúbáil agus á bhroideadh. Scríob Biolbó é féin, bhain sé miotóg as féin ach níor fhéad sé smaoineamh ar thada.

“Fiafraigh dinn! Fiafraigh dinn!” arsa Golam.

Bhain Biolbó miotóg as féin agus thug boiseog dó féin; rug sé greim ar a cláimhín beag; chuir sé an lámh eile ina phóca agus ansin theagmhaigh sé leis an bhfáinne a thóg sé d'urlár an tolláin agus a raibh dearmad déanta aige air.

“Céard atá i mo phóca agam?” arsa Biolbó os ard. Is ag caint leis féin a bhí sé, ach shíl Golam gur tomhas a bhí ann, agus chuir sé as dó go huafásach.

“Níl sin féaráilte! Níl sin féaráilte!” a dúirt sé go siosach. “Níl sé féaráilte, a sstóirín, an bhfuil, fiafraí dinn céard atá ina phócaí ssalacha ssuaracha?”

Nuair a thuig Biolbó céard a tharla, agus ó nach raibh tada eile le fiafraí, lean sé ar aghaidh lena cheist, “Céard atá i mo phóca agam?” a dúirt sé ní b'airde.

“S-s-s-s-s,” a dúirt Golam go siosach. “Caithfidh sé trí sheanss a thabhairt dúinn, a sstóirín, trí sheanss.”

“Maith go leor,” arsa Biolbó, “Bí ag tomhas leat!”

“Lámhachai!” arsa Golam.

“Micheart,” arsa Biolbó. Ar ámharai an tsaoil bhí sé go díreach tar éis a lámh a bhaint as a phóca arís.

“S-s-s-s-s,” arsa Golam agus é níos mó trína a chéile ná riamh. Chuimhnigh sé ar na nithe uile go léir a choinníodh sé féin ina phócaí féin: cnámha éisc, fiacra púcaí, sliogáin fhliucha, blúire de sciathán ialtóige, cloch ghéar le faobhar a chur ar a chuid géarán, agus ar nithe gránna eile. D’fhéach sé le smaoineamdh ar na nithe a bheadh ag daoine eile ina bpócaí.

“Scian!” a dúirt sé ar deireadh.

“Micheart!” arsa Biolbó, a chaill a scian tamall ó shin. “An seans deireanach anois!”

Ag an nóiméad sin is measa i bhfad an bhail a bhí ar Gholam ná mar a bhí nuair a cuireadh tomhas na n-uibheacha air. Rinne sé siosadh is plobarnail, luasc sé anonn is anall, ghread sé a chosa lapacha ar urlár na huaimhe, lúb sé is shníomh sé é féin; agus ní raibh de dhánacht aige a sheans deireanach a chur amú.

“Téanam ort!” arsa Biolbó. “Táim ag fanacht!” Rinne sé iarracht calmacht agus suairceas a chur ina ghuth ach ní raibh sé cinnte ar chor ar bith conas a chríochnódh an cluiche, cé acu a mbeadh an freagra ceart ag Golam nó nach mbeadh.

“Tá do chuid ama istigh!” a dúirt sé.

“Corda, nó tada!” arsa Golam de scréach, freagra nach raibh fearáilte—bhí dhá fhreagra aige in aon fhreagra amháin.

“Tá an dá cheann mícheart,” a dúirt Biolbó de scairt, agus an-fhaoiseamh air. D’éirigh sé ina sheasamh láithreach, chuir a dhroim leis an mballa ba ghiorra dó agus shín amach a chlaíomh beag. Bhí a fhios aige, ar ndóigh, gur rud fíorársa agus sárnaofa a bhí i gcluiche na dtomhas, agus go mbeadh faitíos fiú ar dhroch-chréatúir séitéireacht a dhéanamh nuair a bheidís á imirt. Ach bhraith sé nach bhféadfadh sé muinín a bheith aige go seasfadh an ruidín sleamhain seo lena fhocal in am an ghátair. Ba leor dó leithscéal ar bith le diúltú dá ghealltanais. Ach i ndeireadh na dála, níor thomhas ceart cothrom a bhí sa cheist dheireanach úd de réir na rialacha ársa.

Ach níor ionsaigh Golam láithreach é ar chuma ar bith. Chonaic sé an claíomh i lámh Bhíolbó. D’fhan sé ina shuí gan chorraí ar crith agus ag caint i gcogar leis féin. Sa deireadh níorbh fhéidir le Biolbó fanacht ní b’fhaid.

“Bhuel?” a dúirt sé. “Céard faoi do ghealltanas? Ba mhaith liom imeacht. Caithfidh tú an tslí a thaispeáint dom.”

“An ndúramar é sin, a sstóirín? An tslí amach a thaispeáint don Bhaigíneach beag gránna, is ea, is ea. Ach céard atá ina phóca aige? Ní corda é, a sstóirín, ach tá rud éigin ann. Tá sin! Golam!”

“Ná bac leis!” arsa Biolbó. “Gealltanais is ea gealltanais.”

“Tá sé crossta, mífhóighneach,” arsa Golam de shiosarnail. “Ach caithfidh sé fanacht. Is ea, caithfidh sé fanacht. Ní thig linn dul ssuass na tolláin chomh dithneassach. Ar dtús ní mór dúinn dul chun rudaí áirithe a fháil, is ea, rudaí a chabhróidh linn.”

“Déan deifir mar sin!” arsa Biolbó, óir bhí faoiseamh air nuair a smaoinigh sé go raibh Golam ag imeacht. Cheap sé nach raibh Golam ach ag cumadh leithscéil agus nach raibh rún ar bith aige teacht ar ais. Céard faoi a raibh Golam ag caint? Cén rud úsáideach a d’fhéadfadh a bheith aige istigh ar an loch dorchas? Bhí dul amú ar Bhiolbó. Bhí rún ag Golam teacht ar ais. Bhí fearg agus ocras air nuair a tháinig. Créatúr ainneoin urchoideach a bhí ann agus bhí plean aige cheana féin.

Ní raibh an t-oileán i bhfad uathu, ach ní raibh aon eolas ag Biolbó faoi, agus ansin ina áit fholaigh bhí roinnt giuirléidí suaracha i dtaisce aige. Bhí rud sárlainn amháin, sárlainn agus sáriontach, i dtaisce aige ann freisin. Bhí fáinne, fáinne óir, fáinne sárluachmhar aige.

“Bronntanass mo lá breithe!” a dúirt sé leis féin de chogar, mar a dhéanadh sé go mion minic sna laethanta dorchas síoraí. “Is é sin atá uainn anois; is ea, iss mian linn é!”

Bhí sé uaidh, mar is cumhachtach an fáinne a bhí ann; dá gcuirfeadh duine an fáinne úd ar a mhéar, bheadh sé dofhéicthe; ní féicfí an duine ach faoi sholas geal na gréine, mar bheadh a scáth le feiceáil, agus bheadh an scáth féin éiginnte lag.

“Bronntanass mo lá breithe. Tháinig sé chugam ar mo lá breithe, a sstóirín.” B’shin é a ndéireadh sé riamh leis féin. Ach cá bhfios conas a tháinig an bronntanas úd chuig Golam, na cianta fada ó shin, nuair a bhí fáinní den chineál sin fós ar an saol? B’fhéidir nach bhféadfadh an Máistir a bhí á rialú uile go léir, b’fhéidir nach bhféadfadh seisean a rá. Chaitheadh Golam ar dtús é, go dtí gur thuirigh sé é; ansin choinníodh sé i bpúitse taobh lena chneas é, go dtí gur chuir sé oighear ar a chraiceann. Ba nós leis faoin am sin é a choinneáil i bpoll sa leac ar a oileán, agus bhíodh sé de shíor ag dul le breathnú air. Uaireanta eile chuireadh sé air féin é, nuair nach bhféadfadh sé a bheith scartha leis ní b’fhaide, nó nuair a bhíodh an-ocras go deo air agus é bréan d’iasc. Ansin théaltaíodh sé ar feadh

na dtollán dorchá ag tóraíocht púcaí fáin. Théadh sé scaití isteach sna háiteanna sin a mbíodh na tóirsí lasta. Chuireadh a solas a dhá shúil ag caochadh agus chuiridís pian orthu. Ach bhíodh sé sábháilte. Is ea, slán sábháilte. Ní fheicfeadh neach ar bith é, ní thabharfadh aon neach faoi deara é, go gcuirfeadh sé a mhéara timpeall scornach púca éigin. Ní raibh ach cúpla uair an chloig ann ó chaith sé é, agus ó rug sé ar pháiste de phúca fir. Nach é a rinne an scréachaíl! Bhí cnámh nó dhó aige le creimeadh i gcónaí, ach rud ní ba bhoige a bhí uaidh.

“Fíorshábháilte, is ea,” a dúirt sé de chogar leis féin. “Ní fheicfidh sé muid, an bhfeicfidh, a sstóirín. Ní fheicfidh. Ní fheicfidh sé muid, aguss ní bheidh maith ar bith ina chlaíomh ssalach gránna. Is ea, gan mhaith dá laghad.”

B’shin é an rud a bhí ina intinn bheag urchóideach, nuair a d’éalaigh sé ó thaobh Biolbó agus nuair a shleamhnaigh sé isteach ina bhád arís, agus a d’imigh leis sa dorchadas. Shíl Biolbó nach gcloisfeadh sé arís go deo é. D’fhan sé tamall mar sin féin; óir ní raibh tuairim ar bith aige conas a dhéanfadh sé a bhealach amach ina aonar.

Go tobann chuala Biolbó scréacha a chuir cradhscal air. Bhí Golam ag eascainí agus ag lógóireacht leis sa dorchadas agus gar go maith do Bhiolbó de réir cosúlachta. Is ar an oileán a bhí sé ag smúrthacht anseo is ansiúd, ag cuardach agus ag tóraíocht in aisce.

“Cá bhfuil sé? Cá bhfuil sé?” a chuala Biolbó é a rá. “Caillte agam atá mo sstóirín, caillte, caillte! Bearnú agus basscadh orainn, tá mo sstóirín caillte!”

“Cad atá ort?” arsa Biolbó de scairt. “Cad atá caillte agat?”

“Caithfidh sé gan fiafraí dinn,” a dúirt Golam de scréach ard. “Ní hé a ghnóthaí seisean é, ní hé, golam! Tá sé caillte, golam, golam, golam.”

“Bhuel, tá mo bhealach caillte agamsa,” a dúirt Biolbó leis, “agus táim ag iarraidh é a aimsiú arís. Mise a ghnóthaigh an cluiche agus thug tusa d’fhocal. Téanam ort mar sin! Gabh i leith agus lig amach as an áit seo mé, agus is féidir leat leanúint ar aghaidh le do chuardach ansin!” Cé go bhfacthas dó go raibh Golam fíorbhuartha is fíoréadóchasach, ní bhfuair Biolbó ann féin trua a bheith aige dó. Aon ní a bhí ag teastáil chomh géar sin ó Gholam, taibhsíodh do Bhiolbó nárbh fholáir nó ba dhrochrud é. “Téanam ort!” a dúirt sé de ghla.

“Ní hea, ní go fóilleach, a sstóirín!” arsa Golam á fhreagairt. “Caithfidh é a chuardach, tá sé caillte, golam.”

“Ach níor thomhais tú mo cheist dheireanach, agus thug tú d’fhocal,” arsa Biolbó.

“Níor thomhais!” arsa Golam. Agus ansin go tobann tháinig siosarnach ghéar chuige as an dorchadas. “Cad atá ina phócaí aige? Inis é sin dúinn. Caithfidh sé é sin a insint ar dtúss.”

Chomh fada is ab eol do Bhiolbó, ní raibh aon chúis faoi leith aige gan a insint dó. Bhí intinn Gholam tar éis léim chuig tuairim ní ba thapúla ná a intinn féin. B’intuigthe é sin, sa mhéid is go mbíodh Golam ag síormhachnamh ar an aon rud sin ar feadh na gcianta, agus bhíodh faitíos air i gcónaí go ngoidfí uaidh é. Ach chuir an mhoill go mór isteach ar Bhiolbó. I ndeireadh na dála eisean a ghnóthaigh an cluiche go réasúnta féaráilte, agus ar chontúirt ollmhór. “Níor mhór na freagraí a thomhas. Níor ghá iad a thabhairt,” a dúirt sé.

“Ach ní féaráilte an cheist a bhí ann,” arsa Golam. “Níor thomhas é, a sstóirín, ní hea.”

“Bíodh agat, más le gnáthcheisteanna a bhaineann an scéal,” arsa Biolbó mar fhreagra, “ansin is mise is túisce a fhiafróidh ceist. Cad atá caillte agat? Inis dom an méid sin.”

“Cad atá ina phócaí aige?” Chuaigh an tsiosarnaíl in airde agus i ngéire fad is a bhí Biolbó ag breathnú air. Scanraigh Biolbó nuair a chonaic sé dhá phointe solais ag gliúcáil air. De réir mar a bhí ag méadú ar amhras Gholam, bhí a dhá shúil ag loscadh le lasair thláith.

“Cad atá caillte agat?” arsa Biolbó arís eile.

Ach tine ghlas a bhí i solas shúile Gholam faoin am sin, agus bhí sé ag druidim le Biolbó. Bhí Golam ina bhád arís, ag céaslaíocht go fíochmhar i dtreo an bhruaigh dhorcha, agus bhí sé chomh mór sin ar báiní de bharr a chaillteanais is a amhrais, nach mbeadh eagla feasta air roimh chlaíomh ar bith.

Ní raibh tuairim dá laghad ag Biolbó faoin rud a bhí ag cur an ainmiseora chomh mór ar báiní, ach thuig sé go raibh an cluiche caillte aige. Ba chuma cad a tharlódh, bhí rún ag Golam é a mharú. Chas sé go díreach in am agus rith gan féachaint roimhe suas an tollán dorcha ar tháinig sé anuas tríd. Choinnigh sé taobh leis an mballa agus choinnigh sé a lámh chlé uirthi.

“Cad atá ina phócaí aige?” a chuala sé á rá go siosach ar a chúl. Chuala sé slaparnach nuair a léim Golam as a bhád. “Meas tú, cad atá agam?” a dúirt Biolbó leis féin fad is a bhí sé ag tuisliú go saothrach ar aghaidh. Chuir sé a chiotóg isteach ina phóca. Mhothaigh sé an fáinne fíorfhuar agus shleamhaigh sé go ciúin ar an méar a bhí á chuardach.

Bhí an tsiosarnáil in aice lena chúl. Chas sé ansin agus chonaic sé dhá shúil Gholam mar a bheadh dhá lampa bheaga uaine ag teacht an fhána aníos. Tháinig scéin air agus d'fhéach sé le rith ní ba thapúla, ach gan choinne bhuail sé méara a choise ar leac san urlár, agus síneadh ar a bhéal é agus a chlaíomh beag faoi.

Bhí Golam air gan mhoill. Ach sular fhéad Biolbó rud ar bith a dhéanamh, anáil a tharraingt, éirí ar a chosa, nó a chlaíomh a bhagairt air, d'imigh Golam thairis, gan aon aird a thabhairt air, ach é ag eascainí is ag cogarnaíl sa rith dó.

Cad ba bhrí leis? D'fheiceadh Golam sa dorchadas. Chonaic Biolbó solas a dhá shúil ag lonrú go tláith taobh thiar de fiú amháin. D'éirigh sé go tinn agus chuir a chlaíomh ar ais ina thruaill. Bhí an cláíomh ag lonrú arís go lag, agus chuaigh Biolbó go han-airdeallach i ndiaidh Gholam. Chonacthas do Bhiolbó nach raibh rud ar bith eile le déanamh. Níorbh aon mhaith lamhacán ar ais chuig uisce Gholam arís. Dá leanfadh sé é, b'fhéidir go dtabharfadh Golam é chuig bealach éigin éalaithe dá bhuíochas féin.

"Mallacht air! Mallacht air! Mallacht air!" arsa Golam go siosach. "Mallacht ar an mBaigíneach! Tá sé imithe! Cad atá ina phócaí aige? Tá tuairim againn, tá tuairim againn, a sstóirín. Fuair sé é, caithfidh go bhfuair. Mo bhronntanass lá breithe."

Nuair a chuala Biolbó é sin, ghoin a aire é. Bhí sé ag tosú um an dtaca sin ar an scéal a oibriú amach. Dheifrigh sé beagán agus chuaigh chomh garr do chúl Gholam agus a leomhfadh sé. Bhí seisean ag gluaiseacht go mear gan féachaint siar, ach é ag casadh a chloiginn ó thaobh go taobh, mar ba léir do Bhiolbó ón marbhsolas lag ar bhallaí an phasáiste.

"Mo bhronntanass lá breithe! Mallacht air! Conass a chailleamar é, a sstóirín? Is ea, sin é é. Nuair a tháingamar an bealach sin den uair dheireanach, nuair a bhaineamar fásscadh as an sscréachán beag gránna úd. Sin é é. Mallacht air! Thit sé uainn, tar éis na n-aoiseanna fada sin! Tá sé imithe, golam."

Shuigh Golam síos go tobann agus thosaigh sé ag caoineadh. Rinne sé torann feadaíola is glugarnaí a bhí uafásach míbhinn gránna. Stop Biolbó is leathnaigh é féin in aghaidh bhalla an tolláin. D'éirigh Golam as an gcaoineadh tar éis tamaill agus thosaigh ag caint. Bhí an chuma air go raibh sé ag argóint leis féin.

"Ní haon mhaith dúinn é dul ar ais le cuardach, ní hea. Ní cuimhin linn na háiteanna go léir ar thugamar cuairt orthu. Aguss ní haon mhaith dúinn é. Tá sé ag an mBaigíneach ina phóca. Tá sé aimsithe ag an bhfiossróir fuafar, a deirimidne."

“Buille faoi thuairim, a sstóirín, níl ann ach buille faoi thuairim. Ní bheidh a fhioss againn go bhfaighimid an ssuarachán ssalach agus go ndéanfaimid é a fháscadh. Ach níl a fhioss aige cad iss féidir leis an mbronntanass a dhéanamh, an bhfuil a fhioss? Ní dhéanfaidh sé ach a choinneáil ina phóca. Níl a fhioss aige, agus ní féidir leis dul rófhada. Tá sé ar seachrán, an fiossróir fuafar. Níl eolass an bhealaigh amach aige. Dúirt sé sin linn.”

“Dúirt sé sin linn. Is ea, dúirt. Ach is cleassach an diúlach é. Ní deir sé a bhfuil ar intinn aige. Ní déarfadh sé linn cad a bhí aige ina phóca. Tá a fhioss aige. Tá eolass aige ar bhealach isteach, caithfidh go bhfuil an tslí amach ar eolass aige, is ea. Tá sé imithe chuig an dorass cúil. An dorass cúil, is ea. Sin é é.”

“Béarfaidh na púcaí air mar sin. Ní féidir leis éalú an bealach sin, a sstóirín.”

“Ssss, sss, golam! Púcaí! Is ea, ach má tá an bronntanass aige, an bronntanass breá seo againne, gheobhaidh na púcaí é, golam! Gheobhaidh siad é, gheobhaidh siad amach cumass an sstóirín. Ní bheimidne ssábháilte go deo arís, go deo, golam! Cuirfidh duine de na púcaí air féin é, agus ní fheicfidh aon duine é. Beidh sé ann ach ní fheicfear é. Ní fheicfear ár ssúile cliste féin é; agus tiocfaidh sé go ssnámhach slítheánta agus béarfaidh sé orainn, golam, golam!”

“Éirimis ass an gcaint mar sin, a sstóirín, agus déanaimis deifir. Más é an bealach sin a ndeachaigh an Baigineach, caithfimid dul níos tapúla go bhfeicfimid. Téigh ar aghaidh! Níl sé i bhfad anois. Déan deifir!”

Léim Golam aníos agus thosaigh ag luascadh chun bealaigh go han-scafánta. Dheifrigh Biolbó ina dhiaidh, go hairdeallach i gcónaí, ach ba é an eagla ba mhó a bhí anois air go dtitfeadh sé ar chloch eile agus go ndéanfadh sé torann. Bhí a cheann ina roithleán le teann iontais is dóchais. Bhí an chuma ar an scéal gur fainne draíochta a bhí san fháinne a fuair sé: dhéanfaidh sé duine dofheicthe! Chuala sé trácht ar a leithéid sna seanscéalta, ar ndóigh; ach ba dheacair creidiúint go raibh a leithéid faighte aige féin trí thimpiste. Ach bhí sé aige ina dhiaidh sin féin; chuaigh Golam na súl glé thairis, agus gan é ach slat óna thaobh.

Chuaigh siad ar aghaidh, Golam ag flapáil ar aghaidh roimhe, é ag siosarnach agus ag eascainí; Biolbó ag gluaiseacht chomh ciúin agus ab fhéidir le hobad. Tháinig siad go luath chuig áiteanna a mbíodh taobhphasáistí ag oscailt ar dheis agus ar chlé, mar a thug Biolbó faoi deara ar a bhealach anuas. Thosaigh Golam láithreach ar iad a chomhaireamh.

“Ceann amháin ar chlé, is ea. Ceann ar dheis, is ea. Dhá cheann ar dheis, is ea, is ea. Dhá cheann ar chlé, is ea, is ea.” Agus mar sin de agus mar sin de.

De réir mar a chuaigh an comhaireamh ar aghaidh, is amhlaidh a mhoilligh Golam síos, agus chuaigh sé i gcreathaí agus ba mhó an fonn goil a bhí air; óir is ag imeacht ón uisce a bhí sé agus bhí eagla ag teacht air. D’fhéadfadh púcaí a bheith thart, agus bhí a fháinne caillte aige. Stop sé sa deireadh in aice le hoscailt íseal, a bhí ar an taobh clé agus iad ag dul suas.

“Seacht gcinn ar dheis, is ea. Sé cinn ar chlé, is ea!” a dúirt sé de chogar. “Seo é é. Seo an bealach chuig an dorass cúil, is ea. Seo é an passáiste!”

D’fhéach sé isteach agus chúb le faitíos. “Ach níl sé de dhánacht againn dul isteach, a sstóirín; níl sin. Púcaí thíos ansin. A lán lán púcaí. Faighimid a mboladh. Ssss!”

“Cad a dhéanfaimid? Bearnú aguss basscadh orthu! Caithfimid fanacht anseo, a sstóirín. Fanfaimid tamall aguss feicfimid.”

Stop siad ar fad mar sin. Thug Golam Biolbó chuig an mbealach amach i ndeireadh na dála, ach ní raibh Biolbó in ann dul an bealach sin! Bhí Golam ina shuí cuachta suas san oscailt féin, a dhá shúil ag lonrú go fuar ina chloigeann, agus é ag luascadh ó thaobh go taobh idir a dhá ghlúin.

D’imigh Biolbó ón mballa ní ba chiúine ná luch, ach dhírigh Golam é féin láithreach agus bholaigh sé an t-aer. Tháinig dath glas ar a dhá shúil. Lig sé síosarnach bhog bhagrach as. Ní fhaca sé an hobad, ach bhí sé ar a aire anois, agus bhí céadfaí eile aige, ar ghéaraigh an dorchadas iad: cloisteáil agus bolachtáil. Bhí sé cromtha anuas ar fad, a dhá lámh chothroma arna leathadh in aghaidh an urláir, a chloigeann saite chun tosaigh, a shrón ag teagmháil leis an gcloch nach mór. Cé nach raibh i nGolam ach scáth dubh i loinnir a dhá shúl féin, chonaic Biolbó nó mhothaigh sé go raibh Golam chomh teann le sreang bhogha agus go raibh sé réidh le léimneach.

Is beag nár stop Biolbó a chuid anála féin agus chuaigh sé i dteannas. Bhí sé ar mire le heagla. Bhí air éalú, amach as an dorchadas uafásach seo, fad is d’fhan neart ar bith ann. Bheadh air troid. Bheadh air an mhiodóg a shá sa rud gránna, a dhá shúil a bhaint as, é a mharú. Bhí rún ag Golam eisean a mharú. Ní hea, ní troid fhéaráilte. Bhí seisean dofheicthe anois. Ní raibh claiómh ar bith ag Golam. Níor bhagair Golam air go fóill go maródh sé é, is ní dhearna sé an iarracht go fóill. Ach bhí Biolbó éadóchasach uaigneach agus ar seachrán. Tháinig comhthuiscint thobann chuig

Biolbó, trócaire agus uafás le chéile, sracfhéachaint ar laethanta gan áireamh gan éagsúlacht, gan solas, gan dóchas go dtiocfadh feabhsú ar bith, cloch chrua, iasc fuar, smúrthacht agus cogarnaíl. Rith na smaointe uile go léir sin trína chloigeann laistigh de cheathrú soicind. Rith creathán tríd. Agus ansin ceathrú soicind eile, amhail is go raibh neart nua agus dóchas nua aige, léim sé.

Níor mhór an léim a bhí ann do dhuine ach léim sa dorchadas ab ea é. Léim sé glan oscartha thar Gholam, seacht dtroithe chun tosaigh agus trí troithe in airde. Go deimhin, dá mbeadh a fhios aige é, dóbair dó a chloigeann a chnagadh ar áirse íseal an phasáiste.

Chaith Golam é féin siar nuair a léim an hobad thairis; chuir sé a lámha amach le breith air ach bhí sé ródhéanach. Dhún a dhá lámh ar aer folamh, agus thit Biolbó go deas ar a chosa daingne agus dheifrigh sé leis síos an tollán nua. Níor chas sé le feiceáil cad a bhí ar bun ag Golam. Ar dtús bhí siosarnail agus eascainí le cloisteáil go díreach ar a chúl. Tháinig deireadh leis an torann ansin. Leis sin chualathas scréach uamhnach, a raibh an fuath agus an t-éadóchas tríthi. Bhí Golam arna chloí. Ní leomhfadh sé dul ní b'fhaide. Bhí an cluiche caillte aige. Chaill sé a chreach, agus chaill sé freisin an t-aon rud ar an saol ba mhór leis riamh, a stóirín. Nuair a d'airigh sé an scréach, is beag nár thit a anam as Biolbó le teann eagla, ach lean sé leis. Bhí an guth ansin chomh lag le macalla laistiar de, ach bhí bagairt ann ina dhiaidh sin féin:

“Gadaí, gadaí, gadaí! Baigineach! Iss fuath linn, iss fuath linn, iss fuath linn é go deo!”

Tháinig ciúnas ansin. Ach chonacthas do Bhiolbó go raibh bagairt sa chiúnas féin. “Má tá na púcaí chomh cóngarach dúinn, gur airigh sé a mboladh,” a dúirt sé leis féin, “ansin chuala siad an screadaíl is an mallachtú. Aire anois, nó tabharfaidh an bealach seo go dtí nithe is measa fós.”

Is íseal garbhdhéanta a bhí an pasáiste. Bhí sé sin sách éasca don hobad ach amháin nuair a bhuaileadh sé a chosa in éadan clocha gránna géara ar urlár an tolláin, rud a rinne sé níos mó ná uair amháin, in ainneoin a airdill. “Beagán ró-íseal do phúcaí,” a dúirt Biolbó leis féin, “do na cinn mhóra ar aon chuma.” Ní raibh a fhios aige gur nós leis na púcaí móra, oirc na sléibhte, taisteal ar luas mór agus iad cromtha síos, a lámha ag teagmháil leis an talamh nach mór.

Bhí an pasáiste ag dul síos le fána ach go luath thosaigh sé ag ardú arís. Tar éis tamaill bhí sé ag éirí go géar. Chuir sé sin moill ar Bhiolbó. Sa deireadh tháinig críoch leis an ardú, chas an pasáiste thar choirnéal agus chuaigh síos arís. Ansin ag ceann fána ghearr is

éard a chonaic Biolbó ag teacht thar choirnéal eile—léas solais. Ní solas dearg ó thine nó ó lóchrann, ach solas lag mar a bheadh ó áit amuigh faoin spéir. Thosaigh Biolbó ag rith.

Bhí sé ag rith de scodal chomh tapa agus ab fhéidir leis nuair a chas sé an coirnéal deireanach. Leis sin tháinig sé go spás oscailte, áit ar bhraith sé, tar éis an oiread sin ama a chaitheamh sa dorchadas, go raibh an solas rógheal. Ní raibh ann dáiríre ach léas de sholas na gréine a bhí ag teacht trí dhoras. Bhí comhla an dorais féin, comhla cloiche, ar faonoscailt.

Chaoch Biolbó a dhá shúil is ansin chonaic sé na púcaí: púcaí lánarmtha agus a gclaimhte tarraingthe ina suí go díreach taobh istigh den doras. Bhí siad ag faire ar an bpasáiste a théadh suas go dtí é. Bhí siad ina lándúiseacht, ar bís agus ullamh do rud ar bith.

Ba thúisce a chonaic siadsan eisean ná mar a chonaic seisean iadsan. Is ea, chonaic siad é. Cá bhfios cé acu timpiste a bhí ann nó cleas deireanach an fháinne sular ghlac sé le máistir nua, ach ní raibh sé ar a mhéar. Liúigh na púcaí le huailleacha áthais agus d'ionsaigh siad é.

Mar a bheadh macalla d'ainnise Gholam, chuaigh racht eagla agus caillteanais trí Bhiolbó. Rinne sé dearmad fiú ar a chlaíomh a tharraingt ach sháigh sé a lámha isteach ina phócaí. Is ansin a bhí an fáinne, ina phóca clé, agus shleamhnaigh sé ar a mhéar. Stad na púcaí láithreach dá rith. Ní fhéadfaidís aon chuid de a fheiceáil. Bhí sé imithe as amharc. Liúigh siad dhá uair ní ba threise ná roimhe sin, ach gan an oiread céanna áthais orthu.

“Cá bhfuil an rud?” a dúirt siad de ghlaó.

“Téigí ar ais suas an pasáiste!” arsa cuid acu.

“An bealach seo!” a dúirt cuid acu. “An bealach sin!” a dúirt cuid eile.

“Coinnigí súil ar an doras,” a dúirt an ceannfort de bhéic.

Bhíothas ag séideadh feadóg, ag bualadh cathéidí, ag greadadh claimhte agus bhí púcaí ag eascainí is ag mallachtach, ag rith anonn is anall, ag titim thar a chéile agus bhí fearg mhór ag teacht orthu. Bhí raic, rí rá, agus raiple húta uafásach ann.

Cé go raibh scanrú a anama ar Bhiolbó, bhí an oiread stuama aige le go dtuigfeadh sé céard a tharla. Chuaigh sé i bhfolach go ciúin laistiar de bhairille mór a raibh deoch do na fairtheoirí ann. Bhí sé as an mbealach mar sin sa chaoi nach mbuailfí isteach ann, nach satlófaí ina bheatha é agus nach dtiocfadh na púcaí air trína a lámha a leagan air de thaisme.

“Ní mór dom an doras a shroicheadh, ní mór dom an doras a shroicheadh,” a deireadh sé leis féin arís agus arís eile, ach b'fhada

go raibh de dánacht ann triail a bhaint as. Ansin ba gheall é le cluiche gránna dalladh púicín. Bhí an áit lán le púcaí ag rith timpeall. Lúbadh an hobad beag bocht an bealach seo agus an bealach sin. Leag púca é, nár thuig cad a bhuail leis. D'éalaigh Biolbó ar a cheithre dhearna uaidh, shleamhnaigh idir dhá chos an cheannfoirt go díreach in am, d'éirigh ar a chosa, agus rith chuig an doras.

Bhí an doras ar faonoscailt i gcónaí, ach dhún púca éigin é sa chaoi nach raibh ach fíorbheagán d'oscailt ann. Rinne Biolbó a sheacht ndícheall ach ní raibh sé in ann an doras a chorráí. D'fhéach sé le sleamhnú tríd an oscailt chaol. Bhrúigh sé is bhrúigh sé agus chuaigh sé i sáinn ann! Bhí sin go huafásach. Chuaigh a chuid cnaipí i bhfostú idir imeall na combhla agus an ursainn. D'fhéach sé amach faoin aer. Bhí roinnt céimeanna ag dul síos go dtí gleann caol idir sléibhte arda; tháinig an ghrian amach faoi scamall agus lonraigh go soilseach taobh amuigh den doras—ach ní raibh Biolbó in ann dul tríd.

Go tobann ghlaigh amach ceann de na púcaí istigh: “Feicim scáth sa doras. Tá rud éigin amuigh!”

Bhí a chroí i mbarr a chluaise ag Biolbó. Rinne sé lúbarnach ar nós eascainne. Phreab a chnaipí de phléasc i ngach uile threo. D'éirigh leis dul tríd, a chóta is a veist stróicthe, agus thosaigh sé ag léimneach anuas na céimeanna ar nós gabhair, fad is a bhí púcaí faoi mhearbhall ag tógáil a chnaipí deasa práis den tairseach.

Ar ndóigh níorbh fhada gur tháinig siad anuas ina dhiaidh, ag liúireach, ag béicíl agus ag tóraíocht idir na crainn. Ach ní thaitníonn an ghrian leo: cuireann sí crith ar a gcosa agus meadhrán ina gceann. Níor fhéad siad Biolbó a aimsiú agus an fáinne ar a mhéar, mar bhí seisean ag sleamhnú isteach is amach as scáth na gcrann, ag rith go ciúin tapa, agus ag seachaint na gréine; d'fhill siad go luath mar sin chun an doras a ghardáil agus gach uile bhanrán agus eascaine acu. D'éirigh le Biolbó éalú uathu.

Caibidil VI

As an bhFriochtán Isteach sa Tine

Bhí Biolbó saor ó na púcaí ach ní raibh tuairim dá laghad aige cá raibh sé. Bhí cochall, clóca, bia, capaillin, cnaipí, agus cairde caillte aige. Lean sé air ag fánaíocht roimhe, go dtí gur thosaigh an ghrian ag dul faoi—taobh thiar de na sléibhte. Bhí a scáthanna ag titim ar a chosán agus bhreathnaigh sé siar. Ansin bhreathnaigh sé roimhe agus ní fhaca sé ach droimní agus learga ag dul síos go dtí na hisealchríocha agus na machairí a bhíodh le feiceáil uaireanta idir na crainn.

“A thiarcais!” a dúirt sé de ghla, “Dealraíonn sé gur éirigh liom teacht chuig an taobh thall de Shléibhte an Cheo, chuig imeall na Dúiche Lastall! Ó cén áit a bhfuil Gandalf agus na habhaic imithe? A thiarcais, tá súil agam nach bhfuil siad thiar ansin i gcónaí faoi smacht na bpúcaí!”

Lean sé air ag fánaíocht roimhe, amach as an ngleann beag ard, thar a imeall, agus síos na learga lastall; ach bhí smaoineamh mí-thaitneamhach ag fás ann i dtólamh. Bhí sé ag fiafraí de féin, ó tharla an fáinne draíochta aige, ar cheart dó filleadh isteach sna tolláin ghránna, ghránna sin chun a chairde a chuardach. Ní túisce a shocraigh sé ina intinn gurbh é sin a dhualgas, go gcaithfeadh sé filleadh—ná chuala sé guthanna.

Stad sé is chuir cluas air féin. Chonacthas dó nár phúcaí a bhí ann; shiúil sé go han-aireach ar aghaidh. Bhí sé ar chosán clochach a théadh go casta síos an cnoc, balla cloiche ar an taobh clé; bhí fána leis an talamh ar an taobh eile agus bhí logáin faoi leibhéal an chosáin agus toir agus crainn ag fás go rábach tharstu. Bhí daoine ag caint faoi bhun na dtor i gceann de na logáin sin.

Dhruid sé leo tuilleadh, agus go tobann chonaic sé cloigeann faoi chochall dearg ag gliúcáil amach idir dhá charraig mhóra: ba é Báilín é agus é air i mbun faire. D’fhéadfadh Biolbó a dhá bhos a bhualadh le chéile agus liúireach le teann áthais. Ach ní dhearna sé amhlaidh. Bhí an fáinne ar a mhéar i gcónaí, ar fhaitíos go mbuailfeadh sé gan

choinne le rud gránna, agus thug sé faoi deara go raibh Báilín ag féachaint go díreach ina threo ach nach bhfaca sé é.

“Bainfidh mé geit astu uile,” a dúirt sé leis féin agus é ag téaltú isteach sna toir ar imeall an logáin. Bhí Gandalf ag argóint leis na habhaic. Bhí gach dár bhain leo sna tolláin á phlé acu, agus bhí éiginnteacht is amhras orthu faoinar chóir dóibh a dhéanamh ansin. Bhí na habhaic ag banrán, agus ba é tuairim Ghandalf nach bhféadfaidís ar chor ar bith leanúint ar aghaidh lena n-aistear agus an Baigíneach a fhágáil i lámha na bpúcaí, gan iarracht a dhéanamh fáil amach an raibh sé beo nó marbh, agus gan féachaint le n-é a fhuascailt.

“Is é mo charasa i ndeireadh na dála é,” arsa an draoi, “agus ní dona an giolla beag é. Airímse freagrach as. Is mór an trua é gur chaill sibh é.”

Theastaigh ó na habhaic fios a bheith acu cén fáth ar tugadh leo ar chor ar bith é, cén fáth nár fhéad sé greamú dá chairde agus teacht in éineacht leo, agus cén fáth nár roghnaigh an draoi duine éigin a raibh níos mó céille aige. “Is mó an trioblóid a bhí ann go dtí seo ná an leas a bhaineamar as,” arsa duine acu. “Más gá dúinn dul ar ais sna tolláin uamhnacha seo le n-é a thóraíocht, ansin ‘drochrath air’ a deirimse.”

D’fhreagair Gandalf go feargach agus dúirt: “Mise a thug liom é agus ní nós liom rudaí gan fónamh a thabhairt liom. Tá rogha agaibh: tiocfaidh sibh liom á thóraíocht, nó imeoidh mé i m’aonar agus fágfaidh mé anseo sibh chun imeacht as an nead ghríbe seo chomh maith agus is féidir libh. Má éiríonn linn é a aimsiú in aon chor, beidh sibh buíoch díom sa deireadh thiar thall. Cén fáth ar lig tú uait é, a Dhóirí?”

“Ligfeá féin uait é,” arsa Dóirí, “dá mbéarfadh púca go tobann ar do chosa laistiar sa dorchadas. Bhain sé tuisle asam agus chiceáil sa droim mé!”

“Cén fáth mar sin nár thóg tú an hobad den talamh arís?”

“Dar fia! An féidir leat a leithéid a fhiafraí? Na púcaí ag troid agus ag baint greamanna asam sa dorchadas, cách ag titim thar na corpáin agus ag bualadh a chéile! Dóbair duit féin mo chloigeann a bhaint díom le Glamdring, agus bhí Tóirín ag sá anseo, ansiúd agus gach uile áit le hOrcrist. Agus leis sin rinne tú ceann de do phléascanna soilseacha, agus chonaiceamar na púcaí ag rith agus gach uile bhéic acu. Ghlaoigh tusa, ‘Leanadh gach duine mise!’ agus ba chóir do gach uile dhuine thú a leanúint. Cheapamar gur lean gach uile dhuine thú. Ní raibh am ar bith againn gach duine a chomhaireamh, mar is eol duit féin go rímhaith, gur thugamar

ruathar trí ghardaí an gheata, amach as an doras íochtarach, agus anuas anseo ar caorthainn chárthainn. Agus seo anois sinn—gan an buirgléir, léirscrios air!”

“Agus seo é an buirgléir!” arsa Biolbó agus shiúil sé anuas isteach ina lár, ag baint an fháinne dá mhéar.

A mhuiricín, nár bhain sé sin geit astu! Ansin liúigh siad le hiontas is le háthas. Bhí an oiread iontais ar Ghandalf agus a bhí ar dhuine ar bith, ach is dócha gur mhó an pléisiúr a bhí aigesean ná ag an dream eile. Ghlaoigh Gandalf ar Bháilín agus d’inis a mheas dó ar fhear faire a ligfeadh do dhaoine siúl suas chuige mar sin gan rabhadh. Ba í firinne an scéil gur mhéadaigh go mór ar chlú agus ar cháil Bhiolbó i measc na n-abhac ina dhiaidh sin. Má bhí amhras orthu i dtaobh a fheabhais mar bhuirgléir, in ainneoin gach dá n-abraíodh Gandalf, ní raibh amhras orthu a thuilleadh. Ba é Báilín an duine ba mhó a raibh mearbhall air, ach d’admhaigh gach uile dhuine gur sárobair a bhí ann gan dabht ar bith.

Go deimhin chuir a moladh an oiread sin áthais ar Bhiolbó, nach ndearna sé ach gáire leis féin; ní dúirt sé tada faoin bhfáinne agus nuair a d’fhiafraigh siad de conas a rinne sé é, is éard a dúirt sé, “Ó, théaltaigh mé liom, tá a fhios agaibh—go han-airdeallach agus go han-chiúin.”

“Bhuel, b’shin é an chéad uair riamh a shnámh oiread is luch aníos faoi mo shrón go hairdeallach ciúin gan mise á thabhairt faoi deara,” arsa Báilín, “agus bainim mo chochall duit.” Rud a rinne sé.

“Is mise Báilín do sheirbhíseach umhal,” arsa seisean.

“Is mise an Baigíneach, do sheirbhíseachsa,” arsa Biolbó.

Theastaigh uathu ansin cloisteáil faoinar tharla dó ó chaill siad é, agus shuigh sé síos agus d’inis gach uile rud dóibh—ach amháin cén chaoi a bhfuair sé an fáinne (“Ní inseoidh mé é sin anois díreach,” a dúirt sé leis féin). Bhí spéis faoi leith acu i gcomórtas na dtomhas, agus chuir an tuairisc a thug sé ar Gholam creathán orthu, rud ab ábhar sásaimh do Bhiolbó.

“Agus ansin ní raibh mé in ann smaoineamh ar a thuilleadh ceisteanna agus é ina shuí le mo thaobh,” arsa Biolbó ar deireadh, “mar sin ní dúirt mé ach ‘cad atá i mo phóca agam?’ Níor fhéad sé é a thomhas nuair a thug mé trí sheans dó. Dúirt mé mar sin, ‘Céard faoi do ghealltanais? Taispeáin an bealach amach dom!’ Ach d’ionsaigh seisean mé le go maródh sé mé, agus d’imigh mé de rith, agus thit mé, agus chuaigh sé tharam sa dorchadas gan mé a fheiceáil. Ansin lean mé é, óir chuala mé ag caint leis féin é. Chreid seisean go raibh colas na slí amach agam, agus bhí sé ag déanamh air sin. Leis sin shuigh sé síos sa doras, agus níorbh fhéidir liom dul

thairis. Léim mé thairis mar sin agus d'éalaigh mé uaidh. Rith mé síos chuig an ngeata."

"Céard faoi na gardaí?" arsa siadsan mar cheist. "Nach raibh gardaí ann?"

"Bhí go deimhin. Bhí a lán díobh ann, ach d'éirigh liom iad a sheachaint. Chuaigh mé i bhfostú sa doras, nach raibh oscailte ach ar éigean, agus chaill mé a lán cnaipí," a dúirt sé go brónach agus é ag féachaint ar a chuid éadaigh stróicthe. "Ach bhrúigh mé mé féin tríd ceart go leor—agus seo anois mé."

D'fhéach na habhaic air agus bhí meas nua acu dó, nuair a labhair sé faoi na gardaí a sheachaint, faoi léimneach thar Gholam agus faoin gcaoi ar bhrúigh sé tríd an doras, amhail is nach raibh ceann ar bith acu contúirteach ná scanrúil.

"Céard a dúirt mé libh?" arsa Gandalf agus é ag gáire. "Tá níos mó sa Bhaigíneach Uasal ná mar a thomhaisfeadh sibh." Thug sé féachaint aisteach ar Bhiolbó amach faoina mhalai tiubha, fad is a dúirt sé sin, agus d'fhiafraigh an hobad de féin ar thomhais an draoi an chuid dá scéal a bhí fágtha ar lár aige.

Ansin bhí ceisteanna ag Biolbó ar Ghandalf, óir má bhí gach rud mínithe faoin am sin ag Gandalf do na habhaic, níor chuala Biolbó fós é. Theastaigh uaidh fios a bheith aige cén chaoi ar tháinig an draoi i láthair arís agus cén áit a raibh siad um an dtaca sin.

Déanta na firinne níor leasc riamh leis an draoi a chuid clisteachta a mhíniú níos mó ná uair amháin, mar sin d'inis sé do Bhiolbó gur thuig sé féin agus Elrond go raibh drochphúcaí sa chuid sin de na sléibhte ach gur ar chosán eile ar fad a d'osclaíodh a bpríomhgheata tráth, cosán ab éasca do thaistealaithe. Is minic mar sin a bheiridís ar dhaoine ar tháinig an dorchadas orthu in aice lena ngeataí. D'éirigh na daoine as dul an bealach úd de réir cosúlachta agus caithfidh go raibh oscailt nua déanta tamall cuibheasach gearr ó shin ag na púcaí ag barr an bhearnais a ndeachaigh na habhaic air, mar is amhlaidh a bhíodh sé an-sábhaile do na daoine go dtí le gairid.

"Ní mór dom fathach réasúnta nó leathréasúnta a aimsiú chun an bearnas a dhúnadh arís," arsa Gandalf, "nó is gearr nach mbeifear in ann dul thar na sléibhte ar chor ar bith."

A thúisce is a chuala Gandalf uail Bhiolbó, thuig sé céard a bhain dóibh. Nuair a phléasc an lasair a mharaigh na púcaí a bhí ag breith air, shleamhnaigh Gandalf isteach sa scoilt, a bhí ag dúnadh le snap. Lean sé na tiománaithe agus na príosúnaigh chomh fada le himeall an halla mhóir, agus is ansin a shuigh sé síos agus a shaothraigh sé ansin sa scáth an draíocht ba chumhachtaí dá raibh aige.

“Obair fhíoríogair a bhí ann,” arsa Gandalf. “Chuaigh sé go dtí an dóbair.”

Ach ar ndóigh bhí staidéar faoi leith déanta ag Gandalf ar draíocht le tine agus le soilse (ní dhearna an hobad dearmad riamh ar na tinte ealaíne draíochtúla a chuireadh Gandalf ar bun ag féilte lár an tsamhraidh an tSean-Túcaigh, mar is cuimhin libh féin). Tá an chuid eile ar eolas againn uile—ach amháin go raibh a fhios ag Gandalf doras cúil a bheith ann, mar a thugadh na púcaí ar an ngeata íochtarach, an áit ar chaill Bialbó a chuid cnaipí. Leis an bhfirinne a rá, bhí an geata íochtarach ar eolas ag gach uile dhuine a raibh eolas ar an gcuid sin de na cnoic aige; ach ba ghá draoi a bheith ann, draoi nár chaill a chiall, chun iad a threorú an bealach ceart.

“Cianta ó shin a rinne siad an geata sin,” a dúirt se, “mar bhealach éalaithe go dtí pointe áirithe, dá mba ghá sin; agus mar bhealach amach freisin chuig na tailte thall, áit a dtagann siad go fóill nuair a bhíonn sé dorcha, agus déanann siad a lán damáiste. Bítear á ghardáil i dtólamh agus níor éirigh le haon duine riamh é a dhúnadh suas. Beifear á ghardáil dhá uair níos airdeallaí anois,” arsa seisean trína gháire.

Bhain sin gáire as gach uile dhuine. Bhí mórán cailte acu i ndeireadh na dála ach bhí an Púca Mór maraithe acu agus a lán eile lena chois, agus d’éalaigh siad go léir. D’fhéadfaí a rá mar sin gur acu féin a bhí an lámh in uachtar go dtí sin.

Ach thug an draoi ar ais chucu féin iad: “Caithfidh cur chun bóthair láithreach,” arsa seisean, “ó ghlacamar sos beag. Beidh na céadta acu inár ndiaidh nuair a thitfidh an oíche; agus tá na scáthanna ag dul i bhfad cheana féin. Gheobhaidh siad boladh ár gcos ar an talamh ar feadh uaireanta fada an chloig tar éis dúinn imeacht. Ní mór dúinn dul na mílte slí ar aghaidh sula dtiocfaidh an clapsholas. Beidh beagán gealaí ann freisin, má mhaireann an aimsir bhreá, agus is ámharch an ní é sin. Ní chuireann an ghealach isteach orthu mórán, áfach, ach tabharfaidh sí iarracht de sholas dúinn chun ár slí a dhéanamh amach.”

Chuir an hobad tuilleadh ceisteanna air. “Ó, is ea!” a dúirt sé mar fhreagra, “Cailleann duine tuiscint ar imeacht an ama i dtolláin na bpúcaí. Inniu an Déardaoin agus oíche Luain nó maidin Mháirt a bhí ann nuair a rugadh orainn. Tá mórán mílte slí siúlta againn agus thángamar anuas trí chroí na sléibhte, agus anois is ar an taobh thall atáimid—is mór an t-aicearra a chuamar. Ach nílím san áit a dtabharfadh ár gcosán sinn; táimid rófhada ó thuaidh, agus is

anróiteach an dúiche atá romhainn. Agus táimid sách ard suas i gcónaí. Cuirimis chun bóthair!”

“Tá ocras uafásach orm,” arsa Biolbó de chnead, arae thuig sé go tobann nár ith sé béile ar bith ó oíche roimh arú aréir. Samhlaigh sin i dtaobh hobaid! Mhottaigh sé folúntas is éideannas ina bholg agus bhí a chosa ag lúbadh faoi, ó tharla an chorraíl go léir a bheith thart.

“Níl leigheas againn air sin,” arsa Gandalf, “mura bhfuil tú sásta filleadh agus iarraidh go deas ar na púcaí do chapailín agus do bhagaíste a thabhairt ar ais duit.”

“B’fhearr liom gan!” arsa Biolbó.

“Maith go leor mar sin, ní mór dúinn ar mbeilt a fháscadh agus crágáil ar aghaidh—é sin, nó déanfar suipéar dínn, agus ba mheasa sin ná gan suipéar a bheith againn féin.”

D’fhéachadh Biolbó ó thaobh go taobh sa tsiúl dóibh chun rud éigin inite a fháil; ach bhí bláthanna fós ar sceacha na sméar, agus ar ndóigh ní raibh cnónna ná sceachóirí féin ann. Fuair sé beagán samhaidh agus chreim sé é sin, d’ól sé as sruthán sléibhe a bhí ag rith trasna an chosáin, agus d’ith sé trí cinn de shúnna talún fiáine a fuair sé ar an mbruach, ach ba bheag an mhaith an méid sin.

Lean siad orthu ag siúl. Chuaigh an cosán i ngairbhe. D’imigh na sceacha agus an fear fada idir na clocha móra, d’imigh na paistí féir a bhí ite go cothrom ag na coiníní, d’imigh an tím, an sáiste agus an máirtín fiáin, d’imigh gach ceann de na grianróis bhuí, agus fuair siad iad féin ag mullach fána leathan ghéar de chlocha tite. B’shin é a raibh fágtha de mhaidhm talún. Nuair a thosaigh siad ag dul síos an fhána sin, rolláil bruscar agus púróga beaga amach faoina gcosa; níorbh fhada ansin gur thosaigh píosaí móra de chloch scoilte ag titim go cleatrach síos, rud a chuir píosaí eile fúthu ag sleamhnú is ag rolláil anuas. Ansin corraíodh leacacha móra agus d’imídís sin ag preabarnach síos, dhéanaidís siad torann agus d’ardaídís deannach nuair a thitidís. Sul i bhfad chonacthas dóibh go raibh an fhána uile go léir os a gcionn agus fúthu ag gluaiseacht léi, agus bhí siad féin cruinn le chéile ag sleamhnú leo, agus ina dtimpeall bhí tranglam scanrúil de leacacha agus de chlocha ag titim, ag cleatráil agus ag cnagadh.

Ba iad na crainn in íochtar a tharrtháil iad. Théaltaigh na taistealaithe isteach in imeall coill ghiúise a bhí ag dul suas taobh an chnoic ó na foraoisí domhaine dorcha sna gleannta thíos. Rug cuid acu ar stoc na gcrann agus luasc iad féin suas ar na craobhacha íochtaracha, chuaigh cuid acu (an hobad beag ina measc) ar chúl crainn ar foscadh ó ionsaí na gcloch mór. Níorbh fhada go raibh an dainséar thart, bhí an mhaidhm thalún tar éis stad, agus chuala siad

na pleisteanna deireanacha nuair a chuaigh na clocha scaoilte ag preabarnach agus ag casadh i measc na raithní agus fhréamhacha na ngiúiseanna i bhfad thíos fúthu.

“Bhuel, chuir sé sin chun tosaigh beagán sinn,” arsa Gandalf, “agus beidh sé deacair do na púcaí teacht anuas go ciúin ar ár dtóir anseo.”

“Is dócha é,” arsa Bombúr go banránach, “ach ní bheidh sé deacair dóibh clocha móra a chur ag preabadh anuas orainn.” Ní mó ná sásta a bhí na habhaic agus Biolbó, agus bhí siad ag cuimilt a lámh dá gcosa brúite basctha.

“Seafóid! Táimid ag dul ag casadh anseo as bealach an mhaidhm thalún. Caithfidh a bheith tapa. Breathnaí ar an solas!”

B’fhada ó chuaigh an ghrian laistiar de na sléibhte. Bhí na scáthanna ag dul i ndomhaine ina dtimpeall cheana féin, ach i bhfad uathu trí na crainn agus thar bharr na gcrann sin a bhí ag fás ní b’fhaide síos, chonaic siad solas an tráthnóna ar na machairí thíos. Chuaigh siad ar aghaidh ansin ag bacadail chomh sciobtha agus ab fhéidir leo síos fána shéimh trí fhoraois péine, agus iad ar chosán fiarlánach a théadh de shíor ó dheas. Uaireanta bhrúidís trí lear raithní agus bhí na froinn i bhfad os cionn chloigeann an hobaid; uaireanta eile bhídís ag máirseáil chomh ciúin céanna ar urlár de spíonlach péine; agus bhí dorchadas na foraoise ag dul i nduibhe agus ciúnas na foraoise ag dul i ndomhaine. Ní raibh gaoth ar bith ann an tráthnóna sin chun seabhrán dá éadroime a chur trí chraobhacha na gcrann.

“An gá dúinn dul níos faide?” arsa Biolbó, nuair a bhí an clapholas chomh dorcha sin gur ar éigean a d’fheiceadh sé féasóg Thóirín ag preabadh lena thaobh, agus chomh ciúin sin go dtaibhsítí dó gur torann ard a bhí in análú na n-abhac. “Tá méara mo chos brúite camtha, tá pian i mo ghéaga, agus tá mo bholg ag luascadh mar a bheadh mála folamh.”

“Beagán níos faide,” arsa Gandalf.

Tar éis dul níos faide tamall (agus chonacthas do Bhiolbó gurbh an-fhada an tamall é) tháinig siad go tobann ar réiteach nach raibh crann ar bith ag fás ann. Bhí an ghealach tar éis éirí agus bhí sí ag lonrú isteach ar an bplásóg. Ar bhealach éigin ba dhóigh leo uile nár dheas an áit é, bíodh nach raibh locht ar bith le feiceáil air.

I bhfaiteadh na súl chuala siad uaill i bhfad uathu síos an cnoc, uaill fhada chreathach. D’fhreagair uaill eile í ar dheis agus níos giorra go mór dóibh; ansin chualathas ceann eile sách cóngarach

dóibh ar chlé. Faolchúnna a bhí ann agus iad ag uallfartach chuig an ngealach, mic tíre ag cruinniú le chéile!

Ní raibh mac tíre ar bith ina chónaí gairid do theach an Bhaiginigh, ach bhí aithne aige ar an torann sin. Chuala sé daoine ag cur síos air sách minic i scéalta. Duine dá chairde gaoil (ar thaobh na dTúcach), ar thaistealaí mór le rá é, ba nós leis aithris a dhéanamh ar uaill na mac tíre d'fhonn Biolbó a scanrú. Nuair a chuala sé amuigh faoin spéir san fhoraois é, níorbh fhéidir le Biolbó a fhulaingt. Níl mórán maitheasa sna fáinní sí féin in éadan mac tíre—go háirithe in éadan na ndrochphacaí úd a mhaireadh faoi scáth shléibhte na bpúcaí, thar Imeall an Fhiántais ar chiumhais na gcríoch anaithnid. Is géire bolaíocht mic tíre an chineáil sin ná céadfa bolaithe na bpúcaí, agus ní gá do na mic tíre duine a fheiceáil le breith air!

“Cad a dhéanfaimid, cad a dhéanfaimid?” a dúirt Biolbó de liú. “D’éalaíomar ó na púcaí le go mbéarfadh na mic tíre orainn!” Rinneadh seanfhocal de sin, cé go ndeirimidne “as an bhfriohtán isteach sa tine” faoina leithéid de chás.

“Suas na crainn go mear!” arsa Gandalf de ghlaio; rith siad chuig na crainn ar imeall na plásóige, agus chuardaigh siad iad siúd a raibh craobhacha ísle orthu nó a bhí sách caol le dreapadh suas. Mar is féidir libh a thomhas, d’aimsigh siad iad chomh tapa agus ab fhéidir leo; agus dhreap siad chomh hard suas agus a bhí na craobhacha le trust. Dhéanfadh sibh gáire (agus sibh go sábháilte tamall uathu), dá bhfeicfeadh sibh na habhaic ina suí sna crainn agus a gcuid féasóg ar crochadh anuas, mar a bheadh seanóirí craiceáilte ag spraoi sna crainn ar nós buachaillí beaga. Is ag barr learóige airde ar nós crann ollmhór Nollag a bhí Fíli agus Kíli ina suí. Bhí Dóirí, Nóirí, Óirí, Óin, agus Glóin ní ba chompordaí i gcrann ollmhór péine a raibh craobhacha rialta ag gobadh amach as gach re seal ar nós spócaí rotha. Bhí Bíofúr, Bófúr, Bombúr, agus Tóirín i gcrann giúise eile. Dhreap Dváilín agus Báilín suas stoc giúise nach raibh ach fíorbheagán craobhacha aici agus bhí siad ag iarraidh teacht ar áit le suí i measc dhuilliúr na gcraobhacha ab airde uile. Bhí Gandalf roinnt mhaith níos airde ná na daoine eile agus fuair seisean crann nár fhéad siadsan dreapadh isteach ann, crann mór péine ar fhíorimeall an réitigh. Bhí sé á cheilt ar fad sna craobhacha, ach d’fheictí a dhá shúil ag glinniúint i solas na gealaí nuair a bhreathnaíodh sé amach.

Agus Biolbó? Ní raibh seisean in ann crann ar bith a dhreapadh; bhí seisean ag rith ó stoc go stoc, ar nós coinín a bhí ar seachrán óna pholl agus a raibh madra ar a thóir.

“D’fhág tú an buirgléir i do dhiaidh arís!” arsa Nóirí le Dóirí agus é ag breathnú anuas.

“Ní féidir liom buirgléirí a iompar timpeall ar mo dhroim de shíor,” arsa Dóirí, “síos tolláin agus aníos crainn! Cad is dóigh leat atá ionam? Poirtéir?”

“Mura ndéanfaimid rud éigin, íosfar é,” arsa Tóirín, mar bhí uailleacha le cloisteáil ina dtimpeall ar gach aon taobh um an dtaca sin is bhí na huailleacha ag druidim leo. “A Dhóirí,” a dúirt sé de ghlaio, mar ba é Dóirí an duine ab ísle ar an gcrann ab éasca, “déan deifir, agus tabhair lámh aníos don Bhaigíneach Uasal!”

Duine deas a bhí i nDóirí dáiríre, in ainneoin a chuid banráin. Biolbó bocht, ní raibh sé in ann a lámh a shroicheadh fiú nuair a tháinig Dóirí anuas go dtí an chraobh ab ísle agus nuair a d’ísligh sé a lámh chomh fada agus ab fhéidir leis. Mar sin is amhlaidh a tháinig Dóirí anuas as an gcrann agus lig do Bhiolbó streachailt suas agus seasamh ar a dhroim.

Go díreach ag an nóiméad sin tháinig na mic tíre ar sodar isteach sa réiteach. Go tobann bhí na céadta súl ag breathnú orthu. Ach níor chlis Dóirí ar Bhiolbó. D’fhan sé gur éirigh Biolbó dá ghuaillí agus go ndeachaigh sé isteach sna craobhacha, agus ansin léim sé féin isteach sa chrann. Is ar éigean a bhí sé in am! Bhí mac tíre ag snapadh lena chlóca fad is a bhí sé á ardú féin, agus is beag nár rug sé air. Laistigh de nóiméad bhí paca mór díobh ag uallfartach timpeall an chrainn agus ag léimneach aníos an stoc, na súile ar nós lasracha agus na teangacha ar sileadh.

Ach ní féidir leis na Criúin fhiáine (*criúin* a thugtar ar na faolchúnna thar Imeach an Fhiántais) crainn a dhreapadh. Bhí na habhaic sábháilte mar sin ar feadh píosa. Ar ámharaí an tsaoil bhí an aimsir te agus ní raibh gaioth ar bith ann. Ní cluthair iad na crainn má bhíonn ort suí iontu ar feadh i bhfad in am ar bith; ach san fhuacht agus sa ghaoth, má tá mic tíre ag fanacht leat thíos, is ainneoin ar fad na háiteanna iad.

Is léir gur áit chruinnithe ag na mic tíre a bhí sa réiteach sin laistigh d’fháinne na gcrann. Bhíodh tuilleadh acu ag teacht isteach i gcónaí. D’fhág siad gardaí ag bun an chrainn a raibh Dóirí agus Biolbó ann, agus ansin chuaigh siad ag smúrthacht thart go dtí gur bholaigh siad gach uile chrann a raibh duine ar bith ina shuí ann. Chuir siad gardaí leo sin freisin, fad is a chuaigh an chuid eile acu (na céadta is na céadta de réir cosúlachta) agus shuigh siad i bhfáinne mór sa réiteach; ina lár uile bhí mac tíre mór liath. Labhair sé leo i dteanga uamhnach na gCriúin. Bhí an teanga sin ag Gandalf. Ní raibh sí ag Biolbó, ach chonacthas dó gurbh uamhnach an chaint í, amhail is

nach raibh siad ach ag caint faoi nithe cruálacha urchóideacha, agus b'fhíor dó é. Anois agus arís d'fhreagraíodh na Criúin uile san fháinne a gceannfort liath; agus is beag nár chuir an raic uafásach sin an hobad amach as a chrann péine.

Inseoidh mé daoibh ar chuala Gandalf, bíodh nár thuig Biolbó é. Is minic a thugadh na Criúin agus na púcaí cúnamh dá chéile lena ngníomhartha mioscaiseacha. Ní nós leis na púcaí imeacht rófhada óna sléibhte go hiondúil, mura gcuirtear an ruaig orthu agus go mbíonn siad ag tóraíocht áiteanna eile le lonnú iontu, nó go mbíonn siad ag máirseáil chuig an gcath (agus is maith an rud é nár tharla sé sin le fada an lá). Ach ba nós leo dul ar ruathair sna laethanta sin, go háirithe chun bia a sholáthar dóibh féin nó sclábhaithe a dhéanfadh obair dóibh. Uaireanta is ar na mic tíre a théidis, faoi mar a théann na daoine ar muin capaill. Dealraíonn sé go raibh ruathar mór beartaithe ag na púcaí le haghaidh na hoíche sin féin. Tháinig na Criúin chun bualadh leis na púcaí agus bhí na púcaí déanach. An chúis a bhí leis sin, gan dabht, bás an Phúca Mhoir, agus an chorraí uile a rinne na habhaic, Biolbó agus an draoi—a raibh siad fós ar a thóir, de réir gach cosúlachta.

In ainneoin chontúirtí na dúiche iargúlta seo bhí daoine cróga le blianta beaga anuas ag déanamh a mbealaigh ar ais ann aneas; bhídís ag leagan na gcrann agus ag déanamh tithe dóibh féin i measc na gcoillte ba thaitneamhaí sna gleannta agus ar feadh bruacha na n-aibhneacha. Bhí mórán acu ann, bhí siad cróga agus armtha go maith agus ní leomhfadh na Criúin féin a n-ionsaí dá mbeadh a lán acu le chéile, nó faoi sholas geal an lae. Ach ag an am sin bhí rún acu le cúnamh na bpúcaí ionsaí a dhéanamh ar chuid d'áitritheoirí na sráidbhailte ba ghiorra do na sléibhte. Dá gcuirfí a bplean i gcrích, ní bheadh duine ar bith beo ann an lá dar gcionn; mharófaí gach uile dhuine cé is moite den bheagán sin daoine a choinneodh na púcaí ó na mic tíre chun a dtabhairt ar ais ina bpríosúnaigh chuig a n-uaimheanna.


B'uamhnach an scéal a raibh Gandalf ag éisteacht leis, ní hamháin i ngeall ar mhuintir chróga na coille agus i ngeall ar a mná céile agus a leanaí, ach freisin i ngeall ar an gcontúirt a bhí ag bagairt ar Ghandalf agus ar a chompánaigh. Bhí fearg agus mearbhall ar na Criúin nuair a fuair siad ansin iad ina n-ionad cruinnithe féin. Cheap na Criúin gur chairde de chuid lucht na coille iad, agus gur tháinig siad in aon turas chun spiaireacht a dhéanamh orthu. Shíl siad go dtabharfaidís scéala faoina bpleananna síos isteach sna gleannta, agus ansin bheadh ar na púcaí agus ar na mic tíre cath uafásach a throid in áit príosúnaigh a ghabháil agus daoine a ithe láithreach

bonn tar éis a ndúiseacht as a gcodladh. Ní raibh rún ar bith ag na Criúin mar sin imeacht ón áit agus ligean don dream sna crainn éalú uathu, go dtí an mhaidin ar aon chuma. Agus i bhfad roimhe sin, dar leo, thiocfaidh púcaí armtha anuas as na sléibhte; agus tá púcaí in ann crainn a dhreapadh, nó a leagan.

Is féidir leat a thuiscint dá bharr sin cén fáth ar thosaigh faitíos ollmhór ag teacht ar Ghandalf, fad is a bhí sé ag éisteacht lena srannadh is lena n-uallfartach, bíodh gur draoi a bhí ann. Tháinig an smaoineamh chuige gur i nead ghribhe a bhí siad agus nár éalaigh siad fós ar chor ar bith. Ní raibh sé sásta ina dhiaidh sin féin ligean do na mic tíre a rogha rud a dhéanamh; cé nach bhféadfadh sé an oiread sin a dhéanamh agus é i sáinn thuas i gcrann ard agus mic tíre ina thimpeall ar fad ar an talamh thíos. Bhain sé na buaircíní ollmhóra de chraobhacha an chrainn. Las sé ceann le lasair ghlé ghorm, agus chaith síos é i lár chiorcal na mac tíre. Bhuaíl sé mac tíre sa droim, agus chuaigh a fhionnadh mothallach trí thine ar an bpointe boise, agus b'shiúd é ag léimneach anonn is anall agus gach uail ghránna aige. Tháinig buaircín lasúil eile ansin agus ceann eile; bhí ceann amháin gorm, ceann eile dearg agus ceann eile uaine. Phléasc siad ar an talamh i lár an fháinne agus scaip siad amhail splancacha daite agus deatach. Bhuaíl ceann a bhí thar cuimse mór ceannfort na mac tíre sa tsrón, léim sé deich dtroithe san aer, agus ansin rith sé go mear thart ar an gciorcail agus é ag tabhairt áladh ar na mic tíre eile trína cuid feirge is scéine.

Chuir na habhaic agus Biolbó gártha agus liúnna áthais astu. B'uafásach an feic é fraoch feirge na mac tíre; agus an raic agus an rí rá a bhí siad a dhéanamh, líon siad an fhoraiois go léir. Bíonn eagla ar na mic tíre roimh thine am ar bith, ach ba ríghránna neamh-shaolta an tine sin. Dá dteagmhódh splanc lena bhfionnadh, ghreamódh sé díobh is phollfadh sé iad, agus mura n-iompódh an mac tíre thart go han-tapa, is gearr go mbíodh sé in aon chaor thine amháin. Níorbh fhada go raibh mic tíre ag rolláil timpeall agus timpeall ar fud na plásóige chun na splancacha ar a ndroim a mhúchadh, fad is a bhí mic tíre eile trí thine, iad ag rith thart agus gach uail acu, agus ag cur tuilleadh mac tíre trí thine, go dtí gur chuir a gcairde féin an ruaig orthu agus theith siad leo síos an fhána, gach glao agus uail acu agus iad ag tóraíocht uisce.

“Céard é an callán seo go léir san fhoraiois anocht?” arsa Tiarna na nIolar. Bhí dath dubh air faoi sholas na gealaí agus é ina shuí ar bharr splince uaigní ar imeall thoir na sléibhte. “Guthanna mac tíre a chloisim! An bhfuil urchóid ar bun ag na púcaí sna coillte?”



Radharc ar Shléibhte an Cheo
anoir ó Mead na nÍolair i dtreo Gheata na bPícaí

D'éirigh sé de ráig suas san aer, agus ar an bpointe boise d'éirigh dhá gharda leis ar gach aon taobh chun é a leanúint. Rinne siad fainne thuas ar an spéir agus d'fhéach anuas ar chiorcal na gCriún, spota beag bídeach i bhfad thíos. Ach is géar súile na n-iolar agus feiceann siad rudaí beaga i bhfad uathu. Na súile a bhí ag Tiarna Iolair na Sléibhte an Cheo, bhí súile aige a d'fhéachfadh gan caoch-adh ar an ngrian féin agus d'fheicfidís coinín ag corraí ar an talamh míle thíos faoi sholas na gealaí féin. Cé nach bhfaca sé na daoine ina suí sna crainn, chonaic sé an raiple húta i measc na mac tíre, thug sé faoi deara na pléascanna beaga lasrach agus chuala sé an uallfartach agus an ghlamaireacht go lag i bhfad thíos. Chonaic sé freisin glioscarnach na gealaí ar shleánna agus ar chlogaid na bpúcaí, fad is a bhí an slua urchóideach sin ag téaltú anuas taobhanna na gcnoc as a ngeata agus ag sníomh isteach sa choill.

Ní cineálta na héin iad na hiolair. Is meatacháin chruálacha roinnt acu. Ach ba é stoc ársa iolair na sléibhte tuaisceartacha na héin ba thoirtiúla faoin mbogha bán; bhí siad bródúil láidir mórchroíoch. Ní raibh aon chion acu ar na púcaí ná eagla orthu rompu. Nuair a thugaidís faoi deara ar chor ar bith iad (agus b'annamh é sin óir ní íosfaidís a leithéidí), thugaidís ruathar anuas orthu chun iad a thiomáint ag screadaíl ar ais ina n-uaimheanna; mar sin chuiridís deireadh le cibé urchóid a bhíodh ar bun acu. Ba ghráin leis na púcaí na hiolair agus bhí faitíos orthu rompu, ach ní fhéadfadh na púcaí a neadacha arda a shroicheadh ná ní fhéadfaidís iad a dhíbirt as na sléibhte.

An oíche sin is amhlaidh a tháinig fiosracht ar Thiarna na nIolar faoina raibh ar siúl; ghlaoigh sé chuige mar sin mórán de na hiolair eile, agus d'éitil siad leo ó na sléibhte; ag fainneáil timpeall timpeall i gcónaí tháinig na hiolair anuas, anuas, anuas i dtreo fháinne na mac tíre agus ionad cruinnithe na bpúcaí.

Ba mhór an gar é sin freisin! Is uafásach na rudaí a bhí ar siúl thíos ann. Na mic tíre a chuaigh trí thine, theith siad isteach san fhoraois agus chuir siad an fhoraois féin trí thine i roinnt áiteanna. Lár an tsamhraidh a bhí ann, agus níor thit báisteach ar bith ansin ar an taobh thoir de na sléibhte ar feadh tamaill mhaith. Níorbh fhada gur lasadh rathneach bhuí, craobhacha tite, an brat de spíonlach tiubh agus anseo agus ansiúd crainn mharbha. Bhí tine ag léimneach timpeall réiteach na gCriún ar gach aon taobh. Ach níor fhág na mic tíre na crainn. Bhí siad ag léimneach agus ag uallfartach thart ar na stoic, iad ar mire le fraoch feirge, ag spalpadh eascaíní ar na habhaic ina bhfriotal uamhnach, a dteangacha ar sileadh amach agus a súile chomh dearg leis na lasracha.

Leis sin tháinig na púcaí de rith aníos agus gach liú acu. Shíl siad gur cath le lucht na coille a bhí ar siúl; ach níorbh fhada gur thuig siad cad a tharla dáiríre. Is amhlaidh a shuigh cuid acu síos agus rinne siad gáire. Chroith cuid eile acu a sleánna agus bhuaíl na sáfacha ar a sciatha. Ní chuireann tine aon eagla ar na púcaí agus is gearr go raibh plean acu, plean a bhí fíorghreannmhar, dar leo.

Chruinnigh cuid acu na mic tíre le chéile i bpaca. Rinne cuid acu cruacha den raithneach agus den scrobarnach timpeall stoic na gcrann. Rith cuid acu timpeall ag greadadh a gcós agus ag bualadh, ag bualadh agus ag greadadh a gcós gur múchadh na lasracha uile nach mór—ach níor mhúch siad an dóiteán in aice na gcrann a raibh na habhaic ina suí iontu. Chothaigh siad an tine úd le duilliúr, le craobhacha feoite is le raithneach. Níorbh fhada go raibh fáinne deataigh is lasrach thart timpeall ar na habhaic, fáinne a choinnigh na púcaí ó leathnú; ach dhruid sé isteach de réir a chéile, go dtí go raibh na lasracha ag líochán an ábhair tine a leagadh faoi na crainn. Bhí deatach ina shúile ag Biolbó, mhothaigh sé teas na lasracha agus tríd an deatach géar chonaic sé na púcaí ag rince timpeall agus timpeall i bhfáinne ar nós daoine daonna timpeall tine chnámh i lár an tsamhraidh. Bhí na trodairí lena sleánna agus lena dtuanna ag rince i bhfáinne agus lasmuigh díobh sin bhí na mic tíre ina seasamh tamall urramach ón tine agus iad ag faire agus ag fanacht.

Chuala Biolbó na púcaí ag tosú ar a n-amhrán urghránna:

*Cúig éan déag i gcúig chrann giúise,
le gaoth lasánta bhí a gcleití á rúscadh!
Ní raibh sciathán ar bith ar na héiníní céanna!
Leis na ruidíní bochta cad is cóir dúinn a dhéanamh?
A ngrioscadh, a róstadh ar bior, a bhfriuchadh,
nó a n-alpadh te nuair a bheidh siad bruite?*

Stop siad ansin agus ghlaoigh siad amach: “Eitlígi chun bealaigh, a éiníní beaga! Eitlígi libh má tá sibh in ann. Tagaigí anuas, a éiníní beaga, nó rósfar i bhur neadacha sibh! Canaigí, canaigí, a éiníní beaga! Cén fáth nach bhfuil sibh ag canadh?”

“Imígí libh, a bhuachaillí beaga!” a dúirt Gandalf de bhéic. “Ní hé seo am neadacha na n-éan. Agus ina theannta sin má bhíonn buachaillí beaga ag spraoi le tine, cuirfear pionós orthu.” Dúirt sé é sin chun fearg a chur orthu agus chun a thaispeáint nach raibh eagla ar bith air féin—bhí an-eagla air ar ndóigh, in ainneoin gur draoi a bhí ann. Níor thug siadsan aon aird air, áfach, agus lean siad orthu á rá in amhrán:

*Dóigh, dóigh, loisc is dreoigh
 Tóirse nach fann, raithneach is crann,
 Solas san oíche, meidhir dár gcroíthe.
 Hóra, haigh!*

*Bruith agus tóstadh, gríoscadh is róstadh,
 gach féasóg dóite, gach súilín feoite
 bréan le deatach gruaig agus craiceann,
 beidh blonag léáite, cnagfar a gcnámha,
 luaithreach is léithe
 faoi bhogha na spéire!
 Beidh abhaic spréite
 ag soilsú na hoíche, meidhir dár gcroíthe,
 Hóra, haigh!
 Hóra, hóra, haigh!
 Haigh, haigh!*

Agus leis an *Haigh, haigh!* sin bhí na lasracha faoi chrann Ghandalf. Gan mhoill leathnaigh siad go dtí na crainn eile. Chuaigh an choirt trí thine, agus bhí na craobhacha ísle ag déanamh gíoscáin.

Dhreap Gandalf ansin go dtí barr a chrainn féin. Shoilsigh niamhracht thobann óna shlat mar a bheadh tintreach, de réir mar a réitigh sé é féin le léim anuas i gceartlár shleánna na bpúcaí. Chuirfeadh sé sin deireadh le Gandalf, ach is dócha go maródh sé slua díobh ag tuairteáil anuas orthu mar a bheadh caor thine. Ach níor léim sé riamh.

Ag an nóiméad sin go díreach luasc Tiarna na nIolar anuas as an spéir, rug ar Ghandalf ina ingne agus d'imigh leis.

Chualathas uaill feirge is iontais ó na púcaí. Ghlaoidh Tiarna na nIolar go hard agus d'fhreagair Gandalf é. D'fhill na héin mhóra a bhí in éineacht le Tiarna na nIolar, agus thuirling siad mar a bheadh scáthanna dubha. Bhí na mic tíre ag sceamhaíl agus ag drannadh, bhí na púcaí ag liúireach agus ag greadadh a gcos le teann feirge, agus chaith siad a sleánna troma suas in aisce. Bhí na hiolair ag faoileáil os a gcionn in airde; leag ruathar dorcha a sciathán ar lár iad lena mbuillí tréana nó ruaig na púcaí i bhfad ón áit; shrac a n-ingne aghaidheanna na bpúcaí. D'eitil éin eile go dtí barr na gcrann agus rug ar na habhaic, a bhí ag teacht aníos chomh fada agus a leomhfaidís.

Dóbair go bhfágfaí Biolbó beag bocht ina ndiaidh arís. Is ar éigean a d'éirigh leis greim a fháil ar chosa Dhóirí, nuair a bhí Dóirí á thabhairt ar siúl ar deireadh; suas a chuaigh siad le chéile os cionn an challáin agus an dóiteáin. Bhí Biolbó ag luascadh san aer agus is beag nár bhris a lámha.

Bhí na púcaí agus na mic tíre i bhfad fúthu ag scaipeadh i ngach treo sna coillte. Bhí roinnt iolar fós ag faoileáil agus ag fáinneáil os cionn pháirc an chatha. Go tobann léim na lasracha os cionn na gcraobhacha ab airde. Rinne siad cnagarnach nuair a lasadh iad. Caitheadh aníos cith tobann de splancacha agus de dheatach. D'éalaigh Biolbó ach is beag nach raibh sé ródhéanach.

Níorbh fhada go raibh solas an dóiteáin go lag thíos fúthu, spréacharnach dhearg ar an urlár dearg; agus bhí siadsan go hard sa spéir, ag éirí i gcónaí i bhfáinní móra scuabacha. Ní dhearna Biolbó riamh dearmad ar an eitilt sin, agus é ag breith ar rúitíní Dhóirí. “Mo lámha, mo lámha!” a deireadh sé de chnead; ach deireadh Dóirí go banránach: “Mo chosa, mo chosa!”

Chuireadh áiteanna arda meadhrán i gcloigeann Bhiolbó an lá ab fhearr é. D'airíodh sé tinn dá mbreathnaíodh sé thar chiumhais aon aille bige; níor thaitin dréimírí riamh leis, gan a bheith ag caint ar chrainn (níor ghá dó riamh roimhe sin éalú ó mhic tíre). Mar sin is féidir libh a shamhlú go raibh a chloigeann ina roithleán ag an am sin, agus é ag féachaint trí mhéara a chos a bhí ar liobarnadh faoi ar na tíortha dorchá ag oscailt i bhfad thíos, ar scáile na gealaí ag soilsiú ar chorrchloch ar learga cnoic nó ar shruthán anseo is ansiúd sa mhachaire.

Bhí mullaigh na sléibhte ag druidim leo, splinceacha cloiche ag gobadh aníos as an dúdhorchadas faoi sholas na gealaí. Cé gurbh é an samhradh a bhí ann, d'airigh Biolbó go raibh an t-aer an-fhuar. Dhún sé a dhá shúil agus d'fhiafraigh de féin an bhféadfadh sé a ghreim a choinneáil mórán ní b'fhaide. Shamhlaigh sé ansin cad a bhainfeadh dó dá gcaillfeadh sé a ghreim. Tháinig músiam air.

Tháinig deireadh leis an eitilt go díreach in am do Bhiolbó, go díreach sular ghéill a dhá lámh. Scaoil sé a ghreim de rúitíní Dhóirí, lig sé cnead agus thit ar léibheann garbh a raibh nead iolair air. D'fhan sé ina luí ann gan focal as. B'éagsúil na smaointe a bhí ag rith trína chloigeann. Bhí iontas air gur tarrtháladh ón tine é ach bhí faitíos air freisin go dtitfeadh sé den léibheann caol sin isteach sa duibheagán dorchá ar gach aon taobh. Bhí sé ag aireachtáil fíoraisteach ina cheann um an dtaca sin tar éis eachtraí uafásacha na dtí lá dheireanacha. Is ar éigean a fuair sé rud ar bith le n-ithe agus chuala sé é féin á rá, “Anois tuigimse do shlisín báguin nuair a

bhaintear go tobann as an bhfriochtán le forc agus a leagtar ar ais ar an tseilf é!”

“Ní thuigeann tú ar chor ar bith!” a dúirt Dóirí leis mar fhreagra. “Óir is eol don slisín bagúin go maith go rachaidh sé ar ais ar an bhfriochtán am éigin, agus táimidne ag súil nach gá dúinne dul ar ais. Ina theannta sin ní foirc na hiolair.”

“Ní hea, ní hea! Ní hionann iolar agus storc—agus forc, a deirim,” arsa Biolbó agus shuigh sé aniar agus d’fhéach go himníoch ar an iolar a bhí ina shuí in aice leis. D’fhiafraigh Biolbó de féin cén sórt seafóide eile a bhí á spalpadh aige féin agus an mbraithfeadh an t-iolar mibhéasach é. Ba cheart duit gan a bheith mibhéasach d’iolar nuair nach bhfuil ach toirt coinín ionat agus tú thuas ina nead istoíche.

Ní dhearna an t-iolar ach a ghob a ghéarú ar chloch agus é féin a chluimhriú gan aon aird a thabhairt ar Bhiolbó.

Níorbh fhada gur eitil iolar eile aníos. “Iarrann Tiarna na nIolar ort do phríosúnaigh a thabhairt chuig an tSeilf Mhór,” a dúirt sé go hard agus d’imigh sé arís. Rug an t-iolar eile ar Dhóirí ina ingne agus d’imigh leis ar eitilt isteach sa dorchadas. D’fhág sé sin Biolbó ina aonar. Bhí an oiread nirt ann le fiafraí de féin cad ba bhrí le focal úd an teachtaire, “príosúnaigh”, agus le tosú á shamhlú féin arna shracadh as a chéile don suipéir mar a bheadh coinín ann, sular tháinig a sheal féin.

D’fhill an t-iolar, rug ar chul a chasóige ina ingne agus d’imigh de ruathar eitilte. Ní dheachaigh sé ach achar gearr an uair seo. Leagadh Biolbó gan mhoill, agus é ar crith le teann eagla, ar sheilf leathan cloiche ar thaobh an tsléibhe. Ní fhéadfaí teacht anuas uirthi ach trí eitilt ann agus ní raibh bealach ar bith síos uaithi ach léimneach thar an aill. Is ar an leac sin a fuair sé an dream eile ina suí lena ndroim leis an sliabh. Bhí Tiarna na nIolar ann freisin agus é ag caint le Gandalf.

Ba dhócha i ndeireadh na dála nach n-íosfaí Biolbó ar chor ar bith. De réir cosúlachta bhí beagán aithne ag an draoi agus ag Tiarna na nIolar ar a chéile, agus bhí siad sách cairdiúil lena chéile fiú. Déanta na firinne, bhíodh Gandalf ar na sléibhte go minic agus rinne sé gar do na hiolair uair amháin nuair a leigheas sé a dtiarna ó chréacht saighde. Tuigfidh sibh mar sin gurb éard ba bhrí leis an bhfocal “príosúnaigh” dáiríre na daoine sin a tarrtháladh ó na púcaí; níorbh iad príosúnaigh na n-iolar iad. De réir mar a bhí Biolbó ag éisteacht le caint Ghandalf, thuig sé go raibh siad ar tí éalú sa deireadh thiar ó na sléibhte uafásacha. Bhí an draoi ag beartú leis an Iolar Mór cén chaoi leis na habhaic, Biolbó agus Gandalf féin a iompar i bhfad ar

shiúl agus iad a ligean anuas ar na machairí thíos, áit a mbeadh roinnt mhaith dá n-aistear ar a gcúl.

Ní raibh Tiarna na nIolar sásta iad a thabhairt áit ar bith cóngarach d'áitribh na ndaoine. “Scaoilfidís linn lena mboghanna móra iúir,” a dúirt sé, “óir shílfidís gur ar thóir a gcaorach a thángamar. Agus am ar bith eile b'fhíor dóibh é. Ní hea! Tá áthas orainn anois a gcreach a bhaint de na púcaí, agus tá áthas orainn an comhar a íoc leatsa, ach ní chuirfimis sinn féin i gcontúirt ar mhachairí an deiscirt ar mhaithe le habhaic.”

“Maith go leor,” arsa Gandalf. “Tugaigí sinn cibé áit is mian libh agus chomh fada agus a thogróidh sibh! Táimid faoi chomaoin mhór agaibh cheana féin ach idir an dá linn táimid stiúghtha leis an ocras.”

“Is beag nach bhfuilimse caillte leis an ocras,” arsa Biolbó de ghlór beag lag nár chualathas.

“Is dócha go bhfuil leigheas air sin,” arsa Tiarna na nIolar.

Tamall ina dhiaidh sin is amhlaidh a chonacthas tine bhréa lasta ar an leac cloiche agus figiúirí na n-abhac ina timpeall ag róstadh feola, rud a rinne boladh breá. Bhí na hiolair tar éis craobhacha tirime a thabhairt aníos mar ábhar tine agus coiníní, giorriacha agus caora bheag. Ba iad na habhaic a réitigh gach uile rud. Bhí Biolbó rólóg le cúnamh a thabhairt, agus ní raibh aon mhaith ann i dtaobh coiníní a fheannadh nó feoil a ghearradh suas. Bhí seisean cleachtach le feoil a thabharfadh an búistéir chuig a dhoras ullamh le cur sa phota. Bhí Gandalf ina luí freisin tar éis dó a chion a dhéanamh chun an tine a lasadh, mar bhí a mboscaí spoinc caillte ag Óin agus ag Glóin (ní úsaideann na habhaic cipíní solais sa lá atá inniu ann féin).

Is mar sin a cuireadh clabhsúr ar eachtra Shléibhte an Cheo. Is gearr go raibh bolg Bhiolbó ag aireachtáil sách compordach arís, agus cheap sé go bhféadfadh sé codladh go sásta, cé gurbh fhearr leis builín agus im ná leadhbanna feola arna róstadh ar bhearanna. Is fearr a chodail sé cuachta suas ar an leac chrúa sin ná riamh ar a leaba chlúimh ina pholl hobaid sa bhaile. Ach bhí sé ag bríonglóideach i rith na hoíche faoina theach féin agus trína chodladh shiúladh sé ó sheomra go seomra ag tóraíocht rud éigin nár fhéad sé a aimsiú agus nár chuimhin leis cén chuma a bhí air.

Caibidil VII

Lóistín Aisteach

Nuair a dhúisigh Biolbó an lá arna mhárach bhí grian mhoch na maidine ina dhá shúil. Léim sé ina sheasamh chun breathnú ar an gclog agus chun an citeal a chur síos—agus fuair sé nach raibh sé sa bhaile ar chor ar bith. Shuigh sé síos mar sin ag tnúth in aisce le n-é féin a ní agus a chuid gruaige a scuabadh. Ní bhfuair sé ceachtar den dá rud sin, ná ní bhfuair sé tae, tósta ná bagún don bhriceasta. Ní bhfuair sé ach caoireoil fhuar agus feoil choinín. Agus ina dhiaidh sin bhí air é féin a réiteach d’aistear nua.

Ligeadh dó an uair seo dreapadh ar mhuin iolair agus breith air idir a dhá sciathán. Théadh an t-aer ag siosadh thairis agus dhún sé a dhá shúil. Bhí na habhaic fós ag fágáil slán agus ag geallúint go gcúiteoidís a chineáltas le Tiarna na nIolar, dá bhféadfaidís é, nuair a d’éirigh cúig cinn déag d’éin mhóra de thaobh an tsléibhe. Bhí an ghrian cóngarach i gcónaí do bhun na spéire thoir. Bhí an mhaidin fionnuar, bhí ceo sna gleannta agus sna cuasáin, agus anseo is ansiúd bhí sé ag sníomh idir beanna agus mullaigh na gcnoc. D’oscail Biolbó leathshúil agus chonaic go raibh na héin go hard suas cheana féin, an talamh thíos i gcéin agus na sléibhte ag titim uathu i bhfad siar. Dhún sé a shúile arís agus rug ní ba dhoichte ar an iolar.

“Ná bí ag baint miotóige asam!” arsa an t-iolar leis. “Ní gá duit scanrú ar nós coinín, cé go bhfuil roinnt mhaith de chuma an choinín ort. Is breá an mhaidin í agus gan mórán gaoithe. Céard is breátha ná an eitilt?”

Is éard a theastaigh ó Bhiolbó a rá: “Folcadán te agus briceasta déanach ar an bplásóg ina dhiaidh sin,” ach shíl sé gurbh fhearr dó gan tada a rá, agus scaoil sé a ghreim de bheagán.

Tar éis tamaill fhada is dócha go bhfaca na hiolair an áit ba cheann scríbe dóibh, fiú ón airde mhór sin thuas, óir thosaigh siad ag tuirlingt i mbiseanna móra. Bhí siad á dhéanamh sin ar feadh píosa fhada, agus sa deireadh d’oscail an hobad a dhá shúil arís. Bhí an talamh i bhfad ní ba chongaraí um an dtaca sin, bhí crainn thíos fúthu a raibh cosúlacht darach agus leamháin orthu, bhí féarach



Thúsigh Bialbó le grian mhoch na maidne ina dhá shúil

leathan le feiceáil agus abhainn ag rith tríd an tírdhreach uile. Ach bhí cloch ollmhór ag gobadh aníos as an talamh i mbealach an tsrutháin, a bhí ag rith thart lena taobh. Cnocán cloiche ab ea é nach mór, é geall leis an urphost deireanach de na sléibhte i gcéin, nó le blúire mór cloiche arna chaitheamh na mílte slí isteach sa mhachaire ag fathach i measc na bhfathach.

Tháinig na hiolair anuas ar bharr na cloiche seo ina gceann agus ina gceann agus lig siad a bpaisinéirí uathu.

“Go dté sibh slán!” a dúirt na hiolair de ghlaio. “Cibé áit a rachaidh sibh, go nglaca bhur neadacha libh ag deireadh an aistir!” Sin é an focal dea-mhúinte a deirtear i measc na n-iolar.

“Go dtuga an ghaoth faoi bhur sciatháin cibé áit a seolann an ghrian agus a siúlann an ghealach,” arsa Gandalf á bhfreagairt, óir bhí an freagra ceart ar eolas aige.

Is mar sin a scar siad lena chéile. Agus cé go ndearna Tiarna na nIolar ina dhiaidh sin Rí na nÉan Uile agus cé go gcaitheadh sé coróin óir ar a chloigeann, agus go gcaitheadh na cúig cinn déag de cheannfóirt a bhí aige coiléir óir (rinneadh iad as an ór a thug na habhaic dóibh), ní fhaca Biolbó riamh arís iad—ach amháin i bhfad in airde agus i bhfad uaidh i gCath na gCúig Arm. Ach ós rud é go luafar é sin ag deireadh an scéil seo, ní déarfai tuilleadh faoi anois.

Bhí léibheann cothrom ar bharr an chnoc cloiche agus cosán caite agus mórán céimeanna ann ag dul síos chuig an abhainn; théadh clochán de leacacha móra trasna na habhann chuig féarach ar an taobh thall. Bhí uaimh bheag (uaimh fholláin agus urlár púrógach ann) ag bun na gcéimeanna cóngarach do cheann an chlocháin. Is ansin a chruinnigh an comhlúadar le chéile agus phléigh siad a raibh le déanamh acu.

“Bhí rún agam riamh sibh a threorú go sábháilte trasna na sléibhte (dá mb’fhéidir é),” arsa an draoi, “agus anois trí bhainisteoireacht mhaith agus trí dhea-fhortún, tá sin déanta agam. Go deimhin táimid anois níos faide soir go mór ná mar a bhí rún agam teacht libh, óir ní liomsa a bhaineann an eachtra seo. Seans maith go mbreathnóidh mé oraibh arís sula mbeidh sibh críochnaithe, ach idir an dá linn tá gnóthaí eile le déanamh agam is práinní go mór ná é seo.”

Lig na habhaic uile cnead astu agus tháinig cuma na himní orthu; thosaigh Biolbó ag caoineadh. Thosaigh siad ag ceapadh go dtiocfadh Gandalf an bealach uile leo agus go mbeadh sé ann go deo chun cúnamh a thabhairt in am an ghátair. “Ní imeoidh mé as amharc láithreach bonn,” arsa seisean. “Is féidir liom lá nó dhó eile a chaitheamh i bhur dteannta. Is dócha go bhfuilim in ann sibh a

tharrtháil ón éigeandáil a bhfuil sibh inti faoi láthair, agus tá beagán cúnamh uaim féin freisin. Níl aon bhia, bagáiste ná capall againn; agus chomh maith leis sin níl a fhios agaibh cá bhfuil sibh. Anois is féidir liom é sin a insint daoibh. Tá sibh fós roinnt mílte slí taobh ó thuaidh den chosán a bheimis a leanúint, mura bhfágfaimis an bearnas sna sléibhte chomh luath agus a rinneamar. Is tearc iad na daoine atá ina gcónaí sa dúiche seo, murar tháinig siad anseo ó bhí mise sa taobh seo tíre den uair dheireanach, agus b'shin roinnt blianta ó shin. Ach tá duine anseo a bhfuil aithne agam air, agus cónaíonn sé in áit nach bhfuil rófhada as seo. Ba é an duine sin a rinne na céimeanna ar an gcloch mhór—an Charraic a thugann sé féin uirthi, is dóigh liom. Ní rómhínic a thagann sé anseo, i solas an lae ar aon chuma, agus ní haon mhaith dúinn fanacht leis. Leis an bhfirinne a dhéanamh, bheadh sé sin fíorchontúirteach. Ní mór dúinn dul ar a thóir; má théann gach rud ceart nuair a chasfar orainn é, is dóigh liom go n-imeoidh mé liom agus ar nós na n-iolar guífidh mé oraibh, “go dté sibh slán cibé áit a rachaidh sibh!”

D'impigh siad air gan imeacht uathu. Thairg siad ór dragain, airgead agus seoda, dó, ach ní raibh sé sásta a intinn a athrú. “Feicimid a bhfeicimid!” arsa seisean. “Agus feictear dom go bhfuil cuid den ór dragain tuillte agam cheana—cibé uair a gheobhaidh sibh é.”

D'éirigh siad as an impí ina dhiaidh sin. Ansin bhain siad a gcuid éadaigh díobh agus nigh iad féin san abhainn in aice leis an gclochán, in uisce a bhí éadomhain glan clochach. Tar éis dóibh iad féin a thriomú faoin ngrian, a bhí láidir te um an dtaca sin, d'airigh siad spiorad nua iontu féin, cé go raibh a ngéaga ábhar tinn i gcónaí agus bhí ocras orthu. Chuaigh siad thar an gclochán go luath ina dhiaidh sin (d'iompair siad an hobad). Thosaigh siad ansin ag máirseáil tríd an bhféar fada glas agus síos línte na gcrann leathan darach agus na leamhán ard.

“Agus cad chuige a dtugtar an Charraic air?” a dúirt Biolbó mar cheist agus é ag siúl le taobh an draoi.

“An Charraic a thugann sé uirthi, toisc gurb é sin a fhocal féin ar an áit. Carraiceacha a thugann sé ar a leithéidí sin agus sin é *An Charraic* toisc gurb í an t-aon cheann í atá gearr dá theach agus tá an-aithne aige uirthi.

“Cé a thugann? Cé a bhfuil aithne aige uirthi?”

“An Duine Éigin a luaigh mé libh—is pearsa an-mhór le rá é. Ní mór daoibh uile a bheith fíorchúirtéiseach nuair a chuirfidh mé in aithne dó sibh. Cuirfidh mé in aithne dó go mall ina mbeirt agus ina

mbeirt sibh, is dóigh liom; agus ní foláir daoibh gan olc a chur air, nó ní fios ón talamh aníos cad a thitfidh amach. Is féidir leis a bheith fíorghrána nuair a chuirtear fearg air, cé go mbíonn sé lách go leor má dhéantar é a ghiúmaráil. Ach m'fhocal duit, is éasca olc a chur air."

Chruinnigh na habhaic uile thart nuair a chuala siad an draoi ag caint mar sin le Biolbó. "An é sin an duine a bhfuil tú dár dtabhairt anois chuige?" arsa siad. "Nár bh féidir leat duine ba réchúisí a fháil? Nár bh fhearr duit an scéal a mhíniú beagán níos soiléire dúinn?" agus mar sin de.

"Is é, go deimhin! Níorbh féidir ar chor ar bith! Agus bhí mé á mhíniú go han-bheacht," a dúirt an draoi go crosta mar fhreagra orthu. "Má tá tuilleadh eolais uaibh, Béorn a thugtar air. Is riláidir an duine é agus malartóir craicinn is ea é."

"Céard? Fionnadóir, fear a thugann "míolta buí" ar na giorriacha, nuair nach ndéanann sé ioraí dá gcaicne?" arsa Biolbó mar cheist.

"A thiarcais, ní hea, ní hea, NÍ HEA, NÍ HEA!" arsa Gandalf. "Ná bí i d'amadán, a Bhaigínigh, a chara, má tá neart agat air; agus in ainm Chroim ná luaigh an focal fionnadóir arís fad is a bheidh tú i bhfoisceacht céad míle slí dá theach, is ná luaigh ruga, cába, brádóg, muifléad, nó aon fhocal mífhortúnach eile dá leithéid. Malartóir craicinn is ea é. Athraíonn a chraiceann: is béar ollmhór dubh é uaireanta, uaireanta eile fear mór láidir dubh atá ann; is ollmhór a lámha agus is fada a fhéasóg. Níl in ann mórán eile a insint daoibh, cé go mba chóir gur leor an méid sin. Deir cuid acu gur béar atá ann agus gur shíolraigh sé ó bhéir mhóra ársa na sléibhte a bhí lonnaithe anseo sular tháinig na fathaigh. Deir cuid eile gur fear é agus gur ó na chéad daoine a shíolraigh sé, na chéad daoine a bhí anseo sular tháinig Smóg nó na dragain eile chuig an taobh seo tíre, agus sular tháinig na púcaí aduaidh agus isteach sna cnoic. Ní fios domsa cé acu, cé gur dóigh liom gurb é an míniú deireanach an ceann ceart. Ní hé an cineál duine é a mbeifeá ag féachaint le ceisteanna a chur air.

"Ar aon dath níl sé faoi dhraíocht ar bith ach a dhraíocht féin. I gcoill darach atá cónaí air agus teach mór adhmaid aige; agus nuair atá sé ina fhear, coinníonn sé beithigh agus capaill agus is beag nach bhfuil siadsan chomh hiontach leis féin. Bíonn siad ag obair dó agus ag caint leis. Ní itheann sé iad; ní sheilgeann sé ainmhithe fiáine is ní itheann sé iad sin ach an oiread. Bíonn a lán lán coirceog aige a bhfuil beacha móra fíochmhara iontu, agus is ar mhil agus ar uachtar is mó a mhaireann sé. Nuair is béar é, bíonn sé ag fánaíocht go fada fairsing. Chonaic mé uair amháin é ina shuí leis féin ar mhullach na

Carraice ag faire ar an ngealach ag dul síos i dtreo Shléibhte an Cheo, agus chuala mé é nuair a dúirt sé go dranntánach i dteanga na mbéar: “Tiocfaidh an lá a gcaillfear iad agus rachaidh mise ar ais!” Sin é an fáth a gcreidim gur ó na sléibhte a tháinig sé féin.”

D’fhág sé sin go raibh ábhar mór machnaimh ag Biolbó agus ag na habhaic agus níor chuir siad aon cheist eile. Bhí bealach fada le dul acu fós. Chrágáil siad cnoc suas agus fána síos. D’éirigh an aimsir an-te. Ghlacaidís sos faoi na crainn ó am go ham, agus ansin bhíodh an oiread sin ocrais ar Bhiolbó, go n-íosfadh sé dearcáin, dá mbeadh aon dearcán sách aibí le titim le talamh.

Ardtráthnóna a bhí ann sular thug siad faoi deara na paistí móra bláthanna a bhí ag tosú ar ghobadh aníos, cineálacha éagsúla ach gach aon sórt ag fás le chéile amhail is dá mbeidís curtha ag duine éigin. Thar aon bhláth eile bhí seamair ann, paistí luascacha de chrobb éin, de sheamair dhearg agus geadáin leathana de sheamair íseal bhán a raibh boladh meala uirthi. Chloistí seabhrán, seordán agus crónán san aer. Bhí beacha i mbun gnó gach uile áit. Agus a leithéidí de bheacha! Ní fhaca Biolbó a macasamhla riamh in áit ar bith.

“Dá gcuirfeadh ceann díobh cailg ionam,” arsa Biolbó leis féin, “d’atfainn suas dhá uair níos mó ná mar atáim!”

Bhí siad níos toirtiúla ná cornfhoichí. Bhí na ladrainn saithe i bhfad níos mó ná ordóg duine, agus na strioca buí ar a gcolainn chiardhubha, bhí siad ag lonrú mar a bheadh ór lasrach.

“Táimid ag druidim leis,” arsa Gandalf. “Táimid ar imeall a chuid féaraigh bheach.”

Tháinig siad ar ball chuig limistéar de chrainn ársa darach. Nuair a chuaigh siad tríothu, shroich siad fál ard sceiche, nach bhféadfaí féachaint thairis ná streachailt tríd.

“Bheadh sé chomh maith daoibh fanacht anseo,” arsa an draoi leis na habhaic, “agus nuair a ghlaofaidh mé nó a ligfidh mé fead oraibh, tosaígi do mo leanúint—feicfidh sibh an bealach a rachaidh mé—agus bigí cinnte nach dtiocfaidh sibh ach i mbeirteanna. Bíodh cúig nóiméad idir gach dhá bheirt agaibh. Is é Bombúr an duine is raimhre agus déanfaidh seisean cúis díse; bheadh sé chomh maith dó teacht ina aonar ag an deireadh. Téanam ort, a Bhaiginigh! Tá geata áit éigin an bealach seo.” Agus leis sin d’imigh sé ar feadh an fháil agus an hobad scanraithe in éineacht leis.

Níorbh fhada gur tháinig siad ar gheata ard leathan adhmaid, agus ar an taobh eile de chonaic siad gairdíní agus cnuasach d’fhoirgnimh

isle adhmaid, ceann tuí ar chuid acu agus iad déanta de chearchaillí garbha: sciobóil, stáblaí, seideanna agus teach fada íseal adhmaid. Laistigh den fhál ar an taobh theas bhí a lán lán sraitheanna de choirceoga, a mbarr ar dul cloig agus iad déanta as tuí. Bhí an t-aer lán le crónán na mbeach ollmhór ag eitilt deiseal is treiseal agus ag snámh isteach sna coirceoga agus amach astu.

Bhrúigh an draoi agus an hobad an geata mór adhmaid le díoscán rompu agus chuaigh siad síos cosán leathan i dtreo an tí. Tháinig roinnt capall sleamhain dea-chóirithe ar sodar aníos trasna an fhéir agus d'fhéach go géar orthu lena n-aghaidh fhíormheabhrach; d'imigh siad ansin ar cosa in airde chuig na foirgnimh.

"Tá siad imithe leo chun a insint dó gur tháinig strainséirí," arsa Gandalf.

Niorbh fhada gur shroich siad clós. B'ionann trí thaobh den chlós agus ballaí an tí adhmaid féin agus a dhá sciathán. I lár an chlóis bhí cearchaill mhór darach agus mórán craobhacha a baineadh di ina luí lena taobh. Bhí fear ollmhór ina sheasamh in aice léi. Féasóg thiubh agus mothall dhubh ghruaige a bhí aige. Is nocht a bhí a ghéaga garbha matánacha. Ionar olla a bhí air anuas chuig a dhá ghlúin, agus bhí sé claonta ar thua mhór. Bhí na capaill ina seasamh taobh leis, na srónacha lena ghualainn.

"Och! Seo iad iad!" a dúirt sé lena chapaill. "Níl cuma chontúirt-each orthu. Tá cead agaibh imeacht." Ba gheall le tormáil drumáí an gáire mór a rinne sé. Leag sé uaidh a thua is tháinig ina dtreo.

"Cé sibhse agus cad atá uaibh?" a dúirt sé go grusach ina sheasamh os a gcomhair amach. Bhí sé i bhfad ní b'airde ná Gandalf. Maidir le Biolbó, níor dheacair dósan rith trína dhá chos agus gan a chloigeann a chromadh ní theagmhódh sé le frainse íochtarach a ionair dhoinn.

"Is mise Gandalf," arsa an draoi.

"Níor chuala mé riamh trácht air," arsa an fear de dhrannadh. "Agus céard é an giolla beag seo?" a dúirt sé, ag cromadh síos le mistá chun breathnú ar an hobad faoina mhaláí tiubha dubha.

"Seo é an tUasal Baigín, hobad de mhuintir mhaith agus de cháil gan cháim," arsa Gandalf. D'umhlaigh Biolbó. Ní raibh hata ar bith aige le baint agus ba phianmhar leis an oiread sin cnaipí a bheith ar iarraidh. "Is draoi mise," arsa Gandalf ag leanúint leis. "Chuala mise fútsa, fiú murar chuala tusa fúmsa, ach b'fhéidir gur chuala tú trácht ar m'fhear fiúntach gaoil Radagast, a bhfuil cónaí air in aice le teorainn theas na Modarchoille."

“Is ea, chuala. Ní dona an duine é mar dhraoi, creidim. D’fheicinn anois agus arís é tráth dá raibh,” arsa Béorn. “Bhuel, tá a fhios agam cé sibhse, nó cé a deir sibh, is sibh. Céard atá uaibh?”

“Leis an bhfirinne a dhéanamh, chailleamar ár mbagáiste, is beag nach ndeachamar ar seachrán freisin, agus tá géarghá le cúnamh uainn, nó ar a laghad, le comhairle. Ní mór dom a rá go bhfuair-eamar a lán buartha ó phúcaí sna sléibhte.”

“Púcaí?” arsa an fear mór agus ní raibh a ghuth chomh grusach céanna, “Ó bhó bhó, bhí trioblóid agaibh *leo sin*, an raibh? Cén fáth a ndeachaigh sibh in aice leo?”

“Níorbh é sin an rud a bhí ar intinn againn. Tháinig siad aniar aduaidh orainn istoíche ar bhearnas a bhí orainn a thrasnú; bhíomar ag teacht ó na Criocha Thiar isteach sna dúichí seo—is fada an scéal é.”

“Ba chóir daoibh teacht isteach mar sin agus tuilleadh den scéal a insint dom, mura dtógfaidh sé an lá uile go léir,” arsa an fear. Threoraigh sé iad trí dhoras dorcha a d’oscail ón gclós isteach sa teach.

Lean siad é agus fuair siad iad féin i halla leathan a raibh tinteán ina lár. Cé gurbh é an samhradh a bhí ann, bhí tine adhmaid ag dó ann agus bhí an deatach ag éirí go dtí na rataí dubha ag lorg bealaigh amach trí pholl ar an díon. Chuaigh siad tríd an halla dorcha sin isteach go cineál vearanda, a bhí ina luí ar chuailí adhmaid déanta de stoic aonaracha crainn. Is ag féachaint ó dheas a bhí vearanda a bhí fós te agus lán de sholas na gréine thiar a bhí ag teacht go claonta isteach ann agus ag titim ar an ngairdín lán bláthanna. Bhí sé sin buailte le céimeanna an vearanda féin.

Tar éis dóibh suí síos ar bhinsí adhmaid ann, thosaigh Gandalf ar a scéal. Bhí Biolbó ag luascadh a dhá chos agus ag féachaint ar na bláthanna sa ghairdín. Bhí sé ag fiafraí de féin cé na hainmneacha a bhí orthu, óir ní fhaca sé leath acu cheana.

“Bhí mé ag teacht thar na sléibhte in éineacht le cara nó dhó—” arsa an draoi.

“Nó dhó? Ní fheicimse ach duine amháin, agus duine beag freisin,” arsa Béorn.

“Chun an fhirinne a rá níor theastaigh uaim thú a chrá linn uile go léir, go dtí go bhfaighinn amach an raibh tú gnóthach. Glaofaidh mé orthu, má tá cead agam.”

“Téigh ar aghaidh, glaoigh leat!”

Lig Gandalf fead fhada ghéar as mar sin, agus tháinig Tóirín agus Dóirí timpeall an tí gan mhoill ar chosán an ghairdín agus sheas siad ag umhlú os a gcomhair amach.

“Duine nó triúr a bhí i gceist acu, feictear dom!” arsa Béorn. “Ach ní hobaid iad seo. Is abhaic iad!”

“Is mise Tóirín na Scéithe Darach do sheirbhíseach umhal! Is mise Dóirí do sheirbhíseach umhal!” arsa an dá abhac ag umhlú arís.

“Níl seirbhíseach ar bith uaim, go raibh maith agaibh. Ach déarfainn go bhfuil mo sheirbhís-se uaibhse. Nílímse rócheanúil ar na habhaic, ach más fíor gur tusa Tóirín (mac Tráin mac Tróir, creidim), agus gur daoine measúla do chompánaigh, agus gur naimhde do na púcaí sibh agus nach bhfuil urchóid ar bith ar bun agaibh i mo dhúichese—céard go díreach atá ar bun agaibh?”

“Tá siad ar a mbealach chuig tír a n-aithreacha, lastoir den Mhodarchoill,” arsa Gandalf, “agus is de thaisme ar fad atáimid i do dhúiche ar chor ar bith. Bhíomar ag teacht thar na sléibhte ar an mBearnas Ard. Thabharfadh sé sin amach sinn ar an mbóthar atá taobh ó dheas de do dhúichese, ach d’ionsaigh drochphúcaí sinn—rud a bhí mé ag dul a insint duit.”

“Lean ort á insint más ea!” arsa Béorn, nach mbíodh riamh róchúirtéiseach.

“Rug fíor-dhrochstoirm orainn; bhí fathaigh na gcloch amuigh ag caitheamh cloch mór timpeall, agus ag barr an bhearnais chuamar ar foscadh in uaimh, an hobad, mise agus roinnt dár gcompánaigh—”

“Roinnt a thugann tú ar bheirt?”

“Bhuel, ní thugann. Leis an bhfirinne a rá bhí níos mó ná beirt ann.”

“Cá bhfuil siad? Ar itheadh iad? An ndeachaigh siad abhaile?”


“Bhuel, níor itheadh is ní dheachaigh. Tá an chosúlacht ar an scéal nár tháinig siad uile go léir nuair a ghlaoigh mé. Is dócha go bhfuil siad cúthail. An dtuigeann tú, is eagal linn go bhfuil an iomarca againn le go bhfreastalófá orainn uile.”

“Ar aghaidh leat, lig fead arís. Dealraíonn sé go bhfuil cóisir i ndán dom, agus ní dhéanfaidh duine nó beirt eile mórán difríochta,” arsa Béorn go dranntánach.

Lig Gandalf fead eile; ach bhí Nóirí agus Óirí ann sular stop sé nach mór; mar dúirt Gandalf leo, más cuimhin leat, teacht ina mbeirteanna gach cúig nóiméad.

“Is é bhur mbeatha!” arsa Béorn. “Tháinig sibhse sách sciobtha—cá raibh sibh i bhfolach? Téanam oraibh, a ghiocsaithe i mbosca!”

“Is mise Nóirí do sheirbhíseach umhal. Is mise Óirí do—” a dúirt siad ag tosú. Tháinig Béorn rompu.



Halla Béorn

“Go raibh maith agaibh! Nuair a bheidh seirbhísigh uaim, inseoidh mé daoibh. Suígí síos, agus leanaimis leis an scéal seo, nó beidh am suipéir ann sula gcríochnófar é.”

“Chomh luath is a bhíomar inár gcodladh,” arsa Gandalf ag leanúint air, “d’oscail scoilt i gcúl na huaimhe; tháinig púcaí amach agus rug ar an hobad agus ar na habhaic agus ar thréad ar gcapaillíní—”

“Tréad bhur gcapaillíní? Céard a bhí ionaibh—sorcas taistil? Nó an raibh a lán earraí ar iompar agaibh. Nó an dtugann tú tréad i gcónaí ar shé chapall?”

“Ní thugann! Leis an bhfirinne a rá bhí breis is sé chapall ann, óir bhíomar féin níos mó ná seisear ann—agus féach, seo beirt eile!” Go díreach ag an nóiméad sin chonacthas Báilín is Dváilín agus d’umhlaigh siad chomh híseal gur scuab a bhféasóg leacacha an urláir. Bhí místá ar an bhfear mór ar dtús, ach rinne siad a ndícheall le bheith fíorchúirtéiseach, agus lean siad orthu ag claonadh a gcinn, ag umhlú, ag cromadh agus ag croitheadh a bhféasóg os comhair a dhá nglúin (sin é nós ceart na n-abhac), go dtí sa deireadh gur chuir sé an místá de agus bhris amach ag gáire go croíuil, bhí siad chomh greannmhar sin.

“Tréad an focal ceart,” a dúirt sé, “tréad fear grinn. Tagaigí isteach a dhaoine meidhreacha, agus cé na hainmneacha atá oraibh-se? Níl seirbhíseach uaim i láthair na huaire; bhur n-ainmneacha amháin atá uaim; agus ansin suígí síos agus éirígí as an gcroitheadh sin!”

“Báilín agus Dváilín,” a dúirt siad agus ní raibh de dhánacht iontu col a ghlacadh lena ndúirt sé. Shuigh siad de phleist ar an urlár agus bhí cuma an iontais orthu beagán.

“Anois lean ort arís!” arsa Béorn leis an draoi.

“Cá raibh mé? Ó, is ea—nior rugadh ormsa. Mharaigh mé púca nó dhó le pléasc lasrach—”

“Go maith!” a dúirt Béorn go híseal. “Tá fiúntas éigin i gceird an draoi, mar sin.”

“—agus théaltaigh mé isteach sa scoilt sular dhún sí. Lean mé an dream eile síos isteach sa phríomh-halla, a raibh slua púcaí ann. Bhí an Púca Mór sa halla agus idir tríocha agus daichead garda armtha ina thimpeall. Is éard a dúirt mé liom féin, ‘Fiú amháin mura mbeidís ceangailte le chéile le slabhraí, céard ab fhéidir le dosaen a dhéanamh in aghaidh an oiread sin?’”

“Dosaen! Sin é an chéad uair a chuala mé dosaen á thabhairt ar ochtar. Nó an bhfuil tuilleadh giocsaithe agat nár tháinig amach as a mboscaí go fóill?”

“Bhuel, is ea, dealraíonn sé go bhfuil beirt eile anseo anois—Fíli agus Kíli, is dóigh liom,” arsa Gandalf, fad is a tháinig an bheirt sin i láthair agus d’fhan ina seasamh ann ag miongháire agus ag umhlú.

“Is leor sin!” arsa Béorn. “Suígi síos agus éistigi bhur mbéal! Anois lean ort, a Ghandalf!”

Mar sin lean Gandalf lena scéal, go dtí gur tháinig sé chuig an troid sa dorchadas, éalú tríd an ngeata íochtarach agus an t-uafás a bhí orthu nuair a thuig siad go ndeachaigh an Baigíneach amú. “Chomhaireamar sinn féin agus fuaireamar nach raibh an hobad linn. Ní raibh ach ceithre dhuine dhéag againn fágtha.”

“Ceithre dhuine dhéag! Sin é an chéad uair a chuala mé gurb ionann deichniúr lúide duine amháin agus ceithre dhuine dhéag. Naonúr atá i gceist agat, é sin nó níor inis tú dom go fóill ainmneacha do chompánach uile.”

“Bhuel, ní fhaca tú Óin agus Glóin go fóill. Agus beannacht orm, seo iad iad! Tá súil agam go maithfidh tú dom an trioblóid a chur ort.”

“Ó tagaidís uile go léir! Déanaigi deifir! Téanam oraibh, an bheirt agaibh, agus suígi síos! Ach féach, a Ghandalf, anois féin níl againn ach tusa, deich n-abhac agus an hobad a chuaigh ar strae. Ní dhéanann sé sin ach aon duine dhéag (móide duine ar seachrán), ní ceithre dhuine dhéag, mura bhfuil bealach éagsúil comhairthe ag formhór na ndraoithe nach bhfuil ag gnáthdhaoine. Ach lean ort leis an scéal.” Bhí an-spéis ag Béorn sa scéal faoin am sin, cé nár thaispeáin sé é sin ní ba mhó ná ba ghá. An bhfeiceann tú, sna seanlaethanta bhíodh an-eolas aige ar an gcuid sin de na sléibhte go díreach a raibh Gandalf ag caint fúithi. Chlaon sé a cheann agus rinne sé drannadh nuair a chuala sé cén chaoi ar tháinig an hobad i láthair arís, cén chaoi ar sciorr siad síos leis an maidhm talún agus nuair a insíodh dó faoi fháinne na mac tíre sna coillte.

Nuair a d’inis Gandalf cén chaoi ar dhreap siad isteach sna crainn agus na mic tíre uile thíos fúthu, d’éirigh Béorn agus thosaigh sé ag siúl timpeall agus é ag monabhar dó féin, “Faraor nach raibh mé ann! Thabharfainnse rud ba mheasa ná tinte ealaíne dóibh!”

“Bhuel,” arsa Gandalf agus é an-sásta go raibh a scéal ag dul i bhfeidhm air, “Rinne mé mo dhícheall. Bhíomar ann agus na mic tíre ag dul ar mire fúinn agus an fhoraois ag tosú ag loscadh, nuair a tháinig na púcaí anuas as na cnoic, agus fuair siad ann sinn. Liúigh siad le teann áthais agus dúirt siad amhrán ag magadh fúinn: *Cúig éan déag i gcúig chrann giúise...*”

“A thiarcais!” arsa Béorn de dhrannadh. “Ná habair nach bhfuil comhaireamh ag na púcaí. Tá comhaireamh acu cinnte. Ní hionann dáréag agus cúig dhuine dhéag, agus tá a fhios acu é sin.”

“Agus tá a fhios agamsa freisin. Bhí Bíoúr agus Bófúr ann freisin. Ní leomhfainn iad a chur in aithne duit roimhe seo, ach seo anois iad.”

Tháinig Bíoúr agus Bófúr isteach ansin. “Agus mise!” arsa Bombúr agus saothar air ag teacht isteach ina ndiaidh. Bhí sé ramhar, agus bhí fearg air gur fágadh go dtí an deireadh é. Dhiúltaigh sé fanacht cúig nóiméad eile, agus lean sé an bheirt roimhe ar an bpointe.

“Bhuel, anois tá sibh cúig dhuine dhéag ann, agus ós rud é go bhfuil comhaireamh ag na púcaí, is dócha gurbh é sin an méid agaibh a bhí thuas sna crainn. Anois, b’fhéidir go bhféadfaimis an scéal seo a chríochnú gan aon duine a chur isteach orainn.” Thuig an Baigíneach ansin a chliste is a bhí Gandalf. An cur isteach a rinneadh ar insint an scéil, mhéadaigh sé spéis Bhéorn san ábhar. Agus i ngeall ar an scéal níor chuir Béorn an ruaig ar na habhaic amhail bacaigh nach raibh le trust. Ní thugadh sé cuireadh do dhaoine teacht isteach ina theach, dá mbeadh neart aige air. Ní raibh ach fíorbheagán cairde aige agus is i bhfad uaidh a bhí cónaí orthu sin; agus ní ghlaodh sé aon uair ar níos mó ná beirt nó triúr acu chuig a theach ag aon am amháin. Anois bhí cúig cinn déag de strainséirí ina suí ina phóirse!

Faoin am a raibh a scéal críochnaithe ag an draoi agus ar inis sé faoina dtarrtháil leis na hiolair, agus conas a tugadh iad uile chuig an gCarraic, bhí an ghrian tite laistiar de mhullaigh Shléibhte an Cheo agus is fada a bhí na scáthanna i ngairdín Bhéorn.

“Sárscéal!” arsa seisean. “An scéal is fearr dár chuala mé le fada an lá. Dá bhféadfadh na bacaigh go léir a leithéid de scéal breá a insint, b’fhéidir go mbeinnse ní ba chineálta dóibh. Seans gur chum tú gach uile fhocal de, ar ndóigh, ach tá suipéar tuillte agat leis an scéal ina dhiaidh sin féin. Ithimis rud éigin!”

“Is ea, ithimis, le do thoil,” a dúirt siad uile as béal a chéile. “Go raibh míle maith agat!”

Bhí sé dorcha go maith sa halla um an dtaca sin. Bhuail Béorn a dhá bhos ar a chéile agus tháinig ceithre chapaillín áille bhána isteach agus roinnt madraí leabhaire glasa. Dúirt Béorn rud éigin leo i bhfriotal aisteach, é cosúil le teanga d’fhuaimeanna ainmhithe. Chuaigh na hainmhithe amach arís agus níorbh fhada gur fhill siad agus tóirsí ina mbéal. Las siad ag an tine iad agus shocraigh iad i

mbracanna ísle ar chuaillí an halla timpeall an tinteáin. Bhí na madraí in ann seasamh ar a gcosa deiridh dá dtogróidís, agus nithe a iompar ina ngéaga tosaigh. Bhain siad cláir agus tristéil go mear ó na taobh-bhallaí agus chuir suas in aice na tine iad.

Ansin bá—bá—bá! a chualathas agus tháinig roinnt caorach isteach a bhí chomh geal leis an sneachta; rompu siúd bhí reithe ciardhubh. Is éard a bhí ar iompar ag ceann acu scaraoid gheal agus bróidnéireacht d'ainmhithe ar feadh a ciumhaise; tráidirí, babhlaí, trinsiúir, sceana agus spúnóga adhmaid a bhí á n-iompar ag na caoirigh eile ar a ndromanna leathan. Bhain na madraí díobh iad go tapa agus leag ar na boird tristéil iad. Bhí na boird chéanna an-íseal, sách íseal le go suífeadh Bholbó féin acu go compordach. Bhí capaillín in aice leis na madraí ag sá roimhe dhá bhinse ísle, a raibh suíocháin tuí orthu agus cosa gearra fúthu, chuig Gandalf agus Tóirín le go suífidís orthu; ag ceann an bhoird chuir sé cathaoir mhór dhubh Bhéorn, a raibh an déanamh céanna uirthi (shuigh Béorn ar an gcathaoir agus a dhá chos mhóra sínte i bhfad amach roimhe faoin mbord). Ní raibh de chathaoireacha ina halla aige ach iad sin; is dócha gur ar mhaithe leis na hainmhithe iontacha a bhíodh ag freastal air a bhí na suíocháin sin chomh híseal. Cad a bhí ag an gcuid eile le suí air? Tháinig na capaillíní eile isteach agus iad ag rolláil rompu teascáin cruinne chearchaillí ar cruth drumáí. Bhí siad mín snasta agus sách íseal do Bholbó féin; mar sin níorbh fhada go raibh siad uile go léir ina suí ag bord Bhéorn. Ní fhaca an halla slua chomh mór leis le fada an lá.

D'ith siad dinnéar, nó suipéar, nár ith siad a leithéid ó d'imigh siad ón Teach Fáilteach Deireanach san Iarthar nuair a d'fhág siad slán ag Elrond. Bhí solas na dtóirsí agus na tine ag caochaíl ina dtimpeall agus bhí dhá choinneal arda de chéir dhubh ar an mbord. Fad is a bhí siad ag ithe d'insíodh Beorn scéalta dóibh ina ghlór domhain toll faoi na tíortha fiáine ar an taobh abhus de na sléibhte agus go háirithe faoin gcoill chontúirteach dhorcha a bhí ag leathnú amach ó thuaidh agus ó dheas fad marcaíocht lae uathu agus a bhí ina bac ar a mbealach soir, is é sin foraois ghránna na Modarchuille.

D'éist na habhaic leis agus chroith siad a bhféasóg, mar bhí a fhios acu nárbh fhada go mbeadh orthu dul isteach san fharaois úd. Cé is moite de na sléibhte ba é an chuid ba mheasa de na gábha a mbeadh orthu dul tríothu é, sula sroichfidís daingean an dragain. Nuair a bhí deireadh leis an dinnéar, thosaigh siad ar scéalta dá gcuid féin a insint, ach bhí an chuma ar Bhéorn go raibh codladh ag teacht air agus is beag aird a thugadh sé orthu. Is faoi ór, faoi airgead, faoi sheoda agus faoi rudaí a dhéanamh trí cheird an ghabha

is mó a labhair siad, agus ba dhócha gur beag an spéis a bhí ag Béorn ina leithéidí; ní raibh rud ar bith déanta d'ór ná d'airgead ina halla; cé is moite de na sceana, is ar éigean a bhí rud ar bith déanta as mialann.

D'fhan siad ina suí ag an mbord i bhfad agus a mbabhlaí lán le meá. Thit an oíche dhorcha lasmuigh. Cuireadh spreotaí úra ar na tinte i lár an halla agus múchadh na tóirsí. D'fhan siad ina suí ann i gcónaí faoi sholas na lasracha preabacha. Ar a gcúl bhí na cuaillí arda, iad dorcha thuas mar a bheadh crainn na foraoise. Chonacthas do Bhiolbó, cé acu draíocht a bhí ann nó nárbh ea, gur chuala sé fuaim mar a bheadh seabhrán na gaoithe i gcraobhacha crann ag séideadh trí na rataí os a gcionn, agus scréach na n-ulchabhán. Níorbh fhada go raibh sé ag míogarnach, agus cheap sé go raibh na guthanna ag imeacht i bhfad uaidh, go dtí gur dhúisigh sé de gheit.

Bhí an doras mór tar éis díoscán a dhéanamh agus dhún sé de phlab. Bhí Béorn imithe. Bhí na habhaic ina suí timpeall na tine ar an urlár a dhá gcós trasna ar a chéile. Thosaigh siad go luath ar amhránaíocht. Is mar seo a leanas a bhí cuid de na rainn, ach bhí mórán eile ann, agus mhair a gcuid amhránaíocht ar feadh i bhfad:

*Sa bhfraochlach feoite a bhí an brúios,
ach níor chorraigh aon duille ghlas sa choill:
bhraití slua mór scáth gach oíche is lá,
is aithidí thíos go ciúin ag sní.*

*Ó na cnoic a thagadh an gála fuar,
mar thonnta ag rolláil le tuaim is búir;
ligeadh brainsí scread, is an fhoraois cnead,
is duilli a thuitim ó chrann go húir.*

*Soir a chuaigh an ghaoth aniar,
is stad sa choill gach corraí is gníomh;
shéid siota beo thar chorrach ceo
is an fheadail ghlórach le clos faoin tír.*

*Níodh féara siosadh is cromadh síos;
ag dul thar ghiolcach creatha sa riasc,
is thar linnite buartha faoi spéartha fuara
go néalta stiallta a shéid an brúios.*

*Thar mhullach uaigneach lom an tSléibhe
os cionn uachais uamhnach péiste,
ar chlocha dubha is bolláin tiubha
trí thoit a chuaigh an ghaoth ag séideadh.*

*D'imigh an ghaoth i bhfad i gcéin,
thar mhuir na hoiche a theith sí féin.
Tá an ré ina fánaí ar sheolta na ngálaí
's siúd na réaltaí le drithle ag léim.*

Thosaigh Biolbó ag míogarnach arís. Go tobann d'éirigh Gandalf ina sheasamh.

"Is mithid dúinn dul a luí," a dúirt sé, "—dúinne, ach ní do Bhéorn, is dóigh liom. Is féidir linn codladh go slán sábháilte sa halla seo, ach tugaim rabhadh daoibh uile gan dearmad a dhéanamh ar a ndúirt Béorn sular imigh sé uainn: ní mór daoibh gan dul amach go dtí go n-éireoidh an ghrian, ar bhur bpriacal féin."

Chonaic Biolbó go raibh leapacha arna gcóiriú cheana féin ar thaobh an halla, ar chineál ardáin idir na cuaillí agus an balla seachtrach. Bhí tocht beag tuí ann dó agus pluideanna olla. Shoiprigh sé é féin isteach iontu go sásta, cé gurb é an samhradh a bhí ann. Dhóigh an tine go híseal agus thit sé ina chodladh. Ach dhúisigh sé san oíche: ní raibh sa tine ansin ach beagán gríosaí; thuig sé óna n-análú go raibh na habhaic agus Gandalf ina sámhchodladh; bhí paiste geal ar an urlár ón ngealach ard a bhí ag soilsiú isteach tríd an bpoll ar an díon.

Bhí drannadh le cloisteáil amuigh, agus torann den chineál a dhéanfadh ainmhí ag póirseáil thart in aice an dorais. D'fhiafraigh Biolbó de féin cad a bhí ann, agus arbh é Béorn é agus a chruth arna chlaochlú; b'fhéidir go dtiocfadh sé isteach i riocht béir le n-íad uile a mharú. Chuir Biolbó a chloigeann isteach faoi na pluideanna, agus thit ina chodladh arís in ainneoin na heagla a bhí air.

Bhí an mhaidin ann le tamall nuair a dhúisigh sé. Bhí duine de na habhaic tar éis titim thairis sna scáthanna a raibh sé ina luí iontu, agus rolláil sé anuas le plimp den ardán ar an urlár. Ba é Bófúr é a bhí ag clamhsán faoin scéal nuair a d'oscail Biolbó a dhá shúil.

"Éirigh, a scaiste," a dúirt sé, "nó ní bheidh bricfeasta ar bith fágtha ann duit."

D'éirigh Biolbó ina sheasamh. "Bricfeasta!" a dúirt sé de ghlaio. "Cá bhfuil an bricfeasta?"

“Istigh ionainne den chuid is mó,” arsa na habhaic eile a bhí ag bogadh timpeall ar fud an halla, “ach gheobhaidh tú a bhfuil fágtha amuigh ar an vearanda. Táimid ag tóraíocht Bhéorn ó d’éirigh an ghrian; ach níl aon rian de le feiceáil áit ar bith, cé go bhfuairéamar bricfeasta leagtha amach ar an mbord a thúisce is a chuamar amach.”

“Cá bhfuil Gandalf?” arsa Biolbó agus é ag imeacht chun rud éigin a fháil le n-ithe chomh luath agus ab fhéidir leis.

“Ó! Tá seisean ag siúl thart áit éigin,” a dúirt siad leis. Ach ní fhaca sé an draoi ar chor ar bith an lá sin go dtí an tráthnóna. Tamall gearr sula ndeachaigh an ghrian faoi shiúl Gandalf isteach sa halla, áit a raibh an hobad agus na habhaic ag a suipéar. Bhí ainmhithe iontacha Bhéorn ag freastal orthu, mar a rinne siad an lá ar fad. Ní fhaca siad Béorn agus níor chuala siad é ón oíche aréir, agus bhí mearbhall ag teacht orthu.

“Cá bhfuil fear an tí, agus cá raibh tusa an lá go léir?” a dúirt siad le Gandalf.

“Aon cheist amháin ag aon am amháin—agus ní fhreagróidh mé tada go dtí tar éis suipéir. Níor ith mé aon ghreim ó bhricfeasta.”

Sháigh Gandalf a phláta agus a chrúiscín uaidh sa deireadh—d’ith sé dhá bhuilín iomlána (mar aon le mórán ime, a lán meala agus uachtar tiubh); d’ól sé cárt meá ar a laghad—agus bhain sé amach a phiopa. “Is í an dara ceist is túisce a fhreagróidh mé,” a dúirt sé, “—ach beannacht orm, is iontach go deo an áit seo le haghaidh fáinní toite!” Go deimhin ní raibh siad in ann focal ar bith a bhaint as ar feadh i bhfad, mar bhí sé chomh gnóthach ag cur fáinní toite timpeall cholún an halla, ag cur cruthanna éagsúla orthu agus dathanna éagsúla, agus ansin á gcur i ndiaidh a chéile amach ar an bpoll sa díon. Ní foláir nó bhí cuma an-aisteach orthu lasmuigh, ag preabadh aníos i ndiaidh a chéile, iad uaine, gorm, dearg, glasliath, buí agus geal; cinn mhóra, cinn bheaga, cinn bheaga ag sleamhnú trí chinn mhóra agus ag ceangal le chéile ina n-ochtanna, agus ag imeacht in imigéin ar nós ealta éan.

“Táim tar éis lorg na mbéar a thóraíocht,” a dúirt sé sa deireadh thiar. “Caithfidh go raibh cruinniú ceart béar amuigh anseo aréir. Chonaic mé go luath nach bhféadfadh Béorn na loirg uile a dhéanamh: bhí an iomarca ar fad díobh ann, agus b’éagsúil na méideanna a bhí iontu freisin. Déarfainnse go raibh béir bheaga, béir mhóra, gnáthbhéir, agus béir ollmhóra fathachúla ann, iad uile go léir ag damhsa amuigh ó thitim na hoíche go dtí briseadh an lae nach mór. Is ó gach aird a tháinig siad ach amháin aniar thar an abhainn ó na Sléibhte. Ní raibh ach sraith amháin de rianta coise ag

dul an bealach sin agus ní raibh lorg ar bith ag teacht—ní raibh ach rianta coise ag imeacht uaidh seo. Lean mé iad sin fhad leis an gCarraic. D'imigh siad as amharc ansin isteach san abhainn, ach bhí an t-uisce ródhommhain róláidir lastall den chloch mhór dom le dul thairis. Tá sé sách éasca, mar is cuimhin libh, dul ón mbruach abhus thar an gclochán, ach ar an mbruach thall tá aill os cionn tréanchuilithe. Bhí orm siúl na mílte slí sula bhfuair mé áit a raibh an abhainn leathan agus éadomhain a dhóthain dom le dul trasna de shiúl agus ar snámh. Ansin bhí orm filleadh mílte slí leis an lorg a fháil arís. Bhí sé ródhéanach um an dtaca sin iad a leanúint fíorfhada. D'imigh na loirg go díreach i dtreo na gcoillte péine lastoir de Shléibhte an Cheo, an áit a raibh ár gcóisir bheag dheas againn leis na Criúin arú aréir. Anois is dóigh liom gur fhreagair mé bhur gcéad cheist freisin,” a dúirt Gandalf mar chríoch, agus d’fhan sé ina shuí ar feadh tamaill gan focal a rá.

Cheap Biolbó gur thuig sé a raibh i gceist ag an draoi. “Cad a dhéanfaimid?” arsa seisean go buartha. “Má threoraíonn sé na Criúin uile agus na púcaí anuas anseo? Béarfai orainn uile go léir agus marófar muid! Cheap mé go ndúirt tú nach cara dá gcuid a bhí ann.”

“Dúirt go deimhin. Agus ná bí amaideach! Ba chóir duit dul a luí, tá do cheann ina chodladh.”

Mhóthaigh an hobad go ndearnadh staicín áiféise de. Ó chonaic sé nach raibh tada eile aige le déanamh, chuaigh sé a luí dáiríre. Bhí na habhaic ag gabháil fhoinn go fóill nuair a thit sé ina chodladh, agus é trína chéile i gcónaí i dtaobh Bhéorn. Rinne sé brionglóid faoi na céadta béar dubh ag damhsa go mall trom timpeall agus timpeall faoi sholas na gealaí sa chlós. Ansin dhúisigh sé nuair a bhí gach duine eile ina chodladh, agus chuala sé an scríobadh, an grafadh, an smúrthacht agus an drannadh a chuala sé cheana.

Ba é Béorn féin a dhúisigh iad go léir an lá arna mhárach. “Tá tusa anseo i gcónaí!” arsa seisean. D’ardaigh sé an hobad agus rinne sé gáire. “Feicim nár ith na Criúin, na púcaí, nó na béir urchóideacha fós thú,” agus bhrúigh sé a mhéara in aghaidh veist an Bhaigínigh go han-dímheasúil. “Tá an patlachán beag ag dul i raimhre go han-deas ar arán agus ar mhíl,” a dúirt sé ag sclugaíl gháire. “Gabh i leith uait go bhfaighidh tú tuilleadh!”

Chuaigh siad go léir mar sin le bricfeasta a ithe ina fhochair. Is aisteach mar a tharla, ach ba ríshuairc an giúmar a bhí ar Bhéorn; go deimhin chonacthas dóibh go raibh sé fiormheidhreach agus bhain sé an-gháire astu lena chuid scéalta grinn. Ní raibh siad i bhfad ag fiafraí díobh féin cá raibh sé nó cén fáth a raibh sé chomh

lách sin dóibh, óir d'inis sé féin dóibh é. Bhí sé tar éis dul thar an abhainn agus siar ar ais chuig na sléibhte—agus is léir daoibh uaidh sin gurbh fhéidir leis taisteal go han-tapa, i riocht béir ar aon dath. Rinne sé amach ó phlásóg dhóite na mac tíre gurbh fhíor an chuid sin dá scéal; agus ina theannta sin rug sé ar Chriún agus ar phúca a bhí ag fánaíocht sna coillte. Bhain sé nuacht astu sin: bhí patróil de chuid na bpúcaí in éineacht leis na Criúin ar thóir na n-abhac i gcónaí. Bhí fraoch feirge orthu toisc gur maraíodh an Púca Mór, agus freisin toisc gur loisceadh srón cheannfort na mac tíre agus toisc gur mharaigh tine an draoi a lán de na seirbhísigh ba thábhachtaí aige. D'inis siad an oiread sin dó nuair a chuir sé iachall orthu, ach thomhais sé go raibh tuilleadh urchóide fós ar bun; go mb'fhéidir go ndéanfadh slua iomlán na bpúcaí mar aon lena gcomhghuaillithe na mic tíre, go ndéanfaidís ruathar go luath isteach sa limistéar a bhí faoi scáth na sléibhte ar thóir na n-abhac, nó chun díoltas a imirt ar na daoine agus ar na créatúir a bhí lonnaithe ann, agus a bhí dar leo ag tabhairt foscaidh do na habhaic.

“Ba mhaith an scéal a bhí agaibh,” arsa Béorn, “ach is fearr a thaitníonn sé liom anois, nuair is léir go bhfuil sé fíor. Caithfidh sibh maitheamh dom nár ghlac mé le bhur bhfocal. Dá mbeadh cónaí oraibhse gar d'imeall na Modarchuille, ní chreidfeadh sibh duine ar bith nach raibh an oiread aithne agaibh air is bheadh agaibh ar bhur ndeartháir, nó aithne níos fearr ná sin, b'fhéidir. Faoi mar atá, ní mór dom a rá gur dheifrig mé abhaile le cinntiú go raibh sibh slán sábháilte, agus chun aon chúnamh is féidir liom a thairiscint daoibh. Is deise liom abhaic amach anseo. Mharaigh sibh an Púca Mór, mharaigh sibh an Púca Mór!” a dúirt sé agus rinne sé gáire croiúil leis féin.

“Cad a rinne tú leis an bpúca agus leis an gCriún?” a dúirt Biolbó go tobann.

“Gabh i leith go bhfeicfidh tú!” arsa Béorn, agus lean siad timpeall an tí é. Bhí cloigeann púca ar mhaide lasmuigh den gheata agus bhí seithe criúin tairneáilte de chrann lastall de. Is fíochmhar an namhaid a bhí i mBéorn. Ach ba é a gcara siadsan anois é, agus cheap Gandalf go mbeadh sé ciallmhar a scéal insint dó ina iomláine agus fáth a dturais, sa chaoi is go bhféadfaidís an oiread cúnamh a fháil uaidh agus a bhí aige le tairiscint dóibh.

Seo ar gheall sé dóibh. Thabharfadh sé capaillín do gach uile dhuine acu agus capall do Ghandalf le haghaidh a dturas chuig an bhforaois, chuirfeadh sé bia ina ualaí ar na capaill a mhairfeadh roinnt mhaith seachtainí, dá mbeidís airdeallach, agus bheadh an lón pacáilte aige sa chaoi is go mbeadh sé chomh héasca le hiompar

agus ab fhéidir—cnónna, plúr, crúiscíní séalaithe lán le torthaí tirime, potaí dearga cré lán meala, agus cístí athbhruite a choinneodh ar feadh i bhfad agus a bhféadfaidís taisteal i bhfad ar bheagán de. Rún ab ea modh a ndéanta ach bhí mil iontu, faoi mar a bhí i bhformhór dá chuid beatha, agus bhí siad fiormhaith le n-ithe, cé go gcuirfidís tart ar dhuine. Níor ghá dóibh aon uisce a thabhairt leo taobh abhus den fhoraois, a dúirt sé, óir bhí srutháin agus toibreacha ar feadh an bhóthair. “Ach bhur mbealach tríd an Modarchoill—beidh sé sin dorchá doiligh dainséarach,” a dúirt sé. “Ní éasca uisce a fháil ann, ná bia ach an oiread. Níor tháinig séasúr na gcónna go fóill (cé go mb’fhéidir go dtiocfadh sé agus go mbeadh sé thart sula sroichfidh sibh an taobh thall), agus cnónna an t-aon sórt rud le n-ithe a fhásann ann. Tá na nithe fiáine sa choill dorchá aduain fíochmhar. Soláthróidh mé craicne daoibh chun uisce a iompar agus tabharfaidh mé roinnt boghanna agus saighde daoibh. Ach tá an-amhras orm an bhfaighidh sibh aon rud sa Mhodarchoill a bheidh sábháilte folláin le n-ithe nó le n-ól. Tá sruthán amháin ann, tá a fhios agam, atá dubh láidir agus a théann trasna an chosáin. Caithfidh sibh gan ól as ná sibh féin a níochán ann; chuala mé go bhfuil draíocht láidir ag baint leis agus cuireann sé sámhchodladh agus dearmad ar dhuine. Agus i scáthanna gruama na háite úd, ní dóigh liom go maróidh sibh aon rud, folláin nó mífholláin, gan dul ar seachrán ón gcosán. Caithfidh sibh gan é sin a dhéanamh ar chúis ar bith.

“Sin a bhfuil de chomhairle agam daoibh. Is beag cúnamh is féidir liom a thabhairt daoibh lastall de chiumhais na foraoise. Ní mór daoibh dul i muinín bhur n-áidh, bhur misnigh agus i muinín an bhia a tabharfaidh mé daoibh. Nuair a shroichfidh sibh geata na foraoise, iarraim oraibh mo chapall agus mo chapaillíní a chur ar ais chugam. Ach guím gach uile rath oraibh, agus beidh mo theach ar oscailte daoibh, má thagann sibh ar ais an bealach arís go deo.”

Ghabh siad buíochas leis ar ndóigh ag umhlú dó go minic agus ag scuabadh a gcochall agus is iomaí uair a dúirt siad, “is sinne do sheirbhísigh, a mháistir na hallaí leathana adhmaid!” ach thit a gcroí nuair a chuala siad a chaint thromchúiseach, agus chreid siad uile um an dtaca sin gur contúirtí go mór an eachtra ná mar a cheap siad; agus fiú dá n-éireodh leo teacht slán ó ghuaiseacha uile an bhóthair, bhí a fhios acu i gcónaí go mbeadh an dragan ag fanacht leo ag ceann scríbe.

Bhí siad gnóthach an mhaidin sin uile ag ullmhú don aistear. D’ith siad béile le Béorn den uair dheireanach go gairid tar éis meán lae,

agus ina dhiaidh sin chuaigh siad suas ar mhuin na gcapall a bhí sé a thabhairt ar iasacht dóibh. Tar éis slán a fhágáil aige go minic chuaigh siad amach trína gheata agus luas maith fúthu.

A thúisce is a d'fhág siad ina ndiaidh na fálta arda ar an taobh thoir dá thailte, chas siad ó thuaidh agus ansin lean siad orthu siar ó thuaidh. I ngeall ar a chomhairle seisean ní raibh siad a thuilleadh ag iarraidh dul i dtreo phríomhbhóthar na foraoise laistear dá thailte. Dá leanfaidís an bearnas sna cnoic, thabharfadh a gcósán síos sruthán ó na sléibhte a chasfadh leis an abhainn na mílte slí taobh ó dheas den Charraic. Bhí áth domhain ag an gcumar agus d'fhéadfaidís dul trasna ann dá mbeadh a gcapaillíní acu i gcónaí. Lastall den áth bhí cosán caol a théadh go dtí ciumhais na foraoise agus tús sheanbhóthar na coille. Ach chuir Béorn fainic orthu á rá go mbaineadh na púcaí feidhm as an mbealach úd go minic, fad is a bhí an bóthar féin, de réir mar a chuala sé, tacht le fásra agus gur bheag feidhm a bhítí a bhaint as ag an gceann thoir. Théadh an bóthar chuig riasca díbhealaigh, áit nach raibh aon bhealach le haithneachtáil le fada fada an lá. Ina theannta sin bhí oscailt oirthearach an bhóthair i bhfad laistear den Sliabh Uaigneach, agus bheadh slí fhada anacrach ó thuaidh acu, nuair a shroichfidís an taobh eile. Lastuaidh den Charraic bhí ciumhais na Modarchoille ag druidim le bruacha na hAbhann Móire, agus cé go raibh na sléibhte níos cóngaraí anseo freisin, mhol Béorn dóibh dul an bealach sin; óir in áit amháin, a bhí aistear cúpla lá ó thuaidh den Charraic bhí geata cosáin anaithnid tríd an Modarchoill agus théadh sé sin go díreach nach mór i dtreo an tSléibhe Uaignigh.

Sular imigh siad dúirt Béorn leo: “Ní bheidh de dhánacht sna púcaí dul trasna na hAbhann Móire ar feadh céad míle slí lastuaidh den Charraic ná druidim le mo theachsa—bíonn dea-chosaint agam istoíche—ach molaim daoibh marcaíocht go tapa; óir má dhéanann siad a ruathar go luath, trasnóidh siad an abhainn ó dheas agus cuardóidh siad imeall na foraoise go léir chun bhur mbealach a dhúnadh oraibh; agus is tapúla Criúin ná capaill. Beidh sibh níos sábháilte ina dhiaidh sin féin ag dul ó thuaidh, fiú má bhíonn sibh ag dul ar ais i dtreo a ndaingean; óir is é sin an rud is lú a mbeidh siad ag súil leis, agus is faide an mharcaíocht a bheidh acu le breith oraibh. Chun bóthair libh anois agus déanaigí an oiread deifre agus is féidir!”

B'shin é an fáth a raibh siad ina dtost, ag dul ar cosa in airde cibé áit a mbeadh an talamh féarmhar mín—is bhí na sléibhte go gruama dorchá ar thaobh na láimhe clé, agus i bhfad uathu bhí líne na habhann lena crainn agus iad ag druidim léi de shíor. Ní raibh an

ghrian ach go díreach tar éis iompú siar nuair a chuir siad chun bóthair, agus d'fhan sí go hórca ar an tír máguaird go dtí deireadh an lae. Ba dheacair dóibh púcaí a shamhlú ar a gcúl á dtóraíocht. Nuair a chuir siad mórán mílte slí idir iad féin agus teach Bhéorn, thosaigh siad ag caint arís agus ag gabháil fhoinn; rinne siad dearmad de chosán dorchá na foraoise a bhí rompu. Ag tús na hoíche nuair a tháinig an clapsolas agus mullaigh na gcnoc ag dealrú go fann in aghaidh luí na gréine, rinne siad campa agus chuir garda ag faire. Chodail a bhformhór go míshocair agus rinne siad brionglóid faoi uallfartach na mac tíre agus faoi bhéicil na bpúcaí.

Ach bhris an mhaidin go breá geal arís lá arna mhárach. Bhí ceo bán mar a bheadh ceo fómhair ar an talamh agus bhí goimh san aer, ach níorbh fhada gur éirigh an ghrian dhearg thoir agus d'imigh an ceo. Fad is a bhí na scáthanna fós fada ar an talamh, chuir na taistealaithe chun bóthair. Lean siad orthu ag marcaíocht ar feadh dhá lá agus ní fhaca siad an fad sin go léir ach féar, bláthanna, éin, crainn scaipthe agus ó am go ham tréada beaga d'fhianna rua ag brobhsáil nó ina suí sa scáth ag am lóin. Uaireanta d'fheiceadh Biolbó beanna na bhfiaphoc ag gobadh aníos as an bhféar fada. Ar dtús cheap sé gur craobhacha marbha crann a bhí iontu. An tríú tráthnóna úd theastaigh uathu leanúint níos faide ar aghaidh lena n-aistear, óir dúirt Béorn leo go dtiocfaidís ar gheata na foraoise go moch an ceathrú lá. Lean siad leo ag marcaíocht mar sin sa chlapsolas agus tar éis titim na hoíche faoi sholas na gealaí. De réir mar a bhí sé ag dul ó sholas, thaibhsítí do Bhiolbó go bhfeiceadh sé i bhfad uaidh ar dheis, nó ar chlé, cruth éiginnte de bhéar mór ag smúrthacht leis in aon treo leo féin. Nuair a leomhadh sé é a lua le Gandalf, ní deireadh an draoi ach "Fuist! Ná tabhair aon aird air!"

An lá arna mhárach chuir siad chun bóthair roimh éirí na gréine, cé go raibh an oíche gairid. A thúisce is a bhris an lá, chonacthas dóibh go raibh an fhoraois ag teacht ina gcoinne, nó go raibh sí ag fanacht leo mar a bheadh balla dubh bagrach os a gcomhair amach. Thosaigh an talamh ag dul in airde, agus samhlaíodh don hobad go raibh ciúnas ag brú isteach orthu. D'imigh cantaireacht na n-éan i léig. Ní raibh aon fhia ann a thuilleadh; ní fhacthas oiread is coinín féin. Faoin ardtráthnóna bhí ciumhais na Modarchuille sroichte acu, agus bhí siad ag ligean a scíthe faoi bhrainsí móra na gcrann seachtracha a bhí crochta anuas orthu. Ollmhéid a bhí i dtamhain na gcrann agus fadhbanna iontu; is casta cam a bhí a gcraobhacha agus a nduilleoga fada dorchá. Bhí eidhneán ag fás ar na crainn agus ag sraoilleadh ar an talamh.

“Bhuel, seo dúinn an Mhodarchoill!” arsa Gandalf. “An fhoraois is mó sa Domhan Thuaidh uile. Tá súil agam go dtaitníonn a cuma libh. Na capaillíní sármhaithe seo a fuair sibh ar iasacht, ní mór daoibh a gcur ar ais anois.”

Rinne na habhaic roinnt clamhsáin nuair a chuala siad sin, ach dúirt an draoi leo gurbh amadain iad. “Níl Béorn chomh fada uaibh agus a cheapann sibh, agus ar aon chuma tá sé chomh maith daoibh bhur ngealltanas a chomhlíonadh, óir is olc an namhaid é. Is géire súile an Bhaigínigh ná bhur súilese, mura bhfaca sibh béar mór ag dul ar aghaidh linn gach tráthnóna tar éis titim an dorchadais, nó ina shuí i bhfad uainn faoi sholas na gealaí ag faire ar ár gcampa. Bhí sé ann chun aire a thabhairt daoibh, chun sibh a threorú, agus chun súil a choinneáil ar a chuid capaillíní freisin. Is é Béorn bhur gcara, b’fhéidir, ach tá an oiread grá aige dá ainmhithe is a bheadh aige dá pháistí féin. Ní thuigeann sibh a chineálta is a bhí sé ag ligean d’abhaic marcaíocht a dhéanamh ar a chapailíní chomh fada agus chomh tapa. Is ní féidir libh a shamhlú cad a bhainfeadh daoibh, dá ndéanfadh sibh iarracht iad a thabhairt libh isteach san fhoraois.”

“Céard faoi do chapallsa mar sin,” arsa Tóirín. “Níor luaigh tú go gcuirfeá í sin ar ais.”

“Níor luaigh, mar ní chuirfidh mé ar ais í.”

“Agus céard faoi d’fhocalsa mar sin?”

“Tabharfaidh mise aire dó sin. Ní chuirfidh mé an capall ar ais. Beidh mé á marcaíocht ar ais!”

Thuig siad ansin go raibh beartaithe ag Gandalf imeacht uathu ag ciumhais na Modarchoille féin, agus chaill siad a misneach. Ach ní fhéadfaidís aon rud a rá, a thabharfadh air a intinn a athrú.”

“Anois, phléamar an scéal seo uile go léir roimhe seo, nuair a thuirlingíomar ar an gCarraic,” a dúirt sé. “Níl aon mhaith san argóint. Tá gnó práinneach agam i bhfad ó dheas, mar a d’inis mé daoibh cheana; agus táim déanach cheana féin toisc go raibh baint agam libhse. Seans go gcasfar ar a chéile arís sinn, sula mbeidh deireadh le gach rud, ach arís ar ndóigh, seans nach gcasfar. Is ar bhur n-ádh a bhraitheann sé sin, ar bhur misneach is ar bhur stuaim; agus táimse ag cur an Bhaigínigh in éineacht libh. D’inis mé daoibh cheana go bhfuil níos mó ann ná mar a cheapann sibh; gheobhaidh sibh é sin amach sul i bhfad. Mar sin, bíodh misneach agat, a Bhiolbó, agus cuir díot an strainc ghruama sin. Bíodh misneach agaibh, a Thóirín agus a chomhluadar Thóirín! Is libhse an eachtra seo i ndeireadh na dála. Smaoinígí ar an saibhreas ag an deireadh, agus déanaigí dearmad ar an bhforaois agus ar an dragan, go dtí maidin amárach ar aon dath!”

Nuair a tháinig an mhaidin dár gcionn bhí an rud ceannann céanna á rá aige. Ní raibh tada le déanamh acu mar sin ach na craicne a líonadh d'uisce i dtobar glan in aice le geata na foraoise agus na hualaí a bhaint de na capaillíní. Roinn siad na bearta amach chomh cothrom agus ab fhéidir leo, cé gur cheap Biolbó go raibh a ualach féin róthuirsíúil róthrom, agus bhí sé an-mhíshásta go gcaithfeadh sé siúl ar feadh na mílte slí agus an oiread sin thuas ar a dhroim.

“Ná bí buartha!” arsa Tóirín, “Is róluath a rachaidh sé in éadroime. Is dócha nach fada go mbeimid ag dúil le hualaí ba throime, nuair a thosóidh an lón ag dul i ndisc.”

Ansin ar deireadh thiar d'fhág siad slán lena gcapaillíní agus chas cloigeann na n-ainmhithe i dtreo a mbaile. D'imigh na capaill leo ag sodar go meidhreach, agus bhí an chuma orthu a bheith lánsásta a dtóin a chasadh i dtreo na Modarchoille dorcha. Nuair a d'imigh siad, bhí Biolbó cinnte go bhfaca sé rud i riocht béir ag teacht amach ó scáth na gcrann agus ag spágáil go mear ina ndiaidh.

D'fhág Gandalf slán leo freisin. Shuigh Biolbó síos ar an talamh agus an-bhrón air. Ba bhréa leis a bheith taobh leis an draoi thuas ar a chapall ard. Chuaigh Biolbó cúpla slat isteach sa choill tar éis bricfeasta (ba ribhocht an bricfeasta é) agus chonacthas dó go raibh sé chomh dorcha inti ar maidin agus a bheadh istoíche. Bhí sé andiamhair freisin: “Bhraith mé go rabhthas ag faire orm agus ag fanacht liom,” a dúirt sé leis féin.

“Slán leat!” arsa Gandalf le Tóirín. “Agus go dté sibh uile slán! Go díreach tríd an bhforaois anois. Ná téigí ar seachrán ón gcosán!—má dhéanann sibh amhlaidh, is é is dóichí nach bhfaighidh sibh an cosán arís agus nach dtiocfaidh sibh amach as an Modarchoill go deo na ndeor; agus ansin, ní móide go bhfeicfidh mise nó aon duine eile arís sibh go brách.”

“An gá dúinn dul tríthi dáiríre?” arsa an hobad de chnead.

“Is gá go deimhin!” arsa an draoi, “má theastaíonn uaibh an taobh eile a shroicheadh. Caithfidh sibh dul tríthi nó éirí as an tóraíocht. Agus ní cheadóidh mise duit éirí as anois, a Bhaigínigh dhil. Tá náire orm leat, go bhfuil tú ag smaoineamh ar a leithéid. Ní mór duit aire a thabhairt do na habhaic seo go léir thar mo cheannsa,” arsa seisean agus rinne sé gáire.

“Ní hea! Ní hea! Ní hé sin a bhí i gceist agam. Is éard a theastaigh uaim a fhiafraí an raibh bealach ar bith ina timpeall?”

“Tá cinnte, más maith libh míchóngar dhá chéad míle slí a chur oraibh féin ó thuaidh agus a dhá oiread ó dheas. Ach ní bheadh an bealach sábháilte ansin féin. Níl a leithéid de rud ann bealach

sábháilte sa taobh seo tíre. Cuimhnigh go bhfuil sibh thar Imeall an Fhiántais anois, agus is iomaí cineál spóirt atá i ndán daoibh is cuma cén áit a rachaidh sibh. Sula bhféadfadh sibh dul thar ar an Modarchoill ó thuaidh, bheadh sibh i lár learga na Sléibhte Liatha, agus bíonn siad sin lán go boimbéal le púcaí, le mórfhúcaí, agus le hoirc den chineál is measa. Sula bhféadfadh sibh dul ina timpeall ó dheas, rachadh sibh isteach i gcríocha an Mharbhdhraoi; agus ní gá domsa scéalta faoin draoi dúchroíoch gránna úd a insint fiú amháin duitse, a Bhiolbó. Molaim daoibh gan dul i bhfoisceacht aon áit a mbíonn a thúr dorcha ag breathnú anuas oraibh! Cloígí le cosán na foraoise, biodh misneach agaibh, bígí ag súil leis an rud is fearr, agus má bhíonn an-ádh go deo libh, b'fhéidir go dtiocfadh sibh amach lá de na laethanta seo agus go bhfeicfeadh sibh na Riasca Fada ina luí os bhur gcomhair amach, agus tharstu sin thoir, an Sliabh Uaigneach, áit a bhfuil cónaí ar ár seanchara Smóg—cé go bhfuil dóchas agam nach bhfuil sé ag súil libh.”

“Is mór an sólás dúinn an méid sin go deimhin,” arsa Tóirín go dranntánach. “Slán leat! Mura bhfuil tú sásta teacht linn, bheadh sé chomh maith duit imeacht anois gan a thuilleadh cainte”

“Go dté sibh slán, go dté sibh slán go firinneach!” arsa Gandalf. Chas sé a chapall agus rinne sé marcaíocht siar. Ach níor fhéad sé gan an focal deireanach a bheith aige. Sula ndeachaigh sé as raon na gcluas ar fad, chas sé sa diallait, chuir a dhá lámh lena bhéal agus ghlaoi orthu: “Go dté sibh slán! Bígí go maith, tugaigí aire mhaith daoibh féin—AGUS NÁ FÁGAIGÍ AN COSÁN!”

Thosaigh sé ag marcaíocht ar cosa in airde ansin agus níorbh fhada gur imigh sé as amharc. “Go dté tú slán agus imigh leat!” arsa na habhaic de bhanrán; mhéadaigh ar a bhfearg leis óir chaill siad a misneach ó d'imigh sé uathu. Is ansin a thosaigh an chuid ba chontúirtí dá dturas. Chuir gach aon taistealaí a bheart trom agus a chraiceann uisce féin ar a dhroim; chas siad ón solas a bhí ina luí ar na tailte lasmuigh agus shiúil go cróga isteach san fhóraois.

Cuileanna is Damháin Alla

Ina nduine is ina nduine a shiúlaidís. An bealach chuig an gcosán ba gheall le háirse ag béal tolláin ghruama é agus é déanta de dhá chrann ollmhóra claonta le chéile. Bhí siad fíorshean agus bhí an iomarca eadhneáin agus léicin á gclúdach le go bhféadfadh níos mó ná beagán duilleog dorchá fás ar na craobhacha. Bhí an cosán féin cúng agus lúbadh sé isteach is amach idir na crainn. Níorbh fhada go raibh an solas ag an ngeata cosúil le poll beag geal i bhfad ar gcúl, agus bhí an ciúnas chomh domhain go ndéanadh a gcosa plimp mhór ar an talamh agus bhí na crainn ar crochadh os a gcionn agus ag éisteacht leo.


De réir mar a chuaigh a súile i dtaithí ar an dorchadas, d'fheicidís beagán ar gach aon taobh i marbhsolas gruama glas. Ó am go ham d'éiríodh le ga caol ámharch gréine sleamhnú isteach trí bhearna éigin sna duillí i bhfad os a gcionn agus, ní b'ámharaí fós, nuair nach dtéadh sé i bhfostú sa tranglam de ghéaga agus de chraobhóga fite le chéile fúthu sin, thagadh sé anuas ansin ar urlár na foraoise rompu mar a bheadh bior solasmhar géar. B'annamh a tharlaíodh sé sin agus níorbh fhada go raibh deireadh ar fad lena leithéid.

Bhí ioraí dubha san fhoraois. De réir mar a d'éirigh súile géara fíorsacha Bhiolbó cleachtach le nithe a fheiceáil, d'fhaigheadh sé spléachadh orthu ag rith den chosán agus ag dul i bhfolach ar chúl na gcrann. Chloistí fuaimeanna aisteacha freisin, gnúsacht agus grafadh, nithe ag deifriú sa scrobarnach agus sna duillí a bhí ina gcarnáin tiubha in áiteanna ar urlár na coille; ach ní fhaca Bhiolbó cén rud a bhíodh ag déanamh an torainn. Ba iad na téada damhán alla na rudaí ba ghránna dá bhfaca siad; téada dlútha damhán alla le snáithí fíorthiubha, iad teannta go minic ó chrann go crann, nó ina dtranglam sna craobhacha íochtaracha ar gach aon taobh díobh. Ní bhíodh téad ar bith trasna an chosáin féin, ach ní fhéadfaidís a thomhas cé acu draíocht éigin a bhí ag coinneáil an chosáin glan ó théada nó an raibh fáth ar bith eile leis.

Niorbh fhada go raibh an oiread fuatha acu don fhoraois agus a bhí do tholláin na bpúcaí, agus ba lú an dóchas a bhí acu go mbeadh deireadh ar bith léi. Ach bhí orthu leanúint leo ar aghaidh agus ar aghaidh, i bhfad tar éis dóibh éirí tuirseach den fhoraois. D'éirigh siad bréan de toisc nach mbíodh an ghrian agus an spéir le feiceáil inti, agus nach bhféadfaidís an ghaoth a mhothú ar a n-aghaidh. Ní bhíodh an t-aer ag corraí faoi dhíon na gcrann, agus bhí ciúnas dorchá marbhánta go síoraí ann. D'airigh na habhaic féin an mharbhántacht, cé go raibh taithí acu ar an tolladóireacht, agus cé go raibh cónaí orthu roimhe sin ar feadh i bhfad d'uireasa sholas na gréine; ach an hobad, a dtaitníodh poll leis mar bhaile—ach ní mar áit chun laethanta an tsamhraidh a chaitheamh ann, d'airigh sé go rabhthas á thachtadh go mall righin.

Ba iad na hoícheanta ba mheasa. Bhíodh an fhoraois chomh dubh le pic san oíche—ní hionann an dubh sin agus rud bhíonn i gceist go hiondúil nuair a deirtear chomh dubh le pic. Ní hea, is fiordhubh a bhíodh an oíche: bhíodh sí chomh dubh sin nach bhfeicfí faic na fríde. D'fhéach Bholbó lena lámh a luascadh os comhair a dhá shúil oíche amháin, ach ní fhaca sé in aon chor í. Bhuel, b'fhéidir nach bhfuil sé fíor a rá nach bhfeictí tada: d'fheictí súile. Chodlaíodh na taistealaithe uile go léir cruinn le chéile, agus dhéanaidís sealaíocht ag faire; nuair a thagadh seal Bholbó, d'fheiceadh sé léasacha sa dorchadas ina dtimpeall, agus uaireanta bhíodh péire de shúile buí, nó de shúile dearga, nó de shúile glasa ag stánadh air tamall uaidh. Ansin d'imídís as agus ansin bhídís ag stánadh air áit éigin eile. Uaireanta eile bhídís ag lonrú anuas ó na craobhacha go díreach os a chionn, rud a scanraíodh as a chraiceann é. Ach ba iad na súile ba lú a thaitníodh leis na súile gránna bolgacha tláithe. “Ní súile ainmhi iad,” a deireadh sé leis féin, “ach súile feithide—ach go bhfuil siad i bhfad rómhór.”

Cé nach raibh an aimsir an-fhuar, d'fhéachaidís le tine faire a lasadh istoíche, ach is gearr gur éirigh siad as an iarracht. D'fheictí dóibh go mbíodh an tine ag tarraingt na gcéadta is na gcéadta súl chuig gach áit máguaird, cé go mbíodh an-airdeall ar na créatúir, cibé ní a bhí iontu, gan a gcolainn a thaispeáint i loinnir lag na lasracha. Níos measa fós mhealladh sé chucu na mílte is na mílte de leamhain dúliatha is dubha, cuid acu chomh mór le do lámh, agus bhídís sin ag faoileáil agus ag seabhrán timpeall a gcluas. Ní fhéadfaidís cur suas leo sin ná leis na hialtóga ollmhóra ach an oiread, iad chomh dubh le tóin an phota; d'éirigh siad as na tinte mar sin agus shuídís istoíche nó bhídís ag míogarnach sa dorchadas dearmháil neamhshaolta.



Lean sé sin uile ar aghaidh ar feadh na gcianta, dar leis an hobad, agus bhíodh ocras air i gcónaí, mar bhídís an-tíosach lena gcuid lóin. Mar sin féin, de réir mar a bhíodh na laethanta ag imeacht agus an fhoraois ag fanacht mar a bhí gan aon athrú, thosaigh iarracht den imní ag teacht orthu. Ní sheasfadh an bia go deo; bhí sé ag dul i ndisc cheana féin. Dhéanaidís iarracht saighde a scaoileadh leis na hioraí, agus is iomaí sin saighead a chuir siad amú sular éirigh leo ceann a thabhairt anuas ar an gcosán. Ach nuair a róst siad é, ba ríghranna an blas a bhí air, agus níor mharaigh siad aon iora eile.

Bhíodh tart orthu freisin, óir bhí a gcuid uisce gann, agus ní fhaca siad sruthán ná tobair ó tháinig siad isteach san fhoraois. Is mar sin a bhí siad maidin amháin nuair a tháinig siad ar uisce reatha trasna an chosáin sa chaoi nár fhéad siad dul ar aghaidh. Bhí an t-uisce ag rith go láidir mear, cé nach raibh sé róleathan trasna na slí, agus dath dubh a bhí air, nó sin a chonacthas dóibh san fhoraois dhorcha. Is maith an rud é gur chuir Béorn fainic orthu gan teagmháil leis, nó d'ólfaidís as in ainneoin a dhatha, agus líonfaidís cuid dá gcrainne folmha ar an mbruach. Faoi mar a tharla, níor smaoinigh siad ar thada ach ar dhul trasna gan a gcosa a fhluchadh. Bhí droichead adhmaid thar an sruthán tráth, ach lobh sé agus thit sé isteach san uisce gan ach na cuailí briste a fhágáil in aice leis an mbruach.

Chuaigh Biolbó síos ar a dhá ghlúin ar an mbruach agus d'fhéach ar aghaidh. "Tá bád ar an bport thall!" arsa seisean de bhéic. "Faraor nach bhfuil sé ar an taobh abhus!"

"Cé chomh fada is atá sé uainn?" a dúirt Tóirín, óir faoin am sin bhí a fhios ag na habhaic gurbh é Biolbó an duine orthu a raibh na súile ba ghéire aige.

"Níl sé fada ar chor ar bith. Ní dóigh liom go bhfuil sé níos mó ná dhá shlat déag uainn."

"Dhá shlat déag! Cheapfainnse go mbeadh sé tríocha slat uainn ar a laghad, ach ní fheicimse chomh maith is a d'fheicinn céad bliain ó shin. Ach tá dhá shlat déag chomh fada le míle. Ní féidir linn léim thairis is ní leomhfaimis siúl ná snámh anonn."

"An bhféadfadh duine ar bith agaibh téad a chaitheamh trasna?"

"Cén mhaith a bheadh ansin? Is cinnte go bhfuil an bád ceangailte, fiú amháin dá bhféadfaimis breith air, rud nach dócha."

"Ní dócha go bhfuil sé ceangailte," arsa Biolbó, "ach ar ndóigh ní féidir liom a bheith siúrálte sa solas seo; ach feictear domsa nach bhfuil sé ach tarraingthe in aice an bhruaigh, agus tá an bruach íseal ansin san áit a dtéann an cosán isteach san uisce."

“Is é Dóirí is treise orainn, ach Fílí is óige agus is aigesean atá na súile is géire,” arsa Tóirín. “Gabh i leith, a Fhílí, agus faigh amach an bhfeiceann tú an bád a bhfuil an Baigíneach Uasal ag caint faoi.”

Cheap Fílí go bhfaca sé an bád; mar sin, tar éis dó stánadh ar feadh i bhfad chun tuairim a fháil faoin treo, thug na habhaic eile rópa chuige. Bhí roinnt mhaith rópaí leo agus ag ceann amháin den rópa ab fhaide cheangail siad crúca de na crúcaí móra iarainn a mbainidís feidhm astu chun a bpacaí a cheangal leis na hirisí timpeall a nguaillí. Thóg Fílí an crúca, mheáigh ina lámh é go ceann píosa agus ansin chaith sé thar an sruthán é.

Thit sé spleais! isteach san uisce! “Níor chaith tú sách fada é,” arsa Biolbó a bhí ag gliúmáil roimhe. “Cúpla troigh eile agus thitfeadh sé isteach sa bhád. Bain triail as arís. Ní dócha go bhfuil an draíocht sách láidir le thú a ghortú, mura ndéanfaidh tú ach teagmháil le beagán de rópa fliuch.”

Tharraing Fílí an rópa ar ais agus thóg an crúca; bhí cuma amhrasach air mar sin féin. Chaith sé an uair sin le neart mór é.

“Aire!” arsa Biolbó. “Chaith tú isteach sa choill ar an taobh eile anois é. Tarraing ar ais é go deas mín.” Tharraing Fílí an rópa ar ais go réidh agus tar éis píosa dúirt Biolbó, “Go haireach anois. Tá sé ina luí ar an mbád; bímis ag súil go rachaidh an crúca i bhfostú ann.”

Chuaigh. Theann an rópa agus bhí Fílí ag tarraingt in aisce. Tháinig Kílí le lámh chunta a thabhairt dó, ansin tháinig Óin agus Glóin. Tharraing siad agus tharraing siad agus go tobann leagadh iad uile ar a ndroim. Bhí Biolbó ag faire, áfach; rug sé ar an rópa agus stop sé an báidín beag le píosa maide nuair a tháinig sé de ruathar trasna an tsrutháin. “Cabhair!” a dúirt sé, agus bhí Báilín díreach in am chun breith ar an mbád sula ndeachaigh sé ar snámh síos an sruth.

“Bhí sé ceangailte i ndiaidh an iomláin,” arsa Báilín agus é ag breathnú ar an téad briste a bhí á choinneáil agus a bhí fós crochta den bhád. “Ba mhaith an tarraingt é sin, a bhuachaillí. Ar ámharaí an tsaoil ba threise an téad seo againne ná téad an bháid.”

“Cé is túisce a rachaidh anonn?” arsa Biolbó.

“Mise,” arsa Tóirín, “agus tiocfaidh tusa, Fílí agus Báilín in éineacht liom. Sin an oiread a choinneoidh an bád ag an aon am amháin. Ina dhiaidh sin tiocfaidh Kílí, Óin, Glóin, agus Dóirí; ansin Óirí, Nóirí, Bíofúr, agus Bófúr; Dváiín agus Bombúr a thiocfaidh trasna ar deireadh.”

“Bímse ar deireadh i gcónaí, agus ní maith liom é,” arsa Bombúr. “Is mithid do dhuine eile a bheith ar deireadh inniu.”

“Ba chóir duit gan a bheith chomh ramhar. Ós rud é go bhfuil, ní mór duit a bheith sa lasta is déanaí agus is éadroime. Ná bí ag banrán in éadan do chuid orduithe, nó bainfidh drochrud éigin duit.”

“Níl aon mhaide rámha sa bhád. Conas a bhrúfaidh sibh an bád ar ais ón mbruach thall?” arsa an hobad de cheist.

“Tugaigí dom rópa agus crúca eile,” arsa Fíli. Nuair a bhí sé ullmhaithe acu, chaith sé isteach sa dorchadas é chomh hard agus a bhí sé in ann. Ós rud é nár thit sé anuas arís, thuig siad nárbh fholáir nó chuaigh sé i bhfostú sna craobhacha. “Isteach libh anois,” arsa Fíli, “agus tarraingíodh duine agaibh ar an téad atá greamaithe de chrann ar an mbruach thall. Ní mór do dhuine eile greim a choinneáil ar an gcrúca ba thúisce a d’úsáideamar, agus nuair a bheidh sibh go slán sábháilte ar an bport thall, is féidir leis é a cheangal den bhád, agus féadfaidh sibh an bád a tharraingt ar ais.”

Is ar an dóigh sin a chuaigh siad uile go sábháilte thar an sruthán draíochta chuig an mbruach thall. Bhí Dváilín go díreach tar éis teacht aníos as an mbád agus an rópa lúbtha timpeall a láimhe agus bhí Bombúr (agus é ag banrán i gcónaí) á réiteach féin le n-é a leanúint, nuair a bhain míthapa dóibh. Chualathas torann na gcrúb ag rith go tapa ar an gcosán rompu. Leis sin tháinig carria ar cosa in airde ina n-araicis amach as an dorchadas. Bhuaile sé go láidir in aghaidh na n-abhac agus leag iad. Ansin chruinnigh sé a neart chun léim a thabhairt. Phreab sé aníos agus ghlan an t-uisce le léim ollmhór. Ach níor tháinig sé anuas go sábháilte ar an bport thall. Ba é Tóirín amháin nár leagadh agus nár chaill a stuaim. Chomh luath agus a tháinig sé i dtír lúb sé a bhogha agus chuir saighead inti ar eagla go bhfeicfí aon chosantóir ceilte de chuid an bháid. Chuir sé saighead go scafánta siúrálte isteach san ainmhí sa léimneach dó. Nuair a shroich an carria an port thall, baineadh tuisle as. Shlog na scáthanna é, ach chuala siad fuaim na gcrúb ag moilliú agus ansin bhí ciúnas ann.

Sular fhéad siad aon gháir mholta a chur astu faoin urchar maith, áfach, chualathas Biolbó ag éagaoín go truamhéalach, rud a chuir gach smaoineamh faoi oiseoil as a gceann. “Tá Bombúr tar éis titim isteach! Tá Bombúr á bhá!” a dúirt Biolbó de liú. Faraor, b’fhíor dó é. Ní raibh ach leathchos ag Bombúr ar an talamh nuair a tháinig an carria anuas air agus a léim thairis. Baineadh tuisle as Bombúr. Chuir sin an bád amach ón bport sular thit Bombúr i ndiaidh a chúil amach san uisce dorch. Sciorr a lámha de na fréamhacha sleamhaine ag an mbruach, fad is a d’imigh an bád as amharc ag casadh go mall.

Bhí a chochall os cionn an uisce i gcónaí nuair a rith siad chuig an bport. Chaith siad chuige gan mhoill rópa a raibh crúca air. Rug a lámh air agus tharraing siad isteach ar an mbruach é. Bhí sé ina libín ceart ó bhaithis go bonn ar ndóigh, ach níorbh é sin an chuid ba mheasa de. Nuair a leag siad ar an mbruach é bhí sé ina shámhchodladh cheana féin, agus bhí greim docht ag leathlámh leis ar an rópa; níorbh fhéidir leo é a bhaint as a ghlac. Agus d'fhan sé ina shámhchodladh in ainneoin gach dá ndearna siad.

Bhí siad fós ina seasamh os a chionn, ag cur a mallachta ar a ndrochfhortún agus ar chiotaíl Bhombúir agus ag éagaoín imeacht an bháid, a d'fhág nárbh fhéidir leo filleadh chun an fiaphoc a chuardach, nuair a d'airigh siad buabhaill á séideadh go fann sa choill agus fuaim mar a bheadh tafann cúnna i bhfad uathu. Ansin bhí ciúnas ann, agus sa suí dóibh cheap siad gur chuala siad torann seilge móire ag dul thart lastuaidh den chosán, cé nach bhfaca siad aon rian di.

D'fhan siad ina suí ar feadh i bhfad agus ní raibh de dhánacht iontu corraí. Bhí Bombúr ina chodladh i gcónaí, meangadh gáire ar a bhéal, amhail is gur chuma leis faoi na trioblóidí go léir a bhíodh á gcrá. Leis sin chonacthas fianna bána ar a gcosán rompu, eilit amháin agus roinnt oisíní a bhí chomh geal sneachtúil is a bhí an carria dorchá. Bhí siad ag lonrú sa dorchadas. Sular fhéad Tóirín glao orthu, d'éirigh triúr de na habhaic ar a gcosa agus scaoil siad saighde óna mbogha. Níor aimsigh saighead ar bith acu a sprioc. Chas na fianna agus d'imigh as amharc sna crainn chomh ciúin agus a tháinig siad, agus is aisce a chuir na habhaic a saighde ina ndiaidh.

“Stopaigí! Stopaigí!” arsa Tóirín de ghlaio; ach bhí sé ródhéanach. Bhí na habhaic corraithe tar éis a gcuid saighde a chur amú, agus anois ní raibh aon mhaith sna boghanna a thug Béorn dóibh.

Ba ghruama an comhluadar iad an oíche sin, agus mhéadaigh ar a mbuaireamh sna laethanta a lean í. Bhí éirithe leo an sruthán draíochta a thrasnú ach bhí an chuma ar an gcosán lastall de go mbíodh sé ag lúbadh ar aghaidh lastall den sruthán mar a bhíodh roimhe, agus ní fhaca siad athrú ar bith ar an bhforaois. Ach dá mbeadh tuilleadh ar eolas acu faoin scéal agus dá ndéanfaidís machnamh faoi bhrí na seilge agus na bhfianna a chonaic siad os a gcomhair ar an gcosán, thuigfidís go raibh siad sa deireadh thiar ag druidim le himeall oirthearach na coille, agus go dtiocfaidís go luath, mura gclisfeadh a misneach agus a ndóchas, go dtí crainn ab éadlúithe agus go háiteanna a mbíodh solas na gréine ag taitneamh iontu

Ach ní raibh sin ar eolas acu, agus bhí corp trom Bhombúir ina ualach orthu, agus bhí orthu é a iompar leo chomh maith agus ab fhéidir leo. Dhéanaidís sealaíocht leis an obair thuirsiúil sin, ceathrar ag aon am amháin fad is a bhíodh ar na daoine eile bearta an cheathrar a iompar. Mura n-éireodh a bpacaí an-éadrom sna laethanta deireanacha sin, ní bheidís in ann gach rud a iompar; ach ba bhocht an cúiteamh é Bombúr ina chodladh le meangadh ar a bheola ar phacaí lán lóin, dá dtroime iad. Tháinig an uair tar éis cúpla lá nach raibh tada le n-ithe acu ná le n-ól ach ar éigean. Ní fhaca siad a dhath folláin ag fás sa choill; ní fhaca siad ach beacáin bearraigh agus luibheanna tláithe bréana.

Nuair a bhí siad thart ar cheithre lá ón sruthán draíochta tháinig siad go limistéar sa choill arbh fheánna formhór na gcrann ann. Ba chúis áthais dóibh an t-athrú sin ar dtús, mar ní raibh scrobarnach anseo ar urlár na coille agus ní raibh an scáth chomh domhain. Bhíodh solas scothghlas ina dtimpeall agus in áiteanna d'fheicidís achar éigin ar gach aon taobh den chosán. Ní thaispeánadh an solas sin dóibh, áfach, ach stoic ingearacha ghlasa i línte gan chríoch, mar a bheadh colúin i halla ollmhór leathdhórcha éigin. Bhíodh puth aeir ann agus seordán gaoithe ach is brónach an fhuaime a dhéanadh sé. Thiteadh corrdhuille le siosarnach, rud a chuireadh i gcuimhne dóibh go raibh an fómhar ag teacht lasmuigh den fhoraois. Dhéanadh a gcosa seordán trí dhuillí na bhfómhar do-áirithe eile, óir shéidití iad thar thaobhanna an chosáin ó bhrat urlár domhain rua na foraoise.

Bhí Bombúr ina chodladh i gcónaí agus tháinig an-tuirse orthu. Uaireanta chloisidís gáire a chuireadh imní orthu. Uaireanta chloistí amhránaíocht i bhfad i gcéin. Ba gháire guthanna binne an gáire úd seachas gáire púcaí. Ba bhinn an amhránaíocht freisin, ach is uaig-neach neamhshaoilta a thaibhsítí dóibh í, agus níor shólás ar chor ar bith dóibh í; is amhlaidh a dheifridís ó na háiteanna úd lena raibh fágtha dá neart.

Dhá lá ina dhiaidh sin fuair siad go raibh a mbealach ag dul síos, agus sul i bhfad is i ngleann a bhí siad agus é líonta go hiomlán nach mór le crainn mhóra darach.

“An bhfuil deireadh ar bith leis an bhforaois mhallaithe seo?” arsa Tóirín. “Ní mór do neach éigin crann a dhreapadh féachaint an féidir leis a chloigeann a chur os cionn bharr na gcrann agus breathnú timpeall. Is é an t-aon bhealach ar féidir é sin a dhéanamh an crann is airde ag fás thar an gcosán a aimsiú.”

Ar ndóigh b'ionann an “neach éigin” úd agus Biolbó. Roghnaigh siad eisean mar ba ghá don dreapadóir a cheann a chur os cionn na

nduilli ab airde, agus chuir sin níor mhór dó a bheith éadrom a dhóthain le seasamh ar na craobhacha ab airde agus ba thanaí. An Baigíneach bocht, is beag taithí a bhí riamh aige ar chrainn a dhreapadh, ach d'ardaigh siad é isteach sna brainsí ab ísle de chrann ollmhór darach a bhí ag fás amach i lár an chosáin. Bhí air dul suas chomh maith agus ab fhéidir leis. Bhrúigh sé a shlí trí thranglam na gcraobhóg agus is iomaí buille thar an mbéal a fuair sé; chuir seancoirt na gcraobhacha móra dath glas agus salachar air; sciorr sé ní ba mhó ná uair amháin agus rug greim ar rud éigin go díreach in am; agus tar éis a bheith ag iomrascáil go hanacrach i ndroibhéal nach raibh craobh áisiúil ar bith ann, dar leis, sa deireadh thiar thall shroich sé barr an chrainn. Fad is a bhí sé ag dreapadh bhí sé ag fiafraí de féin an raibh damháin alla sa chrann, agus conas a thiocfadh sé anuas arís (agus titim go talamh a chur as an áireamh).

Sa deireadh sháigh sé a cheann aníos os cionn dhíon an duilliúir, agus is ansin a fuair sé na damháin alla gan aon agó. Ach ní raibh iontu ach gnáthdhamháin alla den ghnáthmhéid, agus is ar thóir na bhféileacán a bhí siad. Is beag nár dhall an solas dhá shúil Bhiolbó. Chuala sé na habhaic ag glaoch aníos i bhfad faoi, ach níor fhéad sé freagra a thabhairt orthu. Ní fhéadfadh sé ach greim daingean docht a choinneáil agus a dhá shúil a chaochadh. Bhí an ghrian ag taitneamh go geal glé agus d'imigh tamall fada sula raibh sé in ann an solas a sheasamh. Nuair a bhí sé in ann, bhreathnaigh sé thart, chonaic sé muir dhúghlas ina thimpeall, leoithne gaoithe á corraí anseo agus ansiúd; agus bhí na céadta féileacán le feiceáil gach uile áit. Is dócha gur sórt "impire corcra" a bhí iontu, féileacán arbh aoibhinn leis barr na gcoillte darach, ach ní corcra a bhí na féileacáin sin in aon chor. Dath dubh síodúil a bhí orthu, gan ghréasán de chineál ar bith.

Bhreathnaigh Biolbó ar na "himpirí dubha" ar feadh i bhfad agus bhain sé taitneamh as an leoithne gaoithe a aireachtáil ar a chuid gruaige agus ar a aghaidh; ach ar deireadh chuir glaonna na n-abhac, a bhí faoin am sin ag greadadh a gcos thíos le teann mífhoighne, chuir siad a fhiorghnó i gcuimhne dó. Ní raibh maith ar bith ann. Dá fhad a d'fhan sé ag féachaint agus ag stánadh, ní fhaca sé deireadh ar bith leis na crainn ná leis an duilliúr i dtreo ar bith. Chuir radharc na gréine agus mothú na gaoithe an-mhisneach air, ach ansin d'ísligh a mheanma arís; ní raibh aon bhia thíos a rachadh sé anuas ar ais chuige.

Leis an bhfírinne a dhéanamh, mar a dúirt mé cheana libh, ní raibh siad i bhfad ó imeall na foraoise; agus dá mbeadh an chiall ag Biolbó lena fheiceáil, an crann a raibh sé ar a bharr, cé go raibh sé

ard ann féin, bhí sé ina sheasamh gearr do thóin ghleanna leathain, agus is dá bharr sin a chonachtas do Bhiolbó go raibh na crainn ag éirí mar a bheadh suas taobhanna an bhabhla mhóir, agus ní fhéadfadh sé a bheith ag súil go bhfeicfeadh sé cá mhéad den fhoraois a bhí fós le taisteal acu. Níor thug sé é sin faoi deara, agus thuirling sé lán éadóchais. Shroich sé bun an chrainn arís agus é go hainnis scríobtha te. Nuair a tháinig sé anuas ní fhaca sé tada sa dorchadas. Níorbh fhada gur chuir a thuarascáil an oiread buartha ar na habhaic agus a bhí air féin.

“Téann an fhoraois ar aghaidh go deo na ndeor i ngach uile threo! Cad a dhéanfaimid? Agus cén mhaith dúinn an hobad a chur suas?” a dúirt siad go brúite, amhail is dá mba é Bhiolbó a bhí ciontach. Ba chuma sa tsioc leo na féileacáin, agus nuair a d’inis sé dóibh faoin leoithne álainn gaoithe ní dhearna sin ach tuilleadh feirge a chur orthu, ó tharla go raibh siad róthrom le dul suas agus an ghaoth chéanna a mhothú.

An oíche sin d’ith siad na blúirí is na giotáí deireanacha dá gcuid lóin; agus an lá arna mhárach nuair a dhúisigh siad, an chéad rud a thug siad faoi deara go raibh íona an ocrais á gcrá; agus an chéad rud eile a thug siad faoi deara go raibh sé ag báisteach agus go raibh na braonta ag titim anseo is ansiúd go trom ar urlár na coille. Ní dhearna sé sin ach a mheabhrú dóibh go raibh siad uile go léir spalptha ag an tart, cé nach raibh leigheas ar bith ar an tart sa bháisteach. Ní féidir leat íota tarta a shásamh trí sheasamh faoi chrainn ollmhóra darach ag fanacht go dtitfidh corrbhraon ar do theanga. Má bhí sólás beag féin ann, aisteach go leor is ó Bhombúr a tháinig sé.

Dhúisigh sé go tobann agus shuigh aniar ag scríobadh a chinn. Ní raibh sé in ann a dhéanamh amach ar chor ar bith cá raibh sé, ná níor thuig sé cén fáth a raibh an oiread sin ocrais air; óir bhí dearmad déanta aige ar gach dár tharla ó thosaigh siad a n-aistear an mhaidin Bhealtaine úd i bhfad ó shin. Ba é an ní deireanach ar chuimhnigh sé air an chóisir i dteach an hobaid, agus bhí an-deacracht acu cur ina luí air gurbh fhíor ar inis siad dó faoi na heachtraí a bhain dóibh ó shin i leith.

Nuair a chuala sé nach raibh tada le n-ithe, shuigh sé síos arís agus thosaigh ag caoineadh, mar d’airigh sé fíorlag agus bhí a dhá chos ag lúbadh faoi. “Faraor gur dhúisigh mé in aon chor!” a dúirt sé de ghla. “Bhí mo chuid brionglóidí chomh hálainn sin. Taibhsíodh dom go raibh mé ag siúl i bhforaois, cosúil leis an bhforaois seo, ach bhí sí arna lasadh le tóirsí ar na crainn, le lampaí crochta de na

craobhacha agus le tinte ag dó ar an talamh; agus bhí féasta mór ar siúl ann, ar siúl ann ar feadh na síoraíochta. Bhí rí de chuid na coille ann, coróin duilliúir ar a cheann, agus bhí amhráin mheidhreacha á rá, agus ní fhéadfaínn a raibh le n-ithe agus le n-ól ann a chomhaireamh.”

“Ní gá duit an iarracht a dhéanamh,” arsa Tóirín. “Go deimhin, mura féidir leat labhairt faoi ábhar éigin eile, bheadh sé chomh maith duit fanacht i do thost. Táimid sách crosta leat faoi mar atá. Mura ndúiseofá, d’fhágfaimis san fhóraois thú le taitneamh a bhaint as do chuid brionglóidí seafóideacha; ní haon dóithín thú a iompar fiú amháin tar éis seachtainí de bhia gann.”

Ní raibh tada le déanamh acu ansin ach a mbeilt a theannadh thart ar a mbolg folamh, a málaí agus a bpacaí folmha a chur in airde ar a ndroim agus crágáil ar feadh an chosáin gan mórán dóchais acu go sroichfidís ceann scríbe sula luífidís síos chun bás a fháil den ocras. Shiúil siad leo an lá uile, ag dul ar aghaidh go han-mhall is go hantuirseach; agus lean Bombúr air ag clamhsán nach n-íompródh a chosa é agus gur theastaigh uaidh luí síos chun codlata.

“Ná déan, na déan!” a deiridís. “Ní mór do do chosa a gcion féin a iompar; d’iompraíomarna fada ár ndóthain thú.”

Dhiúltaigh sé mar sin féin aon chéim eile a thabhairt agus chaith sé é féin ar an talamh. “Téigí ar aghaidh, más gá daoibh,” a dúirt sé. “Ní dhéanfaidh mise ach luí síos anseo, dul a chodladh agus brionglóid a dhéanamh faoi bhia, mura féidir liom bia a fháil ar bhealach ar bith eile. Tá súil agam nach ndúiseoidh mé arís go deo.”

Leis sin ghlaoiigh Báilín, a bhí beagán chun tosaigh ar an gcuid eile, ghlaoiigh sé amach, “Céard é sin? Cheap mé go bhfaca mé léas solais san fhóraois.”

D’fhéach siad go léir, agus tamall maith uathu, dar leo, chonaic siad glioscarnach dhearg sa dorchadas; ansin léim ceann eile is ceann eile amach in aice leis. D’éirigh Bombúr féin, dheifrigh siad ar aghaidh, agus ba chuma leo cé acu troill nó púcaí a bhí ann. Is os a gcomhair amach a bhí an solas agus ar an taobh clé den chosán, agus nuair a tháinig siad fad leis ar deireadh, ba léir go raibh tóirsí agus tinte ag dó faoi na crainn, ach achar fada a dhóthain ón gcosán.

“Tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil mo bhrionglóid ag teacht isteach fíor,” arsa Bombúr ag teacht aníos ar chúl agus saothar air. Ba bhreá leis siúl go díreach isteach sa choill i ndiaidh na soilse. Ach chuimhnigh na daoine eile go rímhaith ar an rabhadh a fuair siad ó Ghandalf agus ó Bhéorn.

“Ní bheadh aon mhaith i bhféasta,” arsa Tóirín, “mura dtiocfaimis beo ar ais uaidh.”

“Ach gan féasta ní mhairfimid beo mórán níos faide ar aon chuma,” arsa Bombúr, agus bhí Biolbó ar aon fhocal leis ar fad. Rinne siad cur agus cúiteamh faoin scéal ar feadh i bhfad, go dtí sa deireadh gur aontaigh siad ar bheirt spairí a chur amach, a rachaidh go fáilí go dtí na soilse chun tuilleadh a fháil amach fúthu. Ach ansin ní raibh siad ar aon fhocal cé a chuirfí ann: ní raibh aon duine acu róthoilteanach dul i gcontúirt go rachadh sé ar seachrán agus nach n-aimseodh sé a chairde arís go deo. Sa deireadh thiar thall in ainneoin a bhfuair siad de rabhadh, ba é an t-ocras a shocraigh an scéal. Lean Bombúr air ag cur síos ar na nithe maithe go léir a bhí á n-ithe, dar lena bhrionglóid, le linn fhéasta na coille; mar sin d’fhág siad uile an cosán agus chuaigh de ráig isteach sa choill le chéile.

Tar éis téaltú agus snámh ar feadh tamaill, d’fhéach siad timpeall stoc na gcrann agus bhreathnaigh isteach ar réiteach, áit ar leagadh roinnt crann agus ar glanadh an talamh. Bhí slua daoine ann, daoine a raibh cuma ealbh orthu, iad uile gléasta in éadach uaine is donn; bhí siad ina suí i bhfáinne mór ar phíosáí sáfa de na crainn. Bhí tine ina lár agus bhí tóirsí daingnithe ar chuid de na crainn máguaird; ach ba é an radharc ba bhreátha uile: bhí siad ag ithe, ag ól agus ag gáire go meidhreach.

Bhí boladh na feola rósta chomh mealltach sin, gur éirigh siad uile ina seasamh gan dul i gcomhairle lena chéile agus chuaigh siad go tapa isteach san fháinne chun roinnt den bhia a iarraidh ar lucht an fhéasta. Ní túsce a shiúil an chéad duine acu isteach sa réiteach, ná mhúch na soilse uile go léir amhail trí dhraíocht. Chiceáil duine éigin an tine agus d’imigh sí suas ina roicéid de splancacha drithleacha agus chuaigh as amharc. Bhí siad ansin ar seachrán sa lándorchadas gan solas de shaghas ar bith. Níor fhéad siad a chéile a aimsiú fiú, go ceann tamaill fhada ar aon chuma. Tar éis dóibh tuairteáil thart san oíche dhubh, iad ag titim thar chearchaillí adhmaid, ag bualadh de phleist in aghaidh crann, agus ag glaoch agus ag liú go dtí go gcaithfeadh sé gur dhúisigh siad gach uile rud san fhoraois ar feadh na mílte slí máguaird, d’éirigh leo bailiú le chéile agus a líon féin a chomhaireamh lena lámha. Faoin am sin ar ndóigh bhí dearmad iomlán déanta acu ar an treo a raibh an cosán, agus bhí siad go hiomlán ar strae, go dtí an mhaidin ar a laghad.

Ní raibh tada eile le déanamh ach socrú síos le haghaidh na hoíche san áit a raibh siad; ní leomhfaidís fiú blúirí bia a chuardach ar an talamh ar eagla go scarfaí óna chéile arís iad. Ach ní raibh siad i bhfad ina luí agus bhí codladh ag teacht ar Bhiolbó, nuair a dúirt Dóirí (is faoisean a bhí an chéad bhabhta faire a dhéanamh) de chogar ard:

“Tá na soilse á lasadh thall ansin arís, agus tá níos mó díobh ann ná riamh.”

D’éirigh siad uile go léir ina seasamh. Ansin thall ceart go leor bhí na scórtha de shoilse drithleacha le feiceáil, agus chuala siad na guthanna agus an gáire go soiléir. Théaltaigh siad ina dtreo go mall, ina nduine is ina nduine, gach duine acu lena lámh ar ghualainn an duine roimhe. Nuair a shroich siad iad, dúirt Tóirín: “Ní thabharfaimid ruid orthu an uair seo! Ní chorróidh duine againn as a áit folaigh go ndéarfaidh mise. Cuirfidh mé an Baigíneach ina aonar ar dtús chucu le labhairt leo. Ní bheidh faitíos orthu roimhe— (“Cad faoi m’eaglasa rompusan?” arsa Biolbó leis féin)—agus ar aon chuma tá súil agam nach ndéanfaidh siad rud ar bith gránna dó.”

Nuair a shroich siad imeall chiorcal na soilse, bhrúigh siad Biolbó gan choinne taobh thiar. Sula raibh deis aige a fháinne a chur ar a mhéar, thuisligh sé isteach faoi ghlésholas na tine agus na dtóirsí. Ní raibh maith ar bith ann. Mhúch na soilse arís agus thit dorchadas iomlán orthu arís.

Má bhí deacracht acu bailiú le chéile roimhe sin, bhí sé i bhfad ní ba dheacra an uair sin. Agus ní raibh siad in ann teacht ar an hobad ar chor ar bith. Gach uair a chomhairidís iad féin, ní bhíodh ach trí dhuine dhéag ann. Ghlaidís agus liuidís, “A Bhiolbó Baigín! A Hobaid! Drochrath ort mar hobad! Hóra! A hobaid, mallacht ort! Cá bhfuil tú?” agus a leithéidí, ach freagra ar bith ní fhaighidís.

Bhí siad go díreach ar tí éirí as an gcuardach nuair a tháinig Dóirí air trí thimpiste. Thit sé sa dorchadas thar rud a cheap sé ba chearchaill, agus fuair sé amach gurbh éard a bhí ann an hobad cuachta suas ina shámhchodladh. Bhí orthu é a chroitheadh go láidir sular dhúisigh sé, agus nuair a bhí sé ina dhúiseacht ní mó ná sásta a bhí sé.

“Bhí brionglóid álainn agam,” a dúirt sé go banránach, “faoi bhéile breá blasta a ithe.”

“A thiarcais! Bail Bhombúir atá anois air,” a dúirt siad. “Ná hinis dúinn faoi do bhrionglóidí. Níl aon mhaith i ndinnéir na mbrionglóidí agus ní féidir linne baint a bheith againn leo.”

“Is iad na dinnéir is fearr iad is dócha a gheobhaidh mé san áit ghránna seo,” arsa Biolbó de mhonabhar, agus é ag luí síos arís le hais na n-abhac agus ag féachaint le titim a chodladh agus a bhrionglóid a dhéanamh arís.

Ach níorbh é sin deireadh na soilse san fhoraois. Ní ba shia amach nuair a bhí an oíche á caitheamh, tháinig Kílí, a bhí ag faire, agus dhúisigh sé iad uile á rá:

“Tá solas an-gheal ann le tamall sách cóngarach dúinn—caithfidh gur lasadh na céadta tóirí agus mórán tinte trí dhraíocht go tobann. Agus éistigi leis an amhránaíocht agus le ceol na gcláirseach!”

Tar éis dóibh fanacht ina luí ag éisteacht ar feadh tamaill, ba léir dóibh nach bhféadfaidís gan géilleadh don dúil a bhí acu druidim leis na soilse agus féachaint arís le cúnamh a fháil. Suas leo arís; agus is tubaisteach an toradh a bhí ar an iarracht. Ba mhó agus ba ghalánta taibhsí ná riamh an féasta a chonaic siad an uair sin; bhí rí coille ina shuí, coróin duillí ar a cuid gruaige órga, ag ceann líne fhada de lucht féasta, go díreach mar a thuairiscigh Bombúr an duine ina bhrionglóid. Bhí na heilbh ag síneadh cuacha óil ó lámh go lámh agus thar na tinte, bhí cuid acu ag seinm na gcláirseach agus bhí mórán díobh ag gabháil fhoinn. Bhí bláthanna casta ina bhfolt glé; bhí seoda uaine agus geala ag glioscarnach ar a gcoiléir is ar a gcriosanna; is bhí a n-aighthe is a n-amhráin lán le meidhir. Ard glé binn a bhí na hamhráin úd agus shiúil Tóirín amach ina lár.

Thit ciúnas marbh i lár focail. Mhúch gach tóirse. Léim na tinte aníos ina dtoit dhubh. Bhí luaith is gríosach i súile na n-abhac, agus líonadh an choill arís dá liúnna is dá nglaonna.

Fuair Biolbó é féin ag rith timpeall is timpeall (mar a cheap sé) agus é ag glaoch: “A Dhóirí, a Nóirí, a Óirí, a Óin, a Ghlóin, a Fhíli, a Khíli, a Bhombúir, a Bhíofúir, a Bhófúir, a Dhváilín, a Bháilín, a Thóirín na Scéithe Darach,” fad is a bhí abhaic, nach bhfaca sé agus nach raibh i raon láimhe dó, ag déanamh an rud céanna (cé go ndeiridís siúd “a Bhiolbó!” freisin ó am go ham). Ach chuaigh glaonna a chairde i laige de réir a chéile, agus cé go bhfacthas dó gur athraigh siad go liúnna i bhfad uaidh agus go scairteanna ar chúnamh, chuaigh gach fuaim i léig sa deireadh thiar agus fágadh é ina aonar sa dúdhorchadas agus sa lánchiúnas.

Bhí sé sin ar cheann de na nóiméid ab ainnise dá raibh riamh aige. Ach shocraigh sé ina intinn nach mbeadh aon mhaith dó féachaint le rud ar bith a dhéanamh sula dtiocfadh an lá lena bheagán solais; b’éadairbheach an mhaise dó tuisliú timpeall á thuirsiú féin agus gan aon súil aige go bhfaigheadh sé bricfeasta ar bith chun beocht a chur ann. Mar sin shuigh sé síos lena dhroim in aghaidh crainn, agus ní den uair dheireanach thosaigh sé ag cuimhneamh ar a pholl hobaid i gcéin agus ar a bhialanna áille. Bhí sé ag machnamh go domhain faoi bhágún is faoi uibheacha, faoi thósta is faoi im, nuair a d’airigh sé rud éigin ag teagmháil leis. Bhí rud éigin cosúil le corda greamaitheach in luí in aghaidh a chiotóige. Nuair a d’fhéach sé lena

chosa a bhogadh, fuair sé amach go raibh an stuif céanna lúbtha ina dtimpeall, agus nuair a rinne sé iarracht seasamh, thit sé anuas.

Ansin an damhán alla mór a bhí gnóthach á cheangal fad is a bhí sé ag míogarnach, tháinig sé air taobh thiar chun é a ionsaí. Ní fhaca Biolbó ach súile an bheithígh, ach d'airigh sé a chosa gruagacha, fad is a bhí an damhán alla ag déanamh a dhíchill a chuid snáithí déistíneacha a chasadh thart is thart air. Ba mhór an gar gur tháinig Biolbó chuige féin in am. Faoi mar a bhí, ba mhillteanach an troid a bhí air a dhéanamh sula saorfadh sé é féin. Bhí an hobad ag bualadh an ainmhí uaidh lena dhá lámh—bhí an damhán alla ag iarraidh nimh a chur ann chun é a thabhairt chun suaimhnis, mar a dhéanann damháin alla bheaga le cuileanna—go dtí gur chuimhnigh Biolbó ar a chlaíomh agus bhain amach é. Léim an damhán alla siar ansin, agus bhí deis ag an hobad a chosa a scaoileadh saor. Ba é a shealsan ansin é ionsaí a dhéanamh. Is follas nach raibh an damhán alla cleachtach le nithe a d'iompraíodh a leithéid de chealg i ngabháil leis, nó bhrostódh sé chun siúil ní ba luaithe. Tháinig Biolbó anuas air sula ndeachaigh sé as amharc agus bhuail i lár na súl lena chlaíomh é. Chuaigh an damhán alla le báiní ansin, léim sé, dhamhsaigh sé is chaith a chosa amach de ríoga gránna, go dtí gur mharaigh an hobad le buille eile é. Thit Biolbó chun talaimh ansin agus níor chuimhnigh sé ar rud ar bith ar feadh i bhfad.

Bhí gnáthsholas liath gruama lá na foraoise ina thimpeall nuair a tháinig Biolbó chuige féin. Bhí an damhán alla ina luí marbh lena thaobh agus bhí smál dubh ar lann a chlaímh. Ar bhealach ba mhór an difríocht a rinne sé don Bhaigíneach gur mharaigh sé an fathach de dhamhán alla, ina aonar ar fad, gan cúnamh ó dhraoi nó ó abhac nó ó dhuine ar bith eile. Fad is a bhí sé ag glanadh a chlaímh ar an bhféar agus á chur ar ais ina thruaill, d'airigh sé gur duine eile a bhí ann féin, duine ab fhíochmhaire agus ba chróga in ainneoin a bhoilg fholaímh.

“Tabharfaidh mé ainm ort,” arsa seisean lena chlaíomh, “agus *Cealg* a ghlaofaigh mé ort.”

Chuir sé chun bealaigh ansin leis an gceantar máguaird a iniúchadh. Bhí an fhoraois gruama ciúin, agus ba léir gur chóir dó ar dtús a chairde a chuardach. Níor dhócha go mbeidís i bhfad uaidh, mura ndearna na heilbh príosúnaigh díobh (nó rud ba mheasa fós). Cheap Biolbó nach mbeadh sé sábháilte liú a chur as; mar sin d'fhan sé ina sheasamh ar feadh i bhfad ag fiafraí de féin cén treo a raibh an cosán, agus cén treo ba chóir dó dul ar thóir na n-abhac.

“Mo léan! Faraor nár chuimhniomar ar chomhairle Bhéorn agus Ghandalf!” a dúirt sé go hochlánach. “Nach muide atá i bponc anois! Muide! Faraor nach muide atá i gceist: is uafásach an ní é a bheith i d’aonar ar fad.”

Sa deireadh thiar thall thomhais sé chomh maith agus ab fhéidir leis an bealach ar chuala sé na glaonna ar chabhair ag teacht uaidh an oíche roimhe—agus ar ámharaí an tsaoil (bhí sé ámharach go maith ó dhúchas), thomhais sé i gceart a bheag nó a mhór é, mar a fheicfidh sibh. Tár éis dó an méid sin a shocrú, théaltaigh sé ar aghaidh chomh cliste agus a d’fhéad sé. Is maith an sás ciúnaí na hobaid, sna coillte go háirithe, mar a d’inis mé cheana daoibh; agus chuir Biolbó a fháinne ar a mhéar sular thosaigh sé. Ba é sin an fáth nach bhfaca na damháin alla agus nár chuala siad ag teacht é.

Rinne sé a bhealach go fáilí faichilleach ar feadh píosa agus thug sé faoi deara os a chomhair amach áit a raibh scáth dlúth dubh ann. Bhí sé dubh fiú amháin san fhoraois sin; is ea, ba gheall le cuid den mheán oíche é nár ghlan nuair a tháinig an mhaidin. De réir mar a dhruid Biolbó leis an áit, chonaic sé go raibh téada damhán alla ann, ceann i ndiaidh a chéile agus iad uile in aon tranglam amháin. Leis sin freisin chonaic sé go raibh damháin alla ollmhóra urghrána ina suí sna craobhacha os a chionn. Biodh go raibh an fáinne aige, chreathnaigh sé le teann eagla go mbraithfidís é. D’fhan sé ina sheasamh ar chúl crainn ag breathnú ar feadh i bhfad ar ghrúpa díobh, agus ansin i marbhchiúnas na coille thug sé faoi deara go raibh na créatúir ghráiniúla sin ag caint lena chéile. Ba chineál díoscáin chaoil nó siosarnaí a bhí ina nglórtha, ach thuig sé roinnt mhaith dá raibh siad a rá. Is faoi na habhaic a bhí siad ag caint!

“Ba ghéar an choimhlint a bhí ann ach b’fhiú an tairbhe an trioblóid,” arsa ceann acu. “Muise, nach gránna tiubh na craicne atá orthu, ach cuirfidh mé geall go bhfuil súlach maith taobh istigh.”

“Is ea, is breá an béile a dhéanfaidh siad, nuair a bheidh siad ar crochadh tamall,” arsa ceann eile.

“Ná cuir ar crochadh rófhada iad,” arsa an tríú ceann. “Níl siad chomh ramhar agus a d’fhéadfaidís a bheith. Déarfainn nach bhfuair siad an oiread sin le n-ithe le tamall anuas.”

“Iad a mharú, a deirimse,” arsa an ceathrú ceann go siosach; “iad a mharú láithreach bonn agus iad a chur ar crochadh nuair a bheidh siad marbh.”

“Tá siad marbh cheana féin, chuirfinnse geall,” arsa an chéad cheann.

“Níl, níl siad marbh in aon chor. Chonaic mé duine acu á shníomh is á lúbadh féin ar baillín beag. Ag teacht chuige féin tar éis tamaill álainn ina chodladh. Taispeánfaidh mise daoibh.”

Leis sin rith ceann de na damháin alla ramhra ar feadh rópa gur shroich sé dosaen beart ar crochadh i líne ar chraobh ard. Cuireadh cradhscal ar Bhiolbó, ó tharla go raibh siad tugtha faoi deara aige den chéad uair ar crochadh sna scáthanna, óir chonaic sé cos abhaic ag gobadh anuas as corrcheann de na bearta, nó anseo is ansiúd barr sróine, nó beagán féasóige nó cochaill.

Chuaigh an damhán alla chuig an gceann ba raimhre de na bearta sin—“Is é sin Bombúr bocht, cuirfidh mé geall,” arsa Bhiolbó leis féin—agus bhain an damhán alla scealpóg ghéar as an tsrón a bhí ag gobadh amach. Chualathas scread tachta laistigh, agus chuaigh méar coise suas agus chiceáil sí an damhán alla go beacht is go cruu. Bhí beocht i mBombúr i gcónaí. Chualathas fuaim a bhí cosúil le peil leathshéidte suas á ciceáil, agus thit an damhán alla oibrithe den bhraínse, agus dóbair dó gan breith air féin in am lena shnáithe féin.

Bhain sin gáire as na damháin alla eile. “B’fhíor duit,” arsa siadsan, “tá beocht agus speacháil san fheoil i gcónaí!”

“Is garr go gcuirfidh mise deireadh leis sin,” arsa an damhán alla go feargach siosach agus dhreap sé suas ar an gcraobh arís.

Chonaic Bhiolbó gur mhithid dó rud éigin a dhéanamh. Ní raibh sé in ann dreapadh suas chuig na brúideanna agus ní raibh aon rud aige a bhféadfadh sé iad a lámhach leis; ach d’fhéach sé thart agus chonaic sé go raibh mórán cloch ina luí in áit a bhí cosúil le leaba thirim uisce. Bhí Bhiolbó cliste go maith ag caitheamh cloch, agus níorbh fhada gur aimsigh sé púróg mhín ubhchruthach a líon a ghlac go deas. Nuair a bhí sé óg bhíodh sé de shíor ag caitheamh cloch le rudaí, go dtí gur nós le coiníní, le hioraí agus le héin fiú amháin teitheadh uaidh chomh luath agus ab fhéidir, dá bhfeicfidís ag cromadh síos é; agus fiú nuair a bhí sé fásta suas, chaitheadh sé a lán dá chuid ama ag imirt caidhtí, dairteanna, bollaí, cibleachán, sopóg na dtrí n-urchar agus cluichí ciúine eile a mbaineadh teilgean agus aimsiú leo—go deimhin bhí mórán nithe ar a chumas cé is moite de phuthanna toite a shéideadh, tomhais a chur agus cócaireacht a dhéanamh, nithe nach raibh aon deis agam a insint daoibh. Níl an t-am agam anois. Fad is a bhí Bhiolbó ag piocadh cloch, shroich an damhán alla Bombúr, agus níorbh fhada ansin go maródh sé é. Is ag an nóiméad sin, áfach, a theilg Bhiolbó an chloch. Bhuaill sí an damhán alla (cnag!) ar a chloigeann, agus thit sé gan aithne den chrann (pleist!) chun talún, a chosa lúbtha aníos.

Chuaigh an chéad chloch eile ag seabhrán trí théad mhór; bhris sí na sreanga agus leag sí an damhán alla a bhí ina shuí ina lár (plimp!) gur thit ina chnap marbh. Bhí sórt rí rá ina dhiaidh sin i gcoilíneacht na ndamhán alla. Rinne siad dearmad de na habhaic ar feadh tamaill, táimse á rá libh. Ní fhaca siad Biolbó ach d'fhéad siad a thomhas cén treo a mbíodh na clocha ag teacht uaithi. Tháinig siad ag rith agus ag luascadh ar luas tintrí chuig an hobad, agus iad ag caitheamh amach a snáithí fada deiseal is treiseal, go dtí gur cheap Biolbó go raibh gaistí ar foluain gach uile áit.

D'éalaigh Biolbó go tapa, áfach, chuig áit eile. Rith an smaoineamh leis gur mhaith an rud na damháin alla a tharraingt ní b'fhaide agus ní b'fhaide ó na habhaic, dá mb'fhéidir leis é—is ea, fiosracht, corraíl, agus fearg a chur orthu in éineacht. Nuair a d'imigh timpeall leathchéad damhán alla chuig an áit a raibh sé ina sheasamh roimhe sin, chaith sé roinnt cloch eile leo sin, agus le tuilleadh damhán alla freisin a bhí stadta ar a gcúl; thosaigh sé ansin ag damhsa idir na crainn agus ag rá amhráin chun iad a chur ar báiní, chun iad a tharraingt ina dhiaidh, agus freisin chun deis a thabhairt do na habhaic a ghuth a chloisteáil.

Seo an t-amhrán a dúirt sé:

Damhán alla ramhar, i gcrann ina shuí!

Damhán alla ramhar, is é atá caoch!

A fhíodóir! A fhíodóir,

Tá tú lán le dríodar!

Beir, beir ormsa 'gus éirigh as do shníomh!

A Shníomhadóir, a Shleamhnán, is costiúl thú le lamhnán

A Shníomhadóir, a Shleamhnán, ní fheiceann tú sinn!

A Bhalún, a Bhalún!

Titfidh tú chun talún!

Ní bhéarfaidh tú orm i mbrainsí an chrainn!

Ní raibh sin ró-iontach mar fhilíocht, b'fhéidir, ach caithfidh sibh cuimhneamh go raibh ar an hobad é a chumadh as a stuaim féin ar ala na huairé agus in uair na hanachaine. Bhí an toradh ar na véarsa a raibh Biolbó ag súil leis. Chaith sé tuilleadh púróg agus é ag gabháil fhoinn agus ghread sé a chosa. Gach uile dhamhán alla dá raibh san áit nach mór, tháinig sé sa toir air: thit cuid acu chun talún, rith cuid eile acu ar feadh na gcraobhacha, luasc siad ó chrann go crann, nó chaith siad rópaí nua thar na spásanna dorcha. Dhruid siad ní ba thapúla lena fhuaim ná mar a bhí súil aige. Bhí siad ar

mire le fearg. Má fhágtar na clocha as an áireamh, ní thaitníonn le damhán alla ar bith go dtabharfaí Balún air, agus b'fhíormhaslach Sleamhnán a ghlaoch ar dhuine ar bith.

Theith Biolbó de scodal chuig áit eile, ach faoin am sin bhí roinnt de na damháin alla tar éis rith go dtí áiteanna éagsúla sa réiteach ab áit chónaithe dóibh, agus bhí siad gnóthach ag sníomh téadacha trasna na mbearnaí idir stoic na gcrann. Ní fada go mbéarfaí an hobad laistigh d'fhál thart timpeall air uile—nó ar a laghad b'shin é an plean a bhí ag na damháin alla. Bhí sé ina sheasamh i gceartlár na bhfeithidí úd a bhí ag sníomh nó á sheilg, ach ghlac sé misneach agus thosaigh sé ar amhrán nua:

*Tá an Fíodóir falsa 's an Damhán rórámhar,
ag iarraidh mé 'ghabháil ina dtéada;
óir is mílse mé go mór ná gach cineál eile feol'
ach fós is féidir liom éalú.*

*A chréatúirí gránna, is mise an chuileog dhána,
is is sibhse na damháin spadánta!
In ainneoin bhur stró ní bhfaighidh sibh go deo
an chuileog i bhur dtéada slitheánta.*

Leis sin chas sé agus chonaic sé gur dúnadh an bhearna dheireanach idir dhá chrann arda le téad damhán alla—ach ní téad iomlán, ní raibh ann ach snáithí de thiús dubailte a cuireadh anonn agus anall go mear ó stoc go stoc. Amach lena chlaíomh beag. Ghearr sé sna snáithí ina bpíosáí agus d'imigh leis ag gabháil fhoinn.

Chonaic na damháin alla an claíomh ach is dócha nár thuig siad cad a bhí ann. Chuaigh an slua díobh láithreach ag brostú i ndiaidh an hobaid ar an talamh agus ar feadh na mbrainsí, a ngéaga gruagacha ag luascadh, na ladhra agus na baill sníofa ag snapadh, na súile ata agus iad lán cúir is feirge. Lean siad isteach sa choill é go dtí go ndeachaigh Biolbó chomh fada agus a leomhfadh sé. Ansin théaltaigh sé ar ais ní ba chiúine ná luch.

Bhí fíorbheagán ama aige, mar ab eol dó féin, sula mbeadh déistin ar na damháin alla agus go dtiocfaidís chuig a gcrainn féin, áit a raibh na habhaic ar crochadh. Idir an dá linn bhí ar Bhiolbó na habhaic a tharrtháil. Ba é an chuid ba mheasa den obair dreapadh aníos ar an mbrainse fada a raibh na bearta ar chrochadh de. Ní dócha go n-éireodh leis, ach ar ámharaí an tsaoil bhí damhán alla tar éis rópa a fhágáil ar liobarna anuas; bhain Biolbó feidhm as sin, bíodh gur ghreamaigh sé dá lámh agus go raibh sé nimhneach.

Dhreap Biolbó aníos—agus cad a fuair sé roimhe ansin ach seandamhán alla urchóideach ramhar a d'fhan siar le súil a choinneáil ar na príosúnaigh, agus a bhí gnóthach á bpriocadh le fáil amach cé acu ba shúmhaire le n-ithe. Bhí sé ag smaoineamh ar thosú ar an bhféasta fad is a bheadh na damháin alla eile imithe, ach bhí deifir ar an mBaigíneach, agus sular thuig an damhán alla cad a bhí ar siúl, d'airigh sé a chealg agus rolláil anuas den chraobh ina chnap marbh.

Abhac éigin a scaoileadh saor an chéad dualgas eile a bhí ar Bhiolbó. Cad a dhéanfadh sé? Dá ngearrfadh sé an corda a bhí á choinneáil suas, thitfeadh an t-abhac bocht le plimp anuas ar an talamh a bhí sách fada ón gcraobh. Chuaigh Biolbó ag lúbarnáil ar feadh na craobhe (rud a chur na habhaic ag luascadh is ag damhsa mar a bheadh torthaí aibí) go dtí gur shroich sé an chéad bheart.

Chonaic sé barr cochaill ghoirm ag gobadh amach thuas agus “Fílí nó Kílí,” a dúirt sé leis féin. “Fílí is dócha,” a cheap sé nuair a chonaic sé bior sróine fada ag gobadh amach as na snáithí casta. Chlaon Biolbó anall chuige agus d'éirigh leis formhór na snáithí láidre greamaitheacha ina thimpeall a ghearradh. Ansin, cinnte go leor, le cic agus le corraí tháinig an chuid is mó d'Fhílí amach. Is oth liom a rá gur bhain Fílí gáire as Biolbó nuair a bhreathnaigh sé air ag preabadh a ghéag agus ag rince ar an sreang damhán alla a bhí faoina ascaillí, go díreach cosúil le ceann de na bréagáin ghreannmhara sin a bhíonn ag preabadh ar shreangán.

Tugadh Fílí aníos ar an gcraobh ar chaoi éigin. Rinne seisean a dhícheall ansin lámh chúnta a thabhairt don hobad, cé go raibh antinneas air ó nimh damhán alla, agus ó bheith casta suas an chuid is mó den oíche agus an lá uile agus gan ach a shrón saor aige le hanálú tríthi. Bhí sé tamall an-fhada ag baint an stuif ghránna as a dhá shúil agus a mhalai agus maidir lena fhéasóg, bhí air an chuid is mó den fhéasóg a bhaint de féin. Ach d'éirigh leis an mbeirt acu le chéile na habhaic a tharraingt aníos ina nduine is ina nduine, an snáth a ghearradh agus iad a scaoileadh saor. Ní fearr an bhail a bhí ar aon duine ná bail Fílí, agus ba mheasa an cruth a bhí ar chuid acu. Is ar éigean a bhí cuid in ann análú sna snáithí ar chor ar bith (bíonn úsáid leis an srón fhada uaireanta, an dtuigeann sibh?) agus is mó a nimh a fuair cuid acu.

Is ar an gcaoi sin a tharrtháil siad Kílí, Bíofúr, Bófúr, Dóirí, agus Nóirí. Bhí Bombúr bocht chomh traochta—ba é an duine ba raimhre é agus bhíodh na damháin alla á phriocadh agus ag baint scealpóg as de shíor—nach ndearna seisean ach rolláil den bhrainse agus titim ansin anuas de phlimp—ar charn duilleog ar ámharaí an

tsaoil. Ach bhí cúigear abhac ar crochadh fós de cheann na craoibhe, nuair a thosaigh na damháin ag teacht ar ais, agus a bhfearg níos fíochmhaire ná riamh.

Leis sin chuaigh Biolbó chuig an gceann den bhrainse ba ghiorra don stoc agus choinnigh síos na damháin alla a bhí ag snámh aníos. Bhain sé an fainne dá mhéar nuair a tharrtháil sé Filí agus rinne sé dearmad é a chur air arís. Thosaigh siad mar sin ag plobarnaíl agus ag rá de shiosarnach:

“Feicimid anois thú, a chréatúirín shalaigh shuaraigh! Íosfaimid thú agus fágfaimid do chnámha is do chraiceann crochta ar chrann. Och! Tá cealg ann, an bhfuil? Bhuel, béarfaimid air ina dhiaidh sin féin, agus cuirfimid ar crochadh bunoscionn ar feadh lae nó dhó é.”

Fad is a bhí sé sin ar bun, bhí na habhaic eile ag obair ar an gcuid eile de na cimid a fhuascailt ag gearradh an tsnátha lena sceana. Níorbh fhada go mbeidis uile saor, cé nár léir dóibh cad a tharlódh ina dhiaidh sin. Rug na damháin alla orthu an oíche aréir gan mórán dua, ach is sa dorchadas a tháinig na damháin alla aniar aduaidh ar na habhaic. An uair seo bhí cath uafásach á thuar.

Leis sin thug Biolbó faoi deara gur chruinnigh roinnt de na damháin eile timpeall Bombúir bhoicht ar urlár na coille. Cheangail siad suas arís é agus bhí siad á tharraingt leo. Lig Biolbó liú as agus thosaigh ag sceanairt na ndamhán alla a bhí os a chomhair amach. Ghéill siadsan gan mhoill, agus shleamhnaigh Biolbó agus thit sé anuas an crann isteach i gceartlár na ndamhán ar an talamh. Ba rud nua dóibh a chlaíomh beag mar chealg. Nach é a théadh anonn agus anall! Bhí an claíomh ag lonrú le háthas agus Biolbó á sá. Maraíodh leathdhosaen acu sular chúlaigh an chuid eile agus gur fhág siad Bombúr ag Biolbó.

“Tagaigí anuas! Tagaigí anuas!” a dúirt sé de ghlaio leis na habhaic a bhí ar na craobhacha. “Ná fanaigí thuas ansin go mbéarfar ina líon sibh!” Óir chonaic sé damháin alla ag snámh ina sluaite suas na crainn in aice leo agus ag lámhacán ar na brainsí os cionn na n-abhac.

Léim na habhaic, nó dhreap siad nó thit siad anuas, aon duine dhéag acu ar mhuin mhairc a chéile, a bhformhór an-éadaingean agus mórán de lúth na gcos caillte acu. Ach bhí siad ann sa deireadh thiar, dáréag acu agus Bombúr bocht san áireamh; bhí seisean ag baint taca ar thaobh amháin as Bíofúr, a chol ceathar agus ar an taobh eile as Bófúr, a dheartháir. Bhí Biolbó ag rince thart agus ag luascadh a Cheilge, agus bhí na céadta damhán alla ag gliúcaíocht orthu lena súile móra bolgacha ina dtimpeall agus os a gcionn. Ní ródhóchasach an chuma a bhí ar chúrsaí.

Is ansin a thosaigh an cath. Bhí sceana ag roinnt de na habhaic, bhí maidí ag cuid díobh, agus bhí teacht acu uile ar chlocha; bhí a mhíodóg shíofrúil ag Biolbó. Buaileadh na damháin siar arís agus arís eile agus maraíodh mórán acu. Ach ní fhéadfadh Biolbó agus na habhaic leanúint ar aghaidh i bhfad mar sin. Is beag nach raibh Biolbó féin spíonta; níorbh fhéidir ach le ceathrar de na habhaic seasamh ar a gcosa i gceart, agus níorbh fhada go bhfaighfí an lámh in uachtar orthu uile mar a bheadh ar chuileanna tuirseacha. Bhí na damháin alla ag tosú cheana féin ar a dtéada a fí ina dtimpeall máguaird agus ó chrann go crann.

Ar deireadh níor fhéad Biolbó smaoineamh ar phlean ar bith ach rún an fháinne a ligean leis na habhaic. Bhí sé ábhar buartha faoin scéal, ach ní raibh neart aige air.

“Táimse ag dul as radharc,” a dúirt sé, “agus tarraingeoidh mé na damháin alla uaibhse, más féidir liom. Caithfidh sibhse fanacht in éineacht lena chéile agus dul sa treo eile. Ar thaobh bhuir láimhe clé ansin, sin é a bheag nó a mhór an áit ba dhéanaí a bhfacamar tinte na n-ealbh.”

Ba dheacair dóibh an scéal a thuiscint, leis an meadhrán ina gcloigeann agus iad ag éisteacht leis na liúnna ina dtimpeall, fuaim na maidí ag bualadh na ndamhán alla agus torann na gcloch á gcaitheamh. Sa deireadh, áfach, d’airigh Biolbó nach bhféadfadh sé tuilleadh moille a dhéanamh—bhí ciorcal na ndamhán alla ag druidim leo i dtólamh. Leis sin chuir sé an fáinne ar a mhéar agus d’imigh as radharc, rud ba chúis mhór iontais do na habhaic.

Níorbh fhada gur chualathas “Damhán Alla ramhar” agus “Tá an Fíodóir falsa” ó na crainn tamall uathu ar dheis. Chuir sin an-olc go deo ar na damháin alla. D’éirigh siad as teacht chun tosaigh, agus d’imigh cuid acu i dtreo an ghutha. Chuir an t-ainm “Fíodóir Falsa” an oiread sin feirge orthu gur chaill siad a stuaim ar fad. Leis sin chuaigh Báilín, a thuig plean Bhiolbó ní b’fhearr ná an chuid eile, i dtosach ar na habhaic agus d’ionsaigh sé na damháin alla. D’fhan na habhaic ina ngrúpa dlúth buailte lena chéile. Chaith siad cith chloch leis na damháin alla agus thiomáin siad rompu ar chlé, agus mar sin bhris siad tríd an gciortail. Leis sin stop an liúireach agus an amhránaíocht i bhfad ar a gcúl.

Lean na habhaic ag siúl leo. Bhí siad ag guí go dúthrachtach nár rug na damháin alla ar Bhiolbó. Ní raibh siúl na n-abhac sách tapa, áfach. Bhí siad tinn tuirseach agus níorbh fhéidir leo níos fearr a dhéanamh na bacadaíl ar aghaidh go héadaingean guagach, cé go raibh mórán de na damháin alla go díreach ar a gcúl. Bhíodh orthu casadh gach re seal agus troid leis na créatúir ag teacht aníos acu;

agus bhí cuid de na damháin alla sna crainn cheana féin agus ag teilgean anuas a snáithí fada greamaitheacha.

Bhí droch-chuma ar chúrsaí arís, nuair a tháinig Biolbó i láthair arís gan choinne agus d'ionsaigh na damháin alla ón taobh.

“Téigí ar aghaidh! Téigí ar aghaidh!” a dúirt sé de liú. “Mise a chuirfidh cealg iontu!” Agus chuir. Léim sé anonn agus anall, ag gearradh na snáithí, ag leadradh a gcosa agus ag sá a gcorpán ramhar, nuair a thagaidís róchóngarach dó. Bhí na damháin alla ag borradh le cuthach feirge. Bhídís ag plobarnach, ag coipeadh, ag siosarnach agus ag eascainí go huafásach urghrána. Ach scanraigh Cealg as a gcaiceann iad, agus ní leomhfaidís teacht róghearr dó, ó tharla go raibh sí ina measc arís. Mar sin, cé go mbídís ag mallachtach agus ag eascainí, is amhlaidh a bhí a gcreach ag éalú uathu go mall réidh. Ba scanrúil uamhnach an obair a bhí ann do Bhiolbó agus cheap sé gur mhair sí an-fhada go deo. Ach sa deireadh thiar, go díreach nuair a cheap Biolbó nach bhféadfadh sé a lámh a ardú chun oiread is buille amháin eile a bhualadh, d'éirigh na damháin alla gan choinne as an troid. Níor lean siad na habhaic a thuilleadh, ach chuaigh siad ar ais le diomá mór chuig a gcoilíneacht dhorcha.

Thug na habhaic faoi deara ansin go raibh siad tagtha chuig imeall fáinne a raibh tinte na n-ealbh ann. Ní raibh a fhios acu ar cheann é de na fáinní a chonaic siad an oíche roimhe sin. Chonacthas dóibh, áfach, go raibh draíocht mhaith le fáil i gcónaí ina léithéid d'áit, draíocht nár thaitin leis na damháin alla. Ba ghlaise an solas anseo ar aon chuma; ní raibh na craobhacha chomh tiubh ná chomh bagrach, agus bhí deis acu a scíth a ligean ann agus anáil a tharraingt.

D'fhan siad ina luí ann ar feadh tamaill, ag puthaíl agus ag séideogacht, ach níorbh fada gur thosaigh siad ag cur ceisteanna. Níor mhór do Bhiolbó a mhíniú go beacht conas a d'éirigh leis dul as radharc. Bhí an oiread sin spéise acu sa chaoi a bhfuair Biolbó an fáinne go ndearna siad dearmad ar feadh tamaill ar a gcuid trioblóidí féin. Ní shásódh rud ar bith Báilín go háirithe ach go n-inseofaí scéal Gholam ó thús deireadh arís dó, na tomhais san áireamh agus an fáinne ina áit cheart san insint. Ach tar éis tamaill thosaigh an lá ag dul ó sholas agus cuireadh ceisteanna eile. Cá raibh siad, agus cá raibh a gcosán, cá raibh teacht ar aon bhia, agus cad é an chéad rud eile ba chóir dóibh a dhéanamh? D'fhiafraídis siúd na rudaí sin arís agus arís eile, agus de réir cosúlachta is ó Bhiolbó beag a cheap siad a gheobhaidís na freagraí. Is féidir libh a thuiscint uaidh sin gur athraigh a dtuairim faoin mBaigíneach go mór. Tharla sé go raibh an-mheas air ag fás iontu, mar a dúirt Gandalf a tharlódh. Go

deimhin bhí siad ag súil go smaoiníodh sé ar phlean iontach chun cabhrú leo agus ní ag banrán amháin a bhí siad. Bhí a fhios acu go rímhaith nárbh fhada go mbeidís uile go léir marbh, murach an hobad, agus ghabh siad buíochas leis arís agus arís eile. D'éirigh cuid acu ina seasamh fiú amháin agus d'umhlaigh siad go talamh os a chomhair, cé gur thit siad leis an stró, agus ní raibh siad in ann seasamh ar a gcosa arís go ceann tamaill fhada. Nuair a thuig siad faoin bhfáinne agus faoin gcaoi a bhféadfadh Biolbó dul as radharc, níor laghdaigh ar a n-ómós dó ar chor ar bith, óir thuig siad go raibh meabhair cinn, ádh mór agus fáinne draíochta aige—agus ba ríluachmhar gach aon cheann díobh sin. Leis an bhfirinne a rá mhol siad chomh mór sin é, gur thosaigh Biolbó ag ceapadh go raibh iarracht den eachtránaí cróga ag baint leis i ndeireadh na dála, cé go n-aireodh sé ní ba chróga fós dá mbeadh rud éigin le n-ithe aige.

Ach ní raibh faic le n-ithe ann, faic na fríde, agus ní raibh duine ar bith acu in inmhe dul ag cuardach rud ar bith, nó dul ar lorg an chosáin a raibh siad ar seachrán uaidh. An cosán a raibh siad ar seachrán uaidh! Ní thiocfadh smaoiníodh ar bith eile isteach i gcloigeann tuirseach Bhiolbó. Ní dhearna sé ach fanacht ina shuí ag féachaint ar na crainn dho-áirithe. Tar éis tamaill thit siad go léir dá dtost arís. Iad go léir ach Báilín. I bhfad tar éis don dream eile éirí as an gcaint agus a súile a dhúnadh, lean sé air ag monabhar agus ag sclugail gháire dó féin.

“Golam! Bhuel, beannú orm! B'shin é an chaoi ar éalaigh sé tharam, arbh é? Tá a fhios agam anois! Théaltaigh tú leat go hanchiúin, ar théaltaigh, a mhic Uí Bhaigín? Cnaipí ar fud na táirsí! Maith thú, a Bhiolbó—a Bhiolbó—a Bhiolbó—bó—bó—bó—” Agus thit sé ina chodladh, agus bhí ciúnas iomlán ann ar feadh tamaill fhada.

Gan choinne d'oscail Dváilín leathshúil agus d'fhéach timpeall orthu? “Cá bhfuil Tóirín?” arsa seisean.

Ba mhór an gheit a bhain sé sin astu. Ar ndóigh ní raibh siad ach trí dhuine dhéag ann—dhá abhac déag agus an hobad. Cá raibh Tóirín dáiríre? D'fhiafraigh siad díobh féin cén drochrath a tháinig air, draíocht nó arrachtaí dorchá. Is iomaí sin creathán a chuir an smaoiníodh orthu agus iad ina luí ar seachrán sa choill. De réir mar a rinne oíche dhubh den tráthnóna, thit siad ina gcodladh ina nduine is ina nduine, codladh corrach lán brionglóidí gránna. Agus ní mór dúinn iad a fhágáil ann go fóill, agus iad róthinn róthuirseach le fairtheoir a cheapadh nó sealaíocht a dhéanamh ag faire.

Is luaithe go mór a rugadh ar Thóirín ná mar a rugadh ar na habhaic eile. Is cuimhin libh gur thit Biolbó i dtámhneál suain a

thúisce is a thug sé coiscéim isteach i gciorcal an tsolais? An chéad uair eile ba é Tóirín a shiúil chun tosaigh, agus nuair a mhúch na soilse thit sé mar a bheadh cloch faoi dhraíocht. Torann go léir na n-abhac ar strae san oíche, a nglanna nuair a rug na damháin alla orthu agus a cheangail iad, agus callán uile an chatha an lá dár gcionn, chuaigh sin uile thairis agus níor chuala sé tada de. Tháinig Eilbh na Coille chuige ansin, cheangail siad é agus thug siad leo é.

Ba Eilbh Coille ar ndóigh an slua a bhí ag caitheamh na fleá. Ní urchóideach an dream iad. Má tá locht orthu is é a mímhúinín as strainséirí é. Cé gur láidir an draíocht a bhí acu, bhídís amhrasach fiú amháin sna laethanta úd. Bhí siad éagsúil le hArd-Eilbh an Iarthair, agus ba chontúirtí iad agus ba lú a gcríonnacht. Shíolraigh a bhformhór (chomh maith lena ngaolta scaipthe sna cnoic is sna sléibhte) ó threibheanna ársa nach ndeachaigh riamh go hEldamar, Tír na nEalbh san Iarthar. Is ann a chuaigh na hEilbh Solais, na hEilbh Doimhne, agus na hEilbh Mara agus mhair siad ann ar feadh na gcianta; chuaigh siad in áilleacht, i gcríonnacht agus i léanntacht ann, agus cheap siad ann a ndraíocht agus a gceardaíocht ghlic i dtaobh rudaí áille iontacha a dhéanamh, sular tháinig cuid acu arís chuig an Domhan Leathan. D'fhan na hEilbh Coille tamall fada sa Domhan Leathan i gclapsholas ár nGréine agus ár nGealaí, ach ba iad na réaltaí ba mhó a thaitníodh leo agus bhídís ag fánaíocht sna foraoisí móra a d'fhás suas go hard i dtíortha a cailleadh ó shin. Is minice a bhíodh cónaí orthu le hais imeall na gcoillte, a bhféadfáidís éalú astu istoiche chun fiach a dhéanamh nó chun rith thar an talamh oscailte faoi sholas na gealaí nó na réaltaí. Le teacht na nDaoine is mó ná riamh a chloídis leis an gcontráth agus leis an gclapsholas. Ach is eilbh a bhí agus atá iontu, agus is Dea-Chine iad.

In uaimh mhór roinnt mílte laistigh d'imeall na Modarchoille ar a taobh thoir bhí cónaí ag an am sin ar an rí ba mhó orthu. Bhí abhainn ag rith ó arda na foraoise os comhair a dhoirse ollmhóra cloiche agus théadh sí ar aghaidh agus amach chuig na riasca ag bun na dtailte arda crannacha. An uaimh sin, a n-osclaíodh uaimheanna ba lú amach uaithi ar gach aon taobh, théadh sí ag lúbadh go domhain faoin talamh, agus is iomaí tollán agus halla leathan a bhí aici. Ach ba sholasmhaire agus b'fholláine í ná áitreabh ar bith de chuid na bpúcaí, agus ní raibh sí chomh domhain le ceann acu sin ná chomh contúirteach. Déanta na firinne is sna coillte oscailte is mó a mhaireadh géillsinigh an rí agus is ansin a dhéanaidís fiach. Bhíodh tithe nó bothóga acu ar an talamh ann agus sna craobhacha. Ba iad

na fáibhíle na crainn ab ansa leo. Ba í uaimh an rí a phálás, daingean a shaibhris agus cosaint a mhuintire ar a naimhde.

Ba é doinsiún a phríosúnach freisin é. Mar sin is chuig an uaimh a tharraing siad Tóirín—agus ní go róshéimh, mar ní thaitníodh na habhaic leo, óir cheap siad gur namhaid a bhí i dTóirín. Throid na heilbh coille cogáil le cuid de na habhaic anallód, óir chuir na heilbh ina leith gur ghoid siad a saibhreas uathu. Le bheith cothrom cuntas eile ar fad a bhí ag na habhaic; deir siadsan nár thóg siad ach a raibh ag dul dóibh. Deir siad go ndearna rí na n-ealbh margadh leo lena chuid bunóir agus bunairgid a ghaibhniú dó, agus gur dhiúltaigh sé ina dhiaidh sin luach a saothair a thabhairt dóibh. Má bhí locht ar rí na n-ealbh, ba é a dhúil sa saibhreas é, airgead agus buachlocha geala go háirithe. Cé gur shaibhir a chiste, bhí dúil riamh aige tuilleadh a fháil, mar ní raibh aige fós an oiread saibhris is a bhíodh ag taoisigh eile na n-ealbh anallód. Ní dhéanadh a mhuintir mianadóireacht, gaibhneacht ná seodóireacht; ná ní bhídís ag trádáil mórán ná ag curadóirecht. Bhí an méid sin uile ar eolas ag gach uile abhac, cé nach raibh baint ar bith ag fine Thóirín leis an seanfhaltanas atá luaite agam. Bhí fearg ar Thóirín dá bharr sin faoin gcaoi ar chaith siad leis, nuair a bhain siad an draíocht de agus a tháinig sé chuige féin. Bhí rún daingean docht aige freisin nach mbainfí focal ar bith as faoi ór ná faoi sheoda.

Nuair a tugadh Tóirín os a chomhair, d'fhéach an rí go dian air agus chuir sé mórán ceisteanna air. Ní deireadh Tóirín tada, áfach, ach go raibh sé stiúgtha leis an ocras.

“Cén fáth ar fhéach tusa agus do mhuintir le mo mhuintirse a ionsaí le linn a siamsaíochta?” arsa an rí.

“Níor ionsaíomar iad,” arsa Tóirín; “thángamar le lón a iarraidh orthu, óir bhíomar cailte leis an ocras.”

“Cá bhfuil do chairde anois agus cad atá siad a dhéanamh?”

“Níl a fhios agam. Ag fáil bháis den ocras san fhoraois, is dóigh liom.”

“Cad a bhí ar bun agaibh san fhoraois?”

“Ag cuardach rudaí le n-ithe agus le n-ól, mar bhíomar stiúgtha leis an ocras.”

“Ach cad a thug isteach san fhoraois an chéad lá?” arsa an rí de cheist fheargach.

Leis sin dhún Tóirín a bhéal agus ní déarfadh sé aon fhocal eile.

“Maith go leor!” arsa an rí. “Beirigí chun siúil é agus coinnígí sábháilte é—go mbeidh sé sásta an fhírinne a insint, fiú amháin más gá dó fanacht céad bliain.”

Cheangail na heilbh le stialla leathair é agus chuir i ngéibheann é i gceann de na huaimheanna ab fhaide isteach agus a raibh doirse láidre adhmaid uirthi. D'fhág siad ann é. Thugaidís le n-ithe agus le n-ól dó, flúirse den dá rud, bíodh nach raibh ceachtar acu ró-iontach; óir ní púcaí na hEilbh Coille agus caitheann siad go réasúnta fiú leis na naimhde is measa dá bhfuil acu, nuair a bheireann siad orthu. Thaispeánaidís trócaire do gach aon chréatúr beo, ach amháin do na damháin alla ollmhóra.

Bhí Tóirín ina luí ansiúd i ndoinsíun an rí. Bhí sé fíorbhuíoch as an arán, as an bhfeoil agus as an uisce, ach nuair a rinne sé ath-smaoineamh ar an sáinn a raibh sé inti, thosaigh sé ag fiafraí de féin cad a bhain dá chairde mífhortúnacha. Níorbh fhada go bhfuair sé é sin amach. Ach is le caibidil nua a bhaineann sin agus le tosach eachtra eile, nuair a thaispeáin an hobad arís a úsáidí is a bhí sé.


Caibidil IX

Bairillí as an Stóras

An lá tar éis an chatha leis na damháin alla rinne Biolbó agus na habhaic iarracht éadóchasach dheireanach chun bealach amach as an bhforaois a aimsiú sula bhfaighidís bás den ocras agus den tart. D'éirigh siad ar a gcosa agus thuisligh siad sa treo a thomhais ochtar as trí dhuine dhéag acu a raibh an cosán le fáil; ach ní bhfuair siad amach riamh an raibh an ceart acu. An oiread den lá agus a bhíodh riamh san fhoraois, bhí sé ag sleamhnú arís faoi dhorchadas na hoíche nuair a dhrithligh gan choinne ina dtimpeall solas mórán tóirsí ar nós na gcéadta réaltaí dearga. Léim Eilbh Coille amach orthu, a mboghanna agus a sleánna ina lámha agus d'ordaigh do na habhaic stad.

Níor smaoinigh na habhaic ar throid a dhéanamh. Fiú mura mbeadh bail chomh dona sin ar na habhaic gur chúis sásaimh dóibh go rabhthas ag déanamh cimidí díobh, ní raibh d'uirlisí troda acu ach a sceana beaga, agus ní bheadh aon mhaith iontu sin in aghaidh shaighde na n-ealbh a d'fhéadfadh súil éin a aimsiú sa dorchadas. Ní dhearna na habhaic mar sin ach stad dá siúl, suí síos agus fuireach—iad uile ach Biolbó, a chuir an fáinne ar a mhéar agus théaltaigh go ciúin ar leataobh. B'shin é an fáth, nuair a cheangail na heilbh na habhaic i scuaine fhada duine ar chúl duine eile, nach bhfuair siad agus nár chomhair siad an hobad.

Níor chuala agus níor mhothaigh siad é ach an oiread agus é ar sodar laistiar go maith de sholas a dtóirsí nuair a bhí siad ag tabhairt a bpríosúnach leo san fhoraois. Bhí púicín ar shúile gach abhaic, ach ba bheag difríocht a rinne sin, óir ní fhéadfadh Biolbó, a raibh úsáid a dhá shúil aige, feiceáil cén áit a raibh siad ag dul; agus ar aon chuma ní raibh a fhios aige féin ná ag an dream eile cén áit ar thosaigh siad. Ba é dicheall Biolbó é coinneáil suas leis na tóirsí, mar bhí na heilbh ag tabhairt ar na habhaic brostú chomh tapa agus ab fhéidir leo, dá thinne agus dá thuirsí iad. Bhí an rí tar éis ordú dóibh deifir a dhéanamh. Leis sin stad na tóirsí agus is ar éigean a bhí am a dhóthain ag an hobad teacht aníos leo sular thosaigh siad ag dul



Geata Rí na nEalbh

thar an droichead. Ba é sin an droichead a théadh thar an abhainn suas chuig dhoirse an rí. Bhí sruth na habhann dorcha mear láidir fúthu; ag a cheann thall bhí doirse os comhair bhéal ollmhór uaimhe a théadh isteach faoi learg chrannach ghéar. Thagadh na crainn féa anuas go dtí an bruach ansiúd agus bhí a bhfréamhacha sa sruthán féin.

Bhrúigh na heilbh a gcimí thar an droichead, ach bhí Biolbó ag braiteoireacht ar a gcúl. Níor thaitin cuma bhéal na huaimhe leis ar chor ar bith agus nuair a shocraigh sé ar gan a chairde a thréigean, is ar éigean a bhí a dhóthain ama aige sleamhnú isteach ag sála na n-abhac deireanach sular dúnadh geataí ollmhóra an rí le plimp laistiar díobh.

Bhí na tolláin istigh á soilsiú ag solas dearg na dtóirsí; bhí na heilbh gardála ag gabháil fhoinn agus iad ag máirseáil ar feadh na bpasáistí cama casta lán le macallaí. Níorbh ionann na pasáistí agus na cinn sin i gcathracha na bpúcaí; is lú a bhí siad, ní théidis chomh domhain sin isteach sa talamh agus ba ghlaire an t-aer iontu. Bhí Rí na nEalbh ina shuí ar chathaoir d'adhmaid greanta i halla mór a gearradh amach as an gcloch féin. Coróin de chaora dearga agus de dhuilleoga rua a bhí ar a chloigeann, mar bhí an fómhar tagtha arís. Coróin de bhláthanna na foraoise a chaitheadh sé san earrach. Slat de dhair ghreanta a bhí ina leathlámh.

Tugadh na cimí chuige; agus bíodh gur bhreathnaigh sé orthu le mistá, dúirt sé lena chuid fear a gceangal a scaoileadh, óir bhí na habhaic tnáite giobalach. “Ina theannta sin níl aon ghá le rópaí istigh anseo,” a dúirt sé. “Ní bhíonn aon éalú trí mo dhoirse draíochta ag aon neach a tugadh riamh isteach anseo.”

Cheistigh sé na habhaic go mion agus ar feadh i bhfad faoina raibh déanta acu, faoin áit a raibh a dtrial, agus faoin áit ar tháinig siad as; ach is beag má fuair sé níos mó uathu ná mar a fuair sé ó Thóirín. Bhí siad cancrach grusach, agus níor lig siad orthu féin fiú a bheith dea-mhúinte.

“Cad atá déanta againn, a rí?” arsa Báilín, arbh é an duine ba shine dá raibh fágtha acu é. “An coir do dhuine é má théann sé ar strae san fhoraois, má tá ocras is tart air nó má bheireann damháin alla air? An beithigh cheansa nó peataí de do chuid na damháin alla, go gcuireann a marú fearg ort?”

Ar ndóigh chuir a leithéid sin de cheist níos mó feirge ar an rí ná riamh, agus d'fhreagair sé: “Coir is ea é a bheith ag fánaíocht i mo riocht gan chead. An bhfuil dearmad déanta agaibh go raibh sibh i mo thírise, ag baint úsáide as an mbóthar a bhí déanta ag mo mhuintir? Nár lean sibh agus nár chráigh sibh mo mhuintir trí huairé

san fhoraais, nár dhúisigh sibh na damháin alla le bhur raic agus le bhur gcallán. Tar éis a bhfuil déanta de chambús agaibh tá sé de cheart agam cloisteáil cad a thugann anseo sibh, agus mura n-inseoidh sibh dom anois, coinneoidh mé sibh uile i bpríosún go bhfoghlaimeoidh sibh ciall agus béasa!”

D’ordaigh sé ansin go gcuirfí gach uile dhuine de na habhaic i gckillín faoi leith agus go dtabharfaí bia agus deoch dóibh, ach nach ligfí dóibh dul thar dhoirse a bpríosún beag go mbeadh duine acu ar a laghad sásta an t-eolas a bhí uaidh a insint dó. Ach níor inis sé dóibh go raibh Tóirín ina chime aige freisin. Ba é Biolbó a fuair é sin amach.

An Baigíneach bocht—b’fhada an tréimhse a mhair sé san áit úd ina aonar. Bhíodh sé i bhfolach an t-am go léir agus ní leomhfadh sé riamh an fáinne a bhaint dá mhéar; is ar éigean a bhíodh sé de dhánacht ann codladh, fiú sna cúinní ba dhorcha iargúlta a d’fhéadfadh sé a aimsiú. Ó tharla nach mbíodh tada le déanamh aige, thosaigh sé ag fánaíocht thart i bpálás Rí na nEalbh. Draíocht a dhúnadh na geataí, ach d’éiríodh leis éalú amach uaireanta dá mbeadh sé scafánta. Théadh complacht de Eilbh na Coille amach ó am go ham, agus an rí á dtreorú uaireanta, chun fiach a dhéanamh, nó chun gnó eile a chur i gcrích san fhoraais agus sna tailte thoir. Ansin, dá mbeadh Biolbó an-tapa, bhíodh sé in ann téaltú amach ar a gcúl. Ba chontúirteach an cleas é ina dhiaidh sin féin. Is beag nár rug na doirse air níos mó ná uair amháin agus iad ag bualadh go torannach le chéile nuair a d’imíodh an t-ealbh deir-eanach tríothu; ach ní leomhfadh sé siúl ina measc i ngeall ar a scáth (an-tanaí an-ghuagach mar a bhíodh sé faoi sholas na dtóirsí), agus ar eagla go mbuailfeadh duine ina aghaidh agus go bhfaighfí amach mar sin é. Agus nuair a théadh sé amach, rud nach ndéanadh sé rómhinic, ní dhéanadh sé aon mhaith. Níor theastaigh uaidh na habhaic a thréigean, agus go deimhin ní raibh a fhios aige ón talamh aníos cá rachadh sé dá n-uireasa. Ní fhéadfadh sé coinneáil suas le heilbh na seilge chomh fada is a bhídís amuigh; ní bhfuair sé amach mar sin conas éalú as an gcoill, agus d’fhágtaí é ag fánaíocht go dearóil san fhoraais, faitíos an domhain air go rachadh sé ar strae, go dtí go bhfaigheadh sé deis sleamhnú ar ais arís. Bhíodh ocras air lasmuigh freisin, mar níorbh fhear seilge é; ach laistigh de na huaimheanna bhíodh sé in ann maireachtáil ar a bhfaigheadh sé trí bhia a ghoid as stóras nó ó bhord, nuair nach mbíodh aon neach ag féachaint.

“Is geall le buirgléir mé nach féidir leis éalú, ach ar gá dó leanúint leis go truamhéalach ag déanamh buirgléireachta ar an aon teach amháin lá tar éis lae,” a dúirt sé leis féin. “Seo an chuid is leadránaí agus is tuirsiúla den eachtra mhallaithe mhíchompordach seo! Far-aor nach bhfuilim ar ais i mo pholl hobaid cois mo thinteáin theolaí féin agus an lampa ag soilsiú!” Ba mhinic freisin a theastaíodh uaidh teachtaireacht a chur chuig an draoi ag lorg cúnamh; ach ar ndóigh níorbh fhéidir sin ar chor ar bith. Thuig sé go luath mar sin, má bhí rud ar bith le déanamh, go gcaithfeadh an Baigíneach é a dhéanamh, leis féin gan chúnamh ó aon duine.

Sa deireadh thiar tar éis seachtaine nó dhó den chineál slítheánta seo beatha, trí aire a thabhairt do na gardaí agus iad a leanúint, agus trí dul san fhiontar gach uair ab fhéidir leis, d’éirigh leis fáil amach cén áit a raibh gach abhac á choinneáil. D’aimsigh sé na cillíní a raibh an dáréag acu á gcoinneáil iontu in ionaid éagsúla sa phálás, agus tar éis tamaill bhí sé an-chleachtach le leagan amach na háite. Nach airsean a bhí an t-iontas lá amháin nuair a chuala sé trí éisteacht le roinnt de na gardaí ag caint le chéile go raibh abhac eile ina chime sa phálás chomh maith, in áit dhomhain dhorchá faoi leith. Thomhais sé láithreach bonn ar ndóigh gurbh é Tóirín é; agus tar éis tamaill fuair sé amach gur ceart a bhí an buille faoi thuairim sin aige. Ar deireadh tar éis mórán deacrachta d’éirigh leis an t-ionad a aimsiú nuair nach raibh aon duine thart, agus le focal a bheith aige le taoiseach na n-abhac.

Bhí Tóirín róthruamhéalach le fearg a bheith air a thuilleadh i dtaobh a mhífhortúin. Thosaigh sé ag rith leis fiú go mb’fhéidir go n-inseodh sé don rí an scéal ar fad faoin taisce agus faoin tóraíocht (rud a léiríonn a isle brí faoin am sin), nuair a chuala sé guth caol Bhiolbó ag poll na heochrach. Is ar éigean a d’fhéadfadh sé é a chreidiúint. Thuig sé go luath, áfach, nach raibh dul amú air, agus tháinig sé chuig an doras agus labhair sé de chogar leis an hobad ar an taobh eile ar feadh i bhfad.

Mar sin bhí Biolbó in ann teachtaireacht Thóirín a thabhairt go rúnda chuig gach ceann eile de na habhaic a bhí i ngéibheann. D’inis sé dóibh go raibh a dtaoiseach mar an gcéanna i bpríosún in aice láimhe, agus nár cheart d’abhac ar bith acu fáth a dturais a nochtadh don rí—ní go fóill, ní go dtí go dtabharfadh Tóirín cead dóibh. Óir tháinig croí do Thóirín athuair, nuair a chuala sé cén chaoi ar tharrtháil an hobad na habhaic ó na damháin alla. Bhí rún daingean aige gan a shaoirse a fháil ón rí trí ghealladh dó go bhfaigheadh sé cuid den saibhreas, go dtí nach raibh aon chosúlacht ann go bhféadfaidís éalú bealach ar bith eile; is éard a bhí i gceist ag Tóirín

dáiríre go dtí go sáródh ar an duine uasal suntasach sin, an Baigíneach Dofheicthe (bhí an-armheas go deo ar an hobad ag fás ina chroí), smaoineamh ar phlean cliste éigin.

Bhí na habhaic eile ar aon fhocal ar fad le Tóirín nuair a fuair siad an teachtaireacht. Shíl gach abhac acu go laghdófaí a roinn féin den saibhreas go mór (ba leo féin amháin an saibhreas dar leo in ainneoin go raibh siad i sáinn agus in ainneoin nár cloíodh an dragan fós), dá n-éileodh ri Ealbh na Coille cuid de; agus bhí muinín acu uile as Biolbó. Tuigeann sibh gurbh é sin an rud go díreach a dúirt Gandalf a tharlódh. B'fhéidir gur cheann de chúiseanna Ghandalf é sin chun imeacht uathu agus iad a fhágáil leo féin.

Ní raibh an oiread dóchais ag Biolbó, áfach, agus a bhí ag na habhaic. Níor thaitin sé leis go raibh gach uile dhuine ag brath air agus ba chúis áiféala dó nach raibh an draoi ina chuideachta. Ní raibh aon mhaith sa smaoineamh sin; is dócha go raibh achar dorchana Modarchoille ar fad eatarthu. D'fhan sé ina shuí ag machnamh agus ag machnamh, go dtí gur phléasc a chloigeann nach mór, ach ní thioctadh aon phlean cliste chuige. Ba bhréa an ní é fáinne dofheictheachta a bheith ag aon duine amháin ach ba bheag an mhaith a bhí ann idir ceithre dhuine dhéag. Ach ar ndóigh tharrtháil Biolbó a chairde ar deireadh, mar a thomhais sibh cheana. Seo mar a tharla.

Lá amháin nuair a bhí sé ag fánaíocht agus ag smúrthacht thart, fuair Biolbó rud fionspéisiúil amach: níorbh iad na geataí móra an t-aon slí isteach sna huaimheanna. Bhí sruthán ag rith faoi chuid de limistéar íochtarach an pháláis agus théadh sé isteach in Abhainn na Foraoise tamall níos faide soir, lastall den fhána ghéar a mbíodh príomhbhéal na habhann ag oscailt amach aisti. Bhí geata uisce san áit a dtagadh an sruthán faoin talamh seo amach faoin gcnoc. Thagadh an díon cloiche ansin cóngarach do chraiceann an uisce, agus d'fhéadfaí geata crochta a ligean anuas ón díon ann chuig grinneall an tsrutháin chun daoine a chosc ó dhul amach nó ó theacht isteach an bealach úd. Ach is minic a bhíodh an geata crochta ardaithé, óir thagadh mórán isteach agus théadh mórán amach tríd an ngeata uisce. Dá dtiocfadh duine ar bith isteach an bealach úd, gheobhadh sé é féin i dtollán dorchana garbh a théadh isteach go croí an chnoic; ach in áit amháin a dtéadh sé faoi na huaimheanna bhí an díon arna polladh agus bhí comhlai móra tógála d'adhmaid darach arna socrú ann. Is aníos isteach i siléir an rí a d'osclaíodh na comhlai sin. Bhí bairillí ina sraitheanna móra ann; óir bhí an-dúil ag Eilbh na Coille agus go háirithe ag a rí i bhfion—bíodh nach mbíodh finiuín ar bith ag fás sa dúiche sin. Thugtaí an

fion agus earraí eile ó thíortha in imigéin, ó lucht a gcine féin sa deisceart, nó thar loch isteach ó fhionghoirt na nDaoine in imigéin.

Tháinig Biolbó ar na comhlaí tógála agus d'fhoghlaim sé faoina bhfeidhm, nuair a bhí sé i bhfolach ar chúl cheann de na bairillí ba mhó. Nuair a théadh sé faoi cheilt ann, d'éisteadh sé le caint sheirbhísigh an rí. Chuala sé mar sin conas a thagadh an fion agus earraí eile aníos na haibhneacha, nó thar an talamh, chuig an Loch Fada. Bhí baile mór de chuid na nDaoine faoi rath ann fós, baile mór a bhí ina shuí ar dhroichid a théadh i bhfad isteach san uisce mar chosaint ar dhragan an tSléibhe. Thugtaí na bairillí aníos Abhainn na Coille ó Bhaile an Locha. Go minic ní dhéantaí ach na bairillí a cheangal le chéile ar nós raftaí móra agus tharraingítí nó bhrúití le cuailí iad aníos an sruth; uaireanta eile chuirítí ar bhirlingí cothroma iad.

Nuair a bhíodh na bairillí folamh chaitheadh na heilbh amach trí na comhlaí tógála iad, d'osclaídis an geata uisce agus siúd leis na bairillí ag snámh ar aghaidh go corrach ar an sruth go dtí go dtugadh sé iad chuig áit a mbíodh an bruach ag gobadh amach san abhainn, cóngarach do cheann thoir na Modarchoille. Bhailítí ansin iad agus chuirítí ag snámh iad ar ais go Baile an Locha, a bhí gar don áit a ritheadh Abhainn na Coille isteach sa Loch Fada.

D'fhan Biolbó i bhfad ina shuí ag smaoineamh ar an ngeata uisce sin. D'fhiafraíodh sé de féin go minic an mbeadh aon mhaith ann mar bhealach éalaithe dá chairde, agus sa deireadh thiar thall bhí iarracht de phlean contúirteach aige.

Bhí na cimidí tar éis a suipéar a fháil. Bhí na bairdéirí ag imeacht go torannach trí na pasáistí ag tabhairt sholas na dtóirsí leo. Fágadh gach uile rud sa dorchadas ina ndiaidh. Ansin chuala Biolbó buitléir an rí ag guí oíche mhaith ar cheannfort na ngardaí.

"Tar liom anois," a dúirt sé, "chun an fion nua a tháinig isteach le gairid a bhlaiseadh. Beidh mé an-ghnóthach anocht ag iarraidh na bairillí folmha a ghlanadh amach as na siléir. Biodh deoch againn ar dtús mar sin le cabhrú leis an obair."

"Maith go leor," arsa ceannfort na mbairdéirí de gháire. "Blaisfidh mé an fion leat, le fáil amach an bhfuil sé oiriúnach do bhord an rí. Beidh fleá ann anocht agus níor mhaith an rud é drochstuif a chur aníos chucu!"

Bhí sceitimíní ar Bhiolbó nuair a chuala sé sin, óir chonaic sé go raibh an t-ádh leis agus go raibh deis aige láithreach bonn triail a bhaint as a phlean contúirteach. Lean sé an bheirt ealbh go

ndeachaigh siad isteach i siléar beag agus gur shuigh siad síos ag bord a raibh dhá ghiústa ina seasamh air. Leis sin thosaigh siad ag ól agus ag gáire go croíúil. Bhí ádh neamhghnáth le Biolbó ansin. Ní chuireann ach fion láidir codladh ar ealbh coille; ach an fion úd, ba d'fhiniúnacha meisciúla mhórghairdíní Dorwinion de réir dealraimh é; ní do shaighdiúirí ná do sheirbhísigh an rí a beartaíodh an fion ach do fhleánna an rí féin. Ba cheart é a ól as cupáin bheaga freisin, ní as giústaí móra an bhuitleára.

Níorbh fhada gur thosaigh ceannfort na mbairdeirí ag cromadh a chloiginn agus ansin leag sé ar an mbord é agus thit ina shámh-chodladh. Lean an buitleir air ag caint agus ag gáire leis féin ar feadh tamaill gan aon rud a thabhairt faoi deara, de réir cosúlachta. Ba ghearr ansin gur thosaigh a chloigeann seisean ag cromadh síos chuig an mbord chomh maith. Thit sé ina chodladh freisin, agus bhí sé ansin ag srannadh le taobh a charad. Théaltaigh an hobad isteach láithreach. Ba ghearr gur bhain sé a chuid eochracha de cheannfort na mbairdeirí agus go raibh sé ag sodar chomh tapa agus a bhí sé in ann ar feadh na bpasáistí chuig na cillíní. Chonacthas dó go raibh triopall na n-eochracha an-trom ar ghéag a láimhe, agus is minic a bhí a chroí ina bhéal, in ainneoin a fháinne, mar ní fhéadfadh sé na heochracha a chosc ó chliotar cleatar ard a dhéanamh ó am go ham, rud a chuireadh creathán eaglach tríd.

Bhain sé an glas de dhoras Bháilín ar dtús, agus chuir glas arís air a thúisce is a bhí an t-abhac lasmuigh. Bhí an-iontas ar Bháilín, mar is féidir libh a shamhlú; sásta is mar a bhí sé le teacht amach as a sheomra beag tuirsiúil cloiche, theastaigh uaidh stopadh le ceisteanna a chur, le fáil amach cad a bhí beartaithe ag Biolbó, agus le cloisteáil faoin scéal go léir.

“Níl an t-am againn i láthair na huaire!” arsa an hobad. “Ní gá duit ach mise a leanúint! Ní mór dúinn coinneáil uile le chéile agus gan dul sa seans go scarfaí óna chéile muid. Caithfidh uile éalú nó ní féidir le duine ar bith éalú, agus seo é an seans deireanach a bheidh againn. Má fhaightear seo amach, ní fios ón talamh aníos cá gcuirfidh an rí an chéad uair eile sibh, le slabhraí ar bhur lámha agus ar bhur gcosa freisin, is dóigh liom. Ná bí ag argóint, mar dhéanfadh giolla maith!”

D'imigh sé ansin ó dhoras go doras, go dtí go raibh dáréag de lucht leanúna aige—agus ní raibh aon duine acu róscafánta, de bharr an dorchadais agus de bharr na tréimhse fada braighdeanais. Léimeadh croí Bhiolbó go láidir gach uair a bhuaileadh duine acu in aghaidh duine eile, nó gach uair a chloistí gnúsacht nó cogarnaíl uathu sa dorchadas. “Drochrath ar challán seo na n-abhac!” a

deireadh sé leis féin. Ach bhí go maith is ní raibh go holc agus níor chas siad le garda ar bith. Déanta na firinne bhí féasta mór fómhair sna coillte an oíche sin agus sna hallaí os a gcionn. Is beag nach raibh gach uile dhuine de mhuintir an rí ag déanamh suilt.

Ar deireadh shroich siad doinsiún Thóirín, i bhfad síos in áit dhomhain agus ar ámharaí an tsaol ní raibh sé i bhfad ó na siléir.

“Dar m’fhocal!” arsa Tóirín, nuair a dúirt Biolbó leis i gcogair teacht amach agus bualadh lena chairde. “Bhí an fhírinne ag Gandalf, mar is gnách! Is rímhaith an buirgléir atá ionat, de réir cosúlachta, in am an ghátair. Táim siúráilte go mbeimid uile go léir faoi chomaoín mhór agat go deo, cibé rud a thiocfaidh anois. Ach cad é a thiocfaidh anois?”

Thuig Biolbó gur mhithid a phlean a mhíniú dóibh chomh fada agus ab fhéidir leis; ach ní raibh sé cinnte conas a ghlacfadh na habhaic leis. Bhí údar maith aige leis an eagla sin, óir níor thaitin sé ar chor ar bith leo, agus thosaigh siad ag banrán de ghlór ard in ainneoin na contúirte a raibh siad inti.

“Brúfar, bascfar agus déanfar brioscbhruar dinn, agus báfar freisin muid cinnte!” a dúirt siad de mhonabhar. “Cheapamar go raibh smaoineamh ciallmhar éigin agat, nuair a d’éirigh leat breith ar na heochracha. Is plean mire é seo!”

“Maith go leor!” arsa Biolbó, an-díomá air agus iarracht den chantal freisin. “Téanam oraibh anois chuig bhur gceillíní deasa, glasálfaidh mé isteach sibh arís, agus féadfaidh sibh suí ann go cluthar go smaoineoidh duine agaibh ar phlean is fearr ná mo phleansa—ach ní dóigh liom go mbeidh deis agam na heochracha a fháil arís, fiú dá mbeadh an fonn orm.”

Ba é sin an iomarca dóibh, agus chuaigh siad chun suaimhnis arís. Sa deireadh ar ndóigh bhí orthu gach rud a dhéanamh dár mhol Biolbó, óir ba léir nárbh fhéidir leo féachaint leis na hallaí uachtaracha a shroicheadh, nó lena mbealach a throid amach trí na geataí a dhúntaí trí dhraíocht. Agus níor mhaith an smaoineamh é fanacht ag banrán sna pasáistí go dtí go mbéarfaí orthu arís. Mar sin lean siad an hobad agus théaltaigh siad chuig an siléir ab ísle síos. Chuaigh siad thar dhoras a bhfaca siad an garda agus an builtéir tríd, iad ag srannadh i gcónaí agus meangadh gáire ar a mbéal. Is domhain taitneamhach na brionglóidí a thugann fion Dorwinion do dhuine. Is éagsúil an dreach a bheadh ar cheannfort na ngardaí an lá arna mhárach, cé gur théaltaigh Biolbó isteach go ciúin sula ndeachaigh siad ar aghaidh, agus chuir sé na heochracha go dea-chroíoch ar ais ar a bheilt.

“Sábhálfaidh sé sin é ó roinnt den trioblóid atá i ndán dó,” arsa an Baigíneach leis féin. “Ní drochdhuine a bhí ann agus chaitheadh sé go deas leis na príosúnaigh. Cuirfidh sé mearbhall orthu uile freisin. Sílfidh siad go raibh draiocht fhíorláidir againn, má d’éirigh linn dul trí na doirse dúnta sin go léir agus imeacht as radharc! Má theastaíonn uainn é sin a chur i gcrích, ní mór dúinn brostú láithreach!”

Ordaíodh do Bháilín súil a choinneáil ar an ngarda agus ar an mbuitléir agus rabhadh a thabhairt dá gcorróidís. Chuaigh an chuid eile acu isteach sa siléar ba ghiorra dó, áit a raibh na comhláí tógála. Ní raibh aimsir ar bith le cailleadh. Bhí roinnt ealbh, mar a bhí a fhios ag Biolbó, faoi ordú teacht anuas agus cabhrú leis an mbuitléir chun na bairillí folmha a chur trí na comhláí agus isteach sa sruthán. Déanta na firinne bhí na bairillí ina seasamh cheana féin i sraith-eanna i lár an urláir ag fanacht go dtí go gcuirfí síos iad. Ba bhairillí fíona cuid acu agus ba bheag an mhaith bhí iontu sin, mar ní fhéadfaí an clár a bhaint díobh gan mórán torainn, agus is ar éigean ab fhéidir iad a dhaingniú arís. Ach bhí bairillí eile eatarthu, ar tugadh nithe eile, im, úlla, agus a leithéidí sin iontu aníos chuig pálás an rí.

Níorbh fhada gur aimsigh siad trí bhairille dhéag a raibh áit i ngach ceann acu le haghaidh abhaic amháin. Leis an bhfirinne a dhéanamh bhí cuid acu rófhairsing agus nuair a dhreap na habhaic isteach iontu, smaoinigh siad go himníoch ar an gcroitheadh agus ar an mbascadh a bhí i ndán dóibh, cé go ndearna Biolbó a dhícheall chun tuí agus ábhar eile a aimsiú le n-iad a phacáil isteach chomh compordach agus ab fhéidir taobh istigh d’achar gearr. Sa deireadh thiar d’éirigh leis trí abhac déag a stuáil. Is mór an dua a fuair sé le Tóirín, a chas agus a lúb ina thobán agus a rinne banrán mar a bheadh madra mór i gcró beag. Agus Báilín, an duine ba dhéanaí a cuireadh isteach, thóg seisean raic faoina chuid poll aeir agus dúirt sé go raibh sé á thachtadh, fiú sula ndeachaigh an clár anuas air. Bhí a dhícheall déanta ag Biolbó chun na poill i dtaobh na mbairillí a stopadh, agus chun clár gach bairille a dhaingniú chomh sábháilte agus a bhí sé in ann; agus ansin fágadh ina aonar é, ag rith timpeall ag iarraidh an cipín mín a chur ar obair na pacála, agus ag súil, in ainneoin na ndeacrachtaí, go n-éireodh lena phlean.

Ní dhearnadh tada nóiméad róluath. Nóiméad nó dhó tar éis dó clár Bháilín a chur ar a bhairille, chualathas glórtha agus chonacthas bladhmanna beaga solais. Tháinig buíon bheag ealbh isteach sna siléir ag gáire, ag caint agus ag spallaíocht cheoil. D’fhág siad féasta

meidhreac i gceann de na hallaí ina ndiaidh agus bhí rún daingean acu filleadh chomh luath agus ab fhéidir.

“Cá bhfuil sean-Ghalion, an buitléir?” arsa duine díobh. “Níl fhaca mé ag freastal ar na boird anocht é. Ba cheart dó a bheith anseo anois chun taispeáint dúinn a bhfuil le déanamh againn.”

“Beidh fearg orm má bhíonn an seanrighneálaí mall,” arsa duine eile. “Ní fonn dá laghad orm am a chur amú thíos anseo nuair atá na hamhráin ar siúl!”

“Há! há!” a dúirt duine eile de bhéic. “Seo é an seanbhithiúnach lena chloigeann leagtha ar chrúsca! Bhí féasta beag dá chuid aige féin agus ag a chara, an ceannfort.”

“Croith é! Dúisigh é!” arsa na daoine eile de liú mífhoighneach.

Ní mó ná sásta a bhí Galion go rabhthas á chroitheadh is á dhúiseacht agus ba lú fós a thaitin a ngáire leis. “Tá sibh uile déanach,” arsa seisean go cantalach. “Seo mé ag fanacht is ag fanacht thíos anseo, fad is a bhí sibhse ag ól agus ag déanamh suilt go ndearna sibh dearmad ar bhur ndualgais. Cá hionadh é má thitim i mo chodladh le teann tuirse!”

“Cá hionadh,” arsa siadsan, “nuair atá an t-údar leis in aice láimhe sa chrúsca! Féach, tabhair dúinn bolgam de do dheoch suain sula dtosóimid ag obair! Ní gá dúinn an séiléir thall a dhúiseacht. Fuair seisean a chion de réir cosúlachta.”

Bhain siad go léir fliúit as an gcrúsca agus d'éirigh siad fíorshógach gan mhoill. Ach níor chaill siad a gciall ar fad. “Beannacht orainn, a Ghalion!” arsa cuid acu, “is go luath a thosaigh tú do chuid féastaíochta agus chuir tú meascán mearaí ort féin! Chuir tú roinnt bairillí lána anseo in ionad na gceann folamh, má chruthaíonn an meáchan rud ar bith.”

“Leanaigí oraibh leis an obair!” arsa an buitléir go dranntánach. “Ní tada é an meáchan a airíonn meisceoir leisciúil. Seo iad na bairillí atá le himeacht agus ní ceann ar bith eile. Déanaigí a ndeirim libh!”

“Maith go leor, maith go leor,” a dúirt siad mar fhreagra agus roll siad na bairillí go dtí an oscailt. “Cion do dhearmaid ort, má sháitear tobáin ime an rí agus scoth a chuid fiona isteach san abhainn mar fhéasta saor in aisce do Dhaoine an Locha!”

*Roll—roll—roll—roll,
ag rolladh isteach sa pholl!
Hulúiste hó! Spleais is tiomp!
Síos, síos leo, plimp, plimp, plimp!*

B'shin é an t-amhrán a deiridís fad is a rolladh bairille tar éis bairille go torannach chuig an oscailt dhorcha agus sháití iad thar an imeall isteach san uisce fuar roinnt troithe síos. Bhí cuid de na bairillí folamh dáiríre; ba thobáin cuid acu a raibh abhac amháin stuáilte go néata isteach i ngach ceann díobh; ach síos a chuaigh siad go léir, ceann i ndiaidh a chéile, ag cleatráil agus ag tuairteáil, ag titim le plimp anuas ar na bairillí fúthu, ag bloscadh ar dhromchla an uisce, ag preabadh ó bhallaí an tolláin, ag bualadh in aghaidh a chéile agus ag imeacht go corrach leis an sruth.

Is ag an nóiméad sin a thuig Biolbó go tobann an locht a bhí ar a phlean. Is é is dóichí go bhfaca sibhse tamall ó shin é agus go bhfuil sibh ag gáire faoi ó shin; ach ní dóigh liom go ndéanfadh sibhse féin leath chomh maith leis-sean ina áit. Ar ndóigh ní raibh sé féin i mbairille, ná ní raibh aon duine ann chun é a stuáil isteach, fiú amháin dá bhfaigheadh sé an deis! Bhí an chuma ar an scéal go gcaillfeadh sé a chairde an uair seo (bhí gach duine acu nach mór imithe as radharc faoin am sin tríd an gcomhla tógála), go bhfágfaí siar ina aonar é agus go mbeadh air fanacht i bhfolach ina bhuirgléir síoraí in uaimheanna na n-ealbh go brách. Fiú amháin dá n-éireodh leis éalú trí na geataí uachtaracha gan mhoill, ba ríbeag an seans a bheadh aige na habhaic a aimsiú arís go deo. Ní raibh eolas aige ar an tslí thar talamh chuig an áit a mbailítí na bairillí. D'fhiafraigh sé de féin cad a bhainfeadh do na habhaic dá uireasa; óir ní raibh an t-am aige le n-insint do na habhaic a raibh foghlamtha aige, nó a raibh ar intinn aige a dhéanamh nuair a d'éalóidís as an gcoill.

Chomh fada is a bhí na smaointe sin uile ag dul trína cheann, thosaigh na heilbh, a bhí fíorshúgach, ar amhrán a rá timpeall ar chomhla na habhann. Bhí cuid acu imithe cheana féin chun rópaí an gheata chrochta a tharraingt aníos d'fhonn na bairillí a ligean amach, chomh luath is a bheidís uile go léir ar snámh san uisce in íochtar.

*Téann sibh síos an sruthán fuar
Ar ais chuig an áit ab eol daoibh uair!
Fágáí gach doimhneacht is hallaí áille,
Fágáí ó thuaidh na sléibhte rí-arda
An áit a gcromann i scáthanna dúra
An fhoraois leathan dhorcha ghruama!
Fágáí ar gcúl na crainn san oíche,
Téigí amach faoin ngála gaoithe,
Bígí ar snámh thar ghiolcach is luachair
Sna riasca anois, a bhairillí luatha;
Téigí san oíche trín gceo tiubh geal*

*A éiríonn ón lochán úd ar a sheal.
 Leanaigi léasacha réaltaí na spéire,
 Leanaigi iad is bigí ag léimneach.
 Nuair a thíocfaidh briseadh an lae
 Casaigi ansin thar na heasanna glé
 Ó dheas ar bhur n-aistear, ó dheas go fóill
 I dtreo na gréine ag taitneamh sa ló,
 Ar ais chuig glaise shaibhir an fhéaraigh,
 Áit a bhfeicfear an t-eallach ag innilt sna léanta,
 Ar ais chuig garraí ar learga na sléibhte,
 Sin mar a n-aibíonn na sméara méithe,
 Faoi sholas an lae, faoi theas na gréine
 ag imeacht ó dheas, ó dheas ag éalú!
 Téigi síos an sruthán fuar
 Ar ais chuig an áit ab eol daoibh uair!*

Is ansin a bhí an bairille deireanach á rolladh chuig na comhlaí! Bhí Biolbó bocht in éadóchas agus ní raibh a fhios aige cad eile a d'fhéadfadh sé a dhéanamh. Rug sé greim ar an mbairille ansin agus sádh é thar an imeall mar aon leis. Thit sé anuas san uisce, spleais! Isteach san uisce fuar dorchá agus an bairille anuas air.

Tháinig sé aníos arís ag plobarnáil agus ag coinneáil greim docht ar an adhmaid, mar a bheadh francach. Ach in ainneoin a ndearna sé níorbh fhéidir leis dreapadh aníos ar a bharr. Gach uair a dhéanadh sé iarracht, rolladh an bairille timpeall agus timpeall agus thumadh sé faoin uisce arís é. Bhí an bairille folamh dáiríre agus bhí sé ag snámh go héadrom ar an uisce ar nós coirc. Cé go raibh a dhá chluas lán uisce, chuala Biolbó na heilbh ag gabháil fhoinn sa siléar os a chionn. Leis sin thit na comhlaí anuas le torann toll agus d'imigh na guthanna i léig. Bhí sé sa tollán dorchá ag snámh in uisce reoite, ina aonar ar fad—óir ní féidir leat abhaic a chomhaireamh mar chairde agus iad pacáilte i mbairillí.

Níorbh fhada go bhfaca sé paiste liath sa dorchadas roimhe. Chuala sé díoscán an gheata chrochta á ardú, agus fuair sé é féin i measc lear mór preabach corrach de bhairillí agus de cheaigeanna, iad uile ag brú in aghaidh a chéile chun snámh faoin áirse agus dul amach sa sruthán oscailte. Ba é a dhícheall é féin a chosaint ar a bhascadh agus a thuairteáil chun báis; ach sa deireadh lagadh guailleáil shlua na mbairillí agus thosaigh siad ag scaipeadh óna chéile, á scaoileadh féin saor agus imeacht ina gceann is ina gceann faoin áirse cloiche agus níos faide síos an sruth. Chonaic Biolbó ansin nárbh aon mhaith dó é dá n-éireodh leis dul in airde gabhal-

scartha ar a bhairille, óir ní raibh spás ar bith le spáráil, fiú do hobad, idir barr an bhairille agus an díon a tháinig go géar anuas san áit a raibh an geata.

D'imigh siad amach faoi bhraínsí na gcrann a bhí ar crochadh os a gcionn ar gach aon taobh. D'fhiafraigh Biolbó de féin cad a bheadh na habhaic a mhothú ag an nóiméad sin agus a raibh mórán uisce ag fáil isteach ina dtobáin. Roinnt acu sin a bhí ag snámh go corrach taobh leis sa dorchadas, chonacthas dó go raibh siad sách íseal san uisce, agus thomhais sé go raibh abhac sna tobáin sin.

"Tá súil agam gur éirigh liom na cláir a dhaingniú orthu sách láidir!" a dúirt sé leis féin, ach sul i bhfad is amhlaidh a bhí an oiread sin imní air faoi féin go ndearna sé dearmad ar na habhaic. D'éirigh leis a cheann a choinneáil os cionn uisce ach bhí sé ar crith le fuacht, agus bhí sé ag cur ceiste air féin an gcaillfí leis an bhfuacht é sula dtosódh an t-ádh ag rith leis, arbh fhéidir leis coinneáil leis ar feadh i bhfad eile, agus ar cheart dó dul i gcontúirt a bháite, a ghreim a ligean den bhairille agus féachaint le snámh chuig an mbuach.

Thosaigh an t-ádh ag rith leis sul i bhfad ceart go leor; thug cuilithe an tsrutha roinnt de na bairillí gar don bhrúach in áit amháin agus d'fhan siad i bhfostú i bhfréamh cheilte ar feadh tamaill. Thapaigh Biolbó a dheis ansin agus chuaigh in airde ar a bhairille fad is a bhí sé á choinneáil socair ag bairille eile taobh leis. Dhreap sé suas ina líbín báite, agus luigh sé sínte ar an mbarr chun an bairille a chothromú chomh maith agus a d'fhéadfadh sé. Bhí an ghaoth fuar ach bhí sí ní b'fhearr ná an t-uisce, agus bhí dóchas aige nach dtitfeadh sé anuas a thúisce is a thosódh an bairille ag gluaiseacht arís.

Scaoileadh na bairillí arís go luath. Chas siad agus lúb siad ar a mbealach anuas an sruth, agus amach i lár na habhann. Fuair Biolbó go raibh sé sách deacair greim a choinneáil ar an mbairille mar ab eagal leis; ach d'éirigh leis é a dhéanamh mar sin féin, biodh go raibh sé go hainnis míchompordach. Ar ámharai an tsaoil bhí sé féin an-éadrom agus ba bhairille mór maith a bhairille féin. Bhí sé pollta beagán agus faoin am sin bhí roinnt mhaith uisce tar éis teacht isteach ann. Mar sin féin ba gheall le marcaíocht ar chapailín bolgmhór é, gan srian gan stioróip, agus an capaillín de shíor ag iarraidh é féin a rolladh san fhéar.

Ar an gcaoi sin tháinig an Baigíneach sa deireadh chuig áit a raibh na crainn ar gach aon taobh den sruthán ag dul i dteirce. Chonaic sé an spéir tláith tríothu. Leis sin d'oscail an abhainn dhórcha amach go leathan, agus siúd é ag rith isteach i bpríomhuisce Abhainn na Foraoise, ag sní go mear anuas ó dhoirse móra an rí. Bhí leithead

gruama uisce ann gan aon chrann ag fás os a chionn a thuilleadh, agus ar a dhromchla corrach d'fheictí scáilí briste na scamall agus na réaltaí ag damhsa. Ansin scuab uisce mear Abhainn na Foraoise slua go léir na mbairillí agus na dtobán leis chuig an bport thuaidh. Bhí cladach mionduirlinge ansin faoi bhrúacha crochta agus bhí rinn bheag de chloch chrúa ag gobadh amach ann mar a bheadh balla. Chuaigh formhór na mbairillí i dtír ar an tanalach gar don duirling, cé go ndeachaigh cuid díobh ar aghaidh agus bhuail siad in éadan an bhalla cloiche.

Bhí daoine ag faire ar na bruacha. Níorbh fhada gur bhrúigh agus gur sháigh siad le cleithí na bairillí uile le chéile sa tanalach. Nuair a bhí na bairillí comhairthe acu cheangail siad le chéile le téada iad agus d'fhág ann go dtí an mhaidin iad. Na habhaic bhochta! Ní raibh Biolbó go dona as an nóiméad sin. Shleamhnaigh sé dá bhairille agus shiúil tríd an uisce chuig an talamh. Théaltaigh sé ansin chuig roinnt bothán a chonaic sé gar don chladach. Ba chuma leis faoin am sin suipéar a ghoid dá bhfaigheadh sé an seans; bhíodh air a leithéid a dhéanamh chomh minic sin agus thuig sé go maith cad é an rud an fíorocras, seachas an spéis mhúinte a bhíonn ag duine i sólaistí na bialainne láine. Ina theannta sin fuair sé spléachadh ar thine idir na crainn, agus bhí an-spéis aige inti sin freisin, óir bhí sé ina libín agus bhí a chuid global ag greamú de go fuar tais.

Ní gá mórán a insint daoibh faoinar bhain do Bhiolbó an oíche sin, mar is amhlaidh atáimid ag druidim le deireadh an aistir soir agus ag teacht chuig an eachtra dheireanach, an eachtra ba mhó. Mar sin ní mór dúinn deifriú linn. Ar ndóigh d'éirigh leis go hanmhaith ar dtús le cúnamh óna fháinne draíochta, ach ba é rian na gcos fliuch agus na braonta a d'fhágadh sé ina dhiaidh cibé áit a dtéadh sé nó a suíodh sé a sceith air sa deireadh. Thosaigh sé ag smaaisil freisin, agus gach uair a dhéanadh sé iarracht dul i bhfolach, d'fhaightí amach é trí phléascanna uafásacha na sraothanna a d'fhéachadh sé a chosc. Níorbh fhada go raibh rí rá mór sa sráid-bhaile in aice bhrúach na habhann, ach d'éalaigh Biolbó isteach sna coillte agus thug sé leis builín aráin, buidéal leathair fiona agus pióg nár leis. Bhí air an chuid eile den oíche a chaitheamh fliuch mar a bhí sé agus i bhfad ó thine ar bith, ach ba mhór an cúnamh dó an buidéal fiona, agus chodail sé beagán ar charn de dhuilleoga tirime, cé go raibh sé déanach sa bhliain agus bhí goimh san aer.

Dhúisigh sé arís le sraoth an-ard. Bhí léithe na maidine ann cheana féin agus an-raic ar bun in aice na habhann. Bhíothas ag d1raftaí á stiúradh síos an sruth chuig Baile an Locha. Lig Biolbó sraoth eile. Ní raibh sé fliuch báite a thuilleadh ach d'airigh sé fuar i ngach ball.



Buolbó ag teacht chuig Bortháin Eilbh na Raftaí

Tháinig sé anuas chomh mear agus a d'iompródh a ghéaga righne é agus d'éirigh leis léim ar chnuasach na mbairillí i ngan fhios san fhuadar mór a bhí ar bun. Ar ámharaí an tsaoil ní raibh grian ar bith ann chun a scáth a chaitheamh go hamscaí ar an talamh, agus ba mhór an gar é nár lig sé sraoth ar feadh i bhfad.

Bhí cleithí á sá go cumhachtach. Na heilbh a bhí ina seasamh san uisce tanaí, tharraingidís agus sháidís. Na bairillí a bhí arna gceangal le chéile um an dtaca sin, dhéanaidís díoscán cneadach.

"Nach trom an t-ualach seo!" a dúirt cuid de na heilbh go banránach. "Tá siad ag snámh ródhomhain san uisce—ní folamh atá gach uile cheann díobh seo. Dá dtiocfaidís i dtír faoi sholas an lae, d'fhéadfaimis breathnú isteach," a dúirt siad.

"Níl aon am fágtha anois!" arsa fear an rafta. "Sáigí amach iad!"

Agus d'imigh na bairillí leo, go mall ar dtús, go dtí go ndeachaigh siad thar an rinn chloiche, áit a raibh eilbh eile ina seasamh chun iad a bhrú ar aghaidh lena gcleithí. Ansin ghéaraigh ar a luas de réir mar a théidís siad amach go lár an tsrutha. Sheol siad leo ansin síos, síos chuig Baile an Locha.

D'éalaigh siad as doinsiúin an rí agus bhí siad saor ón gcoill, ach ní mór fanúint le feiceáil cé acu beo nó marbh a bhí siad.

Fáilte Chroíúil

Chuaigh an lá i ngileacht agus i dteocht de réir mar a bhí siad ag snámh leis an sruth. Tar éis tamaill chuaigh an abhainn thart ar ghualainn ghéar talaimh a tháinig anuas ar an taobh clé. Théadh cuilithe na habhann faoi bun na gualainne úd ag fiuchadh agus ag plobarnach mar a bheadh faoi aill intíre. Leis sin d'fhág siad an aill ina ndiaidh. Chuaigh na bruacha in ísle. Bhí deireadh leis na crainn. Chonaic Biolbó radharc ansin.

Leathnaigh an dúiche amach roimhe, í lán le huisce na habhann, a bhí briste suas agus ag fánaíocht thart sna céadta sruthán, nó a bhí ina sheasamh i riasca agus i linnte a raibh oileáin breactha ar a bhfad; ach bhí sruth tréan láidir ag sní tríd an lár i gcónaí. Agus i bhfad uaidh, a mhullach dorchá i scamall stróicthe chonaic sé an Sliabh! Ní raibh aon léargas le fáil ar na cnoic ba ghiorra dó soir ó thuaidh ná ar an limistéar de thalamh briste a bhí eatarthu. Bhí an mullach go huaigneach leis féin ag féachaint anall thar na riasca ar na foraoisí. An Sliabh Uaigneach! Is iomaí sin contúirt a ndeachaigh Biolbó tríthi le breathnú ar an gcnoc úd, agus anois nuair a chonaic sé é, níor thaitin sé leis ar chor ar bith.

Nuair a bhí sé ag éisteacht le caint fhir na raftaí agus ag cur na mblúirí eolais a ligidís uathu i dtoll a chéile, is garr gur thuig sé go raibh an deargádh air go bhfaca sé riamh an Sliabh Uaigneach, fiú chomh fada sin uaidh. Dá dhuaice a phríosúntacht agus dá mhí-chompordaí a shuíomh faoi láthair (gan tada a rá i dtaobh na n-abhac bocht thíos faoi), bhí sé ní b'fhortúnaí ná mar a thomhais sé. Bhídís ag caint faoin trádáil uile go léir a dhéantaí ar na bealaí uisce agus ar fhás méid an tráchta ar an abhainn, de réir mar a d'imíodh na bóithre anoir chuig an Modarchoill as feidhm nó a ligtí i léig iad; nó bhídís ag caint faoi na hargóintí idir Muintir an Locha agus Eilbh na Coille i dtaobh eagar a choinneáil ar Abhainn na Foraoise agus faoi chúram na mbruach. Is mór mar a d'athraigh an dúiche sin ón aimsir a raibh cónaí ar na habhaic sa Sliabh, aimsir nach raibh cuimhne air anois ach mar thraidisiún éiginnte ársa.

D'athraigh an dúiche le blianta beaga anuas freisin, agus ó fuair Gandalf scéala fúthu den uair dheiridh. Tháinig tuilte móra agus báisteach throm, rudaí a chuir borradh sna huiscí a bhí ag rith soir. Tharla crith talún nó dhó freisin (ba mhaith le roinnt daoine a chur i leith an dragain—thagraidís dó le mallacht agus trína gceann a chlaonadh go tuarúil i dtreo an tSléibhe). Chuaigh na portaigh agus na riasca i leithne agus i leithne ar gach aon taobh. Slogadh cosáin, agus is iomaí marcach agus fánaí a shlogfaí freisin dá bhféachfaidís leis na slite caillte a aimsiú trí na háiteanna boga úd. Cosán na n-ealbh tríd an gcoill a lean na habhaic ar chomhairle Bhéorn, bhí críoch éiginnte aige um an dtaca sin in aice le ciumhais oirthearach na coille, críoch nach mbaintí mórán feidhme aisti a thuilleadh; ba í an abhainn an t-aon bhealach sábháilte amach as imeall tuaisceartach na Modarchuille chuig na machairí faoi scáth na sléibhte lastall, agus bhí an abhainn á síorfhaire ag rí Ealbh na Coille.

Feiceann sibh mar sin gur tháinig Biolbó sa deireadh thiar an t-aon slí a raibh maith ar bith inti. B'fhéidir gurbh ábhar éigin sóláis don Bhaigíneach agus é ar crith le fuacht ar na bairillí, dá mbeadh a fhios aige gur chuala Gandalf an scéal sin faoin abhainn, cé go raibh sé i bhfad i gcéin; agus go raibh an-imní air dá bharr. Go deimhin bhí Gandalf ag cur a ghnóthaí eile in ord (rud nach mbaineann leis an scéal seo) agus á ullmhú féin le dul sa tóir ar Thóirín agus ar a chompánaigh. Ní raibh an méid sin ar eolas ag Biolbó, áfach.

Ba é a raibh ar eolas aige go dtéadh an abhainn ar aghaidh agus ar aghaidh go deo, de réir gach cosúlachta agus go raibh ocras agus drochshlaghdán air, agus ní mó ná sásta a bhí sé le cuma ghruama an tSléibhe agus leis an gcaoi a mbagraíodh sé air, dar leis, agus Biolbó ag teacht ina threo. Tar éis tamaill, áfach, chas an abhainn ó dheas beagán agus d'imigh an Sliabh as amharc arís. Ar deireadh go mall sa lá, chuaigh na bruacha i gcreagaí, bhailigh an abhainn a cuid uiscí fáin le chéile go ndearna siad sruth domhain mear, agus thosaigh na bairillí ag scuabadh leo ar lánluas.

Bhí an ghrian ina lúí nuair a chas an abhainn soir i gcuar leathan agus rith isteach sa Loch Fada. Bhí béal leathan ag an abhainn ann agus ar an dá thaobh geataí cloiche ar nós aillte a raibh púróga duirlinge ina gcarnáin faoina mbun. An Loch Fada! Níor shamhlaigh Biolbó riamh go bhféadfadh uisce, nárbh é an fharraige é, go bhféadfadh sé féachaint chomh mór. Bhí sé chomh leathan gur fhéach na bruacha thall beag agus i bhfad i gcéin—agus bhí sé chomh fada nach raibh a thaobh tuaisceartach, a bhí ina lúí i dtreo an tSléibhe, nach raibh sé le feiceáil ar chor ar bith. Is ón léarscáil amháin a bhí a fhios ag Biolbó go dtagadh an Abhainn Reathach i

bhíad thuas ansin, san áit a raibh réaltaí an Fhéin ag soilsiú cheana, go dtagadh sí anuas isteach sa Loch ón Srath agus mar aon le hAbhainn na Foraoise go líonadh sé le huiscí doimhne log a bhí tráth ina ghleann mór domhain clochach. Théadh na huiscí dubailte amach as an Loch arís thar easanna crochta agus d'imíodh go mear go tíortha anaithnid. Bhí búireach na n-easanna le cloisteáil in imigéin trí aer ciúin an tráthnóna.

Sách gar do bhéal Abhainn na Foraoise bhí an baile mór aisteach a chuala Biolbó á lua i siléir an rí. Ní ar an mbruach a rinneadh é, cé go raibh roinnt bothán agus foirgneamh ansin, ach amuigh ar dhromchla an locha féin, agus é á chosaint ar ghuairneán na habhann áit a dtagadh sí isteach sa loch ag rinn chloiche a raibh cuan ciúin taobh istigh di. Bhí droichead mór adhmaid ag dul isteach chuig an áit a raibh baile mór gnóthach adhmaid ina shuí ar chuailí ollmhóra de chrainn na foraoise. Ní baile de chuid na n-ealbh a bhí ann ach baile de chuid na nDaoine, a raibh sé de dhánacht iontu i gcónaí maireachtáil faoi scáth Shliabh an Dragain i gcéin. Bhí rath orthu de bharr na trádála a thagadh aníos an abhainn mhór aneas agus a d'iompraítí thar na heasanna go dtí an baile mór; ach sna laethanta móra fadó, nuair a bhí rath ar an Srath ó thuaidh agus saibhreas ann, bhí siad saibhir cumhachtach, agus bhíodh loingis bád ar na huiscí; bhíodh cuid acu lán óir agus cuid eile lán saighdiúirí armtha, agus bhíodh cogáí agus gníomhartha gaisce ann, nach raibh iontu anois ach sean-fhinscéalta. Bhíodh cuailí lofa baile mhóir ba mhó toirt le feiceáil i gcónaí ar feadh an chladaigh nuair a thiteadh an t-uisce le linn triomaigh.

Ach is beag cuimhne air sin uile a bhí ag na daoine, cé go ndéireadh cuid acu seanamhráin faoi ríthe abhaic an tSléibhe, Trór agus Tráin de chine Dhúirín, faoi theacht an Dragain, agus faoi bhriseadh thiarnaí an tSratha. D'insíodh cuid de na hamhráin go bhfillfeadh Trór agus Tráin lá éigin agus go mbeadh aibhneacha óir ann trí gheata an tSléibhe, agus go líonfaí an dúiche uile go léir le hamhráin nua agus le gáire nua. Ach is beag a théadh an finscéal álainn i gcion ar ghnóthaí laethúla na ndaoine.

Chomh luath is a bhí rafta na mbairillí le feiceáil chuaigh báid râmhaíochta amach ó chuailí an bhaile, agus ghlaoigh guthanna ar lucht stiúrtha an rafta. Teilgeadh rópaí ansin agus oibríodh maidí râmha. Níorbh fhada gur baineadh an rafta amach as sruth Abhainn na Foraoise agus tarraingíodh timpeall an rinn ard chloiche isteach i gcuan beag Bhaile an Locha é. Ceanglaíodh ansin é cóngarach go maith don chuid sin den droichead mór in aice an chladaigh. Ba

ghearr go dtiocfadh daoine aneas agus go dtabharfaidís cuid de na bairillí leo. Líonfaidís cinn eile le hearraí a thug siad leo, agus thabharfaí ar ais suas an sruth chuig baile Ealbh na Coille iad. Idir an dá linn fágadh na bairillí ag snámh ar an uisce agus chuaigh eilbh an rafta agus na bádóirí le féasta a dhéanamh le chéile i mBaile an Locha.


Bheadh iontas orthu dá bhfeicfidís ar thit amach thíos cois an bhruaigh, nuair a bhí siad imithe agus tar éis don oíche titim. Ghearr Biolbó an ceangal a bhí ar bhairille amháin, bhrúigh sé chun an phoirt agus d'oscail é. Chualathas cneadach istigh, agus shleamhnaigh abhac truamhéalach mishásta amach. Ba gheall le tuí fhliuch a fhéasóg libíneach; bhí sé chomh tinn crampánach, chomh brúite basctha, gurbh é a dhícheall é seasamh agus tuisliú tríd an uisce tanái chuig an mbruach, áit ar luigh sé síos agus gach uile ochlán aige. Bhí cuma an ocrais air, cuma fhiáin ar nós madra a ceanglaíodh le slabhra i gcró agus a ndearnadh dearmad ar feadh seachtaine air. Ba é Tóirín é, ach ní fhéadfaí a aithint ach ar a shlabhra óir agus ar dhath a chochaill spéirghoirm—a bhí gioblach salach um an dtaca sin agus smál ar an scothóg airgid.

“Bhuel, an beo nó marbh thú?” arsa Biolbó leis agus cantal ina ghuth. B’fhéidir go raibh dearmad déanta aige go bhfuair sé féin béile maith ar a laghad sa bhreis ar na habhaic, agus nár coisceadh gluaiseacht a ghéag air, gan a bheith ag caint ar an gcion flaithiúil d’aer úr a fuair sé féin. “An bhfuil tú i bpríosún i gcónaí nó an bhfuil tú saor? Má tá rud le n-ithe uait, agus má theastaíonn uait leanúint ar aghaidh leis an eachtra sheafóideach seo—is leatsa í i ndeireadh na dála, ní liomsa í—bheadh sé chomh maith duit faiteadh a dhéanamh, do chosa a ghreadadh agus féachaint le cúnamh a thabhairt dom na habhaic eile a bhaint amach fad is a bheidh seans againn!”

Ar ndóigh thuig Tóirín gur chiallmhar an rud a dúirt Biolbó. Tar éis beagán eile cneadaí d’éirigh sé ina sheasamh agus thug lámh chúnta don hobad chomh maith agus ab fhéidir leis. Bhí an-deacracht acu sa dorchadas ag tuisliú san uisce fuar agus b’anróiteach ghránna an obair í na bairillí cearta a aimsiú. Bhuaileidís ar na bairillí lasmuigh agus ghlaoidís ach ní bhfuair siad ach thart ar sheisear abhac a bhí in ann freagra a thabhairt. Baineadh amach iad sin agus tugadh cúnamh dóibh teacht chuig an bport. Is ansin a d’fhan siad ina suí nó ina luí ag monabhar agus ag cneadach; bhí siad fliuch báite agus chomh brúite stromptha gur ar éigean a thuig siad go raibh siad saor. Ní fhéadfaidís mar sin a bheith buíoch as a saoirse.

Bhí Dváilin agus Báilín ar bheirt a bhí go fíorainnis agus ba bheag an mhaith iarraidh orthu aon chúnamh a thabhairt. Is lú a buaileadh

Baile an Loch



agus a greadadh Bíofúr agus Bófúr agus bhí siad sin ní ba thirime, ach luigh siad síos agus dhiúltaigh siad rud ar bith a dhéanamh. Fíli agus Kílí, áfach, bhí siadsan óg (mar abhaic) agus b'fhearr a stuáladh iad le morán tuí agus i mbairillí beaga. Tháinig siadsan amach agus miongháire ar a mbéal a bheag nó a mhór, agus ní raibh orthu ach ballbhrú nó dhó agus strompaíocht éigin a d'imigh go luath.

"Tá súil agam nach bhfaighidh mé boladh úll arís go deo!" arsa Fíli. "Bhí mo bhairillese lán de. Úlla a bholú de shíor nuair nach féidir leat corraí agus nuair atá tú fuar agus tinn le hocras, is mór an crá croí é. D'íosfainn rud ar bith anois, rud ar bith faoin mbogha bán, ar feadh uaireanta an chloig gan staonadh—rud ar bith ach úll!"

Tháinig Tóirín agus Biolbó sa deireadh le cúnamh fonnmhar Fhíli agus Khílí ar an gcuid eile dá gcompánaigh agus thóg siad amach iad. Bhí Bombúr bocht ramhar ina chodladh nó gan aithne; bhí Dóirí, Nóirí, Óirí, Óin, agus Glóin ina líbíní agus ba gheall le héagbháis iad; ba ghá iad a iompar ina nduine is ina nduine agus a leagan go héidreorach anbhann ar an mbruach.

"Bhuel, seo anois sinn!" arsa Tóirín. "Agus is dócha gur chóir dúinn buíochas a ghabháil lenár ndea-fhortún agus leis an mBaigíneach Uasal. Táim cinnte go bhfuil gach uile cheart aige a bheith ag súil le buíochas, cé gur trua liom nár réitigh sé turas ba chompordáí ná sin. Ina dhiaidh sin féin—is sinne go léir do sheirbhisigh uaisle, a Bhaiginigh, a chara. Mothóimid buíoch diot i gceart gan dabht nuair a bheidh rud ite againn agus sinn tagtha chugainn féin. Idir an dá linn, cad é an chéad rud eile?"

"Baile an Locha a mholfainnse," arsa Biolbó. "Cad eile atá ann?"

Ar ndóigh ní raibh rud ar bith eile ann a d'fhéadfaí a mholadh; mar sin d'fhág Tóirín, Fíli, Kílí, agus an hobad an chuid eile ina ndiaidh agus chuaigh siad ar feadh an bhruaigh chuig an droichead mór. Bhí gardaí ag a cheann, ach ní raibh siad ró-airdeallach i mbun faire, mar is fadó fadó a bhí gá le hairdeall. Cé is moite de chorr-aighneas i dtaobh dolaí ar an abhainn, ba chairde iad agus Eilbh na Coille. Is i bhfad ar shiúl a bhí daoine eile; agus bhí roinnt i measc dhaoine óga an bhaile a deireadh go hoscailte nach raibh dragan ar bith sa Sliabh, agus dhéanaidís gáire faoi na seanóirí liatha agus faoi na cailleacha a deireadh go bhfaca siad ag eitilt sa spéir le linn laethanta a n-óige é. Ina fhianaise sin ní hiontas ar bith é go raibh na gardaí ag ól agus ag gáire cois tine ina mbothán, agus nár chuala siad an torann a rinneadh nuair a baineadh na habhaic amach as na bairillí. Níor chuala siad coiscéimeanna an cheathrair spairí ach an oiread. Ba rímhór an t-iontas a bhí orthu mar sin nuair a thug Tóirín na Scéithe Darach céim thar an táirseach.

“Cé thusa agus cad atá uait?” a dúirt siad de bhéic, ag éirí ar a gcosa agus ag cur a lámh amach le breith ar a n-uirlisí troda.

“Tóirín mac Tráin mac Tróir Rí faoin Sliabh!” arsa an t-abhac de ghuth ard, agus ba ríoga an chuma a bhí air, in ainneoin a chuid éadaigh stróicthe agus a chochaill ghioblaigh. Bhí an t-ór ag lonrú ar a mhuineál agus faoina choim; bhí a dhá shúil domhain dorchá. “Tháinig mé ar ais. Ba mhaith liom Máistir bhur mbaile mhóir a fheiceáil!”

B’iontach ansin an scleondar a bhí ann. Rith cuid de na fir ab amaidí amach as an mbothán amhail is dá mbeidís ag súil go dtiocfadh dath óir ar an Sliabh san oíche agus go n-iompódh uisce an locha órbhui láithreach bonn. Thug ceannfort na ngardaí céim chun tosaigh.

“Agus cé hiad seo?” arsa sé mar cheist ag síneadh a mhéire chuig Fíli, Kílí, agus Biolbó.

“Clann mhac iníon m’athar,” arsa Tóirín mar fhreagra, “Fíli agus Kílí de shliocht Dúirín, agus an Baigíneach Uasal a thaistil in éineacht linn aniar.”

“Más i síocháin a thagann sibh, cuirigí uaibh bhur n-airm!” arsa an ceannfort.

“Níl arm ar bith againn,” arsa Tóirín, agus go deimhin b’fhíor dó é; bhain eilbh coille a sceana díobh, agus an claíomh mór, Orcrist feisin. Bhí a chlaíomh gearr i bhfolach ag Biolbó mar ab iondúil, ach ní dúirt sé tada faoi sin. “Níl aon ghá againn le hairm, mar is ag filleadh atáimid sa deireadh thiar chuig ár ndúiche féin mar a dúradh fadó. Agus ní fhéadfaimis troid in éadan an oiread seo daoine. Tugaigí chuig bhur máistir sinn!”

“Is ag féasta atá sé,” arsa an ceannfort.

“Is amhlaidh is mó an t-údar atá agaibh sinn a thabhairt chuige,” arsa Fíli, a raibh na focail sollúnta sin uile ag cur mífhoighne air. “Táimid tnáite ocrach tar éis an bhóthair fhada agus tá ár gcomrádaithe tinn. Déanaigí deifir agus ná bíodh aon fhocal eile ann, nó seans go mbeidh rud éigin le rá ag bhur máistir libh.”

“Leanaigí mise, mar sin,” arsa an ceannfort, agus le seisear fear ina dtimpeall threoraigh sé iad thar an droichead, trí na geataí agus isteach chuig ionad margaidh an bhaile mhóir. Is éard a bhí ann ciorcal d’uisce ciúin agus cuaillí arda ina thimpeall, a raibh na tithe ba mhó arna ndéanamh orthu. Bhí céanna adhmaid ann freisin agus mórán céimeanna agus dréimírí ag dul síos chuig uisce an locha. Bhí lear soilse ag lonrú ó halla amháin agus bhí a lán guthanna le cloisteáil uaidh. Chuaigh siad trína dhoirse agus sheas siad ag

caochail sa solas agus ag féachaint ar bhoird fhada agus slua daoine ina suí acu.

“Is mise Tóirín mac Tráin mhic Tróir Rí faoin Sliabh! Táim tagtha ar ais!” a dúirt Tóirín de ghlaio ard ón doras, sula raibh an ceannfort in inmhe rud ar bith a rá.

Léim gach uile dhuine ar a chosa. Léim Máistir an bhaile amach as a chathaoir mhór. Níor éirigh aon duine faoi iontas ba mhó ná eilbh an rafta a bhí ina suí in íochtar an halla. Bhrúigh siad tríd an slua gur sheas siad os comhair bhord an Mháistir agus ghlaioigh amach:

“Is príosúnaigh de chuid ár ríne na fir seo agus d’éalaigh siad uaidh, abhaic neamhfhiúntacha fáin nach raibh in ann a mhíniú go sásúil cad a bhí ar siúl acu. Bhí siad ag téaltú trínár gcoillte agus ag cur isteach ar ár muintir!”

“An bhfuil sin fíor?” arsa an Máistir. Déanta na firinne shíl seisean gur dhóichí é ná filleadh an Rí faoin Sliabh, má bhí a leithéid ann riamh.

“Is fíor go ndearna Rí na nEalbh luíochán orainn go héagórach agus gur chuir sé i bpríosún gan údar sinn agus sinn ag taisteal ar ais chuig ár ndúiche féin,” arsa Tóirín mar fhreagra. “Ach ní féidir le sparra ná le glas ár bhfilleadh a chosc, an filleadh a labhraíodh faoi anallód. Níl an baile mór seo i ríocht Ealbh na Coille ach an oiread. Is le Máistir bhaile Mhuintir an Locha atáim ag labhairt, ní le lucht rafta an rí.”

Rinne an Máistir braiteoireacht ansin agus bhreathnaigh sé ó dhuine go duine. Bhí Rí na nEalbh fíorchumhachtach sna bólaí sin agus b’fhearr leis an Máistir gan naimhdeas a bheith aige leis; agus ba bheag a shíl sé de na seanamhráin, mar is ar thrádáil, ar airgead dola agus ar lastaí óir ba mhó a bhíodh a aird. A bhuíochas don tréith sin, bhí a ghradam mar Mháistir aige. Bhí daoine eile ar mhalairt intinne, áfach, agus is garr gur socraíodh an scéal dá uireasa. Bhí an nuacht tar éis scaipeadh ó dhoirse an halla tríd an mbaile uile ar nós lasracha tine. Bhí daoine ag béicil laistigh agus lasmuigh den halla. Bhí na mílte cos ag deifriú ar na céanna. Thosaigh cuid de na daoine ar rainn fáin as na hamhráin ársa a rá, rainn faoi fhilleadh an Rí faoin Sliabh. Ba chuma leo sa tsíoc gurbh é mac mic Tróir a tháinig ar ais seachas Trór féin. Thóg daoine eile an t-amhrán ansin agus roll na focail go hard torannach os cionn an locha.

*Rí na cloiche greanta,
An Rí cumhachtach faoin Sliabh,
Rí na dtobar airgid—
Tháinig sé chúinn arís!*

*Rialóidh sé arís go mórga,
 Athsheinnfear a chruit go lá,
 Fuaimneoidh a phálás órga
 Le seanamhráin á rá.*

*Fásfaidh féar faoi theas na gréine,
 'S ar sléibhte coillearnach mhór;
 Mar uisce a shnifeas a éadáil,
 Is rithfidh gach abhainn le hór.*

*Loiscfidh go lonrach lochán
 Beidh abhainn faoi mheidhir is niamh.
 Beidh deireadh le brón is ochlán
 Nuair a thiocfaidh an Rí dá Shliabh!*

B'shin é an t-amhrán a dúirt siad nó rud an-chosúil leis, ach bhí i bhfad níos mó ná sin ann, agus bhí mórán béiciola ann chomh maith le ceol na gcláirseach agus na bhfidilí arna mheascadh tríd. Go deimhin ní raibh an oiread sin corraíola sa bhaile de réir chuimhne an tseanóra ba shine. Thosaigh an-íontas ag teacht ar Eilbh na Coille agus tháinig iarracht den eagla orthu freisin. Ar ndóigh ní raibh a fhios acu conas a d'éirigh le Tóirín éalú, agus bhí siad ag tosú ag ceapadh go mb'fhéidir go raibh botún mór déanta ag a rí. Maidir leis an Máistir, thuig seisean nach raibh neart aige air ach umhlú don rí rá is don challán go fóilleach ar aon chuma, agus ligean air féin gur chreid sé gurbh ionann Tóirín agus an té a dúirt sé a bhí ann. Mar sin thug sé suas a chathaoir mhór féin dó agus chuir Fíli agus Kílí taobh leis in áiteanna na honóra. Tugadh áit ag an mbord ard do Bhiolbó fiú, agus níor iarradh orthu a mhíniú cén bhaint a bhí aigesean leis an scéal—ní raibh tagairt dá laghad dó i gceann ar bith de na hamhráin—san fhorrú agus sa ruaille buaille.

Níorbh fhada gur tugadh na habhaic eile isteach sa bhaile mór agus is dochreidte an díograis a taispeánadh dóibh. Fuair siad uile cóir leighis, bia, lóistín agus peataireacht go rishuairc rishásúil. Soláthraíodh teach mór do Thóirín agus dá mhuintir; cuireadh báid agus lucht rámhaíochta ar fáil dóibh; shuiodh na sluaite lasmuigh ag gabháil fhoinn ó dhubh go dubh, agus ligidís gártha molta dá gcuirfeadh abhac oiread is barr a shróine amach.

Is seanrann a bhí i gcuid de na hamhráin; ach bhí cuid acu nua go maith agus labhraídis go misniúil faoi bhás tobann an dragain agus faoi lastaí móra de bhronntanais saibhre ag teacht anuas an abhainn go Baile an Locha. Ba é an Máistir ba mhó a spreag na

hamhráin sin agus ní rómhaith a thaitnídis leis na habhaic, ach idir an dá linn bhí siad sásta go leor. Ba ghearr go raibh siad ar a seanléim agus ramhar arís, agus iad gléasta in éadaí breátha de na dathanna cearta. Bhí a cuid féasóg arna gcioradh is arna lomadh go beacht agus is go bródúil a shiúlaidís. Bhíodh Tóirín ag féachaint agus ag siúl thart amhail is go raibh a ríocht ina sheilbh arís cheana féin agus go raibh Smóg arna ghearradh suas ina mhionfheoil.

Ansin, mar a bhí ráite aige, mhéadaíodh ar dhea-thoil na n-abhac don hobad beag in aghaidh an lae. Bhí deireadh le cneadach agus le banrán. D'ólaidís a shláinte, leagaidís a lámh go ceanúil ar a ghualainn agus dhéanaidís adhnua de; agus ba mhór an gar é sin, mar ní raibh sé féin ag aireachtáil ró-ghealgháireach. Bhíodh sé de shíor ag smaoinreamh ar chuma bhagrach an tSléibhe agus ar an dragan agus ina theannta sin b'uafásach an slaghdán a bhí air. Bhíodh sé ag sraothartach agus ag casacht ar feadh trí lá sa chaoi nach bhféadfadh sé an teach a fhágáil; agus ina dhiaidh sin ag fleánna ní bhíodh sé in ann a rá ach "Co raibh bile baith acaibh."

Idir an dá linn chuaigh Eilbh na Coille ar ais suas Abhainn na Foraoise agus a lastaí leo. Bhí anbhuaín mhór i bpálás an rí. Níor chuala mé riamh cad a bhain do cheannfort na ngardaí ná don bhuítléir. Ní dúradh tada riamh ar ndóigh faoi na heochracha ná faoi na bairillí fad is a bhí na habhaic ag cur fúthu i mBaile an Locha, agus rinne Biolbó cinnte gan dul as radharc in aon uair. Is dóigh liom mar sin féin gur tugadh buille faoi thuairim i dtaobh níos mó ná mar a bhí ar eolas, ach is dócha gur ceapadh go raibh iarracht den rúndiamhracht ag roinnt leis an mBaigíneach. Ar aon chuma thuig an rí fáth thuras na n-abhac faoin am sin, nó cheap sé gur thuig, agus deireadh sé leis féin:

"Maith go leor! Feicfimid! Ní fhillfidh taisce saibhris tríd an Modarchoill gan baint a bheith agamsa leis an scéal. Agus is dóigh liom go dtiocfaidh droch-chríoch orthu uile go léir agus a chonách sin orthu!" Níor chreid seisean ar aon chuma go bhféadfadh abhaic troid le dragan ar nós Smóg agus a mharú; agus bhí amhras air go ndéanfaí buirgléireacht nó rud éigin cosúil léi—taispeánann sé sin gur críonna an t-ealbh a bhí ann agus gur críonna é ná fir an bhaile, cé nach raibh an ceart aige ar fad, mar a fheicfimid sa deireadh. Chuir sé spiairí amach faoi chladaí an locha agus chomh fada ó thuaidh i dtreo an tSléibhe agus a bhí siad sásta dul; ansin d'fhan sé.

Nuair a bhí coicís thart thosaigh Tóirín ag smaoinreamh ar imeacht. Ba í an uair a mhair an díograis sa bhaile an t-am ceart le cúnamh a fháil. Ní dhéanfadh sé cúis righneáil agus ligean do

chúrsaí dul i bhfuaire. Labhair sé leis an Máistir mar sin agus lena chomhairleoirí agus dúirt nár mhór dó féin agus dá mhuintir an baile a fhágáil agus dul ar aghaidh i dtreo an tSléibhe.

Is ansin a tháinig iontas ar an Máistir den chéad uair agus bhí ábhar faitis air freisin; d'fhiafraigh sé de féin an sliocht dáiríre de chuid na seanríthe a bhí i dTóirín tar éis an tsaoil. Níor shíl sé riamh go mbeadh sé de dhánacht sna habhaic dul in araicis Smóg. Chreid sé gur chaimiléirí iad, nárbh fhada go mbéarfaí amuigh orthu agus go gcaithfí amach iad. Bhí dul amú air. Mac mhic an Rí faoin Sliabh ab ea Tóirín dáiríre, agus níl léamh ná scríobh ar a ndéanfaidh abhac agus ar a leomhfaidh sé chun díoltas a imirt nó chun a mhaoin féin a fháil ar ais.

Ach ní raibh drogall ar bith ar an Máistir ligean leo. Ba mhór an costas a bhain lena gcoinneáil, agus ó tháinig siad bhí saoire fhada déanta de shaol an bhaile agus bhí cúrsaí gnó ina stad ar fad. “Imidís agus cuiridís isteach ar Smóg, agus feicfear ansin cén cineál fáilte a chuirfidh seisean rompu!” a deireadh sé leis féin. “Cinnté, a Thóirín mic Thráin mhic Thróir!” a deireadh sé os ard. “Ní mór duit do sheilbh féin a éileamh. Tá an uair tagtha, an uair atá luaite sna seanscéalta. Cibé cúnamh is féidir linn a thairiscint is libhse é, agus tá muinín againn as bhur mbuiochas nuair a ghlacfaidh tú seilbh arís ar do ríocht.”

Lá amháin mar sin, bíodh go raibh an fómhar ag imeacht, agus go mbíodh an ghaoth fuar agus na duillí ag titim go tiubh, d'fhág trí bhád mhóra Baile an Locha, agus is éard a bhí mar lasta orthu, lucht rámháíochta, abhaic, an Baigíneach agus a lán lóin. Cuireadh capaill agus capaillíní timpeall an locha ar chosáin mhíchóngaracha le castáil leo ag an áit a socraíodh a dtiocfaidís i dtír. D'fhág an Máistir agus a chomhairleoirí slán leo ó chéimeanna móra halla an bhaile a théadh síos go dtí uisce an locha. Bhí daoine ag gabháil fhoinn ar na céanna agus amach ar na fuinneoga. Chuaigh na maidí rámhá geala síos agus thosaigh siad ag slaparnach san uisce. D'imigh Tóirín agus a chompánaigh leo síos an loch ó thuaidh ar an gcuid deireanach dá dturas fada. Ní raibh orthu ach duine amháin a bhí fíormhíshona—Biolbó.

Caibidil XI

Ar Leac an Dorais

D'iomair siad suas an Loch Fada laistigh de dhá lá agus chuaigh isteach ar an Abhainn Reathach. Ansin chonaic siad uile an Sliabh Uaigneach go hard gruama bagrach os a gcomhair amach. Bhí an sruth láidir agus is mall a théidís. Tharraing siad isteach ar an mbruach clé (nó ar an mbruach thiar) agus chuaigh i dtír. Is ansin a tháinig chucu na capaill leis an lón agus leis na riachtanais eile, agus na capaillíní le haghaidh a n-úsáide féin a cuireadh ar aghaidh le castáil leo. Phacáil siad ar fhéad siad ar na capaillíní, rinne siad stór dá raibh fágtha agus cuireadh faoi phuball é. Ach ní fhanfadh duine ar bith d'fhir an bhaile in éineacht leo thar oíche agus iad chomh cóngarach do scáth an tSléibhe.

“Ar aon dath ní fhanfaimid anseo thar oíche go bhfiorófar na hamhráin!” a dúirt siad. B'fhusa sa dúiche fhiáin úd creidiúint sa dragan agus ba dheacra creidiúint i dTóirín. Go deimhin ní raibh garda ar bith ag teastáil le haire a thabhairt dá stór mar is bánaithe fásúil a bhí an talamh máguaird. Mar sin d'fhág a lucht coimhdeachta slán acu agus d'imigh leo go mear síos an abhainn agus ar feadh na gcosán ar an gcladach, cé go raibh an deireanas ag teacht cheana féin.

Chaith siad an oíche go huaigheach fuar agus tháinig laghmhisneach orthu. Chuir siad chun bóthair an lá arna mhárach. Báilín agus Biolbó a bhí ag marcaíocht ar gcúl, agus bhí siad beirt ag teorú capaillín eile lena thaobh a bhí luchtaithe go trom; bhí an dream eile píosa chun tosaigh ag cur na slí díobh go haireach mall, óir ní raibh cosán ar bith ann. Siar ó thuaidh a théidís, ag imeacht ón Abhainn Reathach, agus ag druidim i gcónaí le sáil an tsléibhe a bhí ag gobadh anuas ó dheas chucu.

Is tuirsiúil an t-aistear a bhí ann, agus fáilí ciúin freisin. Ní bhíodh gáire, amhrán nó ceol na cláirsí le cloisteáil, agus an bród agus an dóchas a bhí ag borradh ina gcroí nuair a deirtí na seanamhráin cois locha, ghéill siad sin do ghruaim na crágála. Bhí a fhios acu go raibh siad ag druidim le deireadh an aistir agus go bhféadfadh sé gur

urghrána an deireadh a bheadh air. Chuaigh an ceantar máguaird i nduibhe agus i bhfásúlacht, cé go raibh sé glas torthúil tráth dá raibh, de réir mar a d'inis Tóirín dóibh. Is beag féar a bhí ann agus sul i bhfad ní raibh crann ná tor ar bith le feiceáil; ní fhaca siad ach stocáin dhubha bhriste le meabhrú go mbíodh crainn ann anallód. Tháinig siad mar sin chuig Talamh Bánaithe an Dragain, agus shroich siad é nuair a bhí an bhliain ag imeacht as.

Bhain siad amach imeall an tSléibhe ina dhiaidh sin féin gan teacht ar chontúirt ar bith ná ar aon rian den Dragan ach an fásach a bhí déanta aige timpeall a uachaise. Bhí an Sliabh ina luí go dorcha ciúin rompu agus é de shíor ag dul in airde os a gcionn. Is ar an taobh thiar den tsáil mhór dheisceartach a rinne siad a gcéad champa, sáil a raibh ard mór darbh ainm Cnoc na bhFiach ag a cheann. Bhí ionad faire ar an gcnoc úd tráth, ach ní leomhfaidís a dhreapadh mar nach raibh a dhóthain foscaidh air.

Sular ndeachaigh siad chun sála iartharacha an tSléibhe a chuardach le teacht ar an doras folaigh, a raibh a ndóchas uile ag brath air, chuir Tóirín buíon scabhtaí amach chun an talamh ó dheas a iniúchadh, an áit a mbíodh an Príomh-Gheata. Roghnaigh sé Báilín, Fíli, agus Kíli mar scabhtaí agus chuaigh Biolbó in éineacht leo. Mháirseáil siad faoi na hailte glasa ciúine chuig bun Chnoc na bhFiach. Is san áit sin, tar éis di lúbadh go leathan thar ghleann an tSratha, a chasadh an abhainn ón Sliabh, í ag rith go mear torannach ar a slí chuig an Loch. Bhí a bruach lom clochach, agus ard géar os cionn an tsrutháin. Nuair a bhreathnaidís amach ón mbruach thar an uisce cúng, a bhí ag plobarnach agus ag lapadaíl idir a lán bollán, d'fheicidís sa ghleann leathan faoi scáth sciatháin an tSléibhe fothracha liatha de sheantithe, de thúir, agus de bhallaí.

“Sin a bhfuil fágtha den Srath,” arsa Báilín. “Bhíodh taobh an tSléibhe glas le coillte agus an gleann cluthar torthúil méith sna laethanta a mbuailtí cloig an bhaile.” Ba ghruama dhúr a dhreach nuair a dúirt sé sin; bhí sé ar dhuine de chompánaigh Thóirín an lá ar tháinig an Dragan.

Ní raibh de dhánacht iontu an abhainn a leanúint mórán ní b'fhaide i dtreo an Gheata; ach chuaigh siad ar aghaidh lastall de cheann na sáile deisceartaí, go dtí go raibh siad in ann féachaint amach óna n-áit folaigh ar chúl cloiche móire, agus chonaic siad an oscailt dhorcha chuasach i mballa aille móire idir sciatháin an tSléibhe. Is amach as an oscailt a ritheadh uisce na hAbhann Reathaí; agus thagadh gal agus deatach dorcha amach aisti freisin. Ní raibh tada ag corraí san fhásach úd, ach an ghal, an t-uisce agus

ó am go ham préachán dubh tuarúil. Ní raibh fuaim le cloisteáil ach torann an uisce thar na clocha, agus ó am go ham grágáil gharbh-ghlórach éin. Tháinig creathán ar Bháilín.

“Téimis ar ais!” a dúirt sé. “Ní féidir linn tada fiúntach a dhéanamh anseo. Agus ní thaitníonn na héin sin liom; tá an chuma orthu gurb iad spiairí an oilc iad.”

“Tá an dragan fós beo mar sin agus é sna hallaí faoin Sliabh—nó is dóigh liom an méid sin i bhfianaise an deataigh,” arsa an hobad.

“Ní chruthaíonn sin é,” arsa Báilín, “cé gur dócha gur fíor duit é. Ach d’fhéadfadh sé go bhfuil sé imithe le tamall anois, nó d’fhéadfadh sé gur ina luí atá sé ar thaobh an tSléibhe agus é ag faire orainn; ach is dócha go dtiocfadh deatach agus uisce amach as na geataí i gcónaí. Caithfidh go bhfuil na hallaí istigh lán dá bholadh bréan.”

Bhí a leithéidí sin de smaointe gruama ag rith trína gceann fad is chuir siad a slí díobh ar ais chuig an gcampa agus na préacháin ag grágáil de shíor os a gcionn in airde. Cúpla mí ó shin i mí Meithimh bhí siad i dteach álainn Elrond, agus cé go raibh an fómhar ag sleamhnú faoin am i láthair isteach sa gheimhreadh, chonacthas dóibh gur imigh blianta ó bhí an aimsir aoibhinn úd ann. Bhí siad leo féin san fhásach contúirteach gan aon dóchas go bhfaighidís tuilleadh cúnaimh. Bhí siad ag a gceann scribe, ach bhí siad chomh fada agus a bhí riamh, de réir cosúlachta, ó dheireadh a dtóraíochta. Is beag misneach a bhí ag duine ar bith acu.

Aisteach go leor is mó an misneach a bhí ag an mBaigíneach ná ag na habhaic. Is minic a d’fhaigheadh sé léarscáil Thóirín ar iasacht uaidh agus dhéanadh sé í a iniúchadh go mion, ag machnamh go domhain ar an rúnscríbhinn agus ar an teachtaireacht a bhí sna rélitreacha a léigh Elrond dóibh. Eisean a chuir na habhaic ar a dtóraíocht chontúirteach ar na learga iartharacha chun teacht ar an doras rúnda. Is ansin a bhog siad a gcampa go dtí gleann fada, ba chaoile ná an gleann mór ó dheas, áit a raibh Geataí na habhann ina seasamh, agus bhí sála íochtaracha an tSléibhe mar a bheadh ballaí thart ar an ngleann caol. Bhí dhá sháil ag brú amach siar ó phríomh-thoirt an tSléibhe in eascracha fada géara a thiteadh anuas de shíor i dtreo an mhachaire. Ba theirce ar an taobh iartharach seo na rianta de chosa treascracha an dragain. Bhí beagán féir dá gcapaillíní ann freisin. Ón gcampa seo thiar, a bhíodh faoi scáth na n-aillte agus na mballaí an lá go léir go dtosaíodh an ghrian ag ísliú chuig an bhforaois, shiúlaidís go saothrach ina mbuíonta ó lá go lá ag lorg cosán suas taobh an tSléibhe. Má b’fhíor don léarscáil, chaithfeadh



In Priomh-Gheata

go raibh an doras rúnda in áit éigin i bhfad os cionn na haille ag ceann an ghleanna. Lá i ndiaidh lae thagaidís ar ais chuig an gcampa gan aon toradh ar a dtóraíocht.

Ach d'éirigh leo sa deireadh thiar teacht gan choinne ar a raibh uathu. Chuaigh Filí, Kílí, agus an hobad ar ais lá amháin síos an gleann agus dhreap siad i measc na gcloch tite sa chúinne ó dheas. Timpeall meán lae nuair a théaltaigh Biolbó laistiar de chloch mhór a bhí ina seasamh léi féin ar nós galláin, tháinig sé ar nithe a bhí cosúil le céimeanna garbha ag dul suas. Chuaigh seisean agus na habhaic eile suas na céimeanna sin faoi chorraíl mhór gur tháinig siad ar rian de chosán caol, a bhí dofhaighte in áiteanna, ach le feiceáil go soiléir in áiteanna eile. Théadh an cosán go hearráideach ar aghaidh go dtí mullach na heascrach ó dheas. Thug sé sin iad go dtí laftán ba chaoile fós, a d'iompaigh ó thuaidh trasna éadan an tSléibhe. Nuair a bhreathnaigh siad síos, chonaic siad go raibh siad ar bharr na haille ag ceann an ghleanna, agus go raibh siad ag stánadh anuas ar a gcampa féin thíos fúthu. Go ciúin agus iad ag greamú den bhalla cloiche ar dheis, chuaigh siad ina nduine is ina nduine ar feadh an laftáin go dtí gur oscail an balla amach agus go raibh siad taobh istigh de chlós nádúrtha ciúin sámh, ballaí arda ina thimpeall agus féar glas ar an urlár. Ní fheictí an bealach isteach ann ón talamh faoin aill toisc go mbeadh an aill crochta anuas ar aon neach a bheadh ann, agus ní fheictí ó áit níos faide i gcéin é, óir d'fhéachfadh sé cosúil le scoilt bheag dhorcha in éadan na cloiche agus b'shin an méid. Ní uaimh a bhí ann agus bhí sé oscailte don spéir thuas, ach ag an gceann ab fhaide isteach bhí balla ag éirí aníos, a raibh an chuid íochtarach de gar don talamh chomh mín díreach le saothar saor cloiche, ach ní raibh séanas nó scoilt ar bith le feiceáil ann. Ní raibh comhartha ar bith go raibh ursainn, fardoras nó tairseach ann, ná ní raibh comhartha ar bith ann de bharra, de bholta ná de pholl eochrach. Ní raibh amhras ar bith orthu ina dhiaidh sin féin go raibh an doras aimsithe acu ar deireadh thiar thall.

Bhuail siad é, sháigh siad agus bhrúigh siad é, d'impigh siad air corraí, dúirt sí blúirí de sheanorthaí briste faoi oscailt leis ach níor chorraigh tada. Ar deireadh nuair a bhí siad tuirseach traochta, lig siad a scíth ar an bhféar faoina bhun, agus ansin le teacht an tráthnóna thosaigh siad ar a mbealach fada síos.

Bhí an-chorraíl sa champa an oíche sin. An mhaidin dár gcionn réitigh siad chun campa a bhogadh arís. Níor fágadh ar gcúl ach Bófúr agus Bombúr chun aire a thabhairt do na capaillíní agus don oiread stórais agus a thug siad leo ón abhainn. Chuaigh an dream

eile síos an gleann agus suas an cosán nuafhaighte, agus mar sin chuig an laftán caol. Níorbh fhéidir leo beart ar bith a iompar ar feadh an laftáin, óir bhí sé chomh caol saothrach, agus titim céad go leith troigh ar thaobh amháin de anuas ar chlocha géara thíos, ach thug cách rópa láidir leis casta timpeall a láir. Shroich siad an clós beag féarmhar gan aon mhíthapa mar sin.

Is ansin a rinne siad an tríú campa a bhí acu, agus tharraing siad aníos a raibh uathu ar a rópaí. Bhídís in ann duine de na habhaic ba bheoga—Kílí, cuir i gcás—a íslíú an tslí chéanna chun cibé nuacht a bhíodh acu a mhalartú agus páirt a ghlacadh san fhaire thíos, fad is a tharraingítí Bófúr aníos chuig an gcampa uachtarach. Ní raibh Bombúr sásta teacht aníos an cosán ná an rópa.

“Táim róramhar le haghaidh a leithéid de shiúlóid cuileoige,” a dúirt sé. “Thiocfadh meadhrán i mo chloigeann, sheasfaínn ar m’fhéasóg féin, agus ansin bheadh sibh trí dhuine dhéag ann arís. Agus is róthanaí atá na rópaí snaidhmthe do mo mheáchansa.” Ar ámharáí an tsaol níorbh fhíor dó an méid sin, mar a fheicfidh sibh.

Idir an dá linn chuardaigh cuid acu an laftán lastall den oscailt agus fuair siad cosán a théadh in airde suas chuig an sliabh; ach ní leomhfaidís dul rófhada an bealach sin, agus ba bheag maith a bhí ann. Bhí ciúnas thuas ansin faoin spéir, ciúnas iomlán cé is moite de chorrghlao éin nó de shéideadh na gaoithe i scoilteanna na carraige. Is íseal a labhraidís lena chéile agus níor ghlaoigh siad riamh ná ní dúirt siad amhrán, mar bhí an chontúirt faoi cheilt i ngach uile chloch. Ní raibh puinn níos mó ratha ar an dream sin a bhí gnóthach leis an doras. Bhí siad ródhiocasach le bheith buartha faoin rúnscríbhinn nó faona rélitreacha, ach d’fhéachaidís gan sos le fáil amach cén áit go díreach in éadan mín na carraige a raibh an doras i bhfolach. Thug siad piocóidí agus uirlisí de gach uile shórt leo ó Bhaile an Locha, agus ar dtús rinne siad iarracht iad sin a úsáid. Ach nuair a bhuailidís an chloch, dhéantaí smionagar de na sáfacha adhmaid, rud a ghoilleadh go huafásach pianmhar ar a ngéaga, agus bhriseadh cinn iarainn na n-uirlisí mar a bheadh luaidh ann. Chonaic siad go soiléir nach raibh aon mhaith in obair mianadóireachta in éadan na draíochta a dhún an doras sin; agus théidís chun scaoill nuair a chloisidís macallaí tolla an torainn a dhéantaí.

B’uaigneach tuirsiúil le Biolbó suí ar an tairseach—ní raibh tairseach ann dáiríre ar ndóigh, ach “tairseach” a thugaidís mar mhagadh ar an bplásóigin fhéarmhar idir an balla agus an oscailt, mar chuimhnigh siad ar na focail a dúirt Biolbó i bhfad ó shin le

linn na cóisire gan choinne nuair a dúirt sé go bhféadfáidís suí ar an tairseach go smaoineoidís ar rud éigin. Agus shuídís agus smaoinídís go deimhin, nó bhídís ag fánaíocht thart, agus chuaigh siad i ngruamacht in aghaidh an nóiméid.

D'éirigh a misneach beagán nuair a fuair siad an cosán, ach bhí sé uile caillte ar fad acu faoin am sin, ach ní éireoidís as agus imeacht leo. Ní raibh an hobad mórán ní ba mheidhrí ná na habhaic. Ní dhéanadh sé tada ach suí lena dhroim le héadan na carraige agus stánadh i bhfad siar tríd an oscailt, thar an aill, thar na tailte leathana chuig balla dubh na Modarchoille, agus chuig na háiteanna i gcéin lastall, áit a bhfaigheadh sé spléachadh, dar leis, ó am go ham ar Shléibhte an Cheo—iad beag agus i bhfad bhfad uaidh. Nuair a d'fhiafraíodh abhac de cad a bhí sé a dhéanamh, d'fhreagraíodh sé:

“Dúirt sibhse gurbh é mo chuidse oibre suí ar an tairseach agus machnamh a dhéanamh, gan a bheith ag caint ar bhealach a fháil isteach. Táim i mo shuí mar sin agus táim ag machnamh.” Ach is oth liom a rá nach raibh sé ag smaoineamh ar an obair mórán, ach ar a raibh lastall den ghoirme in imigéin, ar Thalamh ciúin an Iarthair agus ar an gCnoc agus ar a pholl hobaid féin faoi.

Bhí cloch mhór ghlas ina luí i lár an fhéir agus stánadh Biolbó go gruama uirthi nó bhreathnaíodh sé ar na seilidí móra. Is léir gurbh aoihbhinn leo an clós beag lena bhallaí de chloch fhionnuar, agus bhí slua díobh ann ag snámh go mall greamaitheach ar feadh a thaobh-anna.

“Amárach a thosóidh seachtain dheireanach an fhómhair,” arsa Tóirín lá amháin.

“Agus tiocfaidh an geimhreadh i ndiaidh an fhómhair,” arsa Bíofúr.

“Agus an athbhliain ina dhiaidh sin,” arsa Dváilín, “agus fásfaidh ár gcuid féasóg go dtí go bhfásfaidh siad thar an aill síos chuig an ngleann sula dtarlóidh rud ar bith anseo. Cad atá an buirgléir seo againne a dhéanamh dúinn? Ós rud é go bhfuil fáinne dofheictheachta aige, ní foláir nó is sármhaith an gníomhaí um an dtaca seo é. Táim ag tosú ag smaoineamh go bhféadfadh sé dul tríd an bPriomh-Gheata agus beagán spaireachta a dhéanamh!”

Chuala Biolbó é sin—bhí na habhaic ar na clocha go díreach os cionn an chlóis a raibh sé ina shuí ann—agus “A Thiarcais!” a dúirt sé leis féin. “Sin é an smaoineamh atá ag rith leo mar sin, arb é? Is é Biolbó bocht a mbíonn air i gcónaí iad a bhaint as an tsáinn a bhfuil siad inti, ar a laghad ó d'imigh an draoi. Cad a dhéanfaidh mé ar chor ar bith? Bhí a fhios agam go maith go mbainfeadh fíor-

dhrochrud dom sa deireadh. Ní dóigh liom go bhfulaingeoinn gleann míshona an tSratha a fheiceáil arís, agus maidir leis an ngeata mallaithe sin!!!”

Bhí sé fíor-mhíshásta an oíche sin agus is ar éigean a chodail sé ar chor ar bith. An lá arna mhárach d’imigh na habhaic ag fánaíocht gach uile threo; bhí cuid acu ag aclú a gcapaillíní thíos, bhí cuid acu ag fálróid ar thaobh an tsléibhe. D’fhan Biolbó ina shuí go gruama sa chlós féarmhar ag stánadh ar an gcloch, nó siar amach tríd an oscailt chaol. Bhí mothú aisteach aige amhail is dá mbeadh sé ag fanacht le rud éigin. “B’fhéidir go dtiocfadh an draoi ar ais gan choinne inniu,” a dúirt sé leis féin.

Dá n-ardódh sé a chloigeann, gheobhadh sé spléachadh ar an bhforaois i bhfad uaidh. Chomh luath agus a chas an ghrian siar chonacthas dealramh buí ar dhíon na coille, amhail is dá mbeadh an solas ag lonrú ar na duillí deireanacha tláithe. Níorbh fhada go bhfaca sé liathróid fhlanbhuí na gréine ag isliú cothrom lena shúile féin. Chuaigh sé chuig an oscailt agus chonaic sé os cionn chiumhais na talún ré nua thanaí gheal.

Go díreach ag an nóiméad sin is ea a chuala sé cnagadh ar a chúl. Ansin ar an gcloch ghlas san fhéar bhí smólach ollmhór ina shuí. Is beag nach raibh a dhroim ciardhubh ach bhí a bhrollach banbhuí breac le spotaí dorcha. Cnag! Bhí seilide gafa aige agus bhí sé á bhualadh in aghaidh na cloiche. Cnag! Cnag!

Leis sin thuig Biolbó. Sheas sé ar an laftán beag beann ar gach uile chontúirt agus ghlaoigh sé ar na habhaic, ag béicil agus ag bagairt a láimhe. Tháinig na habhaic ba ghiorra chuige ag tuisliú thar na clocha agus chomh mear agus a bhí siad in ann ar feadh an laftáin. Bhí siad ag fiafraí díobh féin cad ba chearr ar chor ar bith. Ghlaoigh na habhaic eile go ndéanfaí iad a tharraingt aníos ar rópaí (cé is moite de Bhombúr, ar ndóigh; ina chodladh a bhí sé sin).

Mhínigh Biolbó an scéal go tapa. Thit siad go léir ina dtost: an hobad ina sheasamh taobh leis an gcloch ghlas, na habhaic ag croitheadh a bhféasóg agus ag faire go mífhoighneach. Chuaigh an ghrian in ísle is in ísle, agus thosaigh a misneach ag imeacht uathu. D’isligh an ghrian isteach i gcrios de scamail dhearga agus chuaigh as radharc. Lig na habhaic cnead, ach d’fhan Biolbó ina sheasamh gan chorraí nach mór. Bhí an ghealach bheag ag dul síos chuig bun na spéire. Bhí deireadh lae ag teacht. Ansin gan choinne nuair ba laige a ndóchas, d’éalaigh ga dearg gréine mar a bheadh méar trí scoilt sa scamall. Tháinig loinnir solais go díreach tríd an oscailt isteach sa chlós agus thit ar éadan mín na carraige. Bhí an sean-smólach ag faire ó áit suí ard lena shúile bioracha agus leathmhaing

ar a cheann. Leis sin lig sé scol. Chualathas cnag ard. Scoilt scealp chloiche den bhalla agus thit anuas. Leis sin chonacthas poll tuairim is trí troithe ón talamh.

Go tapa creathánach, ar eagla go n-imeodh an deis, rith na habhaic chuig an gcarraig agus thosaigh siad ag brú—in aisce.

“An eochair! An eochair!” arsa Biolbó de ghla. “Cá bhfuil Tóirín?”

Dheifrih Tóirín aníos.

“An eochair!” arsa Biolbó de scairt. “An eochair a bhaineann leis an léarscáil! Bain triail aisti anois fad is a bheidh am againn!”

Ansin shiúil Tóirín chun tosaigh agus bhain an eochair lena shlabhra dá mhuineál. Chuir sé isteach sa pholl í. D’fheil sí go maith agus chas sí. Snap! Mhúch an loinnir, d’ísligh an ghrian, d’imigh an ghealach agus léim an oíche isteach sa spéir. Bhrúigh siad uile go léir le chéile agus ghéill cuid de bhalla na carraige go mall righin. Chonacthas scoilteanna fada díreacha agus chuaigh siad i leithne. Bhí imlíne dorais cúig troithe ar airde agus trí troithe ar leithne le feiceáil go soiléir, agus gan fuaim ar bith, d’oscail sé isteach de luascadh. Dhealraigh sé go raibh an dorchadas ag sní ar nós gaile amach as an bpoll ar thaobh an tsléibhe. Bhí fiordhorchadas domhain dubh, nach bhfeicfí tada ann, os a gcomhair amach, agus béal leata a threoródh isteach agus síos.

Eolas ón Taobh Istigh

Sheas na habhaic sa dorchadas roimh an doras ar feadh i bhfad agus iad ag cur is ag cúiteamh, go dtí gur labhair Tóirín ar deireadh:

“Is mithid anois don Bhaigineach móronórach, a chruthaigh é féin mar dhea-chompánach dúinn ar an mbóthar fada, mar hobad rímhisniúil fíorsheiftiúil dá oiread, agus dá n-abróinn é, mar neach a mbíonn i bhfad níos mó ná an ghnáthmhéid den ádh leis—is mithid dó anois an tseirbhís a chomhlíonadh a ndearnadh ball dár gcomhlúadar lena haghaidh an chéad lá é; is mithid dó anois Luach a Shaothair a thuilleamh.”

Is eol daoibh an chaoi a labhraíodh Tóirín ar ócáidí tábhachtacha, agus mar sin ní thabharfaidh mé tuilleadh daoibh, cé gur lean sé leis mórán ní b’fhaide ná sin. Is cinnte gur thábhachtach an ócáid é, ach bhí mífhoighne ar Bhiolbó. Bhí seanaithne aige ar Thóirín faoin am sin, agus thuig sé go rímhaith a raibh i gceist aige.

“Más amhlaidh a cheapann tú gur mise an té is túisce ar cheart dó dul isteach sa phasáiste rúnda, a Thóirín na Scéithe Darach, a mhic Thráin, go gcuirtear fad de shíor le d’fhéasóg,” a dúirt sé go crosta, “abair amach é láithreach bonn agus bí i do thost ansin. B’fhéidir go ndiúltóinn duit. Bhí sibh i bponc faoi dhó roimhe seo agus tharrtháil mise sibh, cé nach raibh sin sa mhargadh a rinneamar ar dtús. Mar sin, feictear dom go bhfuil luach saothair éigin ag dul dom cheana féin. Ach ‘íocann an tríú huair le gach rud,’ mar a deireadh m’athair féin, agus ar bhealach amháin nó ar bhealach eile ní dóigh liom go ndiúltóidh mé daoibh. B’fhéidir go mbíonn níos mó muiníne agam as mo chuid áidh féin ná mar a bhíodh sna seanlaethanta,”—an t-earrach seo caite a bhí i gceist aige sular fhág sé a theach féin, ach chonacthas dó gur imigh na céadta bliain ó shin—“ach is dóigh liom cibé scéal é go rachaidh mé anois díreach le sracfhéachaint a thabhairt ar rudaí agus le bheith réidh leis. Anois, cé a thiocfaidh liom?”

Ní raibh sé ag súil le mórán tairiscintí, agus mar sin níor cuireadh aon díomá air. Bhí cuma mhaolchluasach ar Fhilí agus ar Khílí agus

sheas siad beirt ar leathchos, ach níor bhac aon abhac eile le cur in iúl go rachadh sé leis, ach an fairtheoir amháin, sean-Bháilín, a raibh cion mór aige go firinneach ar an hobad. Dúirt seisean go dtiocfadh sé isteach ar a laghad agus beagán den tslí freisin b'fhéidir, agus go mbeadh sé réidh le glaoch ar chúnamh, dá mba ghá sin.

Is é seo an rud is fearr is féidir a rá ar son na n-abhac: bhí rún acu Bhiolbó a íoc go fiormhaith as a chuid seirbhíse dóibh; thug siad leo é chun obair ghránna a dhéanamh thar a gceann, agus ba chuma leo dá ndéanfadh sé dóibh í, dá mbeadh sé sásta; ach dhéanfaidís a ndícheall é a tharrtháil ó sháinn, dá bhfaigheadh sé é féin inti, mar a rinne siad i gcás na dtroll ag tús a n-eachtra sula raibh údar ar bith acu le bheith buíoch dó. Sin é é: ní laochra iad na habhaic, ach daoine fadcheannacha a bhfuil an-tuiscint acu do luach an airgid; is cleasach fealltach cuid acu agus is olc na hearraí iad; ní mar sin do chuid eile, ach tá siad cóir a ndóthain—abhaic ar nós Tóirín agus a Mhuintir—mura mbíonn tú ag súil leis an iomarca.

Bhí na réaltaí ag teacht amach ar a chúl i spéir thláith a raibh stríoca dubha thairsti nuair a théaltaigh an hobad tríd an doras draíochta agus isteach sa Sliabh. B'fhusa i bhfad é ná mar a cheap sé a bheadh. Ní doras púcaí a bhí ann ar chor ar bith ná uaimh gharbh de chuid ealbh na coille. Pasáiste de dhéantús abhac ab ea é, nuair a bhí siad in aird a réime ó thaobh saibhris is scile; chomh díreach le feag, an t-urlár agus na ballaí mín, agus é ag ísiú le fána shéimh is gan aon athrú sa chlaonadh go díreach—chuig ceann scribe i bhfad uaidh sa dorchadas thíos.

Tar éis tamall ghuigh Báilín “Ádh mór!” ar Bhiolbó agus stad sé áit a raibh imlíne lag an dorais le feiceáil go fóill, agus trí chleas na macallaí áit a raibh siosarnach chogar na n-abhac eile lasmuigh le cloisteáil aige i gcónaí. Chuir an hobad an fáinne ar a mhéar ansin agus tar éis dó rabhadh a fháil ó na macallaí go mba chóir dó a bheith níos airdeallaí ná hobad féin gan fuaim ar bith a dhéanamh, théaltaigh sé go ciúin síos, síos, síos isteach sa dorchadas. Bhí sé ag creathnú le teann faitís, ach bhí dreach shocair ghruama ar a aghaidh bheag. B'éagsúil go mór é cheana féin leis an hobad úd a rith amach gan chiarsúr póca ó Chúil na mBaigíneach fadó. Ní raibh ciarsúr póca aige le fada fada an lá. Bhog sé a chlaíomh laistigh dá thruaill, theann a chrios agus shiúil ar aghaidh.

“Tá contúirt cheart ag bagairt anois ort, a Bhiolbó Baigín,” arsa seisean leis féin. “Rinne tú botún mór oíche úd na cóisire, agus anois ní mór duit ar gheall tú a chomhlíonadh agus íoc as do chuid amaidí! Dar fia, nach uafásach an t-amadán a bhí ionam agus atá fós

ionam!” arsa an chuid de ar lú dúchas na dTúcach inti. “Níl aon éileamh agam ar thaisce atá faoi gharda ag dragain, agus ba chuma liom dá bhfanfadh gach uile phíosa de anseo, fad is gurbh fhéidir liom dúiseacht agus fáil amach nach raibh sa tollán urghrána ach an póirse i mo theach féin!”

Níor dhúisigh sé ar ndóigh, ach ar aghaidh agus ar aghaidh leis, go dtí go raibh gach uile rian den doras imithe i léig. Bhí sé leis féin ar fad. Níorbh fhada ansin gur rith sé leis go raibh teas éigin ag teacht ann. “An loinnir de shaghas éigin a fheicimse romham amach thíos?” a d’fhiafraigh sé de féin.

Ba ea. De réir mar a théadh sé ar aghaidh, mhéadaíodh ar an loinnir, go dtí nach raibh amhras ar bith ann faoi. Solas dearg a bhí ann agus é ag dul i ndeirge is i ndeirge. Ina theannta sin bhí an tollán te gan aon amhras. Thagadh slamanna gaile aníos, théidis thairis agus thosaigh sé ag cur allais. Thosaigh fuaim ag preabadh ina dhá chluas freisin, cineál plobarnaí mar a bheadh pota mór ag fiuchadh go tréan ar an tine, arna mheascadh le tormáil mar a bheadh fearchat fathachúil ag crónán. Chuaigh an torann in airde go dtí nach raibh aon amhras air: glugaíl ainmhi ollmhór éigin a bhí ann agus é ag srannadh trína chodladh thíos ansin roimhe sa loinnir dhearg.

Is ag an bpointe sin a stad Biolbó. Nuair a chuaigh sé ar aghaidh arís, ba é an ní ba chalma dá ndearna sé riamh é. Níor thada na rudaí iontacha a tharla ina dhiaidh sin i gcomórtas leis. Is sa tollán sin ina aonar ar fad a throid sé an fíorchath, fiú sula bhfaca sé an chontúirt uafásach a bhí roimhe. Ar aon chuma, tar éis sosa ghearr chuaigh sé ar aghaidh; agus is féidir libh é a shamhlú ag teacht chuig deireadh an tolláin, oscailt a bhí mórán ar aon mhéid agus ar aon chruth leis an doras thuas. Tá cloigeann beag an hobaid ag gobadh tríd. Ina luí os a chomhair amach tá siléar nó halla doinsiún íochtarach na n-abhac ársa ag fíorfhréamh an tSléibhe. Is ar éigean atá solas ar bith ann agus ní féidir mar sin ach buille faoi thuairim éiginnte a thabhairt i dtaobh méid na háite, ach tá loinnir mhór ag éirí aníos ón taobh abhus den urlár cloiche. Loinnir mhór Smóg!

Bhí sé ina luí ann, dragan dearmháil órdhearg, ina thoirchim suain; bhí dordán íseal ag teacht óna ghialla is óna pholláirí, agus slámanna deataigh freisin, ach is lag a bhí a thinte agus é ina chodladh. Bhí carnáin do-áirithe de nithe luachmhara ina luí faoi, faoina ghéaga go léir agus faoina eireaball ollmhór casta, agus ar gach aon taobh de agus ag síneadh amach uaidh trasna an urláir dhofheicthe; bhí ór gaibhnithe agus ór gan gaibhniú ann, buachlocha is seoda agus airgead a raibh smál rua air faoin solas dearg.

Bhí Smóg ina luí ann, a sciatháin fillte mar a bheadh ialtóg dhothomhaiste, é iompaithe beagán ar a leataobh, sa chaoi go bhféadfadh an hobad a íochtar a fheiceáil agus a bholg fada tláith a raibh buachlocha agus blúirí óir greamaithe de de bharr a luí fada ar a leaba chostasach. San áit ar ghiorra na ballaí do Bhiolbó chonaic sé go héiginnte ar crochadh ar chúl Smóg cotaí máilleacha, clogaid is tuanna, claimhte is sleánna; bhí sraitheanna ann freisin de chrúscaí móra agus de shoithí lán le saibhreas nach bhféadfaí a thomhas.

Má deirimid gur baineadh an anáil de Bhiolbó, ní miniú ar chor bith é. Níl na focail le fáil le cur síos ar an stangadh a baineadh as, ó d'athraigh na Daoine an teanga a d'fhoghlaim siad ó na heilbh sna laethanta a raibh an saol ar fad go hiontach. Chuala Biolbó cur síos ar thaiscí dragain i scéalta agus in amhráin roimhe sin, ach ní dheachaigh niamhracht, miangas agus glóir a leithéid de shaibhreas i bhfeidhm air riamh roimhe. Lónadh a chroí agus goineadh é le draíocht agus le mianta na n-abhac; stán sé gan chorraí ar an ór riluachmhar dothomhaiste, agus is beag nach ndearna sé dearmad den gharda uamhnach.

Stán sé ar feadh na gcianta dar leis, sular théaltaigh sé as scáth an dorais, á tharraingt féin in aghaidh a thola nach mór, agus trasna an urláir chuig an imeall ba ghiorra dó de na carnáin de shaibhreas. Bhí an dragan ina luí faoi shuan os a chionn, bagairt uafásach trína chodladh féin. Rug Biolbó ar chupán déchlusach, chomh trom agus a bhí sé in ann a iompar, agus chaith sracfhéachaint in airde. Chorraigh Smóg sciathán leis, d'oscail crúb, agus d'athraigh an tuin a bhí ar thormáil a shrannta.

Leis sin theith Biolbó. Ach níor dhúisigh an dragan—go fóilleach—ach chlaochlaigh isteach i mbrionglóidí eile sainte agus foréigin, ina luí ansin sa halla a bhí goidte aige fad is a chrágáil an hobad beag ar ais suas an tollán fada. Bhí a chroí ag bualadh ina chliabhrrach agus b'fhiabhrasaí croitheadh a gcós ná mar a bhí nuair a chuaigh sé síos, ach fós bhí greim aige ar an gcupán, agus ba é an smaoineamh ba mhó a rith leis, “Tá sé déanta agam! Taispeánfaidh sé sin dóibh. ‘Is mó a shamhlófá le grósacair ná le buirgléir é’, muise! Bhuel, ní chloisfimid a thuilleadh faoi sin feasta.”

Agus níor chuala. Bhí áthas an domhain ar Bháilín nuair a chonaic sé an hobad arís, agus bhí an oiread lúcháire air is a bhí iontas. D'ardaigh sé Biolbó den talamh agus d'iompair amach faoin aer é. An meán oíche a bhí ann agus chlúdaigh scamail na réaltaí, ach luigh Biolbó lena dhá shúil dúnta, ag snagáil agus ag baint taitnimh as an aer úr arís. Is ar éigean a thug sé sceitimíní na n-abhac faoi deara, nó conas a mholaidís é, a leagaidís lámh chairdiúil ar a

ghualainn, agus a chuiridis iad féin agus a dteaghlaigh ar feadh na nglúnta le teacht faoina thoil.

Bhí na habhaic fós ag cur an chupáin ó lámh go lámh agus ag caint go suairc faoina dtaisce a athghabháil, nuair a dhúisigh tormáil ollmhór sa sliabh fúthu amhail is dá mba sheanbholcán é a shocraigh ar a chuid brúchtaíola a thosú arís. Tharraing siad an doras ar a gcúl lena dhúnadh beagnach; chuir siad cloch ann le n-é a chosc ar dhúnadh ar fad. Aníos na tolláin fhada tháinig macallaí uamhnacha, ó áit i bhfad i bhfad thíos sa duibheagán, macallaí de bhéicil agus de chosaráil, a bhain croitheadh as an talamh faoina gcosa.

Dhearmad na habhaic a ríméad ansin, an gaisce muiníneach a bhí siad a dhéanamh nóiméad roimhe sin agus chúb síos le teann eagla. Bhí Smóg fós le hionramháil. Ní ciallmhar an rud é dragan beo a fhágáil as do chuid cuntas, má tá cónaí ort in aice leis. B'fhéidir nach bhfuil mórán feidhme dáiríre ag na dragain lena gcuid maoine, ach bíonn eolas cruinn acu air go dtí an t-unsa deireanach go hiondúil, go háirithe tar éis é a bheith acu ar feadh i bhfad; níor eisceacht ar bith ab ea Smóg. Bhí sé dulta ó thromluí (a raibh páirt mhór mhí-thaitneamhach ag trodaí ann, trodaí nach raibh toirt ar bith ann, ach a raibh claíomh géar aige agus an-chrógacht go deo) go míogarnach, agus ó mhíogarnach go dúiseacht. Bhí puth anaithnid aeir ina uaimh. An bhféadfadh sé go raibh séideán ag teacht isteach tríd an bpoll beag sin? Ní raibh Smóg riamh róshásta faoi, cé go raibh sé chomh beag sin; ach anois stán sé go hamhrasach air agus d'fhiafraigh de féin cén fáth nár bhlocáil sé suas riamh é. Shamhlaigh sé ar bhealach le tamall gearr anuas go gcloiseadh sé macallaí éiginnte de chnagadh thuas a thagadh anuas tríd an bpoll céanna isteach ina phluais. Chorraigh sé agus shín a mhuineál amach le smúrthacht a dhéanamh. Leis sin chionaigh sé an cupán!

Gadaithe! Dóiteán! Murdar! Níor tharla a leithéid ó tháinig sé chuig an Sliabh an chéad lá! Ní féidir cur síos ar a fhraoch feirge— an cineál feirge a bhí ann nach bhfeictear ach nuair a chailleann daoine saibhre a bhfuil níos mó acu ná is féidir leo sult a bhaint as, nuair a chailleann siad gan choinne rud éigin atá acu le fada ach nár bhain siad úsáid as nó nach raibh aon dúil acu ann riamh roimhe sin. Bhrúcht sé amach a thine, líon an halla uile le deatach, chroith sé fréamhacha an tSléibhe. Sháigh sé a cheann in aisce in aghaidh an phoill bhig, agus ansin chas sé a fhad uile le chéile, rinne sé búireach ar nós toirní faoin talamh agus dheifrigh amach as a uachais dhomhain tríd an doras mór, amach i dtolláin ollmhóra phálás an tSléibhe agus suas i dtreo an Phríomh-Gheata.

Ní raibh ach aon smaoineamh amháin aige: tóraíocht a dhéanamh ar feadh an tSléibhe uile go dtí go mbéarfadh sé ar an ngadaí agus go sracfadh sé é agus go satlódh sé é. Tháinig sé amach tríd an nGeata, d'éirigh na huiscí ina ngal fhíochmhar shiosach, suas suas leis ag bladhmhadh san aer agus shocraigh sé ar mhullach an tSléibhe i scairdeán de lasracha uaine is dearga. Chuala na habhaic torann adhuafar a eitilte agus chuach siad iad féin in éadan bhallaí an ardáin fhéarmhair, cúbtha faoi chlocha móra, agus dóchas acu go bhféadfaidís ar bhealach éigin éalú ó shúile uamhnacha an dragain i mbun a sheilge.

Mura mbeadh Biolbó arís, mharófaí ansin iad uile go léir. “Brostaígi! Brostaígi!” a dúirt sé is saothar air. “An doras! An tollán! Níl aon mhaith san áit seo!”

Spreag na focail sin iad agus bhí siad uile go léir ar tí téaltú isteach sa tollán nuair a ghlaigh Bíofúr amach: “Mo chol ceathracha! Bombúr agus Bófúr—rinneamar dearmad orthu. Tá siadsan thíos sa ghleann!”

“Marófar iad agus ár gcuid capaillíní freisin, agus caillfear ár gcuid lóin uile,” arsa na habhaic eile de chnead. “Ní féidir linn tada a dhéanamh!”

“Seafóid!” arsa Tóirín agus é ag glacadh seilbhe ar a dhínit arís. “Ní féidir linn iad a fhágáil. Téigi sibhse isteach, a Bhaiginigh agus a Bháilín, agus sibhse beirt, a Fhilí agus a Khilí. Ní bhfaighidh an dragan ar fad sinn. Anois sibhse, na habhaic eile, cá bhfuil na rópaí? Déanaigí deifir!”

Ba iad siúd, b'fhéidir, na nóiméid ba mheasa dar fhulaing siad go dtí sin. Bhí fuaimeanna gráiniúla Smóg ina fhraoch feirge ag baint macallaí as na cuasa i bhfad os a gcionn; nóiméad ar bith d'fhéadfadh sé teacht anuas de ruathar lasánta nó faoileáil timpeall san aer agus teacht orthu ansin, gar do chiumhais chontúirteach na haille agus iad ar a mine géire ag tarraingt na dtéad. Tháinig Bófúr aníos, agus bhí siad sábháilte go fóill. Tháinig Bombúr aníos, go saothrach seideánach fad is a bhíodh díoscán á bhaint as na téada, agus bhí siad sábháilte i gcónaí. Tháinig roinnt dá n-uirlisí agus dá gcuid lóin, agus ansin bhuail an chontúirt iad.

Chualathas seabhrán. Theagmhaigh solas dearg leis na splinc-eacha carraige. Tháinig an dragan.

Is ar éigean a bhí am acu le teitheadh ar ais chuig an tollán, ag tarraingt a mbeart ina ndiaidh nó á sá rompu, nuair a tháinig Smóg aduaidh, ag li thaobhanna an tSléibhe le teangacha lasrach, ag bualadh a sciathán le fuaim gaoithe móire. Shearg an fear os comhair an dorais faoina anáil the, is sháigh an anáil tríd an scoilt

idir doras is ursainn a bhí fágtha acu is loisc ina n-áit folaigh iad. Phreab lasracha aníos agus chonacthas scáilí dubha ar na ballaí cloiche. D'imigh Smóg leis agus thit an dorchadas arís. Scread na capaillíní le haon chorp scéine, bhris siad a n-adhastar agus theith leo go fiata ar cosa in airde. Luasc an dragan anuas, chas chun dul ar a dtóir agus d'imigh leis.

“Cuirfear sin deireadh lenár gcuid ainmhithe bochta!” arsa Tóirín. “Ní éalaíonn tada ó Smóg, má fhaigheann sé radharc air. Anseo atáimid agus is anseo is gá dúinn fanacht, ach amháin más mian le duine ar bith siúl an t-achar fada ar ais chuig an abhainn agus Smóg ag faire!”

Níor ródheas an smaoineamh é! Théaltaigh siad níos faide síos an tollán, agus d'fhan ina luí ar crith ann, cé go raibh sé te marbhánta, go dtí gur bhris an lá go lag trí scoilt an dorais. Chloisidís gach re seal san oíche búir an dragain ag méadú le linn a ciltile, ag dul thart agus ag dul i léig arís, fad is a bhíodh sé ag sealgaireacht timpeall agus timpeall thaobhanna an tsléibhe.

Thomhais an dragan i bhfianaise na gcapall agus ó rian na gcampaí a d'aimsigh sé go raibh daoine tar éis teacht ón abhainn agus ón loch agus gur dreapadh an sliabh ó thaobh an ghleanna a raibh na capaillíní ina seasamh ann; ach níor aimsigh a shúil bhiorach an doras, agus chois clós beag na mballaí arda na lasracha ab fhíochmhaire aige. Bhí sé ag tóraíocht i bhfad agus in aisce nuair a d'fhuaigh fáinne an lae a chuthach feirge. Chuaigh sé ar ais mar sin chuig a leaba órga le codladh—agus lena neart a athnuachan. Ní ligfeadh sé an ghoid as a chuimhne agus ní mhaithfeadh sé í, ní hea, dá ndéanfadh míle bliain cloch smolchaite de. Níor mhiste leis fanacht. Go mall ciúin shnámh sé ar ais chuig a uachais agus leathdhún a shúile.

Nuair a tháinig an mhaidin laghdaigh scéin na n-abhac beagán. Thuig siad nárbh fhéidir a leithéid de chontúirt a sheachaint dá mbeifí ag plé lena mhacasamhail de gharda, agus nach n-oirfeadh sé éirí as a dtóir go fóilleach. Ní fhéadfaidís imeacht i láthair na huaire, mar a bhí mínithe ag Tóirín dóibh. Bhí a gcapaillíní marbh nó ar strae, agus bheadh orthu fanacht tamall sula laghdódh faireachas Smóg a dhóthain chun ligean dóibh triail a bhaint as dul an bealach ar fad de shiúl a gcos. Ar ámharáí an tsaoil tharrtháil siad an oiread dá lóin is a chothódh iad go ceann tamaill fhada fós.

Phléigh siad a raibh le déanamh ar feadh i bhfad, ach níor fhéad siad smaoineamh ar shlí ar bith le deireadh a chur le Smóg—ba mháchail ar a bpleananna riamh an méid sin, rud a theastaigh ó Bhiolbó a léiriú dóibh. Ansin, mar is nós le daoine atá trína chéile ar

fad, thosaigh siad ag tromaíocht ar an hobad, agus chuir siad an milleán air faoi rud a thaitin chomh mór leis ar dtús: gur sciob sé cupán ó Smóg, rud a dhúisigh a fhorrán feirge chomh luath sin.

“Cad eile, an dóigh libh, is ceart do bhuirgléir a dhéanamh?” arsa Biolbó go taghdach. “Ní chun dragain a mharú a fostaíodh mé, is obair do ghaiscigh é sin, ach chun taisce saibhris a ghoid. Thosaigh mé chomh maith is a bhí mé in ann. An raibh sibh ag súil go dtiocfainn de shodar ar ais agus taisce iomlán Thróir ar mo dhroim agam? Má tá tromaíocht ar bith le déanamh, feictear dom go bhfuil cead agamsa mo chion a rá. Ba chóir daoibh céad buirgléir a thabhairt libh in ionad duine amháin. Táim cinnte gur mór an chreidiúint do do sheanathair é, ach ní féidir leat a mhaíomh gur mhínigh tú ollmhéid a shaibhris go beacht dom. Theastódh na céadta bliain uaim chun é uile a thabhairt aníos, dá mbeinnse caoga uair níos mó ná mar atáim agus dá mbeadh Smóg chomh ceansa le coinín.”

Ghabh na habhaic pardún ag an hobad ina dhiaidh sin ar ndóigh. “Cad is dóigh leat is ceart dúinn a dhéanamh, a Bhaiginigh?” arsa Tóirín go múinte.

“Níl tuairim dá laghad agam i láthair na huair—más é tabhairt na taisce aníos atá i gceist agat. Is léir go mbraitheann sé sin ar fad ar chor ámharach nua éigin agus ar Smóg a ruaigeadh. Níl scil dá laghad agam i ruaigeadh dragan, ach déanfaidh mé mo dhícheall chun smaoineamh ar sheift. Chomh fada is a bhaineann sé liom féin, níl dóchas dá laghad agam, agus is trua liom nach bhfuilim go sábháilte ar ais sa bhaile.”

“Ná bac sin go fóill beag! Cad is ceart dúinn a dhéanamh anois, inniu?”

“Bhuel, má tá mo chomhairle uait dáiríre, déarfainnse nach féidir linn aon rud a dhéanamh ach fanacht san áit a bhfuilimid. Is dócha go mbeidh sé sábháilte a dhóthain dúinn téaltú amach sa lá leis an aer úr a análú. B’fhéidir gurbh fhéidir linn sul i bhfad duine nó beirt a roghnú le dul ar ais chuig an stóras ar thaobh na habhann chun tuilleadh lóin a thabhairt chugainn. Ach idir an dá linn ba chóir do gach uile dhuine a bheith laistigh go maith den tollán istoiche.

“Anois déanfaidh mé tairiscint duit. Tá m’fháinne agam agus téaltóidh mé síos inniu féin tar éis am lóin—ba chóir faoin am sin go mbeadh Smóg ina shuan—agus feicfidh mé cad a bheidh ar bun aige. B’fhéidir go n-iompódh rud éigin aníos. ‘Tá a éasc féin i ngach uile phéist’ mar a deireadh m’athair, cé go bhfuilim cinnte nach raibh taithí phearsanta ar bith aige.”

Mar is féidir libh a shamhlú, ghlac na habhaic go fonnmhar leis an tairiscint sin. Bhí an-mheas acu ar Bhiolbó beag cheana féin. Faoin am sin ba é a bhfíorchaptaen ina n-eachtra é. Bhíodh smaointe dá chuid féin aige um an dtaca sin agus pleananna dá chuid féin. Nuair a tháinig an meán lae réitigh Biolbó é féin le haghaidh turais eile síos isteach sa Sliabh. Níor thaitin an rud leis ar ndóigh, ach ní raibh sé chomh dona anois ó bhí a fhios aige, a bheag nó a mhór, cad a bhí roimhe. Dá mbeadh níos mó ar eolas aige faoi dhragain agus faoi na bealaí atá iontu, b'fhéidir go mbeadh níos mó eagla air agus níos lú dóchais aige go dtiocfadh sé aniar aduaidh ar an gceann seo agus é ina chodladh.

Bhí an ghrian ag taitneamh nuair a thosaigh sé, ach bhí sé chomh dorchá leis an oíche sa tollán. Níorbh fhada gur imigh an solas ón doras a bhí ar faonoscailt ar éigean de réir mar a théadh Biolbó síos. Bhí a shiúl chomh fáil sin nach bhféadfadh deatach ar ghaoth shéimh a bheith ní ba chiúine, agus bhí fonn air é féin a mholadh agus é ag druidim leis an doras íochtarach. Ní raibh le feiceáil ach loinnir a bhí fíorlag.

“Tá sean-Smóg traochta agus ina chodladh,” a dúirt sé leis féin. “Ní fheiceann sé mé agus ní chloisfidh sé mé. Ná caill do mhisneach, a Bhiolbó!” Rinne sé dearmad faoi chumas bolaithe na ndragan nó b'fhéidir nár chuala sé trácht riamh ar a leithéid. Is mífhortúnach an rud é freisin gur féidir leo, má bhíonn amhras orthu, leath de leathshúil a choinneáil ar oscailt agus ag faire, fad is atá siad ina gcodladh.

D'fhéach Biolbó isteach arís ón doras; cinnte bhí cuma an tsámhchodlata ar Smóg; bhí dreach marbh dorchá air agus is ar éigean ba mhó a shrannadh ná puth de dheatach dofheicthe. Bhí Biolbó go díreach ar tí coiscéim a thabhairt amach ar an urlár, nuair a fuair sé spléachadh ar gha caol géar dearg amach faoin gcaipín íslithe de shúil chlé Smóg. Ní raibh sé ach ag ligean codlata air féin! Bhí sé ag faire ar oscailt an tolláin! Leis sin thug Biolbó céim ar gcúl agus bheannaigh sé fortún a fháinne. Ansin labhair Smóg.

“Bhuel, a ghadaí! Faighim do bholadh agus motháim do chuid acir. Cloisim d'anáil. Gabh i leith uait! Bíodh tuilleadh den saibhreas agat, tá neart ann agus tuilleadh le cois!”

Ach ní raibh Biolbó chomh hainbhiosach sin ar eolas na ndragan, agus má bhí súil ag Smóg go meallfadh Biolbó chun druidim leis chomh héasca sin, bhí díomá air. “Ní bheidh, go raibh maith agat, a Smóg Éachtaigh!” a dúirt sé mar fhreagra. “Níor tháinig mé chun bronntanais a fháil. Níor theastaigh uaim ach spléachadh a fháil ort

le feiceáil an raibh tú chomh mór dáiríre le do cháil sna scéalta. Níor chreid mé iad.”

“An gcreideann tú anois iad?” arsa an dragan mar chuaigh an moladh i gcion air, cé nár chreid sé focal de.

Tuigim anois go gcliseann go dona ar na scéalta agus ar na hamhráin an fhirinne a thabhairt leo, a Smóg, a Phríomh-Thubaiste Ollmhór gach uile Thubaiste,” arsa Biolbó á fhreagairt.

“Is deas iad do bhéasa do ghadaí agus do bhréagadóir,” arsa an dragan. “Dealraíonn tú a bheith cleachtach le m’ainmse, ach ní cuimhin liom gur bholaigh mé riamh roimhe seo thú. Cé thú féin, agus cad as duit, mura miste leat mé á fhiafraí díot?”

“Ní miste ar chor ar bith! Is amach faoin gcnoc a thagaimse agus is faoi na cnoic agus thar na cnoic a thug an cosán mé. Agus tríd an aer. Is mise an té a shiúlann gan radharc air.”

“Is furasta dom sin a chreidiúint,” arsa Smóg, “ach ní hé sin an gnáthainm a thugtar ort.”

“Is mise aimseoir na leideanna, gearrthóir na dtéad, an chuileog chailgeach. Is ar mhaithe leis an uimhir ámharach a roghnaíodh mé.”

“Nach álainn na teidil iad!” arsa an dragan go fonóideach. “Ach ní i gcónaí a bhíonn an t-ádh le huimhreacha ámharacha.”

“Is mise an té a adhlacann a chairde ina mbeatha, a bhánn iad agus a bhaineann beo beathach as an uisce arís iad. Is ó cheann baige a thagaimse ach ní dheachaigh baige tharam riamh.”

“Níl an oiread sin creidiúna ag baint leo sin, feictear dom,” arsa Smóg go scigiúil.

“Is mise cara na mbéar agus aoi na n-iolar. Is mise Buaiteoir an Fháinne agus Iompróir an Áidh; is mise Marcach an Bhairille,” a dúirt Biolbó ag leanúint leis, mar bhí sásamh ag teacht air de bharr a chuid diamhrachta.

“Is fearr sin!” arsa Smóg. “Ach ná lig do do shamhlaíocht dul thar fóir!”

Ar ndóigh is é sin an bealach ceart le labhairt le dragain, mura bhfuil tú ag iarraidh d’ainm ceart a insint dóibh (rud nach bhfuil críonna) agus mura bhfuil tú ag iarraidh cuthach feirge a chur orthu le diúltú glan (rud nach bhfuil críonna ach an oiread). Is treascrach an cathú do dhragain é iarracht a dhéanamh diamhracht den sórt sin a thomhas agus am a chur amuigh léi. Bhí mórán ann nár thuig Smóg ar chor ar bith (ach is dóigh liom gur thuig sibhse uile é, óir chuala sibhse gach rud i dtaobh eachtraí Bhiolbó agus is fúthu sin a bhí sé



Tg Comhrá
le Smóg

ag caint), ach cheap Smóg gur thuig sé a dhóthain, agus rinne sé maolgháire ina chroí mailíseach.

“B’shin a cheap mé aréir,” a dúirt sé leis féin. “Muintir an Locha—is scéim ghránna éigin é seo de chuid Mhuintir an Locha, na hainniseoirí suaracha lena dtrádáil i mbairillí—nó is earc luachra mise. Ní dheachaigh mé síos an bealach sin leis na cianta cairbreacha, ach ní fada anois go rachaidh mé ann!”

“Maith go leor, a Mharcaigh an Bhairille!” a dúirt sé os ard. “D’fhéadfadh sé gur Bairille an t-ainm a bhí ar do chapaillín agus d’fhéadfadh sé nárbh é, cé go raibh sé sách ramhar. B’fhéidir go siúlann tú gan radharc ag daoine ort, ach níor shiúil tú an bealach ar fad. Inseoidh mé duit gur ith mé sé cinn de chapaillíní aréir agus béarfaidh mé ar na cinn eile sul i bhfad agus íosfaidh mé iad. Mar chúiteamh ar an mbéile breá sin cuirfidh mé comhairle mhaith ort ar do shon féin: ná bíodh lámh ná cos agat leis na habhaic más féidir leat iad a sheachaint!”

“Abhaic?” arsa Bholbó ag tabhairt le tuiscint go raibh iontas air.

“Ná bí ag caint liom!” arsa Smóg. “Aithním boladh (agus blas) na n-abhac—is beag neach is fearr a d’aithneodh. Ná habair liom gur féidir liom capall a ithe, capall a ndearna abhac marcaíocht air, agus gan an boladh a aithint! Beidh droch-chríoch ort, má thaithíonn tú a leithéidí de chairde, a Mharcaigh bhradaigh an Bhairille. Is cuma liom má théann tú ar ais chucu agus má insíonn tú sin dóibh uaimse.” Ach níor inis Smóg do Bholbó go raibh boladh amháin ann nárbh fhéidir leis a dhéanamh amach ar chor ar bith, boladh hobaid; bhí sé lasmuigh dá thaithí ar fad agus is mór an mearbhall a chuir sé air.

“Is dócha go bhfuair tú praghas cothrom ar an gcupán úd aréir?” a dúirt Smóg ag leanúint air. “Féach anois, an bhfuair? Faic na fríde! Bhuel, nach é sin an bealach atá leo? Agus is dócha go bhfuil siad i bhfolach lasmuigh, agus is é do dhualgas-sa an obair chontúirteach uile go léir a dhéanamh agus breith ar ar féidir leat dóibh nuair nach bhfuilimse ag féachaint? Agus gheobhaidh tusa cuid chothrom? Ná creid é! Má thagann tú beo as, beidh an t-ádh leat.”

Bhí an-mhíshuaimhneas ag teacht ar Bholbó um an dtaca sin. Gach uair a scinneadh thairis an ga ó shúil fáin Smóg, a bhí á thóraíocht sna scáthanna, théadh creathán tríd agus bhuaileadh fonn domhínte é rith amach, é féin a nochtheadh agus an fhírinne iomlán a insint do Smóg. Déanta na fírinne bhí an-bhaol ann go dtitfeadh Bholbó faoi dhraíocht an dragain. Ach ghlac sé a mhísneach agus labhair arís.

“Níl gach uile rud ar eolas agat, a Smóg Shárchumhachtaigh,” arsa seisean. “Ní hé an t-ór an t-aon chuspóir amháin a bhí againn chun teacht anseo.”

“Há! Há! Admhaíonn tú an ‘againn’ sin,” arsa Smóg de gháire. “Cén fáth nach ndéarfá ‘an ceithre dhuine dhéag againn’ le bheith réidh leis, a Dhuine Uasail na hUimhreach Ámharai? Is deas liom go raibh gnóthaí eile agaibh sa taobh seo tíre seachas mo chuid óir. B’fhéidir más ea nach gcuirfeá do chuid ama uile amú.”

“Níl a fhios agam ar rith sé leat, dá bhféadfaí an t-ór a ghoid de réir a chéile—rud a thógfadh céad bliain nó mar sin—nach bhféadfaí dul rófhada leis? Cén mhaith a bheadh leis ar thaobh an chnoic? Cén mhaith san fhoraais? Dar mo bhriathar! Nár chuimhnigh tú riamh go raibh an fostú sin ann? An ceathrú cuid déag, is dóigh liom, nó a mhacasamhail, b’shin iad na téarmaí, nárbh iad? Ach céard faoi sheachadadh? Céard faoi chostas carraeireachta? Céard faoi ghardaí armtha agus faoi mhál is custam?” Rinne Smóg gáire os ard. Is urchóideach glic an croí a bhí aige, agus bhí sé cinnte nach raibh a bhuillí faoi thuairim i bhfad amú, cé gur shíl sé gurbh iad Muintir an Locha a bhí laistiar de na pleananna, agus go raibh formhór na creiche le stopadh ansin sa bhaile mór cois locha a dtugtaí Esgaroth air i laethanta a óige.

Is ar éigean a chreidfídh sibh é, ach baineadh siar go mór as Biolbó bocht. Go dtí sin bhíodh a intinn agus a neart á ndíriú aige ar an Sliabh a shroicheadh agus an bealach isteach a aimsiú. Níor bhac sé riamh le fiafraí de féin conas a d’fhéadfaí an taisce a aistriú go háit eile; is cinnte nár shamhlaigh sé riamh conas a thabharfaí aon chuid de a thiocfadh chuige, conas a thabharfaí an bealach go léir chuig Cúil an Bhaige Faoin gCnoc í.

Bhí amhras gránna ag tosaí ag fás ina intinn um an dtaca sin—an ndearna na habhaic dearmad ar an bpointe tábhachtach sin freisin, nó an raibh siad ag déanamh gáire folaigh faoi an t-am ar fad? Is mar sin a oibríonn caint na ndragan ar dhuine nach bhfuil cleachtach léi. Ar ndóigh ba chóir do Bhiolbó a bheith ar a fhaichill; ach is riláidir an phearsantacht a bhí ag Smóg.

“Inseoidh mé duit,” arsa an hobad agus é ag iarraidh a bheith dilis dá chairde agus gan géilleadh do Smóg, “nach raibh san ór dúinn ach athsmaoineamh. Thángamar thar chnoc is faoi chnoc, ar an toinn agus ar an ngaoth, chun *Díoltas* a bhaint amach. Ní foláir nó is léir duitse, a Smóg an tsaibhris dhothomhaiste, go ndearna do rathúnas roinnt drochnaimhde duit?”

Rinne Smóg fíorgháire ansin—fuaim choscrach a chroith an t-urlár agus a leag Biolbó, fad is a shamhlaigh na habhaic a bhí

cuachta le chéile i bhfad suas an tollán go raibh deireadh tobann urghrána ag teacht le beatha Bhiolbó.

“Díoltas!” a dúirt Smóg go drantánach, agus shoilsigh loinnir a dhá shúil an halla ó urlár go síleáil mar a bheadh tintreach ghlédhearg. “Díoltas! Is marbh atá an Rí faoin Sliabh agus cá bhfuil a shliocht a leomhfadh díoltas a imirt? Is marbh atá Girion Tiarna an tSratha, agus d’ith mé a mhuintir mar a itheann mac tíre na caoirigh. Cá bhfuil sliocht a shleachta a leomhfadh druidim liom? Déanaim slad cibé áit ar mian liom agus níl dánacht in aon duine teacht i m’aghaidh. Leag mé gaiscígh na seanaimsire agus níl a leithéidí ar an saol inniu. Ní raibh mé ansin ach bog óg. Anois táim sean láidir, láidir, láidir, a Ghadaí sna Scáthanna!” a dúirt sé go huaibhreach. “Is geall m’armúr le deich sraith de sciatha, is claimhte m’fhiacra, is sleánna m’ingne, is caor thine lúbadh m’eireabail, is cuaifeach mo sciatháin, is ionann mo chuid anála agus an bás!”

“Thuig mise riamh,” arsa Biolbó de bhíog fhaitiosach, “gur boige na dragain go híocharach, go háirithe i limistéar an—an—an chliabhraigh; ach neach chomh daingnithe leatsa, is dócha gur chuimhnigh sé air sin.”

Stad an dragan láithreach dá chuid gaisce. “Tá do chuid eolais as dáta,” a dúirt sé go giorraisc. “Táim armáilte thuas agus thíos le gainní iarainn agus le buachlocha crua. Ní féidir le lann ar bith mé a threá.”

“D’fhéadfainn a leithéid a thomhas,” arsa Biolbó. “Is cinnte nach bhfuil le fáil in aon áit macasamhail Smóg, an Tiarna Dothreáite. Nach é barr na niamhrachta é veist de dhiamaint áille a chaith-eamh!”

“Is ea, is breá iontach an rud é, go deimhin,” arsa Smóg agus aoibhneas an domhain air. Ní raibh a fhios aige go bhfuair an hobad spléachadh le linn a chéad chuairte roimhe sin ar an gcumhdach suntasach a bhí ar a íochtar, agus go raibh sé i mbroid lena scrúdú níos giorra ar mhaithe le cúiseanna dá chuid féin. D’iompaigh an dragan thart. “Féach!” arsa seisean. “Céard é do mheas air sin?”

“Tá dalladh na súl sa niamhracht iontach! Foirfe! Gan cháim! Baineann sé an anáil díom!” arsa Biolbó os ard, ach is éard a bhí sé a rá leis féin: “Seanamadán. Féach, tá paiste i gcuas a chliabhraigh ar an taobh clé atá chomh lom gan chosaint is seilide gan sliogán!”

Ní raibh ach smaoineamh amháin ag an mBaigíneach tar éis a raibh feicthe aige, is é sin le himeacht. “Bhuel, ní ceart dom tuilleadh moille a chur ort, a Shoilse Niamhrach,” a dúirt sé, “nó do choinneáil ó do chodladh riachtanach. Ní haon dóithín é breith ar chapailíní, creidim, nuair atá siad píosa uait. Agus is deacair breith

ar bhuirgléirí freisin,” a dúirt sé mar fhocal scoir agus é ag cúlú de rith agus ag teitheadh suas an tollán.

Ba mhífhortúnach an focal é, óir bhrúcht an dragan lasracha uamhnacha ina dhiaidh, agus cé gur luathaigh Biolbó suas an tollán, níor chuir sé a dhóthain de le bheith compordach sular brúdh cloigeann adhuafar Smóg in éadan na hoscailte ar a chúl. Ar ámharaí an tsaoil níor fhéad an dragan a chloigeann agus a ghialla a fháscadh isteach sa pholl, ach léim lasracha tine agus gal amach as na polláirí i ndiaidh Bhiolbó, agus is beag nár leagadh é, ach thuisligh sé ar aghaidh agus pian mhór agus eagla mhór air. Bhí sé ag aireachtáil sách sásta leis féin i ngeall ar a chliste is a bhí a chomhrá le Smóg, ach chuir a bhotún ag an deireadh tuilleadh céille ann.

“Ná déan magadh faoi dhragan beo, a Bhiolbó, a amadain!” a dúirt sé leis féin, agus rinneadh ceann de na ráitis ab ansa leis den fhocal sin ní ba dhéanaí, agus ba sheanfocal ansin é. “Níl tú críochnaithe ná leathchríochnaithe leis an eachtra seo go fóill,” a dúirt mar aguisín leis féin, agus b’fhíor dó an méid sin freisin.

Bhí deireadh lae ag iompú isteach ina thús oíche nuair a tháinig sé amach. Baineadh tuisle as agus thit sé i laige ar “leac an dorais”. Thug na habhaic ar ais chuige féin é, agus chóireáil siad a loscadh chomh maith is a bhí siad in ann, ach is fada ó d’fhás gruaig cúl a chinn agus cúl a shál ar ais i gceart; ruadhódh agus loisceadh uile go dtí an craiceann í. Idir an dá linn rinne a chairde a ndícheall chun misneach a thabhairt dó; agus bhí siad ag tnúth lena scéal a chloisteáil. Theastaigh uathu fáil amach go háirithe cén fáth a ndearna an dragan an torann uafásach úd, agus conas a d’éirigh le Biolbó éalú uaidh.

Ach bhí inní agus míshuaimhneas ar an hobad, agus ba dheacair dóibh aon eolas a bhaint as. Nuair a rinne sé machnamh ar an scéal, bhí aiféala air faoi roinnt de na nithe a dúirt sé leis an dragan. Ní raibh fonn ar bith air iad a rá arís. Bhí an seansmólach ina shuí in aice láimhe, leathmhaing ar a chloigeann, agus é ag éisteacht le gach dá raibh á rá. Taispeánann sé an cantal a bhí ar Bhiolbó gur thóg sé cloch agus chaith leis an smólach í. Ní dhearna an smólach ach mioneitilt ar leataobh agus teacht ar ais.

“Drochrath ar an éan sin!” arsa Biolbó go cancrach. “Is dóigh liom gur ag éisteacht linn atá sé agus ní thaitníonn a chuma liom.”

“Lig dó!” arsa Tóirín. “Tá na smólaigh lách cairdiúil—is fíorása an t-éan seo, agus b’fhéidir gurb é an ceann deireanach é den seanphór a mbíodh cónaí orthu sa cheantar seo. Bhí siad ceansa do lámh m’athar agus mo sheanathar. Stoc fadsaolach draíochtúil ab ea

iad, agus d'fhéadfadh sé gurb éard atá sa smólach seo ceann acu sin a bhí beo an uair úd, cúpla céad bliain nó níos mó ó shin. Bhíodh Muintir an tSratha in ann friotal na smólach sin a thuiscint, agus bhainidís feidhm astu mar theachtairí le heitilt chuig Muintir an Locha agus go háiteanna eile."

"Bhuel, beidh nuacht aige le breith chuig Baile an Locha ceart go leor, más é sin an rud atá uaidh," arsa Biolbó, "cé nach dóigh liom go bhfuil aon duine fágtha ann le spéis a bheith aige i dteanga na smólach."

"Ach cad a tharla?" arsa na habhaic de ghlaio. "Lean leat leis an scéal!"

Mar sin d'inis Biolbó dóibh gach ar chuimhin leis, agus d'admhaigh sé gur cheap sé ar an drochuair gur thomhais an dragan an iomarca óna chuid cainte i bhfianaise na gcampaí agus na gcapaillíní. "Táim siúrálte go bhfuil a fhios aige gur ó Bhaile an Locha a tháingamar agus go bhfuairamar cúnamh ó na daoine ann. Agus is é mo mhóreagla go mb'fhéidir gur sa treo sin a rachaidh sé, nuair a dhéanfaidh sé an chéad rud eile. Faraor géar go ndúirt mé aon rud leis faoi Mharcach an Bhairille; sa taobh seo tíre mheabh-ródh an t-ainm sin Muintir an Locha do choinín caoch féin."

"Bhuel, níl neart againn air, agus is deacair gan an iomarca a rá agus duine ag caint le dragan, de réir mar a chuala mé," arsa Báilín agus fonn air focal sóláis a rá le Biolbó. "Is dóigh liomsa—má fhiafraítear mo bharúilse—go ndearna tú go han-mhaith; ar aon dath fuair tú rud amháin amach atá fíorúsáideach, agus tháinig tú ar ais beo beathach, agus is mó é sin ná mar is féidir a rá faoi mhórán a raibh comhrá acu le leithéidí Smóg. B'fhéidir gur mór an gar agus an buntáiste a bheidh ann fíos a bheith ann faoin bpaiste maol i veist diamant na Sean-Phéiste."

Chuir sin cor nua sa chomhrá, agus thosaigh siad uile ag plé mharú na ndragan sa stair, san fhinstair, agus sa mhiotaseolaíocht. Labhair siad faoi na slite éagsúla arbh fhéidir dragan a ghoin, a ghortú nó a shacadh le lann aníos; agus labhraídis faoi na cleasanna, na bearta, na pleananna difriúla a úsáideadh chun dragan a chur ón saol. Ba í an tuairim choitianta nárbh aon dóithín é teacht aniar aduaidh ar dhragan, agus dá ndéanfaidh duine iarracht ceann a bhroideadh nó a shá agus é ina chodladh, gur dóichí críoch thubaisteach a bheith ar an scéal ná mar a bheadh dá n-ionsófaí an dragan go hoscailte suas lena bhéal. Bhí an smólach ag éisteacht leo i gcónaí agus iad ag caint, agus ansin nuair a thosaigh na réaltaí ag teacht amach, leath sé a sciatháin go ciúin agus d'eitil leis. Agus bhí siad ag comhrá fós, chuaigh na scáthanna i bhfad, chuaigh imní

Bhiolbó i méad agus ba mheasa ná a chéile gach olc a bhí á thaibhreamh dó.

Tháinig sé rompu ar deireadh. “Táim siúráilte,” a dúirt sé, “go bhfuilimid i gcontúirt ollmhór. Agus ní fheicim go bhfuil buntáiste ar bith le fanacht inár suí anseo. Tá an féar a bhí go taitneamhach glas, tá sé seargtha ag an dragan, agus ar aon chuma tá an oíche tite agus tá sé fuar. Ach mothaím ionam féin go n-ionsófar an áit seo arís. Tá a fhios ag Smóg conas a tháinig mé anuas chuig a halla, agus is féidir libh a bheith cinnte go dtomhaisfidh sé cá bhfuil doras uachtarach an tolláin. Más gá dó, brisfidh sé taobh seo an tSléibhe ina smidiríní, chun ár mbealach isteach a bhlocáil suas, agus má scriostar muide mar aon leis an doras, is amhlaidh is fearr a thaitneoidh sé leis.”

“Nach tú atá gruama, a Bhaiginigh Uasail!” arsa Tóirín. “Cén fáth mar sin nár bhlocáil Smóg suas an doras íochtarach, má tá fonn chomh mór sin air sinn a choinneáil amach? Níor bhlocáil, nó chloisfimis é á dhéanamh.”

“Níl a fhios agam, níl a fhios agam—mar gur theastaigh uaidh ar dtús mise a mhealladh anuas arís, is dócha, agus anois b’fhéidir toisc go bhfuil sé ag fanacht go dtí tar éis sheilg na hoíche anocht, nó toisc gurbh fhearr leis gan damáiste a dhéanamh dá sheomra leapa más féidir in aon chor é—ach b’fhearr liom é mura mbeifeá ag argóint liom. Tiocfaidh Smóg amach nóiméad ar bith anois agus is é an t-aon bhealach atá againn le muid féin a shábháil dul isteach go domhain sa tollán agus an doras a dhúnadh.”

Bhí sé chomh dáiríre sin go ndearna na habhaic rud air sa deireadh, cé nár dhún siad an doras go fóill—chonacthas dóibh gur chontúirteach an beart é, óir ní raibh a fhios ag aon duine díobh an bhféadfaidís é a oscailt arís ón taobh istigh, agus níor thaitin an smaoineamh leo go mbeidís faoi ghlas in áit nach mbeadh éalú as ach trí uachais an dragain. Ina theannta sin bhí cuma an-chiúin ar gach uile rud lasmuigh faoin spéir agus istigh sa tollán. Mar sin d’fhan siad ar feadh i bhfad ina suí tamall síos ach cóngarach go maith don doras leathdhúnta. Lean siad orthu ag caint.

Chas an comhrá chuig na focail urchóideacha a dúirt an dragan faoi na habhaic. Bhí aiféala ar Bhiolbó gur chuala sé riamh iad, nó ar a laghad ba bhreá leis a bheith cinnte go raibh an fhírinne ghlan á hinsint ag na habhaic nuair a dúirt siad nár smaoinigh siad riamh ar a dtarlódh tar éis dóibh seilbh a athghlacadh ar an taisce. “Bhí a fhios againn gur chontúirteach an eachtra a bheadh ann,” arsa Tóirín, “agus tá a fhios againn sin fós; agus is dóigh liom i gcónaí go mbeidh am ár ndóthain againn le cuimhneamh ar a ndéanfar leis,

nuair a bheidh sé inár seilbh. Maidir le do chuidse, a Bhaigínigh Uasail, táimse á rá leat go bhfuilimid thar a bheith buíoch diot, agus roghnóidh tú do cheathrú cuid déag féin, chomh luath is a bheidh aon rud againn le roinnt. Is oth liom go bhfuil tú buartha faoi do chuidse a iompar, agus admhaím go bhfuil deacrachtaí móra ann—níor laghdaigh ar fhiáine an cheantair máguaird le himeacht aimsire, a mhalairt ar fad atá fíor—ach déanfaimid ár ndícheall duit, agus díolfaimid ár gcuid féin den chostas nuair a thiocfaidh an t-am. Creid mé nó ná creid mé, de réir mar a thogróidh tú féin!”

Chas an chaint ansin chuig an taisce mhór féin agus chuig na rudaí a raibh cuimhne ag Tóirín agus Báilín orthu. D’fhiafraigh siad dá chéile an mbeidís ina luí gan bearnú orthu fós sa halla mór thíos: na sleánna a rinneadh le haghaidh airm an rí, Bladorthin Mór (a cailleadh i bhfad ó shin), bhí rinn ar gach ceann díobh a gaibhníodh trí huaire agus bhí inleagadh sciliúil d’ór sa chrann, cé nár seachadadh iad agus níor íocadh astu riamh; sciatha arna ndéanamh do ghaiscigh a d’éag i bhfad ó shin; cupán mór óir Thróir, dé-chluasach, casúireacht agus snoíodóireacht d’éin agus de bhláth-anna air, ar de sheoda a súile agus a bpeitil; cathéidí máilleacha faoi chiseal óir is airgid agus iad dothreáite; muince Ghirion, Tiarna an tSratha, arna déanamh de chúig chéad smaragaid chomh glas leis an bhféar, rud a thug sé mar íocaíocht ar chathéide dá mhac a bheadh déanta d’fháinní arna lúbadh le chéile ag na habhaic, agus nach bhfacthas a mhacasamhail riamh roimhe, mar is ó airgead glan a rinneadh í agus gaibhníodh í go raibh neart cruach thrifhillte inti. Ach an ní ab áille uile go léir an bhuachloch mhór gheal a fuair na habhaic faoi fhréamhacha an tSléibhe, Croí an tSléibhe féin, Lómharchloch Thráin.

“An Lómharchloch! An Lómharchloch!” arsa Tóirín de mhon-abhar sa dorchadas, é leath ag brionglóideach lena smig ar a dhá ghlúin. “Ba gheall í le cruinne a raibh míle grua uirthi; lonraíodh sí mar airgead i solas na tine, amhail uisce faoin ngrian, amhail sneachta faoi na réaltaí, amhail báisteach ar an ngealach!”

Ach níor fhan dúil ar bith sa taisce ag Biolbó féin. Ní raibh sé ach ag leathéisteacht leo fad is a bhí siad ag caint. Eisean ba ghiorra don doras díobh agus bhí cluas air ag fanacht le fuaim dá laige amuigh, agus bhí a leathchluas eile ag faire amach do mhacallaí lastall de na habhaic, don leid ba lú de ghluaiseacht sa doimhneacht thíos.

Chuaigh an dorchadas i nduibhe agus mhéadaigh in aghaidh an nóiméid ar an imní a bhí air. “Dúnaigí an doras!” a dúirt sé ag impi orthu. “Tá faitíos go smíor ionam roimh an dragan úd. Is lú i bhfad

a thaitníonn an ciúnas seo liom ná callán na hoíche aréir. Dúnaigí an doras sula mbeidh sé ródhéanach!”

Bhí rud éigin ina ghlór a chuir míshuaimhneas ar na habhaic. Go mall réidh chuir Tóirín a bhrionglóidí de. D’éirigh sé ina sheasamh agus chiceáil sé as a háit an chloch a bhí ina ding sa doras. Bhrúigh siad in aghaidh na comhla ansin agus dhún sí le snap agus le cling. Níor fágadh rian dá laghad de pholl na heochrach ar a taobh istigh. Bhí siad dúnta isteach sa Sliabh!

Má ba mhall ba mhithid. Níor thúisce a chuaigh siad beagán síos an tollán ná bhuaile buille taobh an tSleibhe a bhí cosúil le buille ó reithí cogaidh déanta de chrainn darach agus arna luascadh ag fathaigh. Tháinig macalla toll ón gcarraig, scoilt na ballaí agus thit clocha den díon ar a gceann. Níor mhaith liom a shamhlú céard a bhainfeadh dóibh dá mbeadh an doras fós ar oscailt. Theith siad ní b’fhaide síos an tollán agus áthas orthu go raibh siad fós beo, fad is a chuala siad lasmuigh búireach agus tormáil Smóg ina fhraoch feirge. Bhí sé ag briseadh clocha móra ina smionagar, ag bascadh idir bhalla agus aill le lúbadh a eireabaill ollmhóir, go dtí go ndeachaigh a bplásóg ard champála, an féar ruadhóite, cloch an smólaigh, ballaí na seilidí, an laftán caol, go ndeachaigh siad uile go léir as faoi thranglam spallaí, agus thit maidhm thalún de smidiríní cloiche thar imeall na haille ar an ngleann thíos.

Bhí Smóg tar éis téaltú as a uachais go fáilí, d’éirigh sé san aer go ciúin, agus tháinig anuas ag foluain go mall trom sa dorchadas mar a bheadh préachán ollmhór uamhnach, síos an ghaoth laistiar den Sliabh, ag súil go mbéarfadh sé i ngan fhios ar rud nó ar dhuine ann agus go bhféadfadh sé spiaireacht a dhéanamh ar oscailt an phasáiste a d’úsáid an gadaí. Ba é sin pléascadh a chuthaigh feirge nuair nach bhfuair sé duine ar bith agus nach bhfaca sé tada, fiú amháin san áit ar thomhais sé a gcaithfeadh an oscailt a bheith.

Nuair a bhí sé tar éis a chuid feirge a ligean de mar sin, mhothaigh sé ní b’fhearr agus shíl sé ina chroí nach mbeadh aon trioblóid eile ón taobh sin aige. Idir an dá linn bhí díoltas eile le glacadh aige. “Marcach an Bhairille!” a dúirt sé go grusach drochmheasúil. “Tháinig do chosa ó thaobh an uisce agus aníos an t-uisce a tháinig tú gan aon amhras. Ní aithním do bholadh, agus mura duine de Mhuintir an Locha thú, fuair tú cúnamh uathu. Feicfidh siad mé agus cuimhneoidh siad cé hé an Rí faoin Sliabh ceart!”

D’éirigh sé i lár lasracha agus d’imigh ó dheas i dtreo na hAbhann Reathaí.

Caibidil XIII

As Baile

Idir an dá linn d'fhan na habhaic ina suí sa dorchadas agus thit ciúnas iomlán ina dtimpeall. Is beag a d'ithidís, is beag a labhraidís. Ní raibh siad in ann imeacht na haimsire a chomhaireamh agus bhí eagla orthu corraí, óir dhéanadh a gcogarnaíl íseal macallaí ar fud an tolláin. Dá dtitfidís ina gcodladh tamall, dhúisidís sa dorchadas agus sa chiúnas dochríste síoraí. Sa deireadh tar éis a bheith ag fanacht ar feadh laethanta, mar a chonacthas dóibh, nuair a bhí siad á dtachtadh agus á mearú de cheal air, ní fhéadfaidís é a sheasamh ní b'fhaide. Is beag nach gcuirfidís fáilte roimh fhuaimneanna aníos á chur in iúl gur fhill an dragan. Sa chiúnas bhí faitíos orthu go ndéanfadh sé diabhlaíocht nua éigin, ach níor fhéad siad fanacht ansin ina suí go deo na ndeoir.

Ba é Tóirín a labhair: “Bainimis triail as an doras!” a dúirt sé. “Ní mór dom an ghaoth a aireachtáil ar m'éadan go luath nó gheobhaidh mé bás. Ceapaim gurbh fhearr liom go ndéanfadh Smóg mionbhruar díom amuigh faoin spéir ná plúchadh de cheal air istigh anseo!” Mar sin d'éirigh roinnt de na habhaic agus phóirseáil siad ar ais go dtí an áit a raibh an doras roimhe sin. Ach fuair siad gur briseadh ceann uachtarach an tolláin ar fad agus go raibh an tslí blocáilte le clocha briste. Ní osclódh draíocht ná an eochair a bhí faoina cumhacht an doras sin arís.

“Táimid sáinnithe!” a dúirt siad de chneed. “Seo é an deireadh. Caillfear anseo sinn.”

Ach ar bhealach éigin, nuair ba mhó éadóchas na n-abhac, mhothaigh Biolbó ardú aisteach meanman, amhail is gur baineadh meáchan trom amach faoina veist.

“Seo anois!” a dúirt sé. “Fad is atáimid beo, tá dóchas ann!” mar a deireadh m'athair, agus ‘Íocann an tríú huair astu uile.’ Táimse ag dul síos an tollán uair amháin eile. Bhí mé ann faoi dhó, nuair a bhí a fhios agam go raibh dragan ag an gceann eile, mar sin rachaidh mé sa tseans nuair nach bhfuilim cinnte a thuilleadh. Ar aon chuma

níl aon bhealach amach ann ach síos. Agus an uair seo is dóigh liom gur ceart daoibh uile teacht in éineacht liom.”

Bhí siad sásta teacht leis le teann éadóchais, agus ba é Tóirín ba thúisce a chuaigh chun tosaigh taobh le Biolbó.

“Anois bigí go han-fhaichilleach,” arsa an hobad de chogar, “agus bigí chomh ciúin agus is féidir libh! B’fhéidir nach bhfuil aon Smóg thíos ann, ach b’fhéidir arís go bhfuil. Ná cuirimis muid féin i gcontúir gan riachtanas!”

Chuaigh siad síos, síos. Ar ndóigh ní raibh na habhaic in-chomórtais leis an hobad le fáilíocht. Bhídís ag plobaireacht agus ag tarraingt a gcos, fuaimeanna a mhéadaíodh na macallái go scanrúil; agus cé go stopadh Biolbó go heaglach anois agus arís le héisteacht, ní raibh fuaim dá laghad le cloisteáil thíos. In aice leis an mbun, chomh maith agus a bhí sé in ann an bun a mheas, chuir Biolbó an fáinne ar a mhéar agus chuaigh ar aghaidh. Ach ní raibh an fáinne uaidh: bhí dorchadas iomlán ann, agus bhí siad uile dofheicthe leis an bhfáinne nó dá uireasa. Déanta na firinne bhí sé chomh dorchá gur tháinig an hobad chuig an oscailt gan choinne, shín a lámh amach ar an aer, thuisligh chun tosaigh, agus thit ar mhullach a chinn isteach sa halla!

Luigh sé ansin béal faoi ar an urlár agus ní raibh de mhisneach ann éirí, nó análú ach ar éigean. Ach níor chorraigh tada. Ní raibh aon gha solais ann—cé is moite de dhrithle lag thláith, mar a cheap sé nuair a d’ardaigh sé a cheann go mall sa deireadh, os a chionn i bhfad uaidh sa dorchadas. Is cinnte nach splanc de thine dhragain a bhí ann, cé go raibh drochbholadh na péiste go trom san áit, agus bhí blas na gaile ar theanga Bhiolbó.

Sa deireadh thiar ní raibh an Baigíneach in ann é a fhulaingt ní b’fhaide. “Mallacht ort, a Smóg, a phéist!” a dúirt sé os ard de bhíog. “Éirigh as an bhfolach fíog! Tabhair solas dom, agus ith ansin mé, má thig leat breith orm!”

Rith macallái laga timpeall an halla nach raibh radharc aige air ach ní bhfuair sé freagra ar bith.

D’éirigh Biolbó ar a chosa agus fuair amach nach raibh a fhios aige cén tslí ar chóir dó casadh.

“Meas tú cén cluiche atá Smóg a imirt?” arsa Biolbó. “Níl sé sa bhaile inniu (nó anocht, nó cibé uair den lá atá ann), feictear dom. Mura bhfuil a mboscaí spoine cailte ag Óin agus Glóin, b’fhéidir go mbeimis in ann beagán solas a dhéanamh agus breathnú timpeall sula n-iompóidh ár ndea-fhortún.”

“Solas!” a dúirt sé de ghla. “An féidir le haon duine agaibh solas a dhéanamh?”

Ar ndóigh bhí an-imní ar na habhaic nuair a thit Biolbó de phlimp ar an gcéim isteach sa halla, agus d'fhan siad ina suí go cuachta san áit ar fhág sé iad ag ceann íochtarach an tolláin.

"Fuist, fuist!" a dúirt siad go siosach nuair a chuala siad a ghuth; agus cé gur chabhraigh sé sin le Biolbó oibriú amach cá raibh siad, chuaigh tamall maith thart sular fhéad sé focal ar bith eile a bhaint astu. Ach sa deireadh, nuair is amhlaidh a thosaigh Biolbó ag greadadh a chos ar an urlár agus ag screadail "solas!" in ard a ghutha ghéir, ghéill Tóirín, agus cuireadh Óin agus Glóin ar ais suas chuig a mbearta ag uachtar an tolláin.

Tar éis tamaill thaispeáin loinnir dhrithleach ag filleadh iad. Bhí tóirse beag giúise lasta ina lámh ag Óin agus bhí tuilleadh tóirsí ina mbeart faoina ascaill ag Glóin. Leis sin chuaigh Biolbó de shodar chuig an doras agus thóg sé an tóirse, ach níor fhéad sé cur ina luí ar na habhaic na tóirsí eile a lasadh nó le teacht chuige go fóill. Mar a mhínigh Tóirín go haireach, ba é an Baigíneach a mbuirgléir áitithe agus a gcuardaitheoir oifigiúil i gcónaí. Dá dteastódh uaidh dul sa tseans le solas, is faoi féin a bhí sé sin. D'fhanfaidís sa tollán lena thuarascáil. Shuigh siad in aice leis an doras mar sin agus d'fhéach siad air.

Chonaic siad cruth beag dorchá an hobaid ag tosú ar shiúl trasna an urláir, a sholas beag bídeach á choinneáil suas aige. Gach re seal, fad is a bhí sé cóngarach a dhóthain dóibh, d'fheicidís drithle agus chloisidís cling mar a thuisliodh sé ar rud órga éigin. Chuaigh an solas i laghad de réir mar a d'imigh sé leis isteach sa halla ollmhór; ansin thosaigh sé ag éirí, ag damhsa san aer. Bhí Biolbó ag dreapadh suas carn mór na taisce. Níorbh fhada go raibh sé ina sheasamh ar an mullach, agus lean sé ar aghaidh i gcónaí. Chonaic siad é ag stopadh agus ag cromadh ar feadh nóiméid, ach ní raibh a fhios acu cén fáth.

Ba í an Lómharchloch í, Croi an tSléibhe. Thomhais Biolbó é sin ón tuairisc a thug Tóirín, ach is cinnte nach bhféadfadh dhá bhuachloch den chineál sin a bheith ann, fiú sa taisce éachtach sin, nó ar an saol ar fad féin. I gcónaí agus é ag dreapadh dhealraíodh an drithle gheal chéanna sin roimhe amach agus ag tarraingt a chos chuici. Mhéadaigh sí go mall go ndearna sí cruinne bheag de sholas báiteach. De réir mar a dhruideadh sé léi um an dtaca sin, chonaic sé go raibh imir de dhrithle eiteallach ildaite ar a dromchla, á fhrithchaitheamh agus á scoilt ó sholas preabach a thóirse. Sa deireadh bhí sé ag breathnú síos uirthi, agus bhuail tocht é. Bhí an bhuachloch mhór ag lonrú ag a chosa lena solas inmheánach féin, ach ghlacadh an Lómharchloch mar sin féin a bhí arna gearradh agus arna múnú

ag na habhaic, a thochail aníos as croí an tsléibhe fadó fadó í, ghlacadh sí a dtiteadh de sholas uirthi agus d'athraíodh sí sin go deich míle drithle de niamhracht gheal, a mbíodh imireacha an bhogha ceatha arna meascadh tríthi.

Leis sin chuaigh géag láimhe Bhiolbó chuici amhail is dá mbeadh an lámh á mealladh ag an draíocht a bhí sa chloch. Ní dhúnfadh a lámh bheag ina timpeall, mar is mór trom an bhuachloch a bhí inti; ach d'ardaigh sé í, dhún a dhá shúil agus chuir isteach sa phóca ba doimhne dá raibh aige.

“Is buirgléir anois mé go firinneach!” a dúirt sé leis féin. “Ach is dócha gur gá dom insint do na habhaic faoi—am éigin. Dúirt siad go raibh cead agam rogha agus togha a dhéanamh ar mo chuid féin; agus is dóigh liom, dá dtogfaidís siúd gach uile rud eile, gurb é seo a roghnóinn!” Mar sin féin bhí míshuaimhneas air ag ceapadh nach raibh an bhuachloch éachtach sin i gceist dáiríre nuair a labhraíodh leis faoina chuid féin a roghnú. Bhí faitíos air go dtarraingeodh sí tubaiste air go fóill.

Lean sé lena shiúl ansin. Chuaigh sé síos fána an chairn mhóir ar an taobh thall agus d'imigh drithle an tóirse as amharc na n-abhac a bhí ag faire air. Ach níorbh fhada go bhfaca siad i bhfad uathu arís é. Bhí Biolbó ag dul trasna an urláir.

Chuaigh sé ar aghaidh go dtí gur tháinig sé chuig na doirse móra ar an taobh thall. D'fhuraigh séideán gaoithe a éadan ansin ach is beag nár mhúch sé a sholas freisin. D'fhéach Biolbó tríd an doras go faiteach agus fuair sé spléachadh ar phasáistí móra agus ar bhun doiléir céimeanna ag dul suas sa dorchadas. Agus fós ní raibh rian ar bith de Smóg le feiceáil ná fuaim le cloisteáil. Bhí Biolbó ar tí casadh le filleadh, nuair a luasc cruth dubh anuas chuige agus a theagmhaigh lena leiceann. Baineadh geit as Biolbó, lig sé glao caol, thuisligh sé in aghaidh a chúil agus thit ar an urlár. Thit a thóirse ar a cheann lasta agus mhúch sé!

“Ní raibh ann ach ialtóg is dócha—tá súil agam!” a dúirt sé go truamhéalach. “Ach cad is ceart dom a dhéanamh anois? Cá bhfuil soir, siar, ó thuaidh nó ó dheas?”

“A Thóirín! A Bháilín! A Óin! A Ghlóin! A Fhílí! A Khílí!” a dúirt sé den liú ab airde dá raibh ar a chumas—is fuaim bheag chaol a bhí ann, dar leis, i leithne na duibhe. “Mhúch an solas orm! Tagadh duine éigin le mé a aimsiú agus le cabhair a thabhairt dom.” Theip ar fad ar a mhisneach um an dtaca sin.

Chuala na habhaic a ghlaonna go lag i bhfad uathu, ach níor thuig siad ach an focal “Cabhair!”

“Anois cad faoin spéir—nó cad faoin talamh—a bhain dó?” arsa Tóirín. “Is cinnte nach é an dragan atá ann, nó ní leanfadh sé air ag bíogáil.”

D’fhan siad nóiméad nó dhó agus fós níor tháinig fuaim dragain ar bith chucu. Déanta na firinne, níor tháinig fuaim ar bith cé is moite de ghlór Bhiolbó i bhfad i gcéin. “Gabh i leith, duine amháin agaibh, faigh solas nó dhó eile!” arsa Tóirín mar ordú. “Is dócha gur gá dúinn dul le cúnamh a thabhairt dár mbuirgléir.”

“Is dócha gur mithid dúinne cúnamh a thabhairt dósan,” arsa Báilín, “agus táimse go breá sásta dul ann. Ar aon chuma dealraíonn sé nach bhfuil contúirt ar bith ann faoi láthair.”

Las Glóin roinnt tóirsí eile agus ansin shleamhnaigh siad uile amach, ina nduine is ina nduine, agus chuaigh siad ar feadh an bhalla chomh dithneasach agus ab fhéidir leo. Níorbh fhada gur bhuail siad le Biolbó féin ag teacht ar ais ina dtreo. Tháinig sé chuige féin go tapa a thúisce is a chonaic sé a dtóirsí ag drithliú.

“Ní raibh ann ach ialtóg agus tóirse a thit uaim, tada níos measa ná sin!” a dúirt siad nuair a d’fhiafraigh siad cad ba chearr. Bhí an-fhaoiseamh orthu, ach bhí siad ábhairín crosta gur scanraigh sé gan údar iad; ach cad a déarfaidís leis, dá n-inseodh sé faoin Lómhar-chloch dóibh, sin rud nach bhfuil a fhios agam. An spléachadh reatha a fuair siad ar an taisce agus iad ag dul thart, bhí sé tar éis an dúil lasánta a athadhaint i gcroíthe na n-abhac; nuair a dhúisíonn ór agus seoda croí an abhaic, fiú san abhac is measúla amuigh, téann sé i gcrógacht ar an bpointe, agus i bhfíochmhaire uaireanta.

Go deimhin ní raibh aon spreagadh de dhíth ar na habhaic feasta. Bhí fonn orthu uile an halla a iniúchadh fad is a bheadh an seans acu, agus bhí siad sásta talamh slán a dhéanamh go raibh Smóg as baile i láthair um an dtaca sin ar aon dath. Rug gach abhac acu ar thóirse lasta agus de réir mar a stánaidís ar an taobh deis agus ansin ar an taobh eile, d’imigh a n-eagla agus a n-aireachas uathu. Labhraidís os ard agus ghlaoidís ar a chéile fad is a thógaidís sean-seoda den charn nó den bhalla chun iad a choinneáil faoin solas nó a mhuirniú.

Is beag nach raibh meidhir ar Fhílí agus ar Khílí agus nuair a fuair siad a lán cláirseach óir le sreanga airgid ar crochadh ann, bhain siad anuas iad agus bhuail iad. Ó tharla gur cláirseacha draíochta a bhí iontu (agus ós rud é nár bhain an dragan leo, mar ba bheag a spéis sa cheol) bhí siad i ngléas i gcónaí. Líon fonn ceoil an halla dorcha, ionad a raibh tost ann ar feadh na gcianta. Ach ba phraiticiúla formhór na n-abhac; bhailidís buachlocha agus shacaidís isteach ina bpócaí iad, ag ligean osna, nuair a thiteadh cinn nach bhféadfaidís

a iompar trína méara. Níorbh é Tóirín an duine acu ba lú a dhéanadh a leithéid; ach chuardaíodh sé ó thaobh go taobh rud nach n-aimsíodh sé. Ba é sin an Lómharchloch; ach níor labhair sé fós le haon duine fúithi.

Ansin bhain na habhaic na cathéidí máilleacha agus na hairm de na ballaí, agus chuaigh siad faoi arm iontu. Is fíor-ríoga an chuma a bhí ar Thóirín gléasta i gcathéide d'fháinní óraithe, tua an chrainn airgid ina lámh agus beilt breactha le clocha glédhearga faoina choim.

“A Bhaigínigh Uasail!” a dúirt sé de ghlaio. “Seo duit an chéad ghála de do thuarastal. Bain díot do sheanchóta agus cuir é seo ort!”

Leis sin chuir sé ar Bhiolbó cathéide bheag mháilleach, a rinneadh fadó le haghaidh prionsa óg de chuid na n-ealbh. Ba de chruach airgid a bhí sé déanta, a dtugann na heilbh *mithril* air, agus bhí beilt phéarlaí agus chriostal ag dul léi. Cuireadh clogad ar cheann an hobaid, clogad éadrom de leathar múnlaith arna neartú thíos le fonsaí cruach agus arna bhreacadh timpeall a chiumhaise le buachlocha geala.

“Airím go galánta,” arsa seisean leis féin, “ach is dócha gur áiféiseach an chuma atá orm. Dhéanfaidís gáire fúm ar an gCnoc sa bhaile! Mar sin féin is trua nach bhfuil scáthán agam anseo!”

Ina dhiaidh sin féin is fearr mar a d'éirigh leis an mBaigíneach a intinn a choinneáil glan ó dhraíocht na taisce ná mar a d'éirigh leis na habhaic. I bhfad sular thuirisigh na habhaic de scrúdú na seod, bhí seisean bréan de. Shuigh sé síos ar an urlár, agus thosaigh sé ag fiafraí de féin cén chríoch a bheadh ar an scéal uile. “Thabharfainnse mórán de na cupáin luachmhara seo,” ar seisean leis féin, “ar dheoch mheidhreach éigin as ceann de bhabhlaí adhmaid Bhéorn!”

“A Thóirín!” a dúirt Biolbó de ghlaio. “Céard é an chéad rud eile? Tá airm againn ach cén mhaith cathéide ar bith in aghaidh Smóg Uamhnaigh? Níor ghlacamar athsheilbh ar an stór fós. Ní ag tóraíocht óir atáimid ach bealach éalaithe; agus is rófhada atáimid ag tabhairt dúshláin an dea-fhortúin anseo!”

“Is í an fhírinne a deir tú,” arsa Tóirín á fhreagairt, ag teacht chuige féin. “Imimis as seo! Treoróidh mise thú. Ní dhéanfadh mé dearmaid ar chosáin na háite seo dá mairfinn míle bliain.” Leis sin ghlaioigh sé ar na habhaic eile agus bhailigh siad le chéile. Chuaigh siad trí na doirse leata agus a dtóirsi á gcoinneáil in airde thar a gceann acu gan féachaint go tnúthánach siar mórán.

Bhí a gcathéidí lonracha clúdaithe arís acu faoina seanchlócaí agus a gclogaid ghlé faoina gcochaill ghioblacha, agus lean siad Tóirín

ina nduine is ina nduine, líne de shoilse beaga sa dorchadas a stopadh go minic, mar bhídís ag éisteacht go géar go gcloisfidís aon fhuaim de theacht an dragain.

Cé go raibh na seanmhaisiúcháin feoite nó scriosta, agus cé go raibh gach rud arna shalú agus arna bhascadh de bharr teacht agus imeacht an arrachtaigh, bhí eolas ag Tóirín ar gach pasáiste agus ar gach casadh. Dhreap siad staighrí fada, chas siad agus chuaigh síos bealaí leathana lán le macallai, chas siad arís agus dhreap tuilleadh staighrí arís. Ba mhín na céimeanna iad, arna ngearradh amach as an gcloch bheo go leathan agus go hálainn. Suas, suas a chuaigh na habhaic, agus níor casadh aon rian de neach beo orthu, ach scáth-anna slítheánta a theitheadh uathu ag cleitearnach sna séideáin nuair a thagadh a dtóirsí ina dtreo.

Ní do chosa hobaid a rinneadh na céimeanna, áfach, agus thosaigh Biolbó ag ceapadh nach bhféadfadh sé féin aon choiscéim eile a thabhairt, nuair a léim an díon suas go tobann, i bhfad ró-ard do sholas a dtóirsí. Chonacthas loinnir lag gheal ag teacht anuas ó oscailt éigin i bhfad os a gcionn, agus ba mhilse an boladh a bhí ar an aer ina dtimpeall. Os a gcomhair amach bhí solas éiginnte ag teacht isteach trí na doirse móra lúbtha a bhí ar crochadh go casta ar na hinsí leathdhóite.

“Seo é halla mór Thróir,” arsa Tóirín, “halla mór féasta agus comhairle. Ní i bhfad uainn anois atá an Priomh-Gheata.”

Chuaigh siad tríd an halla scriosta. Bhí boird arna lobhadh ann; bhí cathaoireacha agus binsí ina luí ar a dtaobh, iad loiscthe lofa. Bhí cloigne marbha is cnámha ina luí ar an urlár idir giústaí, babhlai, cupáin bhriste agus deannach. Nuair a chuaigh siad trí dhoirse eile ag an gceann thall, tháinig fuaime uisce chuig a gcluasa agus mhéadaigh ar an solas liath go tobann.

“Sin é tosú na hAbhann Reathaí,” arsa Tóirín. “Ritheann sí go mear as seo chuig an nGeata. Leanaimis í!”

Bhí uisce coipeach ag stealladh amach as béal dorchas i mballa cloiche, agus ritheadh sé ag cuilítheáil i gclais chúng, a bhí arna greanadh is arna díriú sa tseanaimsir le lámha cliste. Bhí bóthar pábháilte ag rith le taobh an tsrutháin, é leathan a dhóthain do mhórán fear gualainn le gualainn. Chuaigh siad go mear ar an mbóthar sin agus thar chasadh leathan scuabach—agus féach, os a gcomhair amach bhí solas geal an lae. Bhí áirse ard rompu, rian na seansnoidóireachta le feiceáil ar an taobh istigh di, cé go raibh sí caite scoilte dóite. Bhí an ghrian cheomhar ag cur a solas tláith idir dhá sciathán an tSléibhe, agus bhí gathanna órga ag titim ar an bpábháil ag an doras.

Scanraigh deatach a dtóirsí scaoth ialtóg as a suan agus d'éitil siúd os a gcionn de réir mar a rith siad chun tosaigh, a gcosa ag sleamhnú ar na leacacha a bhí arna míniú agus arna smeartha trí theacht agus imeacht an dragain. Os a gcomhair ansin bhí an t-uisce ag titim go torannach amach agus ag coipeadh ar a bhealach go dtí an gleann. Chaith na habhaic a dtóirsí laga ar an talamh agus d'fhan ann ag féachaint amach agus iad dallta ag an solas. Bhí siad tagtha chuig an bPríomh-Gheata, agus bhí siad ag féachaint anuas ar an Srath.

“Bhuel!” arsa Biolbó. “Níor cheap mé riamh go mbeinnse ag breathnú amach tríd an doras. Agus níor cheap mé go mbeadh an oiread sin sásaimh orm an ghrian a fheiceáil arís agus an ghaoth a aireachtáil ar m'aghaidh. Ach—och! Nach fuar atá an ghaoth chéanna!”

B'fhíor dó. Bhí gaoth nimhneach ag séideadh anoir agus bhí bagairt theacht an gheimhridh inti. Théadh sí ag guairneáil thar sciatháin an tSléibhe agus ina dtimpeall isteach sa ghleann, agus dhéanadh sí scabhrán idir na carraigeacha. Tar éis an oiread sin ama i ndoimhneacht bhruite uaimheanna an dragain, bhí siad ar crith faoin solas na gréine.

Leis sin thug Biolbó faoi deara nach amháin go raibh an-tuirse air ach go raibh an-ocras air freisin. “Tá an chosúlacht air an scéal gurb é an t-eadra atá ann,” a dúirt sé, “agus is dócha gurb é sin am bricfeasta—má tá bricfeasta ar bith ar fáil. Ach feictear dom nach í tairseach tosaigh Smóg an áit is sábháilte le haghaidh béile. Téimis áit éigin eile ar féidir linn suí go ciúin go ceann píosa.”

“An-cheart!” arsa Báilín. “Agus is dóigh liomsa go bhfuil a fhios agamsa cén tslí ar chóir dúinn dul: ba chóir dúinn déanamh ar an seanionad faire ag an gcúinne thiar theas den tSliabh.”

“Cén t-achar é sin uainn?” arsa an hobad.

“Siúl cúig uair an chloig, déarfainn. Beidh sé sách garbh. Dealraíonn sé go bhfuil an bóthar ón nGeata ar feadh imeall clé an tsrutháin briste uile. Ach breathnaígi síos ansin. Lúbann an abhainn go tobann soir thar an Srath os comhair an bhaile scriosta. Bhí droichead ann tráth a théadh chuig céimeanna rite suas an bruach deas, agus mar sin ar aghaidh go dtí bóthar a théadh go Cnoc na bhFiach. Tá (nó bhí) cosán a d'fhágadh an bóthar agus a théadh suas chuig an ionad faire. Ba chrua an dreapadh freisin é, fiú má tá na seanchéimeanna ann i gcónaí.”

“A thiarcais!” arsa an hobaid go banránach. “Tuilleadh siúil agus tuilleadh dreapadóireachta in uireasa bricfeasta! Meas tú cá mhéad bricfeasta agus cá mhéad béile eile a chailleamar istigh sa pholl salach úd, gan chlog gan am?”

Déanta na firinne d'imigh dhá oíche agus lá amháin eatarthu (agus ní gan bhia ar fad ar fad) ó scrios an dragan an doras draíochta, ach cuireadh Biolbó thar a chuntas, agus d'fhéadfadh sé gur oíche amháin nó seachtain iomlán d'oícheanta a d'imigh thart, chomh fada is ab eol dó féin.

"Seo, seo!" arsa Tóirín trína gháire—tháinig croí dó arís, agus bhain sé gliogar as na buachlocha ina phócaí. "Ná tabhair poll salach ar mo phálás-sa! Fan go ndéanfar é a athphéinteáil agus a athmhaisiú!"

"Ní tharlóidh sin go mbeidh Smóg marbh," arsa Biolbó go gruama. "Idir an dá linn cá bhfuil sé? Thabharfainn bricfeasta maith le fios a bheith agam. Tá súil agam nach ar mhullach an tSléibhe atá sé ag breathnú anuas orainn!"

Chuir an smaoineamh sin an-imní go deo ar na habhaic, agus shocraigh siad go tapa go raibh an ceart ag Biolbó agus ag Báilín.

"Caithfidimid imeacht as seo," arsa Dóirí. "Airímse amhail is dá mbeadh súile Smóg ar chúl mo chinn."

"Is fuar uaigneach an áit é," arsa Bombúr. "Tá deoch ann, ach ní fheicim rian ar bith de rud le n-ithe ann. Bheadh ocras i gcónaí ar dhragan ina leithéid seo d'áit."

"Téanam oraibh! Téanam oraibh!" arsa an chuid eile. "Leanaimis cosán Bháilín!"

Ní raibh cosán ar bith ar dheis faoin mballa cloiche, mar sin chrágáil siad ar aghaidh i measc na gcloch ar bhrúach clé na habhann, agus níorbh fháda gur bhain an t-uaigneas agus an léirscrios an fosc de Thóirín féin. Nuair a shroich siad an droichead ar labhair Báilín faoi, fuair siad tite as a chéile le fada é. Ní raibh sna clocha a bhí sa droichead ach bolláin sa sruthán glórach éadomhain, ach d'éirigh leo siúl trasna an tsrutháin ansin gan mórán dua. Tháinig siad ar na céimeanna ársa, agus dhreap an bruach ard. Tar éis dul achar gearr bhuail siad leis an seanbhothar, agus sul i bhfad shroich siad gleanntán domhain faoi dhídean na gcarraigeacha; ghlac siad sos ann tamall agus bhí an oiread de bhricfeasta agus ab fhéidir leo, *cram* agus uisce den chuid is mó. (Má tá sibh ag iarraidh cloisteáil cad is *cram* ann, ní déarfadh mé ach seo: níl a fhios agam conas a dhéantar é, ach cuma briosca atá air, ní thagann lobhadh air go deo, deirtear go bhfuil an-chothú ann, agus is cinnte nach ró-iontach an bia é, go deimhin tá sé thar a bheith leamh ach amháin mar ábhar coganta. Ba iad Muintir an Locha a cheap é agus is le haghaidh turas fada a dhéanadís é.)

Ina dhiaidh sin chuir siad chun bóthair arís; chas an bóthar siar ansin agus d'fhág an abhainn ina ndiaidh, agus bhí sáil dheisceartach an tSléibhe lena dhroim mór de shíor ag druidim leo. Shroich siad an cosán crochta sa deireadh. Chuaigh sé suas go géar agus lean siad a chéile ina nduine is ina nduine, go dtí sa deireadh faoin ardráthnóna gur tháinig siad chuig mullach na heascair agus chonaic siad an ghrian gheimhreacha ag ísiú siar.

Fuair siad áit chothrom ansin gan balla ar na trí thaobh, ach ar a chúl ó thuaidh bhí éadan cloiche agus oscailt mar a bheadh doras ann. Bhí radharc fairsing ón doras céanna soir, ó dheas agus siar.

“Choinnímis fairtheoirí anseo,” arsa Báilín, “sna seanlaethanta, agus treoraíonn an doras úd ar ár gcúl isteach i seomra gearrtha as an gcarraig amhail seomra do na gardaí. Bhíodh a leithéidí in áiteanna éagsúla timpeall an tSléibhe. Ach ba bheag an gá a bhí le faire i laethanta ár rathúnais, agus bhíodh saol na ngardaí ró-chompordach, b'fhéidir—nó seans go bhfaighimis rabhadh ní ba thúisce faoi theacht an dragain, agus b'éagsúil ansin a thitfeadh cúrsaí amach. Mar sin féin, is féidir linn luí anseo tamall faoi cheilt agus ar foscadh, agus feicfidimid mórán ach ní fheicfear sinne.”

“Is beag maith é sin, má chonacthas ag teacht anseo sinn,” arsa Dóirí, a bhíodh de shíor ag féachaint suas go mullach an tSléibhe, amhail is dá gcreidfeadh sé go bhfeicfeadh sé Smóg ina shuí ann mar a bheadh éan ar spuaic.

“Ní mór dúinn dul sa tseans faoi sin,” arsa Tóirín. “Ní féidir linn dul níos faide inniu.”

“Abair é!” arsa Biolbó de ghlaio, agus chaith sé é féin ar an talamh.

Bheadh spás ann sa seomra carraige do chéad duine, agus bhí seomra beag ní ba dhoimhne isteach agus ní b'fhaide ón bhfuacht amuigh. Bhí sé tréigthe ar fad; is dócha nár bhain ainmhithe fiáine féin aon fheidhm as i laethanta fhorlámhas Smóg. Chuir siad a n-ualach díobh ansin; chaith cuid díobh iad féin síos láithreach agus thit ina gcodladh, ach shuigh cuid eile in aice leis an doras seachtrach agus phléigh siad a bpleananna. Thagaidís ar ais i gcónaí ina gcuid cainte chuig an aon phointe amháin: cá raibh Smóg? D'fhéach siad siar agus ní fhaca siad tada, soir agus ní fhaca siad tada, agus ní raibh rian ar bith den dragan le feiceáil ó dheas, ach bhí bailiú ann den iliomad éan. Stán siad air sin le teann iontais; ach ní raibh siad aon phioc níos giorra don mhíniú, nuair a chonacthas na chéad réaltaí fuara sa spéir.

Tine agus Uisce

Anois, má theastaíonn uaibhse, mar a theastaigh ó na habhaic, nuacht a chloisteáil faoi Smóg, ní mór dul siar chuig an tráthnóna úd ar bhris sé an doras agus ar eil leis ar báiní, dhá lá roimhe.

Is istigh ina dtithe a bhí formhór de lucht Esgaroth, baile an locha, óir is ón aird dhubh thoir a bhí an ghaoth fheanntach, agus bhí cuid acu ag siúl ar na céanna agus ag faire, mar a thaitníodh leo, ar scáilí na réaltaí ag soilsíú ó phaistí míne an locha de réir mar a thagaidís amach sa spéir. Bhí na cnoic ísle ag ceann thall an locha ina bhfál idir fhormhór an bhaile agus an Sliabh Uaigneach, agus ritheadh an Abhainn Reathach aduaidh trí bhearna iontu isteach sa loch. Ní raibh le feiceáil ón mbaile ach an mullach ard nuair a bhíodh an aimsir go breá. Is go hannamh a bhreathnaíodh muintir an bhaile ar an Sliabh mar ba ghruama bagrach a dhreach fiú i solas geal na maidine. Bhí sé imithe as amharc ar fad um an dtaca sin, dofheicthe sa dorchadas.

Leis sin tháinig an Sliabh ar ais ina radharc de phreab lasrach; chonacthas go gairid faoi loinnir é agus d'imigh as arís.

"Féach!" arsa duine. "Na soilse arís! Chonaic na fairtheoirí aréir iad ag lasadh agus ag dul in éag ón meán oíche go briseadh an lae. Tá rud éigin ar bun ansiúd thuas."

"B'fhéidir gur ag gaibhniú óir atá an Rí faoin Sliabh," arsa duine eile. "Is fada ó chuaigh sé ó thuaidh. Is mithid go bhfiorófar na hamhráin arís."

"Cén rí?" arsa duine eile de ghuth dúr. "Níos dóichí ná a mhalairt is iad lasracha an dragain i mbun seilge iad. Is é sin an t-aon rí faoin Sliabh a bhfuil aithne againn air."

"Bíonn nithe gruama á dtuar agatsa i gcónaí!" arsa na daoine eile. "Is cuma cé acu tuilte nó nimhiú an éisc a bhíonn i gceist. Smaoinigh ar rud suairc éigin!"

Leis sin chonacthas solas mór san ísleán idir na cnoic agus tháinig dath órga ar cheann tuaisceartach an locha. "An Rí faoin Sliabh!" a dúirt siad de liú. "Mar an ghrian a shaibhreas mór, a chuid airgid

is tobar é, ritheann a aibhneacha le hór!’ Tá an abhainn ag rith ón Sliabh ina hór!’ a dúirt siad de scairt, agus bhí fuinneoga á n-oscailt gach uile áit agus cosa ag deifriú.

Ba rímhór an chorraíl agus an díocas a bhí ann arís. Ach chuaigh giolla an ghutha dhúir go dithneasach chuig an Máistir. “Tá an dragan ag teacht nó is amadán mise!” arsa seisean go hard. “Leagaigí na droichid. Faoi airm! Faoi airm!”

Leis sin séideadh stoic rabhaidh, agus rinne an fhuaim macalla ar feadh na duirlinge. Chuaigh na gártha áthais i léig agus rinne scéin den mheidhir. Ní gan ullmhúchán ar bith a tháinig an dragan orthu mar sin.

Bhí luas an dragain chomh mór, gur fhéad siad é a fheiceáil amhail splanc tine ag sciurdadh chucu agus ag dul in ollmhéid agus i ngileacht. Ansin ní raibh amhras ar bith ag an duine ab amaidí orthu go ndeachaigh na tairngreachtaí in aimhréidh beagán. Bhí cúpla nóiméad acu i gcónaí. Líonadh gach soitheach ar an mbaile le huisce, fuair gach trodaí arm, bhí gach sleá is gach saighead ullamh, agus leagadh agus scriosadh an droichead chuig an mórtír sular mhéadaigh fuaim uafásach Smóg ag druidim leo, agus sular tháinig dath chomh dearg le tine ar chuilitíní an locha faoi bhuillí uamhnacha a sciathán.

Chuaigh sé tharstu fad is a bhí daoine ag scréachaíl, ag lógóireacht agus ag béicíl. Luasc sé chuig an droichead agus cuireadh stop leis! Bhí an droichead imithe, agus bhí a naimhde ar oileán i lár doimhneacht uisce—bhí an t-uisce ródhormhain ródhorma rófhuar don dragan. Dá dtumfadh sé isteach ann, d’éireodh gal agus ceo aníos a chlúdódh an talamh go léir faoi scamall go ceann laethanta fada; ach ba chumhachtaí an loch ná é féin. Mhúchfadh an loch é, sula bhféadfadh sé dul tríd.

Luasc sé ar ais thar an mbaile agus gach búir aige. Léim cith de shaighde dorcha aníos, bhris siad go gliograch ar a ghainní is ar a sheoda, agus thit na maidí arna gcur trí thine ag a chuid anála le siosarnach anuas sa loch arís. Samhlaigí na tinte ealaíne is iontaí dar féidir libh agus ní bheidís inchoimórtais le radharcanna na hoíche sin. Chuir ceol shreanga na mboghanna agus séideadh na dtrumpaí barr cuthaigh ar fhearg lasánta an dragain, go dtí gur dalladh é agus go ndeachaigh as a mheabhair le teann mire. Ní raibh de dhánacht in aon duine a dhúshlán a thabhairt i gcath le fada an lá. Ní leomhfadh duine ar bith an uair úd, mura mbeadh fear an ghutha dhúir (Bard ab ainm dó) a ritheadh anonn agus anall ag spreagadh na mboghdóirí agus ag tathaint ar an Máistir ordú dóibh troid go dtí an tsaighead dheireanach.

Léim lasracha amach as gialla an dragain. Ar feadh tamaill d'fhan sé ag faoileáil thart go hard sa spéir os a gcionn agus an loch ar fad á shoilsiú aige. Bhí loinnir mar a bheadh loinnir chopair ar na crainn ar feadh an chladaigh nó loinnir na fola agus léimeadh scáthanna dúdhorcha ag a mbun. Siúd anuas leis an dragan ansin go díreach trí stoirm na saighde, go meargánta le teann feirge, gan smaoineamh ar a thaobhanna gainneacha a iompú ar an namhaid. Níor theastaigh ach rud amháin uaidh: a mbaile a chur trí thine.

Léim lasracha ó cheann tuí na dtithe agus ó na cúplaí adhmaid, nuair a thuairteáil sé anuas agus tharstu agus timpeall arís, bíodh gur fliuchadh gach uile rud le tuile uisce sular tháinig sé. Uair amháin eile chaith na céadta lámh uisce ar áit ar bith a bhfacthas splanc. Bhí an dragan ag lúbarnaíl go dorchá os a gcionn. Luasc a eireaball, rinneadh bruscar de cheann an Tí Mhóir agus thit ina bhlúirí anuas. Léimeadh lasracha domhúchta go hard suas san oíche. Ruathar eile agus ruathar eile fós—agus go tobann cuireadh teach eile trí thine agus teach eile agus teach eile fós agus thit siad anuas; ach fós níor chuir saighead ar bith stop le Smóg ná níor ghortaigh é níos mó ná mar a ghortódh cuileog réisce é.

Bhí fir ag léim isteach san uisce cheana féin ar gach aon taobh. Bhí mná agus páistí a gcuachadh isteach i mbáid lasta i linn an mhargaidh. Chaith fir a n-airm uathu. Bhí caoineadh is gol san áit a raibh na seanamhráin á rá tamall gearr ó shin faoi na habhaic agus faoin ngliondar a bhí le teacht. Ach bhí daoine ag cur mallachta ar a n-ainmneacha um an dtaca sin. Bhí an Máistir féin ag casadh chuig a bhád mór órga, mar bhí súil aige iomramh leis sa rí rá agus é féin a tharrtháil. Níorbh fhada ansin go dtréigfí an baile mór uile agus go loiscfí anuas chuig craiceann an uisce é.

Ba é sin an dóchas a bhí ag an dragan. Ba chuma leis dá rachaidís uile go léir isteach sna báid. Bheadh an-spórt aige á bhfiach iontu, nó d'fhéadfaidís fanacht go bhfaighidís bás den ocras. Dá ndéanfaidís iarracht teacht i dtír, bheadh sé réidh dóibh. Chuirfeadh sé coillte uile trí thine go luath agus sheargfadh sé gach garraí agus gach áit féaraigh. Ach i láthair na huaire bhí sé ag baint níos mó suilt as an spórt sin, loscadh an bhaile, ná mar a bhí aige le blianta fada.

Ach bhí complacht boghdóirí fós ann a sheas an fód i measc na dtithe a bhí faoi thine. Ba é Bard a dtaoiseach, lena ghuth dúr agus a aghaidh dhúr, Bard ar chuir a chairde ina leith go ndéanadh sé tuilte a thuar agus nimhiú an éisc, cé go raibh a fhiúntas agus a chrógacht ar eolas acu. Ba de shliocht Ghirion é i bhfad siar, Girion Tiarna an tSraitha, ar éalaigh a bhean agus a mhac anuas an Abhainn

Reathach ón léirscrios a tharla anallód. Bhí bogha iúir ag Bard agus scaoil sé a shaighde uile go dtí nach raibh fágtha ach ceann amháin. Bhí na lasracha gar dóibh um an dtaca sin. Bhí a chompánaigh á thréigean. Chúb sé a bhogha den uair dheireanach.

Leis sin tháinig rud ag cleitearnach as an dorchadas chuig a ghualainn. Baineadh geit as Bard—ach ní raibh ann ach an sean-smólach. Shuigh sé gan eagla gar dá chluas. Bhí scéala aige dó. B'ionadh le Bard é ach ba léir dó gur thuig sé caint an éin, óir ba de bhunadh an tSratha é.

“Fan! Fan!” arsa an t-éan leis. “Tá an ghealach ag éirí. Cuardaigh an cuas ar a bhrollach ar an taobh clé, nuair a chasfaidh sé agus é ag foluain os do chionn!” Agus fad is a sheas Bard ag déanamh iontais, d'inis an smólach dó faoi chúrsaí thuas sa Sliabh agus faoi gach dár chuala sé.

Leis sin tharraing Bard sreang a bhogha go dtí a chluas. Bhí an dragan ag guairdeall ar ais, ag eitilt go híseal. Nuair a tháinig sé, d'éirigh an ghealach os cionn an chladaigh thoir agus chuir dath an airgid ar a sciatháin mhóra.

“A shaighead!” arsa an boghdóir. “A shaighead dhubh! Shábháil mé thusa go dtí an deireadh. Níor theip tú orm roimhe seo agus fuair mé ar ais riamh thú. Ó m'athair a fuair mé thú agus fuair seisean óna shinsir thú. Más amhlaidh a tháinig tú go firinneach as ceárta an fhíor-rí faoin Sliabh, téigh anois agus go n-éirí leat!”

Thug an dragan ruathar eile anuas, ruathar ab ísle ná riamh, agus ar chasadh agus ar thuirlingt dó, lonraigh a bholg go geal le lasracha drithleacha na mbuachloch faoi sholas na gealaí—ach níor lonraigh paiste amháin ar a bholg. Phreab sreang an bhogha mhóir. D'eitil an tsaighead dhubh go díreach ón tsreang chuig an gcuas ar thaobh clé an bhrollaigh, áit a raibh an ghéag tosaigh sínte amach. D'aimsigh an tsaighead an marc agus d'imigh as radharc ar fad—rinn, maide, agus cleite—bhí an t-urchar chomh fíochmhar. Lig Smóg scréach as a bhodhraigh na daoine, a leag crainn agus a scoilt na clocha. D'éirigh sé ansin ag brúchtaíl san aer, d'iompaigh thart agus thuaríteáil anuas as an spéir chun a bháis.

Thit sé ar cheartlár an bhaile. Lúb Smóg i gconaphianta an bháis agus bhris an baile go splancacha is go heitleoga. Rith uisce an locha isteach go tréan. Léim gal ollmhór aníos, go geal sa dorchadas tobann faoi sholas na gealaí. Chualathas sioscadh, uisce ag tulcadh; ansin bhí ciúnas ann. Ba é sin deireadh Smóg agus deireadh Esgaroth. Ach níor mar sin do Bhard.

Chuaigh an ghealach dheirceach de shíor in airde agus d'imigh an ghaoth i dtreise agus i bhfuair. Chas an ghaoth an ceo bán ina cholúin chlaonta agus ina scamaill dhithneasacha agus thiomáin sí siar iad chun a scaipeadh ina ngiobail stróicthe os cionn na riasc ar aghaidh na Modarchoille. Chonacthas ansin a lán bád dorcha breactha ar éadan an locha. Chualathas glór mhuintir Esgaroth ar an ngaoth agus iad ag déanamh olagóin faoina mbaile a diothaíodh, faoina maoín agus faoina dtithe scriosta. Ach bhí údar mór buíochais acu go fírinneach, dá smaoinéoidís air; ach ní fhéadfaí a bheith ag súil go dtuigfidís a leithéid an uair sin: d'éalaigh trí cheathrú ar a laghad de mhuintir an bhaile lena mbeo; ní dhearnadh dochar ar bith dá gcoillte, dá ngoirt, dá bhféarach, dá mbeithigh ná don chuid is mó dá mbáid; agus bhí an dragan marbh. Níor thuig siad fós um an dtaca sin an bhrí a bheadh leis sin.

Chruinnigh siad le chéile i sluaithe brónacha ar na cladaí thiar, iad ar crith sa ghaoth fheanntach, agus is túisce a dhírigh siad a gclamhsán agus a bhfearg ar an Máistir, óir d'fhág seisean an baile chomh luath, fad is a bhí daoine eile toilteanach an baile a chosaint.

"B'fhéidir gur maith an ceann atá air do chúrsaí gnó—a ghnó féin go háirithe," a dúirt cuid acu de mhonabhar, "ach níl aon mhaith ann in am an ghátair!" Agus mhol siad calmacht Bhard, agus a urchar cumhachtach deiridh. "Faraor gur maraíodh é!" a deiridís uile, "nó dhéanfaimis rí de. Bard, Scaoilteoir Dragain, de shliocht Ghirion. Faraor gur cailleadh é!"

Agus i lár a gcainte thug figiúr ard coiscéim chun tosaigh as na scáthanna. Bhí sé fliuch báite, bhí a chuid gruaige duibhe ina líbín thar a aghaidh is thar a ghuaillí, ach bhí solas fíochmhar ina dhá shúil.

"Níor cailleadh Bard!" a dúirt sé de ghla. "Thum sé in uisce Esgaroth nuair a maraíodh an namhaid. Is mise Bard, de shliocht Ghirion; is mise an té a mharaigh an dragan!"

"Bard Rí! Bard Rí!" a dúirt cách de liú. Bhí fiacra an Mháistir ag cnagadh le fuacht ach bhain an liú sin díoscán astu.

"Ba é Girion Tiarna an tSratha, níorbh é rí Esgaroth é," a dúirt an Máistir. "Ba nós linn riamh i mBaile an Locha máistrí a thoghadh ó na seanóirí eagnaí. Níor fhulaingiomar riamh riail na ndaoine nach raibh iontu ach gaiscígh. Filleadh 'Bard Rí' ar ais ar a ríocht féin—tá an Srath saor anois, a bhuíochas sin dá chalmacht, agus ní choisceann aon rud anois air dul ar ais. Agus fillleadh in éineacht leis gach duine dá dtogróidh, más fearr le duine clocha fuara faoi scáth an tSléibhe ná cladaí glasa an locha. Fanfaidh na daoine críonna anseo ag súil go ndéanfaidh siad ár mbaile a atógáil, agus dóchas

acu go mbainfidh siad buntáiste arís faoi cheann tamaill as síocháin agus as saibhreas Bhaile an Locha.”

“Bíodh Bard ina rí againn!” a dúirt na daoine in aice leis mar fhreagra. “Fuaireamar ár ndóthain de na seanóirí agus de lucht chomhaireamh an airgid!” Agus thóg daoine ab fhaide uaidh an gháir: “An Boghdóirí abú, síos leis an Rachmasaí!” go dtí go raibh an mana sin le cloisteáil ar feadh an chladaigh.

“Ní mise ar chor ar bith a dhéanfadh beag is fiú de chrógacht Bhard Boghdóir,” arsa an Máistir go faichilleach (bhí Bard ina sheasamh gar dó). “Thuill sé anocht áit ard uasal i measc fhíorchairde ár mbaile; agus ba chóir mórán amhrán domharfa a chumadh faoi. Ach cén fáth, a Dhaoine uaisle?”—agus d’éirigh an Máistir ar a chosa ansin agus labhair sé go hard soiléir—“Cén fáth a gcuireann sibh an milleán go léir ormsa? Cén locht atá ionam gur mhaith libh mé a chur as oifig? Cé a dhúisigh an dragan as a shuan, a deirim? Cé a bhain féiríní saibhre agus cúnamh fial dinn? Cé a thug orainn creidiúint go bhféadfadh na seanamhráin teacht isteach fíor? Cé a mheall boige ár gcroí agus ár samhlaíocht shoineanta? Cén cineál óir a chuir siad anuas an abhainn chugainn mar luach ár saothair? Lasracha ón dragan agus léirscrios! Cé uaidh a n-iarrfaimid cúiteamh sa dochar a rinneadh orainn, agus cabhair dár mbaintreacha agus dár ndílleachtaí?”

Mar is léir daoibh, ní gan údar a ceapadh an Máistir dá oifig. D’fhág an óráid sin uaidh gur dhearmad na daoine aon smaoineamh faoi rí nua, agus dhirigh siad a smaointe feargacha in aghaidh Thóirín agus a chomplachta. Is iomaí glao fiáin agus focal géar a chualathas óna lán daoine; agus cuid acu siúd ab airde a deireadh na seanamhráin, chualathas um an dtaca sin iad ag glao amach gur in aon turas a shaighid na habhaic an dragan orthu!

“A amadána!” arsa Bard. “Cén fáth a bhfuil sibh ag cur bhur gcainte agus bhur feirge amú ar na créatúir mhí-ámharacha úd? Ba iadsan ba thúisce a cailleadh sa tine, sular tháinig Smóg chugainn.” Agus ansin agus é ag caint rith sé leis go raibh saibhreas fabhlach an tSléibhe ina luí gan gharda, gan úinéir, agus bhí sé láithreach ina thost. Chuimhnigh sé ar fhocail an Mháistir, ar an Srath arna atógáil agus lán le cloig óir—ach ní fir chearta a fháil chuige sin.

Labhair sé arís tar éis tamaill: “Ní am ar bith é seo le haghaidh cainte feargaí, a Mháistir, agus ní am é ach an oiread le haghaidh pleananna chun cúrsaí a athrú ó bhun. Tá obair le déanamh. Is mise do sheirbhíseach go fóill—cé go mb’fhéidir tar éis tamaill go rachainn ó thuaidh le cibé duine a thogróidh teacht liom.”

D'imigh sé leis ansin chun cúnamh a thabhairt le réiteach na gcampaí agus le cóireáil na n-othar is na dtaismeach. Ach d'fhéach an Máistir go grusach ar a chúl ar imeacht dó agus d'fhan ina shuí ar an talamh. Smaoinigh sé faoina lán rudaí agus is beag a dúirt sé, ach ghlaigh sé ar dhaoine a thabharfadh chuige tine agus lón.

Gach áit a dtéadh Bard ansin chloiseadh sé luaidreáin á scaipeadh ina loscadh sléibhe i measc na ndaoine faoin saibhreas ollmhór a bhí um an dtaca sin gan gharda. Labhraíí faoin gcúiteamh a gheobhaidís gan mhoill sa dochar uile a rinneadh orthu, agus faoin saibhreas sa bhreis air sin a gceannóidís nithe luachmhara aneas leis, agus ba mhór an sólás dóibh é sin sa chruachás a raibh siad ann. Ba mhór an gar é sin, óir is go hainnis goimhiúil a bhí an oíche. Ní rabhtas in ann scáthlán a chur ar fáil ach do chorrduine (bhí an Máistir orthu sin) agus is beag a bhí acu le n-ithe (ní bhfuair an Máistir féin ach fíorbheagán). Is iomaí sin duine, díobh siúd a d'éalaigh slán ó léirscios an bhaile, a thóg ulpóg de bharr fliuchras agus fuacht na hoíche sin nó le briseadh croí, agus a cailleadh ina dhiaidh sin. Agus sna laethanta a lean an oíche úd bhí galar ar mhórán daoine agus ocras mór.

Idir an dá linn bhí Bard ar thús cadhnaíochta idir na daoine. D'ordaíodh sé cúrsaí mar ba mhian leis, biodh gurbh in ainm an Mháistir i gcónaí é, agus ba chrua an obair aige í na daoine a rialú agus na hullmhúcháin a stiúradh chun dídean agus tithíocht a sholáthar dóibh. Is rídhócha go gcaillfí a bhformhór sa gheimhreadh a bhí ag deifriú chucu um an dtaca sin tar éis an fhómhair, mura mbeadh cúnamh le fáil. Ach tháinig cúnamh gan mhoill; óir chuir Bard teachtairí go luath suas an abhainn chuig an bhForaois le cabhair a iarraidh ar Rí Ealbh na Coille, agus tháinig na teachtairí céanna ar shlua i mbun máirseála, cé nach raibh um an dtaca sin ach trí lá imithe ó leagadh Smóg.

Fuair Rí na nEalbh scéala óna theachtairí féin agus ó na héin a raibh grá acu dá mhuintir, agus bhí mórán dar tharla ar eolas aige cheana. Is rímhór an chorráí agus an rí rá a bhí i measc gach créatúr a raibh sciatháin air agus a raibh cónaí air ar imeall Talamh Bánaithe an Dragain. Líonadh éin an spéir ina scaotha ag faoileáil timpeall, agus d'eitlódh a dteachtairí tapúla anseo is ansiúd trasna na spéire. Chloistí feadaíl, liúireach agus giolcaireacht os cionn imill na Foraoise. Leath an scéal ar fud na Modarchoille: "Tá Smóg marbh!" Dhéanadh duilliúr siosarnach agus bhioraíí cluasa le teann iontais. Sular chuir Rí na nEalbh chun bóthair ar a chapall, bhí an scéal tagtha chomh fada siar le coillte buaircínéacha Sléibhte an

Cheo; chuala Béorn ina theach adhmaid é, agus chuaigh na púcaí i ndáil chomhairle ina n-uaimheanna.

“Is eagal liom,” arsa an rí, “nach gcloisfimid a thuilleadh ó Thóirín na Scéithe Darach. Is fearr a dhéanfadh sé dá bhfanfadh sé ina aoí i mo theachsa. Is olc an ghaoth, mar sin féin,” a dúirt sé mar aguisín, “nach séideann do dhuine éigin.” Is mar sin a fuair teachtairí Bhard é ag máirseáil le harm sleádóirí is boghdóirí, agus bhí na préacháin bailithe ina slua os a chionn, mar shíl siadsan go raibh cogadh á bheartú arís, nach bhfacthas a leithéid sna bólaí sin leis na cianta cairbreacha.

Nuair a chuala an rí impí Bhard, áfach, ghlac sé trócaire orthu, mar ba thiarna ar mhuintir chineálta lách é; mar sin chas sé a mháirseáil, a bhí dirithe aige ar an Sliabh ar dtús, agus dheifrigh sé síos an abhainn i dtreo an Locha Fhada. Ní raibh a dhóthain bád ná raftaí aige dá shluaite, agus bhí orthu mar sin dul an míchóngar de shiúl cos; ach cuireadh stóras mór earraí ar aghaidh roimhe ar an uisce. Ach is coséadrom an dream iad na heilbh, agus cé nach mbídís róchleachtach le máirseáil ná leis na tailte fealltacha idir an Fhoroais agus an Loch, shiúil siad go mear. Ní raibh ach cúig lá imithe ó maraíodh an dragan nuair a shroich siad an cladach agus d’fhéach siad ar fhothracha an bhaile. Cuireadh an-fháilte rompu, mar is féidir a shamhlú, agus bhí a Máistir sásta margadh ar bith a dhéanamh leo don am a bhí le teacht ach a gcúnamh a fháil san am i láthair.

Níorbh fhada gur leagadh amach a bpleananna. D’fhan an Máistir siar ar an gcladach in éineacht leis na mná, leis na páistí, leis na seandaoine, agus leis na heasláin. Bhí roinnt ceardaithe leis freisin agus mórán ealbh sciliúla; bhídís ag gabháil do leagan crann agus do bhailiú an adhmaid a cuireadh anuas an abhainn ón bhForoais. Ansin thosaigh siad ag déanamh mórán bothán cois cladaigh in éadan an gheimhridh a bhí chucu; agus faoi ordú an Mháistir freisin thosaigh siad ar bhaile nua a leagan amach, a bheadh ní b’áille agus ní b’fhairsinge fiú ná roimhe, ach ní san ionad céanna. D’aistrigh siad ó thuaidh suas an cladach; mar bhí faitíos orthu riamh ina dhiaidh sin roimh an uisce a raibh an dragan ina luí ann. Ní fhilleadh sé go deo ar a leaba órga, óir bhí sé sinte amach chomh fuar le cloch, lúbtha ar ghrinneall na tanalachta. Ar feadh na mblianta ina dhiaidh sin d’fheictí cnámha dearmháile san uisce le linn na haimsire ciúine i measc fhothracha an tseanbhaile. Ach is beag duine a leomhfadh dul trasna chuig an áit mhallaithe, agus ní bheadh sé de dhánacht i nduine ar bith tumadh isteach san uisce creathach nó na seoda a thiteadh dá chorp lofa a athghabháil.

Ach na fir armtha uile a raibh an cumas iontu, agus an chuid is mó de thóstal Rí na nEalbh, réitigh siad iad féin le máirseáil ó thuaidh chuig an Sliabh. Is mar sin a tharla sé aon lá dhéag tar éis scrios an bhaile go ndeachaigh urgharda a slua trí na geataí cloiche ag ceann an locha agus amach ar na tailte bánaithe.

Toirneach i gCéin

Fillimid anois ar Bhiolbó is ar na habhaic. Bhíodh duine acu ag déanamh faire ar fud na hoíche, ach nuair a gheal an lá, ní raibh rian contúirte ar bith feicthe ná cloiste acu. Ach bhí na héin ag cruinniú i gcónaí agus an slua díobh ag dul de shíor i dtiús. Thagadh buíonta díobh aneas, agus bhí na préacháin a raibh cónaí orthu timpeall an tSléibhe, bhídís ag faoileáil agus ag grágáil gan stad gan staonadh os a gcionn in airde.

“Tá rud aisteach ag titim amach,” arsa Tóirín. “Tá aimsir imirce an fhómhair thart agus is éin iad sin nach n-imíonn as an tír ar chor ar bith; tá druideanna ann agus ealtaí gealóg; agus i bhfad uainn tá mórán éan splíonaigh ann, amhail is dá mbeadh cath éigin á thuar.”

Leis sin shín Biolbó a mhéar i dtreo éin éigin. “Siúd an sean-smólach arís!” a dúirt sé. “Is dócha gur éalaigh sé nuair a threascair Smóg taobh an tsléibhe, ach ní dócha gur tháinig na seilidí slán!”

Bhí an seansmólach ann ceart go leor, agus fad is a bhí Biolbó ag síneadh a mhéire ina threo, d’eitil sé chucu agus thuirling ar chloch in aice leo. Ansin bhain sé croitheadh as a sciatháin agus thosaigh ag cantain; chuir sé leathmhaing ar a cheann ansin, amhail is dá mbeadh sé ag éisteacht; agus chan sé arís, agus d’éist sé arís.

“Sílim go bhfuil sé ag féachaint le rud éigin a insint dúinn,” arsa Báilín; “ach ní thuigim caint a léithéidí sin d’éin, tá sé an-mhear is an-deacair. An dtuigeann tusa é, a Bhaiginigh?”

“Ní go rímhaith,” arsa Biolbó (déanta na firinne, níorbh fhéidir leis bun ná barr a dhéanamh de); “ach feictear dom go bhfuil an-chorraí ar an seanbhuachaill.”

“Is trua liom nach fiach dubh atá ann!” arsa Báilín.

“Shíl mise nár thaitin siad sin leat! Is cuimhin liom go seachnaíteá iad, nuair a tháingamar an bealach seo roimhe.”

“Préacháin ab ea iad siúd! B’urchóideach mailíseach na créatúir iad, agus mímhúinte le cois. Ní foláir nó chuala tú na hainmneacha gránna a bhí siad a ghlaoch amach inár ndiaidh. Ach ní hionann na fiacha. Bhíodh an-chairdeas idir muintir Thróir agus na fiacha

dubha; is minic a thugaidís scéala rúnda chugainn, agus d'fhaighidís mar luach saothair uainn a leithéidí de rudaí soilseacha a theastaíodh uathu a chur i bhfolach ina n-áiteanna cónaithe."

"Maireann siad ar feadh na mblianta, is fada an chuimhne a bhíonn acu, agus déanann siad a gcríonnacht a thíolacadh dá gclann ina ndiaidh. Is iomaí sin fiach de chuid na gcarraigeacha a raibh aithne agam air agus mé i mo stócach d'abhac. Thugtaí Cnoc na bhFiach ar an ard seo féin tráth dá raibh, óir bhí dhá fhiach, lánúin cháiliúil ghaoismhear ina gcónaí anseo os cionn seomra na bhfair-theoirí, sean-Charc agus a chéile. Ach ní dócha go bhfuil aon éan den seanstoc úd le fáil anseo anois."

Ní túisce a dúirt sé é sin, ná ghlaoigh an seansmólach go hard, agus leis sin d'eitil leis.

"B'fhéidir nach dtuigimid é, ach tuigeann an seanéan sinne, táim cinnte," arsa Báilín. "Bímis ag faire anois, go bhfeicfidimid cad a thitfidh amach!"

Chualathas cleitearnach sciathán ar ball, agus d'fhill an smólach; agus mar aon leis tháinig crúnca de sheanáen caite críonna. Bhí radharc na súl ag imeacht uaidh, is ar éigean a bhí eitilt aige a thuilleadh, agus ba lom plaiteach mullach a chinn. Fiach ársa ollmhór ab ea é. Thuirling sé go righin dolúbtha ar an talamh in aice leo, chroith a sciatháin go mall, agus tháinig ag preabadh i dtreo Thóirín.

"A Thóirín mhic Thráin, agus a Bháilín mhic Fhúindín," a dúirt sé de ghrág (agus thuig Biolbó a ndúirt sé, óir an ghnáthchaint a bhí aige seachas caint na n-éan). "Is mise Róac mac Carc. Tá Carc marbh, ach bhí aithne mhaith agaibhse air tráth. Tá céad agus trí bliana ar leathchéad imithe ó tháinig mise amach as an ubh, ach ní dhéanaim dearmad ar ar inis m'athair dom. Anois is mise taoiseach fhiacha móra an tSléibhe. Is tearc sinn ach is cuimhin linn an rí a bhí ann fadó. Tá formhór mo mhuintire thar lear, is tá scéala mór ó dheas—is cúis áthais daoibh cuid den nuacht, ach ní thaitneodh cuid di libh.

"Féachaigí, tá na héin ag cruinniú arís chuig an Sliabh agus chuig an Srath aneas, anoir agus aniar, mar scaip an scéal go bhfuil Smóg marbh!"

"Marbh! Marbh?" arsa na habhaic de liú. "Marbh! Ansin bhí eagla gan údar orainn—agus is linne an taisce saibhris!" Léim siad go léir ar a gcosa agus thosaigh ag pocléim thart le teann scoipe.

"Is ea, marbh," arsa Róac. "Chonaic an smólach, nár thite a chleiti go deo, chonaic sé ag fáil bháis é, agus is iontaofa a chuid focal. Chonaic sé Smóg ag titim i gcath le fir Esgaroth trí oíche ó éirí na gealaí anocht."

Bhí tamall fada ann sular fhéad Tóirín tabhairt ar na habhaic a bheith ina dtost agus éisteacht le nuacht an fhiaigh. Ar deireadh, nuair a bhí scéal iomlán an chatha inste aige, lean sé air:

“Cúis áthais an méid sin, a Thóirín na Scéithe Darach. Féadfaidh tú filleadh ar do halla go sábháilte; is libhse an saibhreas uile—go fóilleach. Ach tá mórán ag teacht anseo ina sluaite cé is moite de na héin. Scaip an scéal faoi bhás chosantóir an tsaibhreis go forleathan cheana féin, agus níor chaill seanscéal shaibhreas Thróir rud ar bith agus é á insint ar feadh na mblianta fada. Tá mórán ann a mbeadh an-dúil acu i gcuid den chreach. Tá slua ealbh ar an mbóthar cheana, agus tá éin splíonaigh mar aon leo ag súil le cath is le slad. Cois locha tá na daoine ag cur milleán a n-ainnise i leith na n-abhac, óir tá siad gan dídean, cailleadh mórán acu, agus scrios Smóg a mbaile. Tá siadsan freisin ag smaoineamh ar chúiteamh a fháil ó bhur dtaisce, is cuma cé acu beo nó marbh sibh.

“Ní mór daoibh bhur mbeart a dhéanamh de réir bhur gcíonnachta féin; ach is beag an fuilleach trí dhuine dhéag de mhuintir ársa Dhúirín a bhí ina gcónaí anseo tráth, agus a scaipeadh i bhfad i gcéin ó shin. Má thugann tú aird ar mo chomhairlese, ní bheidh muinín agat as Máistir Mhuintir an Locha, ach as an duine ar mharaigh a urchar an dragan. Bard a thugtar air, de bhunadh an tSratha, de shliocht Ghirion; fear dúr ach fear iontaofa. Ba mhaith linn síocháin a fheiceáil arís idir abhaic, daoine, agus eilbh tar éis an léirscriosta fhada; ach b’fhéidir go mbeadh mórán óir le n-íoc chun an tsíocháin a fháil. Tá mo dhóthain ráite agam.”

Leis sin phléasc focail Thóirín amach go feargach: “Ár mbuíochas duit, a Róac, mhic Carc. Ní dhéanfar dearmad ort ná ar do mhuintir. Ach ní thabharfaidh gadaithe leo ná ní iompróidh lucht foréigin leo aon phioc dár gcuid óir, fad is beo sinne. Más maith libh breis buíochais a thuilleadh uainn, tabhair chugainn nuacht faoi aon dream a bheidh ag druidim linn. Impím ort freisin, má tá éan ar bith i bhur measc atá fós óg agus láidir sna sciatháin, go gcuirfidh tú teachtairí chuig ár ngaolta i sléibhte an tuaiscirt, idir soir uaidh seo agus siar, le hinsint dóibh faoin tsáinn a bhfuilimid inti. Téigi go háirithe chuig mo chol ceathar Dáin, i gCnoic an Iarainn, mar is iomaí sin fear dea-armtha atá aige, agus eisean is giorra don áit seo. Iarr air deifir a dhéanamh!”

“Ní déarfaidh mé an maith nó olc an chomhairle sin,” arsa Róac de ghrág, “ach déanfaidh mé ar féidir a dhéanamh.” D’imigh sé ansin ag eitilt go han-mhall.

“Ar ais chuig an Sliabh!” arsa Tóirín. “Is beag am atá le cailleadh againn!”

“Agus is beag bia le n-ithe!” arsa Biolbó, a mbíodh cur chuige praiticiúil aige sna cúrsaí sin. Ar aon chuma, bhraith seisean go raibh an eachtra thart, le caint go beacht, le bás an dragain—ach bhí sé amú go mór sa mhéid sin—agus thabharfadh sé suas a chion féin den bhrabús ar son deireadh síochánta ar an scéal.

“Ar ais chuig an Sliabh!” arsa na habhaic de bhéic, amhail is nár chuala siad an hobad. Mar sin bhí air filleadh in éineacht leo.

Ós rud é gur chuala sibh roinnt de na nithe a tharla cheana, tuigfidh sibh go raibh cúpla lá cairde fós ag na habhaic. Scrúdaigh siad na huaimheanna uair eile, agus fuair siad amach, mar a bhí siad ag ceapadh, nár fhan oscailte ach aon doras amháin, an Príomh-Gheata. Bhí na geataí uile eile arna mbriseadh agus arna stopadh ag Smóg fadó (ach amháin an doras beag rúnda, ar ndóigh), agus um an dtaca sin ní raibh rian ar bith díobh le feiceáil. Thosaigh siad láithreach mar sin ag obair chun an Príomh-Gheata a dhaingniú, agus chun cosán nua a dhéanamh amach uaidh. Bhí fluirse uirlisí le fáil a mbaineadh na mianadóirí, na foirgneoirí agus na cairéalaithe feidhm astu sna seanlaethanta; agus bhí an-scíl fós ag na habhaic ina leithéid sin d’obair.

Thugadh na fiacha nuacht chucu go rialta, fad is a bhídís ag obair. Is ar an gcaoi sin a d’fhoghlaim siad gur chas Rí na nEalbh ar leataobh chuig an Loch, agus go raibh faill anála fós acu. Níos fearr fós, chuala siad gur éalaigh trí cinn dá gcuid capaillíní, agus go raibh siad ag fánaíocht go fiáin i bhfad síos bruach na hAbhann Reathaí, gar go maith don áit ar fhág siad fuilleach a gcuid stórais. Fad is lean na habhaic eile acu lena gcuid oibre, cuireadh Filí agus Kílí ar ais, á dtreorú ag fiach, chun na capaillíní a fháil agus gach arbh fhéidir leo dá stóras a thabhairt ar ais.

Bhí siad imithe ar feadh ceithre lá, agus um an dtaca sin bhí a fhios acu go raibh arm Mhuintir an Locha agus arm na nEalbh ag máirseáil le chéile faoi dheifir chuig an Sliabh. Ach is mó an dóchas a bhí ag na habhaic; óir bhí bia acu le haghaidh roinnt seachtainí, dá mbeidís airdeallach—*cram* den chuid is mó ar ndóigh, agus bhí siad bréan de; ach b’fhearr *cram* ná tada—agus cheana féin bhí an geata arna bhlocáil le claí tirim de chlocha cearnógacha, an-tiubh an-ard, thar a bhéal. Bhí poill sa bhalla a bhféadfáidís breathnú (nó urchair a scaoileadh) tríothu, ach ní raibh bealach isteach ann. Is le dréimírí a théidís isteach nó amach, agus is le téada a tharraingídís nithe aníos thairis. Rinne siad áirse bheag íseal faoin gclaí, chun ligean don sruthán dul amach; ach os comhair oscailt na háirse bhí leaba chaol an tsrutháin athraithe acu, sa chaoi is go raibh linn leathan ag

síneadh amach ó bhalla an tSléibhe go dtí ceann an easa, a dtéadh an sruthán thairis ar a shlí chuig an Srath. Ní fhéadfaí teacht chuig an nGeata anois, mura snámhfaí chuige, ach ar feadh laftáin chúing san aill, ar an taobh dheas agus tú ag féachaint amach ón mballa. Níor thug siad na capaillíní ach chuig barr na gcéimeanna os cionn an tseandroichid, agus bhain siad a n-ualaí díobh ansin. D'ordaigh siad ansin dóibh filleadh ar a máistrí agus chuir siad ar ais ó dheas iad gan aon mharcach orthu.

Tháinig oíche a bhfacthas go tobann lear mór soilse mar a bheadh tinte agus tóirsí ó dheas ar an Srath rompu.

“Tá siad tagtha!” arsa Báilín de ghlaio. “Agus is rímhór a gcampa. Ní foláir nó tháinig siad isteach sa ghleann faoi scáth an chlapsholais ar feadh dhá bhruach na habhann.”

Is beag a chodail na habhaic an oíche sin. Bhí an mhaidin ciúin tláith nuair a chonaic siad complacht ag druidim leo. D’fhéach siad amach orthu ó chúl a gclai ag teacht aníos chuig barr an ghleanna agus ag dreapadh aníos go malltriallach. Sul i bhfad chonaic siad idir fhir de Mhuintir an Locha arna ngléasadh don chogadh agus bhoghdóirí de chuid na n-ealbh. Ar deireadh dhreap na daoine a bhí ar a dtosach siúd thar smionagar na gcarraigeacha tite agus chonacthas iad ag mullach an easa; ba mhór a n-iontas nuair a chonaic siad an linn rompu agus an Geata arna bhlocáil le sconsa de chloch nuashaothraithe.

Fad is a sheas siad ann ag síneadh a lámh agus ag caint lena chéile, ghlaioigh Tóirín orthu: “Cé sibhse?” a dúirt sé de scairt an-ard, “atá ag teacht faoi éide chogaidh chuig geataí Thóirín mhic Thráin, Rí faoin gCnoc, agus cad ba mhaith libh?”

Ach níor fhreagair siad é. Chas cuid díobh ar ais go mear. Agus na daoine eile, tar éis dóibh stánadh ar an nGeata ar feadh tamaill agus ar na gléasanna cosanta roimhe, lean siad na daoine eile. Aistríodh an campa lastoir den abhainn an lá sin, go díreach idir dhá sciathán an tSléibhe. Ansin dhéanadh glórtha daoine agus a n-amhránaíocht macallaí i measc na gcarraigeacha, rud nár chualthas ann le fada an lá. Chloistí cláirseacha de chuid na n-ealbh freisin agus binneas ceoil; agus de réir mar a thagadh an ceol aníos chucu, chonacthas dóibh gur imigh an ghoimh fhuar as an aer, agus fuair siad blas éigin den bholadh cumhra a bhíonn ar phósaetha na coille agus iad faoi bhláth san earrach.

B’aobhinn ansin le Biolbó éalú as an daingean dorchá, dul síos agus páirt a ghlacadh sa mheidhir agus san fhéastaíocht timpeall na dtinte cnámh. Bogadh croí chuid de na habhaic ab óige freisin, agus

deiridís faoina n-anáil gur thrua leo nár thit cúrsaí amach bealach éigin eile, agus go bhféadfaidís fáilte a chur roimh a leithéidí sin de dhaoine amhail cairde. Ach thagadh mistá ar aghaidh dhúr Thóirín.

Ansin bhain na habhaic féin cláirseacha agus uirlisí ceoil amach a fuair siad ón gcarn saibhris, agus rinne siad ceol chun croí Thóirín a cheansú; ach níor chosúil a n-amhrán le ceol na n-ealbh, agus bhí sé an-chosúil leis an amhrán a dúirt siad i bhfad roimhe sin i bpoll beag hobaid Bhiolbó.

*Faoin Sliabh dorchu uasal duairc
Tháinig an Rí chuig a halla suairc!
D'éag a bhíobha, an dragan míofar,
Is mar sin titfidh gach namhaid anuas!*

*Is fada an sleá, tá na claimhte géar,
An tsaighead mear, an Geata tréan;
Fíochmhar an meon a fhéachann ar ór;
Is feasta ní bheidh ar abhaic aon léan.*

*Phléadh na habhaic trí dhraíocht ghlic
a gcasúir fadó chomh binn le cloig
i ndomhan na gcuas mar a mbíodh i bpluais
arrachtaí dorchu 'na suan sna cnoic.*

*Ar mhuiní a chrochaidís fós le spré
réalta mar bhlátha, i seoda glé
sháidís draiglasair, ó shreanga casta
bhainidís ceol is b'álainn é!*

*Tá sí saor sa sliabh seo, cathaoir ár rí.
A lucht fánaíochta, cloisí an glao!
Tá gá ag ár dtiarna na cairde is dílse!
Tagaí le dithneas isteach sa tír!*

*Glaoimid anois ón mullach fuar,
"Tagaí ar ais chuig pluais is uaimh!"
Tá lámh ár rí leata anseo ag an nGeata
Lomlán le hór is le clocha bua.*

*Tháinig an rí go buach san áras;
Faoin Sliabh mór a bheidh a phálás.
Tá an Dragan míofar go hiomlán díofa
Is ní bhlaisfidh ár naimhde aon áthas!*

Is dócha gur thaitin an t-amhrán sin le Tóirín agus rinne sé miongháire arís agus d'éirigh sé sona suairc; agus thosaigh sé ag déanamh amach cé chomh fada uaidh a bhí Cnoic an Iarainn agus cén uair a d'fhéadfadh Dáin an Sliabh Uaigneach a shroicheadh, dá gcuirfeadh sé a bhóthar air féin chomh luath agus a gheobhadh sé an teachtaireacht. Ach theip ar mhisneach Bhiolbó faoin amhrán agus faoin gcaint: chonacthas dó go raibh an dá cheann i bhfad róbhagrach.

Maidin lá arna mhárach chonacthas complacht sleadóirí ag teacht trasna na habhann, agus ag máirseáil aníos an gleann. Ba í bratach uaine Rí na nEalbh a bhí siad a iompar agus bratach ghorm Mhuintir an Locha. Tháinig siad chun tosaigh go dtí gur sheas siad os comhair an chlaí ag an nGeata.

Ghlaoigh Tóirín orthu arís de ghuth ard: “Cé sibhse a thagann faoi airm chogaidh chuig geataí Thóirín mhic Thráin, Rí faoin Sliabh?” Fuair sé freagra an uair seo.

Thug fear ard céim chun tosaigh; is dubh a bhí a chuid gruaige agus dúr a aghaidh. Ghlaoigh sé amach: “Beannacht duit, a Thóirín! Cén fáth a gcuireann tú fál i do thimpeall mar seo mar a bheadh robálaí ina uachais? Ní naimhde fós sinn, agus is cúis áthais dúinn sibhse a bheith beo, thar mar a bhí súil againn. Nuair a thángamar anseo ní raibh dóchas againn go bhfaighimis aon duine lonnaithe ann; ach ó tharla anseo sinn, ní mór dúinn cúrsaí a phlé agus comhairle a ghlacadh le chéile.”

“Cé sibhse agus cé na cúrsaí ba mhaith libh a phlé?”

“Is mise Bard, agus ba í mo lámhsa a mharaigh an dragan agus a d'fhuascail do thaisce. Nach rud é sin a bhaineann leat? Agus is mise freisin oidhre dlisteanach Ghirion an tSratha, agus tá mórán de shaibhreas a hallaí seisean agus a bhailte seisean arna mheascadh i do thaisce, saibhreas a ghoid sean-Smóg. Nach ábhar é sin a bhféad-faimis labhairt le chéile faoi? Ina theannta sin ina chath deireanach scrios Smóg tithe cónaithe mhuintir Esgaroth, agus is seirbhíseach mise i gcónaí dá Máistir. Ba mhaith liom labhairt thar a cheann agus fiafraí díot nach trua leat brón agus ainnise a mhuintire. Thug siad cúnamh duit nuair a bhí sibh in angar, agus mar chúiteamh go dtí seo níor thug tú ach léirscrios chucu, cé gur dócha nárbh in aon turas é.”

Anois bhí na focail sin cóir agus firinneach, más go bródúil dúr a dúradh iad; agus cheap Biolbó go n-admhódh Tóirín láithreach bonn go raibh an ceart iontu. Níor cheap Biolbó ar ndóigh go gcuimhneodh duine ar bith gurbh é féin ina aonar ar fad a fuair amach faoi éasc an dragain; agus is mór an gar nár cheap, mar níor

chuimhnigh duine ar bith riamh air. Ach níor thuig Biolbó an chumhacht atá ag ór a raibh dragan ar gor air ar feadh na mblianta fada, ná níor thuig sé croí na n-abhac. Bhí uaireanta fada an chloig caite ag Tóirín i seomra na taisce le cúpla lá anuas, agus ba throm ar a chroí an dúil a bhí aige ann. Cé gurbh í an Lómharchloch ba mhó a bhíodh sé a chuardach, is bhí mórán rudaí iontacha eile ina luí ann a thaitin lena shúil, rudaí a bhí fite fuaite le cuimhní a mhuintire, a saothar agus a mbrón.

“Is í an argóint is measa a d’fhág tú go dtí an deireadh agus mar sin sa phríomháit,” arsa Tóirín á fhreagairt. “Níl aon éileamh ag aon duine ar mhaoín mo mhuintire, toisc gurb é Smóg, an té a ghoid é, a bhain a bheatha ná a áitreabh de. Níor leis an saibhreas agus mar sin níor cheart aon chuid de a úsáid chun a dhrochghníomhartha a chúiteamh. Íocfaimid go cothrom as praghas na n-earraí a fuaireamar ó Mhuintir an Locha agus as a gcúnamh a thug siad dúinn—amach anseo. Ach ní thabharfaimid tada uainn, luach builín aráin féin, faoi bhagairt foréigin. Fad is a bheidh slua faoi airm os comhair ár ndoirse, breathnóimid oraibhse mar naimhde agus mar ghadaithe.

“Níor mhiste liom fiafraí díbh cén cion den saibhreas a d’íocfadh sibhse lenár ngaoltana, dá bhfaigheadh sibh an taisce gan gharda agus sinne marbh?”

“Ceist fhéarálte í sin,” arsa Bard á fhreagairt. “Ach níor maraíodh sibh, agus ní robálaithe sinne. Agus b’fhéidir freisin go nglacfadh na daoine saibhre trua thar an gceart do na daoine bochta a chaith go cairdiúil oibleagáideach leo nuair a bhí siad féin i ngátar. Agus níor thug tú freagra fós ar na héilimh eile a rinne mé.”

“Ní rachaidh mé chun cainte mar a dúirt mé cheana le fir armtha ag mo gheataí. Ná ní dhéanfaidh mé aon chaint le muintir Rí na nEalbh, óir is beag cineáltas a fuair mé uaidh, más buan mo chuimhne. Ní bhaineann siadsan leis an scéal seo ar chor ar bith. Imigí libh sula dtosóidh ár gcuid saighde ag eitilt! Agus má theastaíonn uaibh labhairt liom arís, cuirigí an ruaig ar shlua na n-ealbh ar ais chun na gcoillte, an áit is dual dóibh, agus filligí ansin, ag leagan uaibh bhur gcuid arm sula ndruidfidh sibh le mo thairseach!”

“Is cara dom Rí na nEalbh, agus thug sé cúnamh do Mhuintir an Locha in am an ghátair, cé nach raibh éileamh ar bith acu air ach an cairdeas,” arsa Bard á fhreagairt. “Tabharfaimid deis duit aithreachas a bheith ort as do chuid focal. Cruinnigh d’eagna sula bhfillfimid!” D’imigh sé ansin agus chuaigh ar ais chuig an gcampa.

Ní dheachaigh mórán uaireanta an chloig thart sular tháinig na meirgí ar ais agus thug trumpadóirí céim chun tosaigh agus shéid siad bloc.

“In ainm Esgaroth agus na Foraoise,” arsa duine acu, “labhraímid le Tóirín na Scéithe Darach mac Tráin, an té a thugann an Rí faoin Sliabh air féin, agus iarraimid air aird mhaith a thabhairt ar na héilimh a rinneamar, nó fógrófar ina namhaid dúinn é. Tabharfaidh sé ar an gcuid is lú de an dara cuid déag de thaisce an tsaibhris do Bhard, amhail marfóir an dragain agus amhail oidhre dlisteanach Ghirion. Tabharfaidh Bard féin as an méid sin maoin mar chabhair d'Esgaroth; ach más mian le Tóirín cairdeas agus meas na dtíortha máguaird a bheith aige, mar a bhí ag a shinsir roimhe, ansin tabharfaidh sé beagán dá mhaoín féin chun cuidiú le Muintir an Locha.”

Leis sin rug Tóirín ar bhogha adhairce agus scaoil urchar leis an gcainteoir. Bhuail an tsaighead a sciath agus d'fhan ar crith inti.

“Ós rud é gurb é sin do fhreagra,” a dúirt seisean de ghlaó ar ais, “fógraím an Sliabh faoi léigear. Ní thiocfaidh sibh amach as, go dtí go n-iarraídh sibh ar bhur dtaobh sos cogaidh agus comhraite síochána. Ní bhéarfaimid arm ar bith i bhur n-aghaidh, ach fágfaimid agaibh bhur n-ór. Tá cead agaibh é sin a ithe, más maith libh!”

Leis sin d'imigh na teachtairí go tapa, agus fágadh na habhaic le machnamh a dhéanamh ar a gcás. Bhí Tóirín éirithe chomh dúr sin, nach leomhfadh na habhaic eile aon locht a fháil air, fiú dá dtogróidís; go deimhin ba chosúil go raibh a bhformhór ar aon intinn leis—cé is moite b'fhéidir de shean-Bhombúr ramhar, agus d'Fhíli agus de Khíli. Ar ndóigh bhí Biolbó an-mhíshásta faoin gcaoi ar thit cúrsaí amach. Bhí níos mó ná a dhóthain faighte aige den Sliabh um an dtaca sin, agus a bheith faoi léigear istigh ann—is rud é sin nár thaitin leis a bheag nó a mhór.

“Tá drochbholadh an dragain ar an áit uile go léir,” a dúirt sé go grusach leis féin, “agus cuireann sé déistin orm. Agus is amhlaidh a thosaigh an *cram* do mo thachtadh.”

Gadaí san Oíche

Is mall tuirsiúil a d'imíodh na laethanta. Chaitheadh mórán de na habhaic a gcuid ama ag déanamh carnán den taisce agus á rangú; labhair Tóirín ansin faoin Lómharchloch agus d'iarr orthu í a thóraisíocht i ngach cearn is clúid.

"Óir is luachmhaire Lómharchloch m'athar," a dúirt sé, "ná abhainn óir léi féin, agus is ríluachmhar domsa í. Den taisce uile is í an chloch sin a éilim dom féin, agus má fhaigheann duine í gan insint dom, imreoidh mé díoltas air."

Chuala Biolbó na focail sin agus tháinig eagla air, agus d'fhiafraigh sé de féin céard a thitfeadh amach, dá bhfaighfí an chloch—arna filleadh i mbeart seanghiobal a bhí sé féin a úsáid mar philiúr. Níor labhair sé fúithi ina dhiaidh sin féin, óir de réir mar a théadh tuirsiúlacht na laethanta úd i dtroime, tháinig bunús scéime isteach ina cheann beag.

Bhí cúrsaí ag dul ar aghaidh mar sin ar feadh tamaill, nuair a thug na fiacha scéala go raibh Dáin agus breis agus cúig chéad abhac ag brostú ó Chnoic an Iarainn, agus go raibh siad níos lú ná máirseáil chúig lá ón Srath, ag teacht anoir aduaidh.

"Ach ní féidir leo an Sliabh a shroicheadh i ngan fhios," arsa Róac, "agus is eagal liom go mbeidh cath sa ghleann. Ní fiúntach liom an chomhairle seo. Cé gur fíochmhar an dream iad, ní dócha go gcloífidh siad iad siúd atá ag déanamh léigir oraibh, agus fiú dá gcloífidis, cén mhaith daoibhse é sin? Tá an geimhreadh lena shneachta ag teacht go mear ar a sála. Conas a chothóidh sibh sibh féin gan chairdeas agus dea-thoil na dtíortha i bhur dtimpeall? An taisce is ciontach le bhur mbás, cé nach bhfuil an dragan ann a thuilleadh!"

Ach níor lúb Tóirín. "Bainfidh geimhreadh agus sneachta greim as daoine chomh maith le habhaic," a dúirt sé, "agus is dócha gur angarach dofhulaingthe leo lonnú san fhiántas. Nuair a bheidh mo chairde ar a gcúl agus an geimhreadh ina measc, b'fhéidir gur boige a bheidh siad i mbun comhráite."

Shocraigh Biolbó a intinn an oíche sin. Bhí an spéir dubh gan ghealach. Chomh luath agus a tháinig an lándorchadas, chuaigh sé chuig cúinne de sheomra a bhí díreach laistigh den gheata agus bhain rópa as a bheart, agus an Lómharchloch freisin fillte i gceirt. Dhreap sé ansin go barr an chlaí. Ní raibh ann ach Bombúr, óir ba é a sheal ar faire é, agus ní bhíodh ach fairtheoir amháin ag na habhaic ag aon am amháin.

“Tá sé go huafásach fuar!” arsa Bombúr. “Faraoir nach cead dúinn tine a bheith againn anseo mar a bhíonn sa champa!”

“Tá sé sách te istigh,” arsa Biolbó.

“B’fhéidir é, ach beidh mise ar dualgas anseo go meán oíche,” arsa an t-abhac ramhar go banránach. “Is bocht an scéal ar fad é. Ní hé go leomhfainn easaontú le Tóirín, go dté a fhéasóg de shíor i bhfad; ach ba righin an muineál a bhí riamh air.”

“Níl a mhuineál chomh righin le mo chosa,” arsa Biolbó. “Táim bréan de staighrí agus de phasáistí cloiche. Thabharfainn a lán ar an bhféar a aireachtáil faoi mhéara mo chos.”

“Thabharfainnse a lán ar dheoch láidir a aireachtáil i mo scornach, agus leaba bhog tar éis suipéir mhaith!”

“Ní féidir liom iad sin a thabhairt duit, fad is a bheimid faoi léigear. Ach is fada ó thosaigh tú ag faire, agus déanfaidh mise do sheal duit, más mian leat. Níl codladh ar bith orm anocht.”

“Is maith an buachaill thú, a Bhaiginigh, agus glacfaidh mé go fonnmhar le do thairiscint. Má tharlaíonn aon rud suntasach, dúisigh mise ar dtús, féach! Luifidh mé sa seomra istigh ar an taobh clé, is ní bheidh mé i bhfad uait.”

“Isteach leat!” arsa Biolbó. “Dúiseoidh mé ar an meán oíche thú, agus féadfaidh tusa an chéad fhairtheoir eile a dhúiseacht.”

Chomh luath is a d’imigh Bombúr, chuir Biolbó a fháinne air, cheangail a rópa, shleamhnaigh thar an gclaí agus d’imigh leis. Bhí thart ar chúig uaire an chloig roimhe. Chodlódh Bombúr (chodlódh seisean ag am ar bith, agus ó bhain eachtra na foraoise dó, bhíodh sé i gcónaí ag iarraidh na brionglóidí áille a bhí aige ansin a athdhéanamh); agus bhí na habhaic eile gnóthach in éineacht le Tóirín. Ní móide go dtiocfadh abhac acu amach, Fíli nó Kíli fiú, ar an gclaí go dtiocfadh a sheal féin.

Bhí an oíche an-dorcha, agus tar éis do Bhiolbó an cosán nua-dhéanta a fhágáil agus teacht anuas chuig cúrsa íochtarach an tsrutháin, bhí an bealach anaithnid dó. Sa deireadh tháinig sé ar an lúb áit ar ghá dó an t-uisce a thrasnú, dá dteastódh uaidh an campa a shroicheadh, mar ba mhian leis. Bhí an sruthán éadomhain ansin ach leathan cheana féin, agus níorbh aon dóithín don hobad beag

siúl trasna sa dorchadas. Is beag nach raibh an sruthán ar fad trasnaithe aige, nuair a bhain cloch rabhnáilte dá chothrom é agus thit sé isteach san uisce fuar de phleist. Is ar éigean a dhreap sé isteach ar an talamh ar an mbruach thall, sular tháinig eilbh agus lóchrainn lasta acu aníos sa dorchadas ag tóraíocht údar an torainn.

“Níorbh iasc ar bith é sin!” a dúirt duine acu. “Tá spiaire thart. Clúdaígi na soilse! Is mó a chabhróidh siad sin leis-sean ná linne, más é an créatúirín aisteach atá ann, a deirtear a bheith ina sheirbhíseach acu.”

“Seirbhíseach! A leithéid!” arsa Biolbó de chuach; agus as lár na cuaiche lig sé sraoth láidir, agus dhruid na heilbh leis an bhfuaim gan mhoill.

“Tabhair dom solas!” a dúirt sé. “Táim anseo, má theastaímse uaibh!” agus bhain sé a fháinne de féin agus tháinig i láthair ó chúl carraige.

Rug siad air go tapa in ainneoin a n-iontais. “Cé thusa? An tusa hobad na n-abhac? Cad atá tú a dhéanamh? Cén chaoi ar tháinig tú an fad seo thar na fairtheoirí?” a dúirt siad á cheistiú, duine i ndiaidh a chéile.

“Is mise Biolbó Baigín,” a dúirt sé á bhfreagairt, “compánach Thóirín, más maith libh fios a bheith agaibh. Tá súilaithe mhaith agam ar bhur rí, ach b’fhéidir nach bhfuil a fhios aigesean cén chuma atá ormsa. Ach cuimhneoidh Bard orm, agus is é Bard go sonrach an té ba mhaith liom a fheiceáil.”

“An mar sin é?” arsa siad. “Agus céard go díreach do ghnó leis?”

“Cibé rud é, is liomsa é, a ealbha maithe. Ach má tá sibh ag iarraidh dul ar ais choíche chuig bhur gcoillte féin amach as an áit fhuar dhamanta seo,” a dúirt sé agus é ar crith, “tabharfaidh sibh go tapa mé chuig tine éigin, áit ar féidir liom mé féin a thriomú—agus ansin tabharfaidh sibh deis dom labhairt le bhur dtaoisigh chomh luath agus is féidir. Níl ach uair an chloig nó dhó le spáráil agam.”

Is mar sin a tharla sé thart ar dhá uair an chloig tar éis dó éalú ón nGeata go raibh Biolbó ina shuí in aice tine bhreá the os comhair phubaill mhóir, agus bhí Rí na nEalbh agus Bard ina suí ann freisin agus iad ag stánadh go fiosrach air. Hobad i gcathéide de chuid na n-ealbh agus é leath arna fhilleadh i seanphluid, ba rud nua dóibh é sin.

“Leis an bhfirinne a dhéanamh, an bhfuil a fhios agaibh,” a bhí Biolbó a rá chomh hardnósach dáiríre agus ab fhéidir leis, “tá cúrsaí dofhulaingthe. Ag labhairt go pearsanta, táim bréan den ghnó ar fad. Ba bhreá liom a bheith ar ais sa bhaile san iarthar, áit a mbíonn

na daoine níos réasúnta. Tá leas agam sna gnóthaí seo—an ceathrú cuid déag le bheith cruinn beacht, de réir litreach, atá ar ámharáí an tsaoil i mo sheilbh go fóill.” Bhain sé as póca sa tseanchasóg (a chaitheadh sé thar an gcathéide mháilleach i gcónaí), litir Thóirín, fillte agus rocach mar a bhí sí, an litir a cuireadh faoin gclog ar a mhatal féin i mí na Bealtaine!

“Roinnt den bhrabús, féach,” a dúirt sé ag leanúint leis. “Tuigim an méid sin. Táim an-toilteanach bhur n-éilimh uile go léir a mheas go hairdeallach, agus a bhfuil ceart cóir a bhaint den iomlán, sula gcuirfidh mé m’éileamh féin isteach. Níl an oiread aithne agaibhse, áfach, ar Thóirín na Scéithe Darach is atá agamsa. Geallaimse daoibh go mbeidh seisean lánsásta suí ar charn óir agus bás a fháil den ocra, a fhad is a bheidh sibhse i bhur suí anseo.”

“Bíodh aige, mar sin!” arsa Bard. “Más é a leithéid d’amadán é, tá bás den ocra tuillte aige.”

“Is ea go díreach,” arsa Biolbó. “Tuigim duit. Tá an geimhreadh ag teacht go mear ina dhiaidh sin féin. Sul i bhfad beidh sneachta agaibh agus mar sin de, agus beidh sé deacair lón a sholáthar—fiú do na heilbh, is dóigh liom. Agus beidh fadhbanna eile ann. Nár chuala sibh faoi Dháin agus faoi abhaic Chnoic an Iarainn?”

“Chualamar, i bhfad ó shin; ach cén chaoi a mbaineann siad sin linne?” arsa an rí.

“B’shin a cheap mé. Is léir go bhfuil eolas agamsa nach bhfuil agaibhse. Táimse ag rá libh go bhfuil Dáin níos lú ná aistear dhá lá uainn um an dtaca seo, agus go bhfuil ar a laghad cúig chéad abhac dhúra leis—fuair mórán acu taithí i gcogaí uafásacha na n-abhac agus na bpúcaí, ar chuala sibh trácht orthu gan amhras. Nuair a thiocfaidh siad anseo, beidh trioblóid agaibh dáiríre.”

“Cén fáth a bhfuil tú á insint seo uile dúinn? Ar mhaith leat fealladh ar do chairde, nó an bhfuil tú ag bagairt orainn?” d’fhiafraigh Bard go dúr.

“A Bhard a chroí!” arsa Biolbó de bhíog. “Ná bí chomh luath sin chun breithe! Níor chas mé riamh le daoine a bhí chomh mí-mhuiníneach! Nílím ag iarraidh ach trioblóid do gach duine a sheachaint. Anois déanfaidh mé margadh libh!”

“Cloisimis é,” a dúirt siad.

“Tá cead agaibh breathnú air,” arsa seisean. “Seo é é!” agus bhain sé amach an Lómharchloch, agus chaith uaidh an cheirt.

Cé go raibh a shúile cleachtach le nithe áille iontacha, d’éirigh Rí na nEalbh ar a chosa leis an alltacht a cuireadh air. D’fhan Bard ina thost ag stánadh uirthi le hiontas. Ba gheall í le cruinne a líonadh le

solas na gealaí agus a cuireadh os a gcomhair in eangach fite de dhrithliú réaltaí seaca.

“Seo í Lómharchloch Thráin,” arsa Biolbó, “Croí an tSléibhe; agus is é croí Thóirín freisin í. Is fiú níos mó ná abhainn óir leis í. Tugaim duitse í. Cabhróidh sí leat nuair a rachaidh tú i mbun margála.” Ansin shín Biolbó an bhuachloch iontach do Bhard agus níor gan chreathán, ná gan fhéachaint thnúthánach é. Choinnigh seisean ina lámh í, amhail duine arna dhalladh.

“Ach conas is leatsa í lena tabhairt uait?” a dúirt sé—bíodh gurbh é a dhícheall an cheist a chur.

“Á, bhuel,” arsa an hobad go míshuaimhneach. “Ní liomsa í go díreach; ach táim sásta í a chur in éadan aon éilimh eile atá agam, tá a fhios agat. Bíodh gur buirgléir atá ionam—sin é a ndeir siad fúm; go pearsanta níor mhothaigh mé riamh gurbh ea—is macánta an buirgléir mé, tá súil agam, a bheag nó a mhór. Ar aon chuma táimse ag dul ar ais anois, agus tá cead ag na habhaic a bhfuil uathu a dhéanamh liom. Tá súil agam go mbraithfidh tú úsáideach í.”

Bhreathnaigh Rí na nEalbh ar Bhiolbó agus bhí iontas nua air. “A Bhiolbó, a Bhaigínigh!” a dúirt sé. “Is mó is fiú duitse cathéide phrionsaí na n-ealbh a chaitheamh ná mórán a raibh cuma ní ba ghalánta orthu inti. Ach ní mé an bhféachfaidh Tóirín na Scéithe Darach ar an scéal mar sin. Is mó an aithne atá agamsa ar abhaic i gcoitinne ná mar atá agatsa, b’fhéidir. Molaim duit fanacht anseo in éineacht linne, agus gheobhaidh tú onóir anseo agus do chéad míle fáilte.”

“Táim an-bhuíoch go deo díot, tá sin,” arsa Biolbó ag umhlú dó. “Ach ní dóigh liom gur ceart dom mo chairde a thréigean mar seo, tar éis ar fhulaingíomar le chéile. Agus gheall mé go ndúiseoinn sean-Bhombúr ar an meán oíche. Is mithid dom imeacht mar sin, agus go mear freisin.”

Ní fhéadfaidís tada a rá a chuirfeadh stop leis; fuarthas buíon choimhdeachta dó, agus nuair a d’imigh sé rinne Bard agus an Rí cúirtéis onórach dó. Fad is a bhí siad ag dul tríd an gcampa, d’éirigh seanóir, a raibh fallaing dhorcha uime, amach as doras pubaill a raibh sé ina shuí ann agus tháinig sé ina dtreo.

“Maith thú féin, a Bhaigínigh!” a dúirt sé ag leagan a láimhe ar ghualainn an hobaid. “Bíonn i gcónaí níos mó ionatsa ná mar is dóigh le duine ar bith!” Ba é Gandalf é.

Bhí an-ríméad ar Bhiolbó den chéad uair le fada an lá. Ach ní raibh am ar bith ann le haghaidh na gceisteanna uile go léir a theastaigh ó Bhiolbó a chur láithreach ar an draoi.

“In am agus i dtráth!” arsa Gandalf. “Tá cúrsaí ag druidim chun deiridh anois, mura bhfuil dul amú orm. Is míthaitneamhach an tréimhse atá go díreach romhat anois; ach ná caill do mhisneach! Seans maith go dtiocfaidh tú slán tríd. Tá rud éigin ar cois nár chuala na fiacha féin faoi. Oíche mhaith duit!”

Chuir focail Gandailf mearbhall air ach chuir siad misneach ann freisin, agus dheifrigh sé ar aghaidh. Treoraíodh é chuig áth sábháilte agus cuireadh trasna costirim é. Ansin d’fhág sé slan ag na heilbh agus dhreap go faichilleach suas ar ais i dtreo an Gheata. Is rímhór an tuirse a bhí ag teacht air; ach bhí sé i tamall maith roimh an meán oíche nuair a chuaigh sé suas an dréimire arís—bhí sé san áit ar fhág sé i gcónaí é. Rinne sé é a scaoileadh agus chuir sé i bhfolach é, agus ansin shuigh sé síos ar an gclái agus smaoinigh go himníoch faoin gcéad rud eile a tharlódh.

Dhúisigh sé Bombúr ar an meán oíche; agus ansin ar a sheal chuach sé é féin suas sa chúinne gan éisteacht le buíochas an tsean-abhaic (a mhothaigh sé nach raibh tuillte aige ar éigean). Níorbh fhada go raibh sé ina shámhchodladh agus rinne sé dearmad ar gach imní go dtí an mhaidin. Déanta na firinne rinne sé brionglóid faoi bhagún is faoi uibheacha.

Stoirm Thoirní

An mhaidin arna mhárach séideadh na stoic go moch sa champa. Níorbh fhada ansin go bhfacthas reathaí amháin ag deifriú ar feadh an chosáin chaoil. Sheas sé tamall uathu, bheannaigh dóibh agus d'fhiafraigh an mbeadh Tóirín sásta anois éisteacht le toscaireacht nua, ó tharla gur tháinig scéala nua agus go raibh cúrsaí athraithe.

“Is é sin Dáin atá i gceist!” arsa Tóirín ar chloisteáil an ráitis sin dó. “Fuair siad gaoth an fhocail faoina theacht. Shíl mé go n-athródh sé sin a meon! Abair leo teacht—beagán díobh agus gan arm ar bith, agus éistfidh mé leo,” arsa seisean leis an teachtaire.

Timpeall meán lae chonacthas bratach na Foraoise agus bratach an Locha á n-iompar aníos arís. Bhí buíon fiche fear ag druidim leo. Nuair a shroich siad tús an bhealaigh chaoil lig siad uathu claíomh agus sleá, agus tháinig ar aghaidh chuig an nGeata. Bhí iontas ar na habhaic nuair a chonaic siad go raibh idir Bhard agus Rí na nEalbh orthu agus sheanóir ag siúl rompu, fallaing uime agus cochall air agus ina lámha cófra láidir d’adhmaid darach iarannchumhdaithe.

“Is é do bheatha, a Thóirín,” arsa Bard. “An bhfuil tú ar an aon intinn i gcónaí?”

“Ní athraíonn m’intinn tar don ghrian éirí agus luí cúpla uair,” arsa Tóirín á fhreagairt. “Ar tháinig sibh le ceisteanna díomhaoine a chur orm? Níor imigh slua na n-ealbh fós mar a d’iarr mé! Go dtí go n-imeoidh is in aisce a thiocfaidh sibh anseo le téarmaí a phlé liom.”

“An bhfuil aon rud ann a dtabharfá cuid ar bith de do chuid óir air?”

“Níl tada dá bhfuil le tairiscint agatsa nó ag do chairde.”

“Cad faoi Lómharchloch Thráin?” arsa seisean, agus ag an nóiméad sin d’oscail an seanfhear an cófra agus d’ardaigh an tseoid ina lámh. Léim an solas óna lámh, go geal glé in aer na maidine.

Bhain an t-iontas agus an chorrabhuaais a chuid cainte de Thóirín. Níor labhair aon duine ar feadh tamaill fhada.

Bhris Tóirín an ciúnas sa deireadh, agus ba ghnúsacht a ghuth le teann feirge. “Ba le m’athair an chloch sin agus is liomsa í,” a dúirt sé. “Cén fáth a gceannóinn an rud is liom?” Ach bhuaigh an fhiosracht air agus d’fhiafraigh sé: “Conas a fuair sibhse seoid ársa mo thí—más gá a leithéid de cheist a chur ar ghadaithe?”

“Ní gadaithe sinne,” arsa Bard. “Tabharfaimid an rud is leat ar ais duit mar mhalairt ar ár maoin féin.”

“Conas a fuair sibh í?” a dúirt Tóirín mar bhí ag méadú ar a fhearg.

“Mise a thug dóibh í,” arsa Biolbó de ghlór caol a bhí ag féachaint thar an gclaí um an dtaca sin agus faitíos uafásach air.

“Tusa! Tusa!” arsa Tóirín ag casadh agus ag breith air lena dhá lámh. “A hobaid shuaraigh! A ruidín ghiortaigh—de bhuirgléir!” a dúirt sé, mar theip na focail air, agus chroith sé Biolbó amhail is dá mba choinín é.

“Dar féasóg Dhúirín! Faraor nach bhfuil Gandalf anseo agam! Mallacht air gur roghnaigh sé thusa! Go bhfeo a fhéasóg air! Maidir leatsa, teilgfidh mé thusa anuas ar na carraigeacha!” a dúirt sé de liú agus d’ardaigh sé Biolbó san aer.

“Fan! Fuair tú do mhian!” arsa guth. Chaith seanóir an chófra a fhallaing agus a chochall i leataobh. “Seo Gandalf duit! Ach más mall is mithid, de réir cosúlachta. Mura dtaitníonn mo bhuirgléir leat, iarraim ort gan dochar a dhéanamh dó. Leag uait é, agus éist ar dtús lena bhfuil le rá aige!”

“Feictear dom go bhfuil sibh uile go léir i bpáirtíocht lena chéile!” arsa Tóirín agus lig sé Biolbó anuas ar an gclaí. “Arís go deo ní bheidh aon bhaint agam le draoi ar bith ná lena chairde. Cad tá le rá agatsa, a shliocht na luch francach?”

“A thiarcais! A thiarcais!” arsa Biolbó. “Táim cinnte go bhfuil an scéal seo fiorthrioblóideach. Is cuimhin leat, b’fhéidir, go ndúirt tú go raibh cead agam mo cheathrú cuid déag féin a thoghadh? Seans gur ghlac mé le do chuid focal go rólitriúil—deirtear liom go mbíonn na habhaic níos cúirteisi i gcaint ná i ngníomh. Bhí uair ann, áfach, gur shíl tú go ndearna mé seirbhís éigin duit. Sliocht na luch francach, go deimhin! A Thóirín, an é sin an rud a bhí i gceist agat nuair a dúirt tú gur tusa agus do mhuintir mo sheirbhísigh umhla. Glac leis go ndearna mé mar ba mhian liom le mo chion féin, agus fágaimis an scéal ansin!”

“Glacfad,” arsa Tóirín go dúr. “Agus scaoilfidh mé leat ansin—agus nár chasa ar a chéile arís sinn!” Chas sé ansin agus labhair thar an gclaí. “Rinneadh feall orm,” a dúirt sé. “Tomhaiseadh go ceart nárbh fhéidir liom gan an Lómharchloch a fhuascailt, seoid mo thí.

Uirthi sin tabharfaidh mé aon cheathrú cuid déag den taisce in ór agus in airgead, gan na buachlocha a chur san áireamh; is é sin a chion féin a gealladh don fheallaire. Imeoidh sé agus an luach saothair sin leis, agus féadfaidh sibh a roinnt mar a thogróidh sibh. Is beagán a gheobhaidh sé, táim cinnte. Tugaigí libh é, más mian libh go mairfidh sé; agus nár thé cairdeas ar bith uaimse leis.

“Téigh síos anois chuig do chairde!” a dúirt sé le Biolbó, “nó teilgfidh mé anuas thú.”

“Céard faoin ór agus faoin airgead?” arsa Biolbó.

“Leanfaidh siad sin i do dhiaidh, mar is féidir a shocrú,” arsa seisean. “Síos leat!”

“Coinneoidh an chloch go dtí sin,” arsa Bard.

“Ní rómhaith atá tú ag cruthú i do Rí faoin Sliabh,” arsa Gandalf. “Ach seans go n-athróidh an scéal go fóill.”

“Seans go n-athróidh go deimhin,” arsa Tóirín. Agus cheana féin bhí an taisce ag cur an oiread sin mearbhaill air, go raibh sé ag ceapadh go mb’fhéidir go bhféadfadh sé an Lómharchloch a athghabháil le cúnamh ó Dháin agus mar sin gan chuid ar bith den saibhreas a thabhairt uaidh mar chúiteamh.

Leis sin luascadh Biolbó anuas den chlaí agus d’imigh gan tada in ainneoin an dua go léir a d’fhulaing sé, cé is moite den chathéide a thug Tóirín dó cheana féin. Bhí náire agus trua ar níos mó ná abhac amháin nuair a bhí Biolbó ag imeacht.

“Slán agaibh!” a dúirt sé leo de ghla. “B’fhéidir go gcasfaí ar a chéile arís muid inár gcairde.”

“Gread leat!” arsa Tóirín. “Tá éide mháilleach á caitheamh agat a rinne mo mhuintirse, agus is rómhaith duitse í. Ní féidir le saighead í a threá, ach mura ndéanfaidh tú deifir, cuirfidh mé ga i do chosa suaracha. Brostaigh mar sin!”

“Ná bí chomh dithneasach!” arsa Bard. “Tabharfaimid go dtí amárach duit. Fillfimid i dtrátha an mheán lae, le feiceáil an mbeidh tugtha aníos as an taisce libh an chuid sin atá le síneadh chugainn i gcúiteamh ar an gcloch. Má dhéantar é sin gan chealg, imeoidh agus fillfidh slua na n-ealbh ar an bhForaois. Idir an dá linn, slán agat!”

Leis sin chuaigh siad ar ais chuig an gcampa; ach chuir Tóirín teachtairí trí Róac le hinsint do Dháin gach ar tharla, agus ag impí air deifir a dhéanamh agus a bheith ar a airdeall.

D’imigh an lá sin agus an oíche ina dhiaidh. An lá arna mhárach d’athraigh an ghaoth aniar, agus bhí an t-aer dorcha gruama. Bhí sé fós go moch ar maidin nuair a chualathas gáir sa champa. Tháinig

reathaithe agus teachtaireacht acu go bhfacthas slua abhac ag teacht timpeall sháil thoir an tSléibhe agus go raibh siad ag brostú chuig an Srath. Bhí Dáin tagtha. Mháirseáil sé go mear i rith na hoíche, agus tháinig sé orthu mar sin ní ba luaithe ná mar a bhí súil acu. Bhí culaith de mháille chruach anuas chuig a dhá ghlúin um gach saighdiúir dá shlua, agus bhí clúdach de mhogall eangaí mín solúbtha timpeall a chosa, a raibh rún a dhéanta i seilbh mhuintir Dháin. Tá an-neart go deo sna habhaic dá n-airde, agus bhí a bhformhór siúd an-láidir fiú d'abhaic. D'iompraídis matóga troma dhélmhacha i gcath; ach bhíodh claíomh gearr leathan ag taobh gach fir acu agus cruinnsciath crochta ar a mhuin. Bhíodh gabhal agus trlseáin ina gcuid féasóg a chaithidís saite isteach ina gcrios. Cafarr iarainn a chaitheadh gach abhac, bhí bróga iarainn fúthu, agus is dúr a bhí a ndreach.

Ghlaoigh stoic ar fhir agus ar eilbh faoi airm. Sul i bhfad chonacthas na habhaic ag teacht aníos an gleann faoi luas mór. Stad siad idir an abhainn agus an tsáil oirthearach; ach lean roinnt acu leo, agus thrasnaigh siad an abhainn agus dhruid leis an gcampa; leag siad a n-airm uathu ansin agus d'ardaigh a lámha mar chomhartha síochána. Shiúil Bard amach chucu agus chuaigh Biolbó leis.

"Is ó Dháin mac Náin a thagaimid," arsa siadsan nuair a ceistíodh iad. "Táimid ag brostú chuig lucht ár gcine sa Sliabh, ó chualamar go ndearnadh athbheochan ar an tseanríocht. Ach cé sibhse atá i bhur suí sa mhachaire amhail naimhde roimh bhallaí faoi chosaint?" Ar ndóigh, ba é ba bhrí leis an bhfriotal cúirtéiseach seanfhaiseanta sin a mbaintear feidhm as ar ócáid dá leithéid: "Níl gnó ar bith agaibhse anseo. Táimidne ag dul ar aghaidh; fágaigí an bealach mar sin nó troidfidimid libh!" Bhí sé ar intinn acu brú ar aghaidh idir an Sliabh agus an lúb san abhainn; mar chonacthas dóibh nach raibh cosaint thréan ar an talamh caol ann.

Ar ndóigh ní ligfeadh Bard do na habhaic dul ar aghaidh díreach chuig an Sliabh. Bhí rún daingean aige fanacht go dtabharfaí an t-ór agus an t-airgead amach mar mhalairt ar an Lómharchloch; óir níor chreid sé go ndéanfaí sin, an uair a rachadh slua chomh mór agus chomh tréan i mbun chosaint an daingin. Thug siad stór mór lóin in éineacht leo; mar tá na habhaic in inmhe ualaí móra a iompar agus is beag nach raibh paca mór chomh maith lena chuid arm ag gach duine de mhuintir Dháin—agus in ainneoin na máirseála tapa. Sheasfaidís an léigear go ceann seachtainí, agus b'fhéidir faoin am sin go mbeadh tuilleadh abhac fós tagtha, óir bhí slua mór gaolta ag Tóirín. Ina theannta sin bheidís in ann geata eile a oscailt agus garda

a chur air, sa chaoi go mbeadh ar lucht an léigir suí timpeall an tSléibhe ar fad, agus ní raibh muintir a ndóthain acu chuige sin.

Ba iad sin a bpleananna siúd go díreach (óir bhíodh na teachtairí fiaigh an-ghnóthach idir Tóirín agus Dáin); bhí an bealach dúnta ar Dháin i láthair na huaire, agus mar sin tar éis focail fheargacha a mhalartú, chúlaigh teachtairí na n-abhac ag mungailt ina gcuid féasóg. Chuir Bard teachtairí láithreach bonn chuig an nGeata, ach ní bhfuair siad aon ór ná íocaíocht. Scaoileadh saighde leo a thúisce is a tháinig siad i raon urchair, agus chúlaigh siad leo faoi anbhá. Bhí corraí mhór sa champa um an dtaca sin, amhail is dá mbeifí ag ullmhú don chath; mar bhí abhaic Dháin ag gluaiseacht chun cinn ar feadh an bhruaigh thoir.

“Na hamadáin!” arsa Bard le gáire. “Tá siad ag teacht mar sin faoi sciathán an tSléibhe. Cibé ní atá ar eolas acu faoi chathanna sna mianaigh, ní thuigeann siad faoi chogadh os cionn talún. Tá mórán dár sleadóirí agus dár mboghdóirí i bhfolach sna carraigeacha ar a dtobh deas. B’fhéidir go bhfuil neart i máille na n-abhac, ach ní fada go mbeidh crua orthu. Ionsáimis anois iad ón dá thaobh, sula mbeidh a scith ligthe acu!”

Ach is mar seo a labhair Rí na nEalbh: “B’fhearr liom fanacht i bhfad sula dtosóidh mé ar an gcogadh seo ar mhaithe le hór. Ní féidir leis na habhaic teacht tharainn, mura ligfimid dóibh, ná ní féidir leo aon rud a dhéanamh nach dtabharfaimid faoi deara. Bímis ag súil i gcónaí le rud éigin a shnaidhmfidh síocháin eadrainn. Is leor an buntáiste atá againn ó thaobh líon ár dtrúpaí de, más gá sa deireadh dul i mbun troda.”

Ach níor mheas sé na habhaic i gceart. Bhí an smaoineamh go raibh an Lómharchloch i seilbh lucht an léigir ag déanamh tinnis dóibh; ina theannta sin thomhais siad braiteoireacht Bhard agus a chairde, agus shocraigh siad bualadh fad is a bheadh a naimhde ag caint.

Go tobann gan chomhartha a thabhairt léim siad ar aghaidh chun a n-ionsaithe. Chualathas sreanga boghanna agus feadaíl saighde; bhí an cath ag tosú.

Ní ba thobainne fós tháinig dorchadas ar an spéir le luas uamhnach. Bhí néal dubh ag deifriú thar an bhfirmimint. Chualathas toirneach gheimhridh ar ghaoth fhiáin ag tormáil aníos agus ag búireach sa Sliabh; chonacthas tintreach ag soilsiú an mhullaigh. Agus faoin toirneach chonacthas duibhe eile ag faoileáil chun tosaigh; ach ní leis an ngaoth a bhí an duibhe ag teacht; is aduaidh a tháinig sí, mar a bheadh ealta ollmhór éan, chomh tiubh nach bhfacthas solas ar bith idir a sciatháin.

“Stadaigi!” arsa Gandalf de liú ag teacht i láthair go tobann. Sheas sé ina aonar a dhá lámh in airde aige idir na habhaic i mbun máirseála agus sraitheanna na ndaoine a bhí ag fanacht leo. “Stadaigi!” a dúirt sé i nguth toirniúil, agus shoilsigh a shlat le loinnir thobann ba chosúil leis an tintreach. “Tá an t-uafás tagtha oraibh uile! Mo léan! Is tapúla a tháinig sé ná mar a cheap mé a thiocfadh! Tháinig na púcaí oraibh! Tá Bolg an Tuaiscirt ag teacht, a Dháin, ar mharaigh tú a athair i Moria. Féach, tá na hialtóga os cionn a shlua mar a bheadh lear lócaistí. Tá na púcaí ag marcaíocht ar mhic tíre agus tá Criúin in éineacht leo!”

Thit alltacht agus corrabhuais orthu uile go léir. Fiú fad is a bhí Gandalf ag caint bhí an dorchadas ag dul i dtiús. Stad na habhaic is stán siad ar an spéir. Ghlaoigh mórán guthanna amach i measc na n-ealbh.

“Tagaigi!” arsa Gandalf de ghla. “Tá am fós againn le comhairle a ghlacadh. Tagadh Dáin mac Náin chugainn go mear!”

Is mar sin a thosaigh cath nach rabhtas ag súil leis; agus Cath na gCúig Arm a tugadh air. Bhí sé an-uamhnach. Ar thaobh amháin bhí na Púcaí agus na Faolchúnna Fiáine agus ar an taobh eile bhí Eilbh, Daoine, is Abhaic. Seo mar a tharla. Ó leagadh an Púca Mór i Sléibhte an Cheo rinneadh fuath a chine a athadhaint go fíochmhar in éadan na n-abhac. Théadh teachtairí anonn is anall óna gcath-racha, óna gcoilíneachtaí agus óna ndaingne uile; óir bhí rún acu anois forlámhas a ghlacadh ar an Tuaisceart. D’fhaighidís eolas ar bhealaí rúnda; agus bhí gaibhniú agus armáil ar siúl sna sléibhte uile. Mháirseálaidís agus bhailidís ar chnoc agus i ngleann, ag dul trí tholláin i gcónaí nó faoi choim na hoíche, go dtí gur chruinnigh ollslua timpeall Gundabad, an sliabh mór, an áit a raibh a bpríomh-chathair, agus faoin sliabh féin, agus bhí siad réidh le ruathar a dhéanamh anuas i ngan fhios le linn stoirme ar thalamh an Deiscirt. Chuala siad ansin faoi bhás Smóg, agus bhí lúcháir ina gcroí. Dheifrih siad oíche tar éis oíche trí na sléibhte, agus tháinig siad mar sin ar deireadh go tobann ón Tuaisceart ar shála Dháin. Ní raibh a fhios ag na fiacha féin faoina dteacht gur dtí gur tháinig siad amach ar na tailte briste a bhí idir an Sliabh Uaigneach agus na cnoic lastall. Ní féidir a rá cé mhéad a bhí ar eolas ag Gandalf, ach is léir nach raibh sé ag súil leis an ionsaí tobann sin.

Seo é an plean a chum sé i gcomhairle le Rí na nEalbh, le Bard, agus le Dáin, mar bhí tiarna na n-abhac i bpáirtíocht leo faoin am sin: ba naimhde na Púcaí do chách, agus nuair a tháinig siad, rinneadh dearmad ar aighneas ar bith eile. Ní raibh ach dóchas

amháin acu: go meallfaidís na púcaí isteach sa ghleann idir sciatháin an tSléibhe; agus iad féin a dhul chun a n-áit a ghlacadh ar na sála a bhí ag gobadh amach ó dheas is soir. Bheadh an-chontúirt ann, dá mbeadh na púcaí sách líonmhar le seilbh a ghabháil ar an Sliabh féin, agus mar sin iad a ionsaí ar a gcúl agus anuas; ach ní raibh am ar bith fágtha le haon phlean eile a dhéanamh, nó chun cúnamh a lorg ó áit ar bith.

Ba ghearr gur imigh an toirneach, ag tormáil léi soir ó dheas. Tháinig néal na n-ialtóg, ag eitilt ní b'isle, thar ghualainn an tSléibhe, agus bhí siad ag faoileáil thart os a gcionn, ag teacht idir iad agus an solas, agus ag cur scéine iontu.

"Chun an tSléibhe! Chun an tSléibhe!" arsa Bard de bhéic. "Glacaimis ár n-áit chomh fada is a bheidh am fágtha."

Leathnaíodh Eilbh amach ar an tsáil ó dheas, ar na learga ab ísle agus idir na carraigeacha ag a bhun; fir agus abhaic a bhí ar an tsáil thoir. Ach dhreap Bard agus cuid den dream ba scafánta i measc na ndaoine agus na n-ealbh suas chuig mullach na sála thoir chun léargas a fháil ó thuaidh. Níorbh fhada go bhfaca siad na tailte os comhair bhun an tSléibhe agus iad breac le slua dithneasach. Níorbh fhada gur lúb tosach an tslua timpeall cheann na sála agus tháinig siad de ruathar isteach chuig an Srath. Ba iad sin na faolmharcaigh ba thapúla, agus cheana féin bhí a ngártha agus a n-uailleacha ag scoilt an aeir. Cuireadh roinnt bheag fear i líne os a gcomhair le tabhairt le fios go rabhthas ag cur ina gcoinne, agus thit mórán díobh sin sular chúb an chuid eile agus a theith leo chuig an dá thaobh. Mar a bhí súil ag Gandalf, bhailigh arm na bpúcaí ar gcúl an urgharda ar cuireadh ina gcoinne. Tháinig na púcaí ag madhmadh le fraoch feirge isteach sa ghleann, agus ag tiomáint go fíochmhar suas idir sciatháin an tSléibhe ag tóraíocht na naimhde. Bhí a meirgí do-áirithe, dubh agus dearg, agus tháinig siad ar aghaidh mar a bheadh rabharta taoide ina dtranglam mire.

B'uamhnach an cath a bhí ann. An chuid ab uafásaí dá ndeachaigh Biolbó tríd, agus an ceann ba mhó ba ghráin leis ag an am—is é sin le rá, gurbh é an rud ba mhó a raibh sé bródúil as, agus an rud ba mhó a thaitníodh leis a insint ina dhiaidh sin, cé gur fíor-neamh-thábhachtach an pháirt a bhí aigesean sa scéal. Déanta na fírinne, chuir sé a fháinne air féin go luath sa chath agus d'imigh as radharc, murar sheachain sé gach uile chontúirt. Ní cosaint fhoirfe fáinne draíochta den chineál sin ar ruathar púcaí, agus ní bhacann sé saighde eitilte agus sleánna fiáine; ach cabhraíonn sé le duine dul as an tslí, agus coisceann sé cloigeann duine ar bhuille scuabach faoi leith ó chlaíomh púca.

Ba iad na heilbh ba thúisce a thug séirse faoin namhaid. Is fuar searbh a bhfuath siúd dó na púcaí. Lonraíodh a sleánna agus a gclaimhte sa dorchadas le loinnir fhuar lasrach, bhí fiúnach na lámh a bhí á gcoinneáil chomh marfach sin. Chomh luath agus a bhí slua na naimhde go tiubh sa ghleann, chuir na heilbh cith saighde ina n-éadan, agus rinne gach saighead caochaíl lasrach ar imeacht di mar a bheadh le tine nimhneach. Léim míle dár sleadóirí anuas ar gcúl na saighde agus thug séirse ar na púcaí. Bhainfeadh a n-uailleacha an éisteacht de dhuine. Smearadh na clocha dubh le fuil na bpúcaí.

Faoin am a raibh na púcaí ag teacht chucu féin ón ruathar agus ar cuireadh stop le séirse na n-ealbh, chualathas trasna an ghleanna búireach íseal garbhghlórach. Rith abhaic Chnoic an Iarainn isteach sa ghleo agus “Moria!” agus “Dáin, Dáin!” mar ghairm catha ag cách, a matóga á mbeartú acu ar an taobh thall; agus taobh leo tháinig fir an Locha lena gclaimhte fada.

Chuaigh na Púcaí i scaoll; agus a thúisce is a chas siad chun aghaidh a thabhairt ar an ionsaí nua sin, thug na heilbh fogha fúthu arís le trúpaí ba líonmhaire. Bhí mórán de na púcaí ag teitheadh leo cheana síos an abhainn le héalú as an ngaiste; agus bhí mórán dá mic tíre féin ag tabhairt fúthu, ag sracadh na marbh agus na bpúcaí gonta. Dhealraigh go raibh an bua in aice láimhe, nuair a chualathas gártha ar na mullaigh os a gcionn.

Bhí púcaí i ndiaidh an Sliabh a dhreapadh ar an taobh eile, cheana féin bhí lear díobh ar na learga os cionn an Gheata, agus bhí tuilleadh díobh ag madhmadh anuas go meargánta, gan aon aird acu orthu siúd a bhí ag titim d’aill agus de splinc, chun sála an tSléibhe a ionsaí ón ard. Bhíothas in ann na sála a shroicheadh ar chosáin a ritheadh anuas ó phríomhthoirt an tSléibhe sa lár, agus ba róbheag líon na gcosantóirí chun an bealach a bhac orthu rófhada. D’imigh dóchas an bhua ansin. Ní raibh déanta acu ach céad ionsaí na taoide duibhe a stopadh.

Tháinig an ardráthnóna. Bhailigh na púcaí sa ghleann arís. Bhí Criúin ina slua ag réabadh leo agus mar aon leo siúd tháinig an cheithearn timpill a bhí ag Bolg, púcaí de thoirt ollmhór agus cromchlaimeach cruach ina lámha. Níorbh fhada go raibh dorchadas na hoíche ag clúdach ghruaim na spéire stoirmiúla, fad is bhí na hialtóga ag faoileáil thart ar chinn agus ar chluasa na n-ealbh is na bhfear—nó ghreamaídís ar nós bultúr ar choirp na dtaismeach. Bhí Bard ansin ag troid chun an tsáil thoir a chosaint ach ag cúlú de réir a chéile; agus bhí tiarnaí na n-ealbh á sáinniú timpeall a rí ar an sciathán ó dheas, gar d’ionad faire ar Chnoc na bhFiach.

Leis sin chualathas liú mór agus amach as an nGeata tháinig glao an stoic. Bhí dearmad déanta acu ar Thóirín! Bogadh cuid den chlaí le gróite agus thit sé amach sa linn. Léim an Rí faoin gCnoc amach, agus lean a chompánaigh é. Bhí fallaing agus cochall curtha díobh; bhí siad gléasta i gcathéide lonrach, agus léimeadh solas dearg óna súile. Shoilsíodh an t-abhac mór sa chlapsholas amhail ór i dtine leathmharbh.

Chaith na púcaí os a gcionn clocha móra anuas, ach sheas na habhaic an fód. Léim siad síos go bun an easa, agus chuaigh de ruathar isteach sa chath. Thit idir mhic tíre agus mharcaigh rompu. Bheartaigh Tóirín a thua le buillí cumhachtacha, agus bhí an chuma air nach ngortódh rud ar bith é.

“Chugamsa! Chugamsa! A Ealbh agus a Dhaoine! A chine liom!” a dúirt sé de ghlaio ard, agus chrith a ghuth amhail adharc sa ghleann.

Rith gach uile abhac de mhuintir Dháin anuas chuige i mí-eagar chun cabhrú leis. Anuas freisin a tháinig mórán d’fhir an Locha, mar ní raibh Bard in ann stop a chur leo; agus ar an taobh eile tháinig mórán de shleádoirí na n-ealbh amach. Uair amháin eile buaileadh na púcaí sa ghleann; agus rinneadh carnáin díobh go raibh an Srath dubh urghrána lena gcorpáin. Scaipeadh na Criúin agus thiomáin Tóirín glan in aghaidh cheithearn timpill Bholg. Ach níorbh fhéidir leis a ranganna a bhriseadh.

Bhí a lán fear agus a lán abhac ina luí marbh cheana féin idir mhairbh na bpúcaí, agus mórán ealbh áille freisin, ar cheart dóibh maireachtáil ar feadh na gcianta go meidhreach sna coillte go fóill. Agus de réir mar a bhí an gleann ag dul i leithne is amhlaidh is moille a bhíodh ionsaí Thóirín i gcónaí. Bhí lion a airm róbheag. Ní raibh cosaint ar bith ag na taobhanna. Níorbh fhada gur ionsaíodh na hionsaitheoirí, agus brúdh isteach i bhfáinne mór iad, ag breathnú gach aon treo, á sáinniú ag púcaí agus ag mic tíre ag teacht ar ais chun séirse a thabhairt. Tháinig ceithearn timpeall Bolg ag uallfartach ina n-aghaidh, agus thiomáin isteach in éadan a línte amhail tonnta na farraige in aghaidh aillte gainimh. Ní raibh a gcairde in ann cúnamh a thabhairt, óir rinneadh athnuachan dhúbailte ar ionsaí phúcaí an tSléibhe, agus ar gach aon taobh bhí fir agus eilbh á gcloí go mall.

D’fhéach Biolbó air sin uile le hangar. Ghlac sé a áit leis na heilbh ar Chnoc na bhFiach—toisc go dtí pointe áirithe gur mhó an seans a bheadh aige éalú ón ionad sin, agus toisc arís (ba é an chuid Thúcach dá intinn a smaoinigh air), má bhí sé riachtanach dó seasamh sa bhearna baoil ar deireadh, gurbh fhearr leis a bheag nó

a mhór Rí na nEalbh a chosaint. Bhí Gandalf ann freisin, a deirim, ina shuí ar an talamh, amhail is dá mbeadh sé ag machnamh go domhain, ag ullmhú iarracht éigin draíochta, is dócha, sula dtiocfadh an deireadh.

Ní raibh an deireadh i bhfad uathu de réir cosúlachta. “Níl fada le fanacht againn anois,” arsa Biolbó leis féin, “sula ngabhfaidh na púcaí an Geata, agus go ndéanfar slad orainn uile, nó go dtiomáinfear anuas muid agus go ndéanfar príosúnaigh dinn. Is leor sin go deimhin chun deora a bhaint as duine, tar éis a ndeachthas tríd. B’fhearr liom go bhfágfaí an saibhreas mallaithe i seilbh shean-Smóg, ná go bhfaigheadh na créatúir shuaracha seo é, agus go dtiocfadh droch-chríoch ar shean-Bhombúr bocht, ar Bháilín, ar Fhílí agus ar Khílí agus ar an dream eile ar fad; agus ar Bhard freisin, agus ar Dhaoine an Locha agus ar na heilbh suairce. Mo léan is mo lagar! Chuala mé amhráin faoina lán cathanna, agus thuig mé riamh go mb’fhéidir gur rud glórmhar atá sa díomua. Feictear domsa gur fíor-mhíchompordach an rud atá ann, agus rud ainnis míthaitneamhach freisin. Is trua nach bhfuilim achar maith uaidh.”

Shrac an ghaoth na scamaill, agus chonacthas stiallacha dearga de luí na gréine ag bun na spéire thiar. Nuair a chonaic Biolbó an loinnir thobann sa dorchadas, d’fhéach sé timpeall. Lig sé glao mór as: chonaic sé radharc a bhain preab as a chroí, cruthanna dorchá, beag ach maorga san am céanna ina aghaidh na loinnire i bhfad i gcéin.

“Na hIolair! Na hIolair!” a dúirt Biolbó de liú. “Tá na hIolair ag teacht!”

Is annamh a bhí dul amú ar shúile Bhiolbó. Bhí na hiolair ag teacht anuas an ghaoth, líne ar líne acu, slua chomh mór sin díobh nárbh fhóláir gur chruinnigh siad as gach aon nead sa Tuaisceart.

“Na hIolair! Na hIolair!” arsa Biolbó de liú arís, agus dhamhsaigh sé agus bhagair sé a lámha. Mura bhfaca na heilbh é, chuala siad é. Is gearr gur thóg siad an gháir aníos, agus thosaigh sí ag fuaimniú trasna an ghleanna. Bhreathnaigh a lán súl suas le hiontas, cé nach bhfacthas tada go fóilleach cé is moite de sciatháin deisceartacha an tSléibhe.

“Na hIolair!” a dúirt Biolbó de liú amháin eile ach ag an nóiméad sin, teilgeadh cloch anuas agus thuairteáil go trom ar a chlogad. Thit se de phlimp agus fágadh gan aithne é.

An Turas Abhaile

Nuair a tháinig Biolbó chuige féin bhí sé ina aonar. Bhí sé ina luí ar leacacha Chnoc na bhFiach, agus ní raibh aon duine in aice leis. Bhí lá fionnuar gan scamall os a chionn. Bhí sé ar crith, chomh fuar le cloch, ach bhí a chloigeann chomh te le tine.

“Meas tú cad a tharla?” a dúirt sé leis féin. “Ar aon chuma nílím go fóill ar dhuine de na laochra a thit sa chath; ach is dócha go bhfuil am a dhóthain ann fós chuige sin.”

Shuigh sé aniar go pianmhar. Nuair a d’fhéach sé anuas ar an ngleann ní fhaca sé púca beo ar bith. Tar éis tamaill nuair a ghlán a cheann beagán cheap sé go bhfaca sé eilbh ag corraí ar na clocha thíos. Chuimil sé a lámh dá shúile. Cinnte bhi campa píosa uaidh ar an machaire fós; agus bhíothas ag teacht agus ag imeacht in aice leis an nGeata. Bhí abhaic gnóthach de réir cosúlachta ag baint an chlaí anuas. Ach bhí gach uile rud fíorchíúin. Ní raibh guth ar bith le cloisteáil ná aon mhacalla d’amhrán. Bhí an brón ar crochadh san aer de réir dealraimh.

“Bua i ndeireadh na dála, is dócha!” a dúirt sé agus d’airigh sé an phian ina chloigeann. “Bhuel tá an chuma ar gur gruama brónach an scéal.”

Leis sin thug sé fear faoi deara ag dreapadh aníos agus ag teacht ina threo.

“Hóra!” a dúirt sé de ghlaio creathach. “Hóra! Aon scéal agat?”

“Cén guth é sin atá ag caint idir na clocha?” arsa an fear ag stopadh agus ag féachaint ina thimpeall cóngarach go maith don áit a raibh Biolbó ina shuí.

Chuimhnigh Biolbó ansin ar a fháinne! “Bhuel, beannacht orm!” a dúirt sé. “Tá míbhuntáiste ag baint leis an dofheictheacht seo i ndeireadh na dála. Murach sin, b’fhéidir go gcaithfinn an oíche aréir go te tolaí i mo luí i leaba!”

“Mise atá ann, Biolbó Baigíneach, compánach le Tóirín!” a dúirt sé go hard agus ag baint an fháinne dá mhear go tapa.

“Is maith an rud go bhfuair mé thú,” arsa an fear agus thug sé céim chun tosaigh. “Tá tú ag teastáil agus bhiomar do do thóráíocht ar feadh i bhfad. D’áireofaí i measc na marbh thú, agus tá a lán acu siúd ann, mura ndéarfadh Gandalf draoi gur chualathas do ghuth san áit seo an t-am deireanach. Cuireadh mise aníos anseo le thú a chuardach an uair dheiridh. Ar gortaíodh go dona thú?”

“Buille trom sa cheann, is dóigh liom,” arsa Biolbó. “Ach tá clogad agam agus cloigeann crua. Ní airím ar fónamh ina dhiaidh sin féin agus tá mo chosa chomh lag le soip.”

“Iompróidh mé síos thú chuig an gcampa sa ghleann,” arsa an fear agus thóg sé den talamh go héadrom é.

Bhí an fear tapa cosdaingean. Níorbh fhada gur leagadh Biolbó anuas os comhair phubaill ar an Srath; agus ansin bhí Gandalf ina sheasamh, a lámh in iris ghualainne aige. Níor éalaigh an draoi féin gan chréacht; agus is beag duine sa slua uile nár leonadh.

Nuair a chonaic Gandalf Biolbó, bhí an-ríméad air. “A Bhaiginigh!” a dúirt sé go hard. “Bhuel, nach iontach é! Tá tú beo i gcónaí i ndeireadh na dála—is mise atá sásta! Bhí mé ag tosú ag ceapadh nach mairfeadh d’ádhdh le thú a thabhairt tríd! B’uafásach an gnó a bhí ann, agus is beag nár tháinig críoch thubaisteach air. Ach féadfaidh an nuacht eile fanacht. Gabh i leith!” a dúirt sé ní ba thromchúisí. “Táthar ag glaoch ort,” agus threoraigh sé an hobad isteach sa phuball.

“Hóra, a Thóirín!” ar seisean agus é ag dul isteach. “Tá sé tugtha liom agam.”

Ba é Tóirín na Scéithe Darach a bhí ina luí ann, arna ghoin leis an iliomad créacht, agus bhí a chathéide stróicthe agus a thua eangaithe ina luí caite ar an urlár. D’fhéach sé aníos nuair a tháinig Biolbó anall chuige.

“Slán agat, a ghadaí chóir,” a dúirt sé. “Táimse ag dul anois chuig na hallaí feithimh le suí taobh le mo shinsir, go dtí go ndéanfar an domhan a athnuachan. Ó tharla anois go bhfágfaidh mé gach ór is gach airgead i mo dhiaidh, agus go rachaidh mé in áit nach mbeidh luach ar bith leo, is mian liom scaradh leat i gcairdeas, agus tarraingim siar a ndúirt mé agus a ndearna mé ag an nGeata.”

Chuaigh Biolbó síos ar leathghlúin agus a chroí lán bróin. “Slán leat, a Rí faoin Sliabh!” a dúirt sé. “Is searbh an eachtra seo más gá di críochnú mar seo; agus ní féidir le cnoc óir é a chúiteamh. Ach tá ríméad orm go raibh roinnt agam i do chuid contúirte—agus is mó é sin ná mar atá tuillte ag Baigíneach ar bith.”

“Ní heal!” arsa Tóirín. “Is mó an fiúntas atá ionat ná mar a thuigeann tú féin, a pháiste de chuid an Iarthair chineálta. Crógacht

agus eagna arna meascadh go cothrom. Dá mba luachmhaire le cuid againn bia, suairceas agus amhránaíocht ná ór i dtaisce, ba mheidhrí an saol a bheadh ann. Ach bíodh sé brónach nó meidhreach, ní mór dom é a fhágáil anois. Slán agat!”

Leis sin chas Biolbó ar leataobh, chuaigh leis féin agus shuigh ina aonar, fillte i bpluid, agus creidigí nó ná creidigí, chaoin sé uisce a chinn go raibh a dhá shúil dearg agus go raibh slócht ina ghlór. Ba lách cineálta an duine beag é. Go deimhin b’fhada ina dhiaidh sin go raibh an dhóthain meamna ann le greann a dhéanamh. “Ba mhór an gar é,” a dúirt sé leis féin gur dhúisigh mé nuair a dhúisigh. Is trua gan Tóirín ina bheatha, ach is deas liom gur scaramar inár gcairde. Is tusa an t-amadán, a Bhíolbó Baigín, agus rinne tú praiseach mhór de ghnó úd na cloiche; agus bhí cath ann in ainneoin do dhíchill chun síocháin agus ciúnas a cheannach, ach is ar éigean is féidir an locht sin a chur ortsa, is dócha.”

Chuala Biolbó ní ba dhéanaí faoi gach dár tharla tar éis dó buille sa cheann a fháil; ach is mó de bhrón a chuir sé air ná lúcháir, agus bhí sé tuirseach dá eachtra. Bhí sé ag tnúth ina chnámha leis an turas abhaile. Cuireadh beagán moille air sin, áfach. Ach idir an dá linn inseoidh mé daoibh beagán dár thit amach. Is fada ó bhí amhras ar na hÍolair faoi thóstal na bpúcaí; níorbh fhéidir imeachtaí sna sléibhte a cheilt ar fad ar aire na nÍolar. Bhailigh siadsan mar sin freisin faoi cheannas Íolair Mhóir Sléibhte an Cheo; agus ar deireadh thiar nuair a bholaigh siad an cath i bhfad uathu tháinig siad ag deifriú anuas an gála ar an nóiméad lom. Ba iad sin a chuir na púca de learga an tSléibhe agus theilg siad thar na haille iad, nó thiomáin siad síos trína chéile isteach i lár a naimhde iad agus gach scréach acu. Níorbh fhada gur ghlan na hÍolair an Sliabh Uaigneach díobh, agus b’fhéidir le heilbh agus le daoine ar gach aon taobh den ghleann teacht i gcabhair ar deireadh ar a gcompánaigh ag troid thíos.

Ach ba líonmhaire na púcaí ná iad, fiú má chuirtear na hÍolair san áireamh. Ag an uair dheireanach úd chonacthas Béorn féin—ní raibh a fhios ag aon duine cárb as ar tháinig sé. Ina aonar a tháinig sé agus i riocht béir; agus ba chosúil gur fhás sé ina fhearg go raibh toirt fathaigh ann.

Ba gheall a bhúireach le torann drumáí agus gunnaí, agus theilg sé mic tíre agus púcaí óna chosán mar shoip agus mar chleiti. D’ionsaigh sé a gcúl agus mhaidhm sé mar a bheadh plimp thoirní tríd an bhfáinne. Bhí na habhaic fós ag seasamh an fhóid thart ar a dtriatha ar mhaolán cnoic. Chrom Béorn ansin agus d’ardaigh sé

Tóirín, a thit arna threá le sleánna, agus rug sé leis amach as an ngleo é.

D'fhill sé gan mhoill agus ba mhó ná riamh a chuthach feirge, sa chaoi nach bhféadfadh ní ar bith seasamh ina aghaidh, agus ba chosúil nach bhféadfadh arm ar bith a ghortú. Chuir sé scaipeadh sa cheithearn timpill agus leag Bolg féin is threascair é. Thit anbhá ansin ar na Púcaí is theith siad deiseal is treiseal. Ach d'fhág an tuirse a naimhde le teacht an dóchais nua, agus lean siad iad go dlúth, agus bhac siad a n-éalú ar a bhformhór, cibé áit a raibh siad in ann. Thiomáin siad mórán acu isteach san Abhainn Reathach, agus sheilg siad gach dár theith siar nó ó dheas isteach sna riasca timpeall Abhainn na Foraoise; agus is ansin a cailleadh formhór de na teifigh a bhí fágtha, agus maraíodh iad siúd a tháinig ar éigean chuig ríocht Ealbh na Coille, nó tarraingíodh isteach i ndorchadas gan chosán na Modarchoille iad chun bás a fháil inti. Tá sé ráite sna hamhráin gur bhásaigh trí cheathrú de phúcaí catha an Tuaiscirt an lá sin, agus go raibh síocháin sna sléibhte ar feadh na mblianta fada ina dhiaidh.

Bhí an bua cinnte sular thit an oíche, ach bhí an tóir fós ar siúl, nuair a d'fhill Biolbó chuig an gcampa; agus is beag duine a bhí sa ghleann cé is moite de na daoine a loiteadh go dona.

“Cá bhfuil na hIolair?” arsa Biolbó le Gandalf an oíche sin agus é ina luí fillte suas i mórán pluideanna teo.

“Tá cuid acu sa tóir,” arsa an draoi, “ach tá a bhformhór imithe ar ais chuig a neadacha. Ní fhanfaidís anseo, agus d'imigh siad leo le briseadh an lae. Chuir Dáin coróin óir ar cheann a dtaoisigh, agus mhionnaigh sé cairdeas buan leo go brách.”

“Is oth liom sin. Is éard atá i gceist agam gur mhaith liom iad a fheiceáil arís,” arsa Biolbó go codlatach. “B'fhéidir go bhfeicfinn ar an mbealach abhaile iad. Is dócha go mbeidh mé ag dul abhaile go luath?”

“Chomh luath agus is mian leat,” arsa an draoi.

Déanta na firinne d'imigh roinnt laethanta sular chuir Biolbó chun bóthair. Adhlacadh Tóirín go domhain faoin Sliabh agus leag Bard an Lómharchloch ar a bhrollach.

“Bíodh sí ina luí ansin go dtitfidh an Sliabh!” a dúirt sé. “Go dtuga sí dea-fhortún chuig a mhuintir uile a bheidh ina gcónaí anseo amach anseo!”

Leag Rí na nEalbh Orcrist ar a thuama ansin, an claiómh síofrúil a baineadh de Thóirín le linn a bhraighdeanais. Deir na hamhráin go lonraíodh sé riamh ina dhiaidh sin sa dorchadas dá dtiocfadh neach in aice leis, agus nárbh fhéidir teacht aniar aduaidh ar na

habhaic agus a ndaingean a ghabháil. Lonnaigh Dáin mac Náin sa Sliabh agus rinne sé Rí faoin Sliabh, agus le himeacht aimsire bhailigh mórán eile de na habhaic chuig a ríchathaoir sna hallaí ársa. D’fhan deichniúr den dáréag compánach a bhí ag Tóirín. Thit Fíli agus Kíli á chosaint lena sciath is lena gcolainn, mar ba é deartháir sinsearach a máthar é. D’fhan an chuid eile ag Dáin, mar dháileadh Dáin a shaibhreas go cóir.

Ar ndóigh ní raibh sé i gceist a thuilleadh an taisce a roinnt sa tslí ar beartaíodh idir Báilín, Dváilín, Dóirí, Nóirí, Óirí, Óin, Glóin, Bíofúr, Bófúr, agus Bombúr—agus Biolbó. Ach tugadh an ceathrú cuid den airgead agus den ór (gaibhnithe agus gan ghaibhniú) ar lámh do Bhard, óir dúirt Dáin: íocfaimid ar aontaigh an té atá marbh air, agus tá an Lómharchloch ina sheilbh aige.”

Ba shaibhreas thar cuimse fiú an ceathrú cuid déag, níos mó ná maoin mórán de ríthe na ndaoine. Chuir Bard a lán óir as an méid sin chuig Máistir Bhaile an Locha, agus chaith Bard go fial lena lucht leanúna is lena chairde. Thug sé smaragaidí Ghirion do Ríthe na nEalbh, na seoda ab ansa leis, a bhí faighte ar ais ag Bard ó Dháin.

Dúirt Bard le Biolbó: “Is leatsa an saibhreas gach pioc chomh maith agus is liomsa é; cé nach seasann an seanchonradh ó tharla go bhfuil éileamh ag an oiread sin daoine air de bharr a ndearna siad chun a ghnóthú agus a chosaint. Cé go raibh tú sásta d’éileamh uile a chur ar leataobh, ba mhian liom nach dtiocfadh focail Thóirín isteach fíor, focail a ndearna sé aithrí iontu: gur beag a thabharfar duit. Ba mhian liom tusa a íoc níos flaithiúla ná duine ar bith eile.”

“Tá sé sin an-deas uait,” arsa Biolbó. “Ach is mór an faoiseamh dom dáiríre é. Níl a fhios agam conas a d’fhéadfainn an oiread sin a thabhairt abhaile liom gan chogadh is gan dúnmharú ar an mbealach. Agus níl a fhios agam ach an oiread cad a dhéanfainn leis nuair a shroichfinn an baile. Táim cinnte gur fearr i do lámhasa é.”

Ní ghlacfadh Biolbó sa deireadh thiar ach le dhá chófra bheaga, ceann lán airgid agus an ceann eile lán óir, an oiread agus a d’fhéadfadh capaillín láidir a iompar. “Is ionann é sin agus an méid is féidir liom a ionramháil,” a dúirt sé.

Tháinig an t-am sa deireadh thiar go gcaithfeadh sé slán a fhágáil ag a chairde. “Slán agat, a Bháilín!” a dúirt sé, “agus slán agat, a Dhváilín; agus slán agaibhse, a Dhóirí, a Nóirí, a Óirí, a Óin, a Ghlóin, a Bhíofúir, a Bhófúir, agus a Bhombúir! Nár thaga tanaíochan go deo ar bhur bhféasóga!” Agus ag casadh chuig an Sliabh is ea a dúirt sé, “Slán agat, a Thóirín na Scéithe Darach! Slán agaibh, a Fhíli agus a Khíli! Nár thaga meath ar an gcuimhne oraibh!”

Leis sin d'umhlaigh na habhaic go hiseal os comhair a nGeata, agus tháinig tocht orthu agus ní raibh siad in ann labhairt. “Slán leat agus go n-éirí leat cibé áit a rachaidh tú!” arsa Báilín ar deireadh. “Má thugann tú cuairt orainn arís go brách, nuair a bheidh athmhaisiú déanta ar ár hallaí, ansin beidh féasta fíorghalánta againn!”

“Má bhíonn sibhse i mo thaobhsa tíre,” arsa Biolbó, “ná baciaigí leis an doras a bhualadh! Bíonn an tae ag a ceathair; ach beidh fáilte roimh dhuine ar bith agaibh am ar bith!”

Ansin chas sé ar leataobh.

Bhí slua na n-ealbh i mbun máirseála; agus má bhí laghdú brónach tagtha orthu, bhí ríméad ar mhórán ina dhiaidh sin féin, mar bheadh an domhan thuaidh níos meidhrí ná mar a bhí le fada an lá. Bhí an dragan marbh, agus na púcaí cloite; agus tar éis an gheimhridh bhí siad ag dúil ina gcroí le hearrach na lúcháire.

Bhí Biolbó agus Gandalf ag marcaíocht ar chúl Rí na nEalbh agus bhí Béorn ar cois lena dtaobh, agus riocht duine uime arís. Agus bhíodh sé ag gáire agus ag gabháil fhoinn go hard glórach ar an mbóthar. Chuaigh siad ar aghaidh mar sin gur tháinig siad chuig imeall na Modarchuille, lastuaidh den áit a ritheadh Abhainn na Foraoise amach as an gcoill. Stad siad ansin, óir ní raibh an draoi ná Biolbó sásta teacht isteach sa choill, cé gur iarr an rí orthu fanacht tréimhse ina hallaí. Bhí rún acu dul ar feadh chiumhais na foraoise agus timpeall na críche tuaisceartaí san fhásach a bhí idir an choill agus na Sléibhte Liatha. B'fhada duaiseach an bóthar é, ach ó tharla gur bascadh na púcaí, chonacthas dóibh gur shábháilte é ná na cosáin uafásacha faoi na crainn. Ina theannta sin bhí rún ag Béorn dul an bealach sin freisin.

“Slán agat, a Rí na nEalbh!” arsa Gandalf. “Go raibh meidhir sa ghlaschoill fad is a bheidh an saol óg fós! Agus go raibh meidhreacht do mhuintir uile!”

“Slán leat, a Ghandailf!” arsa an rí. “Go dtaga tú i radharc i gcónaí nuair a bheidh gá leat agus nuair is lú a bheifear ag súil leat! Dá mhinice a fheicfear i mo hallaí thú, is amhlaidh is mó mo shonas is mo shásamh!”

“Impím ort,” arsa Biolbó, ag stadaireacht agus é ina sheasamh ar leathchos, “go nglacfa leis an mbronntanas seo!” agus bhain sé amach muince d'airgead agus de phéarlaí a thug Dáin dó nuair a scar siad le chéile.

“Agus conas a thuill mé a leithéid de bhronntanas, a hobaid?” arsa an rí.

“Bhuel, cheap mé, an bhfuil a fhios agat,” arsa Biolbó agus é beagán trína chéile, “go mba cheart dom, tá a fhios agat, do fhlaithiúlacht a chúiteamh leat cineál. Is éard atá i gceist agam, go bhfuil mothúcháin ag an mbuirgléir féin. D’ól mé a lán de do chuid fiona agus d’ith me a lán de do chuid aráin.”

“Glacfaidh mé le do bhronntanas, a Bhiolbó Sháruasail!” arsa an rí go tromchúiseach. “Agus fógraím thú beannaithe agus i do calbh-chara. Nár laghdaí do scáth go deo (nó bheadh an ghadaíocht ró-éasca duit)! Go dté tú slán!”

Leis sin chas na heilbh chuig an bhForaois agus thosaigh Biolbó ar a bhóthar fada abhaile.

Is iomaí sin cruatan agus eachtra a ndeachaigh sé tríothu sular shroich sé an baile. Ba é an Fiántas an Fiántas i gcónaí, agus bhí mórán nithe eile ann na laethanta úd seachas púcaí; ach bhí treoraí maith agus garda maith aige—bhí an draoi in éineacht leis, agus Béorn cuid den bhealach—agus ní raibh sé i gcontúirt mhór arís. Ar aon chuma faoi lár an gheimhridh tháinig Gandalf agus Biolbó an bealach uile ar ais ar feadh chiumhais na Foraoise, chuig doras theach Bhéorn; agus d’fhan siad ann ar feadh tamaill. Bhí an Dúluachair go deas teolaí suairc ann; agus thagadh daoine ó chéin agus ó chongar le féasta a dhéanamh ar iarratas Bhéorn. Ba thearc iad púcaí Shléibhte an Cheo, bhí scéin orthu agus chuaigh siad i bhfolach sna poill ba dhoimhne dár bh fhéidir leo a aimsiú; agus d’imigh na Criúin as na coillte, sa chaoi go bhféadfadh daoine dul timpeall gan scáth gan eagla. Bhí Béorn ina thaoiseach mór ina dhiaidh sin sa dúiche úd agus bhí limistéar fairsing faoina réimeas idir na sléibhte agus an choill; agus deirtear go mbíodh cumhacht ag sliocht a shleachta ar feadh na nglúnta riocht béir a chur orthu féin, agus b’olc dúr cuid acu, ach bhí a bhformhór cosúil le Béorn ina gcroí, cé gur lú iad ó thaobh toirte agus nirt de. Cuireadh an ruaig ar na púcaí deireanacha as Sléibhte an Cheo ina laethanta siúd agus tháinig síocháin nua ar imeall an Fhiántais.

An t-earrach a bhí ann agus séasúr deas ab ea é le haimsir shéimh agus grian ghlé, sular fhág Biolbó agus Gandalf slán ag Béorn ar deireadh. Cé go raibh an-chumha go deo ar Bhiolbó i ndiaidh a bhaile féin, is le haiféala a d’imigh sé, óir ní raibh aon phioc níos lú áilleachta ar bhláthanna an earraigh i ngairdín Bhéorn ná mar a bhí ar bhláthanna lár an tsamhraidh.

Tháinig siad sa deireadh thiar thall aníos an bóthar fada, agus shroich siad an bearnas céanna ar ghabh na púcaí iad roimhe sin. Ach is ar maidin a tháinig siad chuig an áit ard sin, agus nuair a

d'fhéach siar ar a gcúl, chonaic siad grian sholasta ag lonrú ar thíortha leathana. Ar gcúl ansin bhí an Mhodarchoill, gorm i bhfad uathu, agus dúdhorcha ag an gciumhais ba ghiorra dóibh, fiú san earrach. Ansin i bhfad i bhfad i gcéin bhí an Sliabh Uaigneach ar imeall raon na súl. Ar an mullach ab airde bhí sneachta gan leá ag lonrú go geal tláith.

“Is mar sin a thagann sneachta i ndiaidh lasracha, agus bíonn deireadh leis na dragain féin!” arsa Biolbó, agus chas sé a dhroim lena eachtra. Bhí an-tuirse ag teacht ar mhianach na dTúcach ann, agus bhí dúchas na mBaigíneach ag cruinniú nirt ó lá go lá. “Níl ach mian amháin agam anois—a bheith ar ais i mo chathaoir uilleach féin!” a dúirt sé.

Caibidil XIX

An Geábh Deiridh

Lá Bealtaine a tháinig an bheirt acu ar ais ar deireadh chuig taobh Ghleann na Scoilte, an áit a raibh an Teach Fáilteach Deireanach (nó an Chéad Teach Fáilteach). Ba é deireadh lae arís é, bhí tuirse ar a gcapaillíní, go háirithe ar an ainmhí ag iompar an bhagáiste, agus mhothaigh siad gur mhithid dóibh a scíth a ligean. Fad is a bhí siad ag marcaíocht anuas an cosán rite, chuala Biolbó na heilbh ag gabháil fhoinn sna crainn i gcónaí, amhail is nár stop siad ó d'fhág sé an áit. A thúisce is a tháinig na marcaigh anuas chuig plásóga ísle na coille, chuir na heilbh ailleog cheol astu a bhí cosúil go maith leis an amhrán a dúirt siad roimhe. Seo mar a chuaigh sé a bheag nó a mhór:

*Anois tá siad feoite,
An dragan is a éide
Tá a chnámha go léir dreoite,
A ghlóir pléasctha séidte.
Cé go mbeidh meirg ar an gclaiomh
Is titfidh cathaoir is coróin,
As an neart bhí a n-iontaoibh
Is ba mhór leo an t-ór,
Anseo fós fásann duilli
Agus féar glas ar an bhfaiche,
Tá an t-uisce ag síleadh
Is na heilbh ag canadh.
Ó lile-mo-leantán
Fill anois ar an ngleanntán!*

*Níl aon bhuachloch chomh glé
Le háilleacht na reanna,
Is is gile ina gné
An ghealach ná airgead.*

*Ar an tinteán san oíche
Is lonraí an bladhmánn
Ná aon ór as an mianach,
Cén mhaith duit an fhánaíocht?
Ó lile-mo-leantán
Fill anois ar an ngleanntán!*

*Cén áit' bhfuil bhur n-aistear,
Is chomh déanach an fhrithing?
Tá na réaltóga lasta
Is tá an abhainn ag ritheacht.
Cá dtéid sibh faoi ualái
Chomh duairc is chomh tnáite?
Beannaíonn ainnir is buachaill
Don taistealaí cráite.
Ó lile-mo-leantán
Fill anois ar an ngleanntán!
Lile-mo-leantán
File-file-mo-leantáin,
File-fá!*

Leis sin tháinig eilbh an ghleanna amach agus bheannaigh siad dóibh agus threoraigh thar an uisce iad go teach Elrond. Cuireadh fíorchaoín fáilte rompu ansin, agus bhí dúil ar mhórán cluas an tráthnóna sin ag iarraidh scéal a n-eachtraí a chloisteáil. Ba é Gandalf a labhair mar bhí ciúnas agus sáimhe tite ar Bhiolbó. Bhí an chuid is mó den scéal ar eolas ag Biolbó, óir bhí páirt aige ann, agus bhí mórán de inste aige don draoi ar a n-aistear abhaile nó i dteach Bhéorn; ach anois agus arís d'osclaíodh sé leathshúil agus chuireadh sé cluas air féin, nuair a bhí cuid den scéal á insint nár chuala sé féin cheana.

Is mar sin a d'fhoghlaim sé cá ndeachaigh Gandalf freisin; mar chuala sé a ndúirt an draoi le hElrond. Dhealraigh sé go ndeachaigh Gandalf chuig comhairle mhór na ndraoithe bána, máistrí seanchais agus dea-dhraíochta; agus gur éirigh leo sa deireadh an ruaig a chur ar an Marbhdhraoi amach as a dhaingean dorcha taobh ó dheas den Mhodarchoil.

“Ní fada anois,” bhí Gandalf ag rá le hElrond, “rachaidh an Fhoraois i bhfolláine beagán. Beidh an Tuaisceart saor ón uafás sin go ceann i bhfad, tá súil agam. Ach is trua liom nár díbriodh as an domhan é!”

“Bheadh sé sin go maith go deimhin,” arsa Elrond, “ach is eagal liom nach dtarlóidh sé sin i ré seo an domhain, nó go ceann mórán eile ina dhiaidh seo.”

Nuair a insíodh scéal a bhfánaíochta, bhí scéalta eile agus scéalta eile fós ann, scéalta faoin aimsir anallód agus scéalta faoi nithe nua, agus scéalta nach raibh aimsir ar bith i gceist iontu, go dtí gur thit cloigeann Bhiolbó anuas ar a bhrollach, agus thosaigh sé ag srannadh go compordach sa chúinne.

Nuair a dhúisigh sé fuair sé é féin i leaba gheal, agus an ghealach ag lonrú tríd an bhfuinneog oscailte. Bhí mórán ealbh ag gabháil fhoinn faoina bun go hard glé ar bhrúacha an tsrutháin.

*Canaimis, a chairde suairce, canaimis le chéile!
Tá an leoithne sa fhraoch 's i mbarr na gcrainnte péine;
Is ag borradh atá na réaltóga, tá bláth geal ar an ngealach,
Is glé fuinneoga na hOíche ina túr ard ag taitneamh!*

*Damhsaimis, a chairde suairce, damhsaimis le chéile!
Is bog atá an féar, is ár gcosa, bidís éadrom!
Is airgead an abhainn, is tá na scáthanna ag imeacht,
Is meidhreach an Bhealtaine, is meidhreach ár gcruinniú.*

*Canaimis go bog anois, le codladh sámh a chur air!
Brionglóid go bhfeice sé go deas is a phluid air!
Tá an fánaí ina shuan, is bímis á fhaire.
Seothó, ar do philiúr! A Fhearnóg is a Shaileach!*

*Éist a chrann Péine, go séidfídh gaoth na maidne!
Bíodh an talamh dorcha! Tit anuas, a Ghealach!
Fuist! A Fhuinseog, a Sceach is a Chrainnte na Darach.
Éisteadh gach uile shruth go bhfeicfidh an mhaidin!*

“Bhuel, a dhaoine meidhreacha!” arsa Biolbó ag breathnú amach. “Cén t-am é de réir na gealaí? Dhúiseodh bhur suantraí púca ina chodladh meisce. Ach táim buíoch díbh.”

“Agus dhúiseodh do chuidse srannta dragan cloiche—ach táimidne buíoch díot,” a dúirt siad le gáire. “Tá briseadh an lae ag druidim linn, agus chodail tú anois ó thúis oíche. B’fhéidir go mbeifeá leigheasta ó do thuirse amárach.”

“Is iontach an leigheas beagán codlata i dtigh Elrond,” a dúirt sé, “ach glacfaidh mé an oiread den leigheas agus is féidir liom. Oíche

mhaith arís daoibh, a chairde maithel!” Agus leis sin d’fhill sé ar a leaba agus chodail sé go maidin.

Níorbh fhada gur thit a thuirse de sa teach úd, agus is iomaí scéal grinn agus damhsa, go moch agus go mall, a bhí aige le heilbh an ghleanna. Ach ní fhéadfadh an áit sin féin mórán moille a chur air um an dtaca sin, agus bhíodh sé de shíor ag smaoineamh ar a bhaile féin. Tar éis seachtaine mar sin, d’fhág sé slán ag Elrond, agus thug sé dó a leithéidí de bhronntanais bheaga agus a cheap sé a nglacfadh sé leo. D’imigh sé agus Gandalf leo ansin ar muin a gcapall.

Fad is a bhí siad ag fágáil an ghleanna ina ndiaidh, dhorchaiigh an spéir thiar rompu, agus tháinig an ghaoth agus an bháisteach aníos ina n-araicis.

“Is meidhreath an Bhealtaine!” arsa Biolbó, agus an bháisteach ag greadadh a éadain. “Ach tá ár gcúl le finscéalta agus is ag teacht abhaile atáimid. Is dócha gurb é seo an chéad bhlaiseadh a gheobhaimid de.”

“Is fada an bóthar romhainn go fóill,” arsa Gandalf.

“Ach is é an bóthar deireanach é,” arsa Biolbó.

Tháinig siad chuig an abhainn a bhí ina teorainn idir imeallach an Fhiántais, agus chuig an áth faoin mbruach rite. Is cuimhin libh iad, b’fhéidir. Bhí tuile san abhainn de bharr leá an tsneachta ar theacht an earraigh agus freisin leis an mbáisteach i rith an lae; ach thrasnaigh siad í le dua, agus bhrúigh ar aghaidh, agus an oíche ag titim ar an gcuid deiridh dá n-aistear.

Bhí sé sin costúil go maith leis an turas an bealach eile, ach gur lú an comhlúadar, agus gur ciúine iad; an babhta sin freisin ní raibh troll ar bith ann. Ach gach áit ar an mbóthar chuimhníodh Biolbó ar ar tharla agus ar a ndúradh ann bliain roimhe sin—chonacthas dó gur geall le deich mbliana ó shin é—agus is tapa mar sin a d’aithin sé an áit ar thit an capaillín isteach san abhainn agus ar chas siad ar leataobh don eachtra mhíthaitneamhach le Teaim, le Beartla, agus le Liam.

Fuair siad an t-ór a bhí curtha sa talamh acu gar go maith don bhóthar, é fós i bhfolach agus níor bhain aon duine leis. “Tá mo dhóthain agam go dtí deireadh mo shaoil,” arsa Biolbó, nuair a bhí sé tochailte aníos acu. “Bheadh sé chomh maith duitse é seo a choinneáil, a Ghandalf. Is dócha gur féidir leat úsáid a bhaint as.”

“Is féidir, cinnte!” arsa an draoi. “Ach a chuid agus a chomhroinn do chách! Gheobhaidh tú amach, b’fhéidir, gur mó a bheifeá ina riachtanas ná mar a cheapann tú.”

Chuir siad an t-ór i máláí mar sin agus chroch de na capaillíní iad, agus ní mó ná sásta a bhí na capaillíní faoi. Ba mhoille a dtaisteal ina

dhiaidh sin, agus shiúlaidís an chuid is mó den am. Ach bhí dreach glas ar an tír agus bhí mórán féir ann agus shiúladh an hobad tríd ar a shástacht. Thriomaíodh sé a aghaidh le ciarsúr dearg síoda—ní hea, níor tháinig ciarsúr ar bith dá chuid féin slán. Fuair sé an ceann sin ó Elrond—mar thug an Meitheamh an samhradh leis um an dtaca sin, agus bhí an aimsir go breá te arís.

Ós rud é go dtagann deireadh le gach uile rud, fiú amháin leis an scéal seo, gheal an lá a raibh an tír le feiceáil ar saolaíodh agus ar tógadh Biolbó inti, agus an áit a raibh an oiread aithne aige ar chruth na talún agus ar na crainn agus a bhí aige ar a lámha is a chosa. Shroich sé ard a bhfaca sé uaidh a Chnoc féin in imigéin, agus stad sé go tobann agus dúirt sé:

*Téann na bóithre ar aghaidh go deo
Os cionn na gcarraig, faoi dhion na gcrann,
Thar aibhnte i bhfad ón aigéan mór,
Trí uamha nach mbíonn ach doircheacht ann;
Thar shneachta geimhridh (siolchur duairc),
Thar chloch is leac, trí léana is bán
Trí bhláthanna an Mheithimh shuairc,
Thar shliabh ard faoin ngealach lán.*

*Téann na bóithre ar aghaidh go brách
Faoi scamall is faoi réalt sa spéir,
Ach lorgaíonn cosa an duine fáin
A bhaile dúchais tar éis an tsaoil.
Súile a chonaic loscadh is claiomh
'S i hallaí cloiche slad is léan,
Chífid faoi dheoidh an móinéar mín,
Is coillte 's cnoic a dhúiche féin.*

D'fhéach Gandalf air. “A Bhiolbó chroí!” a dúirt sé. “Tá rud éigin cearr leat! Ní tusa an hobad a bhí ionat.”

Chuaigh siad thar an droichead mar sin agus thar an muileann ar bhruach na habhann agus tháinig siad ar ais go díreach go doras tosaigh Bhiolbó féin.

“Beannacht orm! Céard atá ar bun?” arsa seisean de liú. Bhí callán mór ann, agus bhí daoine de gach uile chineál, daoine fiúntacha agus daoine ar bheagán fiúntais, ina slua timpeall an dorais, agus bhí mórán acu ag dul isteach agus ag teacht amach—gan an láib a bhaint dá gcosa ar an mata, mar a thug Biolbó faoi deara go míshásta.

Má bhí iontas airsean, ba mhó an t-iontas a bhí orthu siúd. Is i lár ceantála a tháinig sé ar ais! Bhí fógra ollmhór i litreacha dubha agus dearga ar crochadh ar an ngeata, agus seo a raibh scríofa air: “An dóú lá fhichead de mhí an Mheithimh, díolfaidh Comhlacht Uí Chruimhthin, Uí Cruimhthin, agus Ó Bhrocaigh, trí cheant maoin shaolta an Uasail Bhiolbó Baigín, nach maireann, ó Chúil an Bhaige, Faoin gCnoc, Baile na Hobad, ag tosú ar bhuille a deich ar maidin.” Is beag nach raibh am lóin ann um an dtaca sin, agus bhí formhór na nithe arna ndíol cheana, ar phraghasanna éagsúla ó fhíorbheagán ar fad go dtí seanamhráin (mar is iondúil ag ceantanna). Bhí gaolta Bhiolbó, na Saicfil-Baiginigh ag tomhas a sheomraí seisean le feiceáil an rachadh a gcuid troscán féin isteach iontu. I mbeagán focal bhí gach uile dhuine[ag déanamh talamh slán de gur samhlaíodh go raibh Biolbó Baigín marbh, agus ní raibh gach uile dhuine buartha nuair a fuarthas amach go raibh an toimhdeas úd mícheart.

Thóg filleadh Bhiolbó Baigín raic, faoin gCnoc agus thar an gCnoc, agus thar an Dobhar; bhí i bhfad níos mó ann ná comhrá naoi lá. Go deimhin mhair na fadhbanna dlí ar feadh na mblianta ina dhiaidh. D’imigh tamall maith thart sular glacadh leis go raibh an Baigíneach beo ar chor ar bith. Ba dheacair é sin a chur ina luí ar na daoine a fuair sladmhargadh ag an díolachán; agus sa deireadh thiar thall chun am a tharrtháil bhí ar Bhiolbó roinnt mhaith dá chuid troscán a cheannach ar ais. D’imigh a lán dá spúnóga airgid go mistéireach agus níor chualathas aon trácht riamh ina dhiaidh sin. Bhí amhras ag Biolbó féin ar na Saicfil-Baiginigh. Ach níor admhaigh siad ar a dtaobh siadsan gurbh ionann an Baigíneach a tháinig ar ais agus an Baigíneach ceart, agus ní raibh siad riamh cairdiúil leis ina dhiaidh sin. Theastaigh uathu an oiread sin lonnú ina pholl hobaid cluthar seisean.

Go deimhin fuair Biolbó amach go raibh i bhfad níos mó ná a spúnóga caillte aige—bhí a dhea-ainm caillte aige. Is fíor gur ealbh-chara a bhí ann riamh ina dhiaidh agus go bhfaigheadh sé ómós ó abhaic, ó dhraoithe, agus óna leithéidí siúd de dhaoine nuair a thagaidís sa taobh sin tíre; ach ní raibh sé go hiomlán creidiúnach a thuilleadh. Go deimhin cheap hobaid uile na comharsanachta go raibh sé “aisteach”—ach amháin a nianna agus a neachtanna ar thaobh na dTúcach, ach mholadh fiú amháin na seanóirí dóibh gan a bheith róchairdiúil leis.

Is oth liom a rá gur chuma le Biolbó. Bhí seisean go han-sásta; agus ba bhinne riamh ina dhiaidh sin feadaíl an chitil ar leac na tine ná mar a bhí sé sna laethanta ciúine roimh an gCóisir gan Choinne. Bhíodh a chlaíomh ar crochadh os cionn na tine. Bhíodh a chathéide

mháilleach le feiceáil spréite ar sheastán sa halla (go dtí gur thug sé ar iasacht fhada do mhúsaem í). Chaitheadh sé a chuid airgid agus óir ar bhronntanais, idir bhronntanais úsáideacha agus bhronntanais róchaifeacha—agus go pointe áirithe míníonn sé sin an cion a bhí ag a nianna agus ag a neachtanna air. Choinníodh sé an fáinne draíochta faoi rún ar fad, agus ba mhó a bhaineadh sé feidhm as nuair a thagadh cuairteoirí míthaitneamhacha chuig an doras.


Thosaigh sé ar chumadh filíochta agus ar chuairt a thabhairt ar na heilbh; agus cé go gcroitheadh mórán daoine a gceann agus go ndeiridís “An sean-Bhaigíneach bocht!” agus cé nach gcreideadh ach fíorbheagán na scéalta a d’insíodh sé, d’fhan sé go sona sásta go dtí deireadh a shaoil, agus is fada fada a bhí sé sin.

Tráthnóna amháin san fhómhar ina dhiaidh sin bhí Biolbó ina shuí ina sheomra staidéir ag scríobh a chuimhní cinn—Ba é “Anonn agus Ar Ais Arís: Laethanta Saoire Hobaid” an teideal a bhí rún aige a thabhairt orthu—nuair a buaileadh cloigín an dorais. Ba é Gandalf a bhí ann agus abhac in éineacht leis; is amhlaidh ab é Báilín an t-abhac.

“Tagaigi isteach! Tagaigi isteach!” arsa Biolbó, agus ar ball bhí siad ina suí i gcathaoireacha cois na tine. Má thug Báilín faoi deara go raibh veist an Bhaiginigh ní ba thoirtíúla (agus go raibh cnaipí órga uirthi), thug Biolbó faoi deara go raibh féasóg Bháilín ní b’fhaide de roinnt orlaí agus go raibh an-taibhseacht ag baint leis an mbeilt sheodach a bhí á chaitheamh aige.

Thosaigh siad ag caint faoin am a chaith siad le chéile, ár ndóigh, agus d’fhiafraigh Biolbó conas mar a bhí cúrsaí i ndúiche an tSléibhe. Bhí siad ag dul go rímhaith de réir cosúlachta. Bhí an Srath atógtha ag Bard agus chruinnigh daoine chuige ón Loch agus aneas agus aniar, agus bhí an gleann faoi churadóireacht arís agus torthúil méith; bhíodh an talamh léirscriosta lán le héin agus le bláthanna arís san earrach agus le torthaí agus le féastaí san fhómhar. Agus bhí Baile an Locha arna athbhunú agus bhí sé ní ba rathúla ná riamh, agus théadh an-lear saibhris suas agus anuas an Abhainn Reathach; agus bhí cairdeas sa taobh sin tíre idir eilbh agus abhaic agus daoine.

Tháinig droch-chríoch ar an sean-Mháistir. Thug Bard a lán óir dó mar chúnamh do Mhuintir an Locha, ach ó tharla go raibh sé goilliúnach dá leithéid de ghalar, thit an Máistir faoi thinneas an dragain, agus ghoid sé formhór an óir agus theith sé leis agus an t-ór aige. Cailleadh san Fhásach é arna thréigean ag a chompánaigh.



In Halla i gCúil an Bhaige,
teach cónaithe Bhíobó Dasail Baigin.

“Is críonna an mianach atá sa Mháistir nua,” arsa Báilín, “agus tá gnaoi an phobail leis, mar ar ndóigh, is eisean a fhaigheann formhór na creidiúna i dtaobh an rathúnais atá orthu san am i láthair. Táthar ag cumadh amhrán a deir go bhfuil na haibhneacha ag rith ina n-ór ina laethanta seisean.”

“Ansin fíoraíodh tairngreachtaí na seanamhrán ar bhealach!” arsa Biolbó.

“Ar ndóigh!” arsa Gandalf. “Agus cad chuige nach bhfiorófaí iad? Ná habair liom nach gcreideann tú na tairngreachtaí, toisc go raibh baint agat féin lena gcur i gcrích? Níl tú ag ceapadh, an bhfuil, gur tharla do chuid eachtraí trí sheans agus de thaisme go huile agus go hiomlán ar mhaithe leatsa amháin? Is breá an duine thú, a Bhaigínigh dhil, agus tá an-chion agam ort; ach níl ionatsa i ndeireadh na dála ach diúlach beag i ndomhan mór leathan!”

“Táim fíorbhuíoch faoi sin!” arsa Biolbó le gáire, agus shín sé próca an tobac chuige.

Aguisín: Treoir Foghraíochta

Tá cuid d'ainmneacha an scéil seo i dteangacha an Mheán-domhain. Bhí roinnt teangacha ag Eilbh an Mheán-domhain. Quenya ceann de na teangacha b'ársa a bhí ag Eilbh an Iarthair. Teangacha ba ea Sindarin agus Salváinis (Ilkorin nó Avarin) a labhair na hEilbh a raibh cónaí orthu san Fhiántas agus sa Mhodarchoill. Tugtar foghair na bhfocal seo de réir na hAibíte Idirnáisiúnta Foghraíochta, maille leis an sanas a shamhlaítear a bheith le cuid acu. Tugtar faoi deara go scríobhtar an fhuaim Ealbhaise *th* [θ] le *h* crosta d'fhonn í a leithriú ón nGaeilge *th* [h].

Bladorthin [bla'dorθin] b'fhéidir 'prionsa an domhain'; féach mar chomparáid Noldorin *blador* 'domhan' agus *thing* 'prionsa'.

cram [kram] 'caca plúir nó mine brúite i gcomhair turais fhada', Sindarin ó *krab-* 'brúigh'.

Dorwinion [dor'winion] 'tír úrthalamh', 'tír Gwinion', Sindarin ó *ndor-* 'cónaigh', *gwen-* 'glas, úr'.

Eldamar ['eldamar] 'ealbh-bhaile', Quenya *elda-már* ó *éled-* 'slua na réaltaí, ealbh', *mbar-* 'áitreabh'. Tír na nEldar in Iarthair an Mheán-domhain.

Elrond ['elrond] 'stua neimhe', Sindarin *el-rond* ó *el-* 'réalta', *rod-* 'uaimh'.

Esgaroth ['esga,rθ] 'loch na ngiolcach', Salváinis *esgar-oth* ó *esek-* 'leaba giolcaí'.

Galion ['galion] b'fhéidir 'neach loinnireach', Sindarin *gal-ion* ó *gal-*, *kal-* 'soilsiú, geal', *yon-* 'neach, mac'.

Girion ['girion] b'fhéidir 'neach ar crith', Sindarin *gir-ion* ó *gir-* 'crith, creathán', *yon-* 'neach, mac'.

Glamdring ['glamdrin] 'casúr na namhad', Sindarin *glam-dring* ó *glam-* 'glao, fothrom achrannach, slua orc', *dring-* 'bualadh, leagadh'.

Gondolin ['gondolin] 'cloch amhránaíochta, cloch cheoil', cóiriú Sindarin ó Quenya *Ondolinde* 'cloch amhránaíochta', ó *gond-* 'cloch', *lin-* 'amhrán'.

Gundabad ['gundabad] Abhaicis, ó Khuzdul *gunud*; cuir i gcomparáid le *gundu* 'halla faoi thalamh' in *felakgundu*, *felaggundu* 'tochailteoir uaimhe'.

Mithril ['miθril] 'airgead loinnireach', Sindarin ó *mith-* 'bán, liath', *ril-* 'loinnireach'.

Moria ['moria] 'gáibéal dubh', Sindarin *mor-ia* ó *mor-* 'dubh', *yag-* 'leathadh, oscailt'.

Orcrist ['orkrist] 'scoilteoir na bpúcaí', Sindarin *orc-crist* ó *órok-* 'púca, orc', *kiris-* 'gearr'.



Na
Craiocha
Thiar
←

IMEALL
an
PHIÁNCAIS

Baile
na
Hobad
←

Slabh Gundabad

NA SLÉI

SLÉIBHE

AN

CHÉO

Abhainn

Geata na
Foraoise

Geata
na bPúcaí
cois Nead
na nIolair

In
Charraic

Béorn

Elrond

Gleann na Scolte


Úrth

In
Sean-
áth

PHIÁNCAIS

HTÉ LIATHA

In fraochlach feirte




AN FIANTAS

CPSIA information can be obtained
at www.ICGtesting.com
Printed in the USA
LVIW011150300512
2852LVUK00004B



MTMR↑MCM:I·XKF↑HEIK·KF·MER↑·F·DYPHIN·IXH:

!·4WY↑Z↑·Y·Y·I·XZ·481Y·ISHH



ISBN 978-1-904808-90-9



9 781904 808909



FY·HMBFD:YF·FYFYFY·FXNH·FR·